



**Gnéithe den Imirce Shéasúrach ó Cheantair Ghaeltachta  
Iarthuaisceart Dhún na nGall ó 1840 – c.1970.**

Eimear Ní Dhroighneáin

11312871

Tráchtas

M.LITT sa Nua-Ghaeilge

Ollscoil Mhá Nuad

Ceann Roinne: An Dr Brian Ó Catháin

Stiúrthóir: An Dr Aisling Ní Dhonnchadha

Deireadh Fómhair 2016.

## Clár

### ***Gnéithe den Imirce Shéasúrach ó Cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall ó 1840 – c.1970.***

<b><i>Coimriú</i></b>	i
<b><i>Buíochas</i></b>	ii
<b><i>Réamhrá</i></b>	iv
<b><i>Saothair Chonallacha a ceadaíodh sa tráchtas seo</i></b>	viii
<b><i>Caibidil 1: An Gorta Mór sna Ceantair Ghaeltachta agus sna hoileáin ó 1840-1870</i></b>	
1.1 Éifeacht an Ghorta Mhóir ar na ceantair Ghaeltachta	1
1.2 Tionchar an Ghorta Mhóir ar na hOileáin	20
1.3 An Imirce i ndiaidh an Ghorta Mhóir	29
Tátal	37
<b><i>Caibidil 2: Ar an Lagán</i></b>	
2.1 Obair agus eispéireas saoil	38
2.2 Taithí na mban ar an imirce shéasúrach ar an Lagán	54
2.3 Taithí na bhfear ar an imirce shéasúrach ar an Lagán	63
Tátal	73
<b><i>Caibidil 3: Muintir na gceantar Gaeltachta ag dul ar imirce shéasúrach go hAlbain</i></b>	
3.1 Ag fágáil slán	75
3.2 Taithí na bhfear ar an imirce shéasúrach in Albain	84
3.3 Taithí na mban ar an imirce shéasúrach in Albain	94
Tátal	105

***Caibidil 4: An Filleadh***

4.1 Ag fillleadh ar an mbaile	106
4.2 Saol an aisimirceora Gaeltachta	117
4.3 Ag socrú síos	125
Tátal	131
<b><i>Conclúid</i></b>	133
<b><i>Leabharliosta</i></b>	137
<b><i>Nóta faoi na hagallaimh</i></b>	144
<b><i>Aguisín 1</i></b>	146
<b><i>Aguisín 2</i></b>	153
<b><i>Aguisín 3</i></b>	157
<b><i>Aguisín 4</i></b>	161

## Dearbhú

Dearbhaím gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas seo. Áit ar bith ar bhain mé leas as sleachta as saothair daoine eile, tá mé tar éis a leithéid a chur in iúl go soiléir.

## Coimriú

Roinneadh an tráchtas seo i gceithre chaibidil agus rinneadh mionscrúdú ar ghné amháin den imirce sna caibidilí éagsúla. Tá sé soiléir ón bplé sa chéad chaibidil, go raibh dianriachtanas ag baint leis an imirce shéasúrach ó phobail na Gaeltachta ar an mórthír i ndiaidh thréimhse an Ghorta Mhóir, i gcodarsnacht le muintir na n-oileán amach ó chósta Dhún na nGall a raibh orthu dul ar imirce le linn thréimhse an Ghorta Mhóir. I gCaibidil a Dó, pléitear an bealach inar fheidhmigh an tréimhse ar an Lagán mar an chéad chéim ar thuras na himirce do phobal na Gaeltachta. Bhíodh sé de dhualgas ar mhuintir óg na dteaghlach úd dul ar fostú séasúrach i bhfad ón mbaile agus an scoil a fhágáil ar feadh roinnt míonna, le hairgead a shaothrú, airgead a bhí ag teastáil go géar lena dteaghlaigh a chothú. Léiríonn Caibidil a Trí tionchar na himirce in Albain ar imirceoirí Conallacha agus eispéiris mhaireachtála na n-oibrithe thall. Soláthraíonn anailís na caibidle seo eolas faoin saol oibre, faoi choinníollacha oibre, faoi chúrsaí airgid, faoi thithíocht agus faoi uaigneas na n-imirceoirí. Is iad scéalta na n-aisimirceoirí is ábhar don phlé i gcaibidil deiridh an tráchtais. Pléitear deacrachtaí agus dúshláin na n-eisimirceoirí agus iad ag filleadh ar an mbaile le socrú síos go fadtéarmach.

Tá dhá mhodh i gceist sa tráchtas seo: grinnléitheoireacht ar shaothair Ghaeilge idir bheathaisnéisí agus fhicsean chomh maith le hagallaimh le himirceoirí ó cheantair Ghaoth Dobhair agus Rann na Feirste, atá ar dhlúthdhioscaí a ghabhann leis an tráchtas. Is é mórthoradh an taighde seo, dar liom, gur ríléir gur dlúthchuid de stair na himirce Éireannaí í an imirce shéasúrach agus gur caibidilí fíorthábhachtacha i scéal na himirce sin an imirce shéasúrach ar an Lagán agus an imirce shéasúrach go hAlbain.

## Buíochas

Is iomaí duine a chuidigh liom le linn dom an tráchtas seo a scríobh agus ba mhaith liom iad a lua anseo. Ar dtús, tá mo bhuíochas tuillte ag an Dr Aisling Ní Dhonnchadha a roinn a cuid ama agus saibhreas a cuid eolais go fial liom le blianta beaga anuas. Bhí mé spreagtha ag do chuid oibre ar réimse na himirce agus ní bheinn i mbun na hoibre seo gan do chomhairle luachmhar, do chairdeas agus do thacaíocht leanúnach.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le foireann na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Mhá Nuad, a stiúirigh agus a threoraigh mé ar feadh an ama.

Táim fíorbhuíoch fosta de na daoine a thug leabhair ar iasacht dom agus a chuir comhairle orm; Leabharlann Ollscoil Mhá Nuad, Leabharlann Ghaoth Dobhair, Seosamh Ó Ceallaigh, Tony McHugh, Máirín Uí Fhearraigh agus an fhoireann sa Chrannóg.

Táim faoi chomaoin speisialta ag na hagallaithe a roinn a gcuid scéalta pearsanta liom go mórchríoich; Máire Rua Ní Ghallachóir agus John (Gona) Ó Domhnaill. Gan na hagallaithe seo, ní bheadh an tobar céanna eolais agam. Go raibh maith agaibh beirt.

Táim fíorbhuíoch fosta d'fhoireann Raidió na Gaeltachta sna Doirí Beaga a d'aimsigh agallaimh luachmhara óna gcartlanna dom agus de Raidió na Gaeltachta, Baile Átha Cliath, a chuidigh liom i dtaca le heagarthóireacht na ndlúthdhioscaí.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo mhuintir; m'aintín Marion Ní Fhearraigh agus mo chol ceathrair Jimí Ó Baoill. Gabhaim buíochas speisialta fosta le mo thuismitheoirí as an tacaíocht agus spreagadh i gcónaí, agus as na hiarrachtaí ar fad a rinne siad le cuidiú liom an obair seo a thabhairt chun críche. I measc na ndaoine eile a thug cabhair agus

tacaíocht dom, agus a bhfuil mé faoi chomaoin acu dá bharr, tá mo chairde, a choinnigh ar bhóthar mo leasa mé le dhá bhliain anuas.

## Réamhrá

Is é mórthéama an taighde seo ná a lárnaí a bhí an imirce shéasúrach do mhuintir na gceantar Gaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall ó 1860-1970. Bhí an imirce shéasúrach ó Ghaoth Dobhair, ó Chloich Chionnaola agus ó Na Rosa ina gnáthchleachtadh coitianta agus níos riachtanaí sa tréimhse i ndiaidh an Ghorta Mhóir anuas go dtí na 1960idí. Bhí dianghá leis an imirce shéasúrach sna blianta thuasluaite toisc nach raibh mórán fostaíochta in Éirinn ag an am. Mar thoradh air sin, ní raibh muintir na gceantar Gaeltachta ábalta iad féin agus a dteaghlach a chothú agus bhíodh orthu dul ar imirce shéasúrach ar an Lagán agus níos faide ó bhaile go hAlbain ina dhiaidh sin. Cruthaíodh níos mó postanna sa bhaile in Éirinn sna 1960idí agus dá bharr seo, d'fhill cuid mhór daoine ar na ceantair Ghaeltachta le socrú síos.

Ba é an cuspóir a chuir mé romham sa tráchtas seo ná mionphlé a dhéanamh ar ghnéithe ar leith den imirce shéasúrach ó cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall idir 1840 agus c.1970. Chuige sin bhain mé leas as saothair staire agus chritice, cuntais phearsanta scríofa agus cuntais bhéil, agallaimh raidió agus cláir faisnéise teilifíse agus cuntais atá ar fáil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann. Thar rud ar bith eile, bhí uaim a chruthú don léitheoir gur chaibidil thábhachtach i stair na himirce Éireannaí í an imirce shéasúrach ó cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall agus theastaigh uaim ómós a léiriú do na glúnta imirceoirí a bhfuil trácht ar chuid éigin dá scéal sa tráchtas seo.

I gCaibidil a hAon, déanfar cur síos ar chúlra na himirce agus pléifear cás mhuintir na Gaeltachta le linn an Ghorta Mhóir. I dtaca leis sin, cuirfear síos ar riachtanas na himirce do mhuintir na n-oileán Gaeltachta amach ó chósta Dhún na nGall le linn an Ghorta Mhóir. Léiríonn plé na caibidle seo, na cúinsí a chuir iachall ar phobail na gceantar Gaeltachta mar



aon le hoileán Árann Mhóir, a n-áit dhúchais a fhágáil ar mhaithe le hairgead a shaothrú agus lena dteaghlaigh a chothú.

I gCaibidil a Dó, déanfar anailís ar eispéireas na n-imirceoirí ar an Lagán. Mar thoradh ar bhochtaineacht an Ghorta Mhóir, bhí ar pháistí óga, ar dhéagóirí agus ar dhaoine fásta tréimhsí a chaitheamh ag obair as baile go séasúrach. Baineann cuid mhór d’eolas na gcéad chaibidlí le saothair liteartha imirceoirí na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall; cuntais phearsanta Mhicí Mhic Gabhann, Shéamus Uí Ghrianna, Róise Rua Mhic Grianna san áireamh.

I gCaibidil a Trí, cuirfear síos ar thaithí na mban agus ar thaithí na bhfear agus iad ar imirce in Albain. Théadh déagóirí agus daoine fásta go feirmeacha móra in Albain; i Dumbarton, Greenock, Dún Éideann agus Glaschú; séasúr i ndiaidh séasúir agus chuiridís an t-airgead go léir abhaile chuig a dteaghlaigh. Leanadh nós na himirce ó ghlúin go glúin mar a léiríodh sna cuntais Ghaeilge ag Hiúdaí Sheáinín, Róise Rua Mhic Grianna, Máire Rua Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill, sna céad chaibidlí eile. D’fhill an-chuid ban ar Ghaeltachtaí Dhún na nGall le socrú síos sa bhaile agus clann a thógáil i gcodarsnacht le formhór na bhfear a d’fhill ar Albain ag obair go séasúrach. Bhíodh obair leanúnach le fáil ann i gcomparáid leis an nganntanas oibre sa bhaile ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois. Bhí dearfacht agus buntáistí ag baint leis an imirce go hAlbain cé gur fhulaing roinnt imirceoirí brúidiúlacht áirithe agus gur fhulaing a bhformhór uaigneas i ndiaidh an bhaile, deacrachtaí teanga agus obair dhian mhaslach. In ainneoin na ndeacrachtaí sin, d’fhoghlaim na hoibrithe scileanna agus teanga úr. Chomh maith leis sin, bhídís in Albain le hairgead a shaothrú agus d’éirigh le cuid acu saol níos fearr a chruthú dóibh féin agus dá dteaghlach de thoradh dhianobair na hAlban.

I gCaibidil a Ceathair, déanfar plé ar na cúiseanna ar fhill an-chuid daoine ar na ceantair Ghaeltachta le socrú síos agus conas mar a bhí an saol acu sa bhaile. Pléifear an éifeacht a bhí ag an imirce shéasúrach ar mhuintir na nGhaeltachtaí thuasluaite a d'ímigh ón mbaile, chomh maith leis an tuiscint a bhí acu siúd a d'fhan sa bhaile ar imirceoirí an ama sin. Cuireann an dá agallamh le heolas faoi chodanna den saol sin, go háirithe, eispéiris na n-imirceoirí in Albain agus iad ag filleadh ar an mbaile le socrú síos go buan. I measc na n-imirceoirí a dtagrófar dóibh, cuireann Hiúdaí Sheáinín síos ar an ngéarghá a bhí le fostaíocht na hAlban.<sup>1</sup> D'éirigh leis na himirceoirí filleadh ar na ceantair Ghaeltachta sna 1960idí toisc gur tháinig feabhas ar chúrsaí eacnamaíochta i gcoitinne agus, mar shampla, gur cruthaíodh postanna sna Doirí Beaga i nGaoth Dobhair mar chuid de scéim forbartha eacnamaíochta i dTír Chonaill.<sup>2</sup>

Is as Gaeltacht Ghaoth Dobhair do mo mháthair agus bhíodh mo sheanmháthair i gcónaí ag insint scéalta dom faoi Mhicí Mac Gabhann agus a leithéidí sin ar imirce. Bhínn i gcónaí faoi dhraíocht agus mé ag éisteacht léi ag insint dom faoina saol féin nuair a bhí an ghlúin sin ag fás aníos sa Ghaeltacht. Spreag seo suim ionam san ábhar agus léigh mé cuid mhór faoin imirce nuair a bhí mé i mbun na fochéime anseo in Ollscoil Mhá Nuad. Shocraigh mé mo chuid taighde a dhéanamh ar an ábhar seo agus roinnt agallamh a chur ar chuid d'imirceoirí an fichiú haois. Bhraith mé go raibh bearna le líonadh i bplé na himirce ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall mar gheall ar an eisimirce go hAlbain agus conas mar a bhí an saol dóibh siúd a d'fhill ar an mbaile. D'fhoghlaim mé ón taighde seo, ó na hagallaimh agus ó na cuntais Ghaeilge ó imirceoirí cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall, go bhfuil scéal níos

---

<sup>1</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 155.

<sup>2</sup> P. Ó Flatharta, 'Institiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge', in T. Ó hIfearnáin & M. Ní Neachtain (eag.), *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc* (2012), 264-265.

doimhne ag baint le plé na himirce ná mar a ceapadh. Is léir ón taighde seo go raibh dearfachas agus buntáistí ag baint leis an imirce shéasúrach in ainneoin chruatan an tsaoil.

## Saothair Chonallacha a ceadáíodh sa tráchtas seo

### Saothair bheathaisnéiseacha

Teideal: *Gura Slán le M'Óige & Na Rosa Go Brách*

Údar: Fionn Mac Cumhaill

Scríobh an Conallach Fionn Mac Cumhaill dhá shaothar bheathaisnéiseacha ar shaol agus ar nósanna mhuintir na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall sa naoú haois déag. Léiríonn Mac Cumhaill an saol cruá anróiteach a bhí ag na daoine, ach iad cneasta, carthanach agus sultmhar i ndiaidh sin is uile. Mánas Mac Cumhaill a ainm ceart agus Fionn Mac Cumhaill a ainm cleite. Rugadh i Leitir Chatha sna Rosa é sa bhliain 1885. D'éag sé sa bhliain 1965 agus scríobh sé scata leabhar eile i rith a shaoil.

Teideal: *Niall Mac Giolla Bhríde*

Údar: Liam Ó Connacháin

Cuntas ó Liam Ó Connacháin ar shaol Niall Mhic Giolla Bhríde atá san fhíor-scéal seo. B'as Craosloch i gcontae Dhún na nGall é Mac Giolla Bhríde agus bhí Gaeilge aige ón gcliabhán. D'fhulaing sé íobairtí na himirce le linn an naoú haois déag agus san fhichiú haois. Rugadh é sa bhliain 1861 agus fuair sé bás sa bhliain 1942 ag 82 bliain d'aois. Bhuail Niall agus an t-údar, Liam Ó Connacháin le chéile sa bhliain 1935 agus scríobh Ó Connacháin cuntas ar shaol an fhir nuair a bhí Niall ar leaba a bháis in ospidéal Leitir Ceanainn. Faoilsíodh an leabhar sa bhliain 1939.

Teideal: *Róise Rua*

Údar: Pádraig Ua Cnáimhsí

Thug Pádraig Ua Cnáimhsí faoi scéal Róise Rua (ba é Ní Dhomhnaill a hainm baiste agus ba é Ní Ghrianna a hainm pósta). Scríobh Ua Cnáimhsí fíorchuntas faoi scéal a beatha sa bhliain 1997 agus aistríodh go Béarla é fosta. Bhuail Ua Cnáimhsí le Róise Rua sa bhliain 1951 agus bhreac sé síos níos mó ná 70 amhrán dá cuid. Bhí an-spéis aici sa cheol, rud ar choimeád sí suim ann fad is a bhí sí ar imirce ar feadh bhunús a saoil, idir an dá thír, Éire agus Albain, agus ar Oileán Ghabhla, áit a bhíodh sí ar fostó. Rugadh í sa bhliain 1874 agus d'éag sí sa bhliain 1964.

Teideal: *Scéal Hiúdaí Sheáinín*

Údar: Eoghan Ó Domhnaill

Scríobh Eoghan Ó Domhnaill (Ownie Mór nó Eoghan Donnchaidh) fíor-scéal Hiúdaí Sheáinín sa bhliain 1940. Fir Ghaeltachta iad beirt as Rann na Feirste, Contae Dhún na nGall agus chuir Ó Domhnaill suim i scéal bheatha Hiúdaí agus é ar imirce in Albain d'fhormhór a shaoil. Rugadh Hiúdaí Sheáinín sa bhliain 1908 agus fuair sé bás sa bhliain 1966 ag 59 bliain d'aois.

Teideal: *Rotha Mór an tSaoil*

Údar: Seán Ó hEochaidh

Chas Seán Ó hEochaidh le Micí Mac Gabhann (aoi an scéil) ag aonach sa bhliain 1941 nuair a bhí Ó hEochaidh ag bailiú béaloidis do Choimisiún Béaloideas Éireann agus bheartaigh sé tabhairt faoi scéal Mhicí Mhic Gabhann a bhreacadh síos beagnach fiche bliain ina dhiaidh sin. Ba as Cloich Chionnaola i nDún na nGall é Mac Gabhann agus chuaigh sé chun obair shéasúrach a fháil ar an Lagán nuair a bhí sé naoi mbliana d'aois. Chaith sé cúig shéasúr in Albain ina dhiaidh sin roimh aghaidh a thabhairt ar Mheiriceá 'ar thóir an óir' in Montana agus in Klondike. D'fhill sé abhaile agus phós sé Máire Dickson sa bhliain 1902. Rugadh Mac Gabhann sa bhliain 1865 agus d'éag sé sa bhliain 1948. Scríobh Ó hEochaidh scéal a bheatha sa bhliain 1959.

## **Ficsean**

Teideal: *The Donegal Woman*

Údar: John Throne

Tá an leabhar seo bunaithe go scaoilte ar sheanmháthair an údair, John Throne, darbh ainm Margaret agus faoi mhná na gceantar Gaeltachta a d'fhulaing cosúil léi agus iad ar fostó ag feirmeoirí brúidiúlacha an Tuaiscirt. D'fhulaing Margaret ('The Donegal Woman') mí-úsáid feirmeoirí tuaithe chomh maith le mí-úsáid baile ar mhaithe lena páistí nuair a pósadh í ar fheirmeoir Albanach. Is as Leifear é Throne agus is sóisialaí gníomhach é. Ba é *The Donegal Woman* an chéad leabhar a scríobh sé sa bhliain 2006.

Teideal: *Bean Ruadh de Dhálach*

Údar: Séamus Ó Grianna

Scríobh Séamus Ó Grianna ('Máire') scéal ficsein sa bhliain 1966 faoi mhná agus eachtraí imirce an ama. Is í Bean Ruadh de Dhálach (nó Róise) príomhcharachtar an scéil. Rugadh Ó Grianna sa bhliain 1889 agus fuair sé bás sa bhliain 1969. Tá scata leabhair foilsithe aige, *Caisleáin Óir agus Nuair A Bhí Mé Óg* na leabhair is cailiúla atá aige faoina shaol féin ag fás aníos i gceantar Gaeltachta i nDún na nGall.

# Caibidil 1: An Gorta Mór sna Ceantair Ghaeltachta agus sna hoileáin ó 1840-1870

## 1.1 Éifeacht an Ghorta Mhóir ar na Ceantair Ghaeltachta

Ní dheachaigh an Gorta Mór i bhfeidhm ar cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall faoi mar a chuaigh sé i bhfeidhm ar Ghaeltachtaí agus áiteanna eile timpeall na tíre.<sup>3</sup> Sa taighde a rinne Desmond Murphy chomh maith le Christine Kinealy agus Trevor Parkhill, cruthaíonn siad gur lú an dochar a rinne an Gorta Mór do na ceantair Ghaeltachta in iarthar an chontae i gcomparáid le cuid mhór den tír. Míníonn Patrick Fitzgerald agus Brian Lambkin go bhfuil cúiseanna éagsúla ag baint leis seo; tírdhreach na háite, obair shéasúrach agus neamhspleáchas mhuintir na gceantar Gaeltachta.<sup>4</sup> Tagann cur síos Sheáin Mhic Fhionnlaoidh leis na hanailísí seo agus deir sé go mbíodh na tiarnaí talún cothrom leis na feirmeoirí, leithéidí George Hill mar shampla, a bhí ina thiarna talún ar pharóiste Ghaoth Dobhair agus ar Dhún Fionnchaidh:

Bhí an cíos íseal agus bhí go leor acu nár dhíol cíos ar bith...ní raibh na tiarnaí talaimh deacair a shásamh: ghlacadh siad caora, craicne coiníní, ceilp nó lá oibre in áit airgid agus thógtáí é ar aontaí dá mbíodh sé acu... Ní raibh an cíos róthrom: tuairim ar £650 ar an pharóiste uilig agus níos lú ná £500 ar eastát Hill.<sup>5</sup>

Tá staitisticí i leabhar Bagwell a bhreac an tiarna George Hill síos sa bhliain 1858, a léiríonn nach raibh rátaí eisimirce ard roimh an nGorta Mór nó lena linn.<sup>6</sup> D'fhág 2,097 duine contae

---

<sup>3</sup> C. Kinealy & T. Parkhill, *The famine in Ulster and the Regional Impact* (1997), 78-79.

<sup>4</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 46.

<sup>5</sup> S. Mac Fhionnlaoidh, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 54 & 61.

<sup>6</sup> J. Bagwell, *Destitution (Gweedore and Cloughaneely): Report from the select Committee 1957-1858* (1858), 98.

Dhún na nGall ar an iomlán de bharr an Ghorta Mhóir agus bhásaigh 36,330. Deir Conaghan, i dtaca le tír iomlán na hÉireann, gur thréig níos mó ná dhá mhilliún duine sa tréimhse 1847-1857 agus go bhfuair breis is milliún duine eile bás in Éirinn.<sup>7</sup> Aontaíonn Kevin Whelan go raibh taithí dhifriúil ag ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall ná mar a bhí ag tromlach na tíre: ‘Distress was concentrated west of a line from Sligo to Cork: the oatmeal zone, for example, Donegal, was not affected in any serious way.’<sup>8</sup> Má smaoinímid ar thíreolaíocht Chontae Dhún na nGall, feicimid cósta fada ag an iarthar, agus tionscal na hiascaireachta, dá bharr. Tá Gaoth Dobhair agus Cloich Chionnaola taobh leis an bhfarraige agus bhí na Rosa níos faide ná an dá cheantar eile ón bhfarraige:

Eadar an dá ghaoth, Gaoth Dobhair agus Gath Beara, atá na Rosa. Ceantar anróiteach, iargúlta é nach raibh a oiread agus bealach mór amháin féin ann arbh fhiú bealach mór a thabhairt air roimhe bhliain an droch-shaoil.<sup>9</sup>

Léiríonn Pat Conaghan ina leabhar *The Great Famine in South-West Donegal*, go raibh tionscal úd na hiascaireachta láidir agus sholáthair sé sin iasc agus ceilp do mhuintir na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall nuair nach raibh an práta acu. Maidir leis an bpráta féin sa cheantar sin, níor milleadh go hiomlán é de bharr na dúchana le linn bhlianta an Ghorta Mhóir agus bhí áiteanna níos fearr as ná áiteanna eile.<sup>10</sup> ‘The damage done in ‘45 was only partial, that is to say, only a small portion of the country was affected and the blight did not strike the plants until the crop was almost matured.’<sup>11</sup> Tacaíonn cur síos Conaghan le cuntas Róise Rua Mhic Grianna<sup>12</sup> ar chás an cheantair chéanna:

---

<sup>7</sup> P. Conaghan, *The Great Famine in South-West Donegal 1845-1850* (1997), 248.

<sup>8</sup> K. Whelan, ‘Pre and Post-Famine Landscape Changes’ in C. Póirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 21.

<sup>9</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 1.

<sup>10</sup> C. Póirtéir, *Glórtha ón Ghorta: Béaloideas na Gaeilge agus an Gorta Mór* (1996), 4-5.

<sup>11</sup> *The Great Famine: The Education Facsimile*, No.1: Famine, Public record of Northern Ireland (1968).

<sup>12</sup> Tá cur síos ar na cuntais atá in úsáid sa tráchtas seo ar leathanach vi & vii.

I mbliain an drochshaoil d'imigh drochbhláth ar gach seort sna Rosa. Ach sa bheag, ba ar phréataí agus min choirce a bhíodh bunadh na háite beo. Ach tháinig an aicíd dhubh ar na préataí agus níor líon gráinnín an choirce mar ba chóir. Nuair a bhí na préataí bainte agus an coirce acu ba ghnách a bheith acu. Tháinig an geimhreadh orthu go luath agus mhair sé go Féil' Pádraig. Roimhe nó ina dhiaidh níor mhoithigh siad geimhreadh chomh tíoránta leis. Eadar a bheith ag sioc, ag cascairt, ag siabadh shneachta agus ag doirteadh fearthanna, ní raibh ann ach lá ag gabháil chun olcáis ar an lá eile. Bhí an fharraige ina craos amháin, gan an sioc in ann a buaidh a fháil, agus í ag éirí ar an talamh. Bhí an dá bharr ag búirfigh agus ag cur i dtíortha ar a leithéid de dhóigh gur mhinic a shíl cuid de na daoine go raibh an domhan mór ag réabadh, agus go raibh deireadh an tsaoil ann.<sup>13</sup>

Toisc teaghlaigh mhóra a bheith i gceist an t-am úd agus gan de theacht isteach acu ach a dtuilleadh an t-athair, cuireadh brú ar pháistí óga dul i mbun oibre ar an Lagán ar obair shéasúrach. Ba sa tréimhse iar-Ghorta seo a breathnaíodh, den chéad uair, ar an Lagán mar láthair oibre don dream óg. Ní bhíodh na páistí ar scoil ó mhí an Mhárta go mí na Samhna de bharr na hoibre fisiciúla a bhí le déanamh ar an Lagán. De réir an taighde a rinne an Dr Seosamh Ó Ceallaigh, chaith Pádraig Ó Gallachóir agus suas le 2,000 páiste eile ó na ceantair Ghaeltachta laethanta a n-óige ar an Lagán ag feirmeoireacht agus ar an bportach.<sup>14</sup> Féachfar go mion ar scéal an Lagáin i gCaibidil a Dó. Ní raibh léamh ná scríobh ag formhór phobal na tíre seo sa naoú haois déag agus mar sin tuigtear go bhfuil luach ar leith leis an eolas atá ar fáil i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, Baile Átha Cliath. Tá eolas tábhachtach le fáil ó thaighde seo Chathal Phóirtéir (1995 agus 1996) faoi ghnéithe áirithe na himirce sin a d'fhág rian daingean ar thraidisiún béil an phobail i gcoitinne. Tacaíonn an traidisiún béil seo leis an bhfeiniméan sin ar thraidisiún Gaeltachta in Iarthuaisceart na tíre freisin.

Rinneadh tiarna de George Hill sa bhliain 1838 ar cheantair éagsúla; Gaoth Dobhair agus

Dún Fionnachaidh ina measc:

---

<sup>13</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 1.

<sup>14</sup> S. Ó Ceallaigh & R. Nic Congáil, *Coláiste Uladh 1906-2006* (2006), 181. Féach freisin P. Gallagher, *Paddy the Cope* (1979), 8 agus in C. Phóirtéir, 'Folk Memory and the Famine' in C. Phóirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 219-223. Léiríonn taighde Phóirtéir agus cuntas Conaghan go bhfuil macalláí ghlórtha na bpáistí seo le cloisteáil sa seanchas bunaithe ar thréimhse an Ghorta Mhóir.



Nuair a tháinig an tiarna George Hill go Gaoth Dobhair bhí 960 teaghlach sa pharóiste, 700 díobh sin ar eastát Hill, agus pobal mór daoine, tuairim is 5,600. Bhí an paróiste uilig fá na daoine san am seo, thart fá 44,000 acra agus barra mar phrátaí, choirce, cheagal agus eorna á saothrú acu...<sup>15</sup>

Bhí sé ina thiarna ar feadh ceithre bliana déag, agus de réir dealraimh, bhí sé cóir lena chuid oibrithe. Cuireann Mac Fhionnlaoich síos ar an gcóras talmhaíochta 'rundale' a bhí i gceist ag an am: 'Baineadh úsáid go leitheadach as an chóras Rundale agus mar sin de bhí an talamh uilig ina choimín agus daoine de shíor ag achrann fá dtaobh de.'<sup>16</sup> Bhí Hill cothrom le daoine. Chaith sé gach ar thuill sé ó íocaíochtaí talaimh Ghaoth Dobhair ar an gceantar céanna sin. Sa chóras feirmeoireachta 'rundale', roinntí an talamh ar chomh-mhéid idir na daoine agus bhíodh ar dhaoine cíos a íoc ar an talamh a bhí acu: 'Ní raibh siad [na tiarnaí talún] ródhian ar na daoine; bhí an cíos íseal, tuairim ar 70p an tionónta.'<sup>17</sup>

Don chuid is mó, bhí caidreamh maith idir na tiarnaí éagsúla i nDún na nGall agus muintir na Gaeltachta. Bhí Alexander Stewart as na hArdaí ag obair taobh le Hill agus bhí an-mheas ag muintir na háite orthu beirt. Bhí tiarnaí eile ann fosta; Olphert agus Harte; ach níor ghlac siad páirt i ndíospóireachtaí poiblí Hill nó Stewart, faoi fhadhbanna coitianta an phobail. Bhailídís an cíos ó mhuintir na háite agus d'fhreagraídís do Hill nó Stewart toisc gurbh é Hill an príomhthiarna agus Stewart an leastiarna. Mar sin, bhíodh na miontiarnaí eile ag freagairt do Hill agus in amanna do Stewart.<sup>18</sup> Bhíodh díshealbhuithe poiblí coitianta le linn agus i ndiaidh am an Ghorta Mhóir agus ba mhinic a léirítí easpa tuisceana na dtiarnaí talún dá dtionóntaí. Níor aontaigh Hill leis na díshealbhuithe sin agus níor chuir sé brú ar dhaoine níos mó airgid a thabhairt ar an talamh fiú dá mbeadh an t-airgead acu, toisc nach raibh aon

---

<sup>15</sup> S. Mac Fhionnlaoich, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 60-61.

<sup>16</sup> *Ibid.*, 59. Seanchóras a bhí i gceist le 'rundale'. Roinntí an talamh idir na daoine agus ba ghá píosa talaimh a roinnt idir cúpla teaghlach. Níor oir an córas seo do líon na ndaoine sna ceantair Ghaeltachta.

<sup>17</sup> *Ibid.*, 54.

<sup>18</sup> *Ibid.*, 61.

ghorta ná aon ghanntanas bia sna ceantair Ghaeltachta úd nuair a ceapadh Hill ina thiarna.

Bhí eachtra chonspóideach ann sa bhliain 1861 nuair a cuireadh 47 clann as seilbh a dtithe de bharr eachtraí na mblianta roimhe sin:<sup>19</sup>

Ba truamhéileach [*sic*] an t-amharc a bhí le feiceáil fá Ghleann Bheatha le linn an ama sin. Teaghlaigh bheaga laga amuigh ar thaobh na mbealach mór, agus gan os a gcionn le teacht na hoíche ach spéartha neimhe. Iad ina bhfáinne fá na tithe ina gcodlaíodh siad go dtí sin. Gan de theas acu ach tinte móna a las siad, mar ba bheag ab fhiú an scriosán beag éadaigh a bhí acu leis an fhuacht a choinneáil amuigh. Agus, mar bharr ar a raibh á fhulaingt acu, thoisigh sé a chur de dhíon is de dheora, ar dhóigh gur fliuchadh go craiceann iad.<sup>20</sup>

Bhí na tiarnaí talún cliste agus thugaidís spreagadh don phobal áitiúil chun saol níos fearr a chruthú dóibh féin. Thugtaí duaiseanna amach gach bliain don fheirm ab fhearr agus do na glasraí ab fhearr. Bhíodh Hill ag gríosú na bhfeirmeoirí chun níos mó earraí a chur agus bhí tionchar a chuid spreagtha le feiceáil i líon na nglasraí difriúla a bhí ag fás i nGaoth Dobhair laistigh de chéad bliain i ndiaidh cheapúchán Hill, tornapaí, cairéid agus meacain bhána ina measc. Chuir na glasraí seo leis an réimse bia a bhí acu; prátaí, coirce, seagal agus eorna. Bhí an práta mar phríomhbhia na ndaoine ón mbliain 1800. Bhíodh muintir na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall amuigh ó mhí an Mhárta go mí na Samhna ag feirmeoireacht agus ag obair ar an bportach. Chastaí an talamh agus ní fhágtáí lom é ar feadh i bhfad. Bhí na feirmeoirí i gceannas ar thoradh a dtalún agus ba thábhachtaí an barr prátaí ná aon bharr eile. Tugann Kevin Whelan sliocht as amhrán páirce a bhí ag feirmeoirí na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall dúinn agus iad ag saothrú an talaimh:

Grá mo chroí na préataí  
Nach n-iarrann áth nó muileann  
Ach á mbaint ins a'gharraí

---

<sup>19</sup> J. MacLaughlin, *The Making of a Northern County* (2007), 226. Féach freisin I. Whelan, *The Great Irish Famine* (1995), 221.

<sup>20</sup> L. Ó Connacháin, *Niall Mac Giolla Bhríde* (1974), 32.

Agus á bhfágáil ar a téinidh.<sup>21</sup>

I gcomhthéacs na talmhaíochta de, thiocfadh leis an bpráta fás áit ar bith; sa phortach nó sna sléibhte fiú. Seo an fáth gur mhair an chuid is mó de na prátaí trí thréimhse an Ghorta Mhóir i nDún na nGall agus nárbh í bliain an drochshaoil, 1847, an bhliain ba mheasa do cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall:

Ní hí bliain an drochshaoil ba mheasa ar mhuintir na Rosann, ainneoin go raibh sí dona go leor, ach an bhliain ina diaidh, nuair a tháinig an t-earrach, b'éigean cuid mhór den talamh a fhágáil bán, cionn is go raibh an pór agus an síol a bhí fána choinne ite. Bhí an fómhár éadrom ó tharla nach raibh aon chuid mhór curaíochta déanta. Tháinig an geimhreadh fuar, fliuch, diolba...<sup>22</sup>

Tá macallaí sn tseanfhocail Ghaeilge, 'da mbeadh prátaí is móin againn, bheadh ár saol ar ár dtóin againn', sa phíos a scríobh Somers:

If they have turf and potatoes enough, they reckon themselves provided for; if a few herring, a little oatmeal and above all the milk of a cow be added, they are rich, they can enjoy themselves and dance with a light heart after the day's work is over.<sup>23</sup>

Tháinig méadú mór ar dhaonra na hÉireann idir na blianta 1600 agus 1845. Daonra timpeall milliún duine a bhí in Éirinn sa seachtú haois déag ach faoin mbliain 1845 bhí ocht milliún duine ag maireachtáil inti.<sup>24</sup> Déanann Anne O'Dowd comparáid idir an méadú seo idir an seachtú agus an ochtú haois déag agus titim líon na ndaoine idir an naoú haois déag agus an fichiú haois. Mar a dúradh cheana, bhásaigh breis is dhá mhilliún duine in Éirinn de bharr ocrais agus galar<sup>25</sup> agus d'fhág níos mó ná milliún eile an tír agus aghaidh á tabhairt acu ar Shasana, ar Albain agus ar Mheiriceá, i measc eile. I dtaca le cuntas O'Dowd, aontaíonn

---

<sup>21</sup> K. Whelan, 'Pre and Post-Famine Landscape Changes' in C. Póirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 23.

<sup>22</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 2.

<sup>23</sup> R. Somers, *Letters from the Irish Highlands* (1848), 161.

<sup>24</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers, History and Migratory Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain* (1991), 235-245.

<sup>25</sup> *Ibid.*

taighde James Bagwell<sup>26</sup> agus taighde Phóirtéir<sup>27</sup> nár chuir an Gorta Mór isteach ar Dhún na nGall sa chaoi chéanna is a chuir ar an gcuid eile den tír, mar a luadh cheana: ‘Bhí fir neartmhara ann na bliadhanta sin, agus bhí siad beo i ndiaidh a’ droch-shaoghail’<sup>28</sup> agus cé nach raibh rudaí chomh holc is a bhí in áiteanna eile, ní hionann sin is a rá nach raibh tionchar ar bith ag an nGorta ar an gcontae agus ar na ceantair Ghaeltachta ann:

Sin a’ saoghal a bhí i nÉirinn san am sin, agus a chuid féin de as Rann na Feirste. Fuair cuid aca bás. B’éigean do chuid aca an tír a fhágáil ‘na dhiaidh sin, agus do chuid eile imtheacht go Teach na mBocht, nó ar shiúdhail ó dhoras go doras a d’iarraidh na déirce.<sup>29</sup>

Le linn ré Hill agus Stewart, agus sular tháinig an Gorta Mór chun na tíre in aon chor, rinneadh iarracht tionscail éagsúla a bhunú go háitiúil sna ceantair bheaga chun na pobail a chothú. Deir Bielenberg gur éirigh go maith leis na tionscail seo i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall agus gur éirigh leo 11% d’ioncam na n-áiteanna sin a thuilleamh i gcomparáid le 3% in Iarthar na tíre agus 2% i nDeisceart na tíre.<sup>30</sup> Bhí tionscal cniotála i mBun Beag, Gaoth Dobhair agus díoladh stocaí agus earraí sainfheidhmeacha eile ar phraghsanna arda.<sup>31</sup> Sa leabhar *The Workhouses of Ulster*, deir Michael H. Gould gur stiúirigh Stewart tógáil Óstán Ghaoth Dobhair, líon sé isteach cuid den chuan i lár an bhaile agus thóg sé foirgneamh mór ar ar tugadh ‘Teach na Cúirte’. Rinne siad iarracht deireadh a chur leis an seanchóras ‘rundale’ freisin toisc go raibh sé seanaimseartha agus neamhoiriúnach don líon mór daoine a bhí ag cur fúthu i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall. D’fhoghlaim Hill Gaeilge ionas go mbeadh sé ábalta dul chun comhrá le muintir a n-eastát fosta. D’fhostaigh sé suirbhéir,

---

<sup>26</sup> J. Bagwell, *Destitution (Gweedore and Cloughaneely): Report from the select Committee 1857-1858* (1858), 331.

<sup>27</sup> C. Póirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 20.

<sup>28</sup> S. Ó Grianna, *Rann na Feirste* (g.d.), 114.

<sup>29</sup> *Ibid.*, 110.

<sup>30</sup> A. Bielenberg & C. Breathnach, *Family Income and Expenditure* (2000), 139-140.

<sup>31</sup> M.H. Gould, *The Workhouses of Ulster* (1983), 78-83.

Robert Mac Iomaire agus cúntóir leis, Cathal Mac Suibhne, le plean talaimh a leagan amach chun córas feirmeoireachta cóir, tairbheach agus sásúil a oibriú amach.<sup>32</sup> Is mar gheall ar na nithe éagsúla seo go raibh méid áirithe forbartha imshaoil ar siúl sa chuid sin den tír sular tháinig an Gorta Mór.<sup>33</sup> Thug an Rialtas cúnaimh fial do na tiarnaí talún, deontas cúpla milliún punt, chun tacaíocht a thabhairt dá gceantair féin i bhfoirm bia agus fostaíochta<sup>34</sup> agus cé gur chruthaigh na tiarnaí talún postanna do mhuintir na gceantar Gaeltachta i dtithe oibre, obair mhaslach a bhí le déanamh iontu:

Bhíodh na créatúir ag obair ins an am sin gan aon ghreim bia ite acu, agus bhíodh siad lag i gceart. Nuair a bhíodh siad ag tiomáint na gcloch treasna ar phlanc, agus thiteadh siad leis na barraí in amanna, scairteadh an feirmeoir leo go minic: 'Is the barrow smashed?' Ba chuma leis fá dtaobh dóbhtha féin ach an barra a bheith slán.<sup>35</sup>

Tugadh 'Dlí na mBocht' isteach sa bhliain 1838.<sup>36</sup> Faoin dlí seo, tógadh 'Workhouses' ('Tithe na mBocht') timpeall na tíre, áiteanna a bhí difriúil ó na tithe oibre a tógadh cúpla bliain rompu do dhaoine a bhí fuinniúil agus ag lorg oibre. Tógadh Tithe na mBocht le tacú leis na boicht roimh thréimhse an Ghorta Mhóir, seachas chun tacaíocht agus tithíocht a thabhairt do mhuintir an chontae le linn an Ghorta Mhóir, cé nár éirigh leo réiteach a fháil ar fhadhb na bochtaineachta: 'The Poor Law workhouses did little to relieve poverty before 1845 as most people felt the stigma of entering the building. In 1846 the workhouse struggled to cope with the crisis.'<sup>37</sup>

Ní raibh aon réamhfhaisnéis ann a léirigh go mbeadh Gorta ann sna blianta beaga ina dhiaidh sin agus mar sin, nuair a tháinig sé, ní rabhthas ábalta déileáil leis an mbrú ollmhór a

---

<sup>32</sup> S. Mac Fhionnlaoidh, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 62.

<sup>33</sup> S. Ó Canainn, 'An Gorta i nDún Fionnachaidh', in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 176.

<sup>34</sup> The Great Famine: The Education Facsimile, No.1: Famine, Public record of Northern Ireland (1968).

<sup>35</sup> C. Póirtéir, 'Pictiúr Briste: Seanchas Faoin Drochshaoil', in P. Ó Fiannachta, *An Práta* (1996), 143.

<sup>36</sup> <http://www.nationalarchives.ie/research/research-guides-and-articles/guide-to-the-records-of-the-poor-law/>

<sup>37</sup> M. Sheane, *Famine in the Land of Ulster* (2008), 55.

cuireadh ar na tithe seo timpeall na tíre. Toisc nár glacadh le páistí an-óg, tanaí, lag nó tinn ar an Lagán, bhí orthu dul go dtí na Tithe na mBocht seo, i dtaca le daoine fásta. Tógadh 123 foirgneamh ar ar tugadh ‘Teach na mBocht’ timpeall na tíre sna 1830idí agus 1840idí le tacaíocht a thabhairt do bhochtáin agus do dhaoine a raibh galair éagsúla orthu:

...workhouses should be equipped to hold approximately 1 percent of the total population (100,000 people)...Before the potato failure of 1845, few of these were full, although they were later to prove unable to accommodate all those in need of relief, amounting sometimes to half of the total population of a given district...the system was not equipped to deal with large-scale destitution, being intended, rather, for seasonal scarcity, from June through August, between the exhaustion of the old potato crop and the harvesting of the new one.<sup>38</sup>

Bhí Tithe na mBocht ann do na daoine a bhí ábalta oibriú. An fhadhb a bhí ann ag an am ná go raibh teaghlaigh mhóra ann agus stócaigh láidre iontu. Ní raibh an-chuid oibre le fáil ar na feirmeacha de bharr an tseanchórais ‘rundale’ agus ní raibh a ndóthain airgid acu le dul go Meiriceá chun postanna a fháil. Bhí ar na daoine óga dul go dtí na haontaí agus dul ag obair ar an Lagán ach ní raibh na feirmeoirí Albanacha ag iarraidh páistí áirithe, agus mar a dúradh cheana, bhí orthu siúd dul chun oibre sna Tithe Oibre. I gcomparáid leis na Tithe Oibre, théadh daoine a bhíodh tinn ón bhfiabhras isteach i dTeach na mBocht toisc nach raibh an chumacht acu obair a dhéanamh. Ag cur le tuairisc Hurlbert, *Ireland Under Coersion*, deir Jack Johnson go raibh ionaid bhreise i dTithe na mBocht ar ar tugadh ‘fever wards’ chun aire a thabhairt do na boicht.<sup>39</sup> Ní raibh ach 23% de Thithe na mBocht Dhún na nGall lán in aon am amháin i gcomparáid le háiteanna eile cosúil le Liatroim, Gaillimh agus Maigh Eo a raibh a gcuid ionaid bhreithe lán go béal le linn an Ghorta Mhóir. Bhí ocht gcinn de Thithe na

---

<sup>38</sup> S. McLean, *The Events of Its Terrors: Ireland, Famine, Modernity*, (2004), 59.

<sup>39</sup> J. Johnson, *Workhouses of the North-West* (1996), 122-123. Féach freisin W.H. Hurlbert, *Ireland Under Coercion: The Diary of an American* (1889).

mBocht i nDún na nGall agus níor baineadh úsáid iomlán astu.<sup>40</sup> Bhí coinníollacha agus obair dheacair ag baint leis na hinstitiúidí sin agus ba dhoicheallach a théadh daoine isteach iontu. Thugtaí ‘cosán na marbh’ ar an gcosán suas go príomhdhoirse na dtithe seo mar go rachadh daoine a bhí i gcruachás ceart chucu. Toisc nár theastaigh ó dhaoine aghaidh a thabhairt orthu ní raibh an dara rogha ag go leor acu ach bheith ag smaoineamh ar an imirce. Ach de réir a chéile, chuathas i dtaithí uirthi agus breathnaíodh uirthi mar chuid lárnach den saol, fiú. Dar le Robin Fox, ba phróiseas í an imirce, próiseas aibíochta a d’éirigh níos coitianta ó am an Ghorta Mhóir ar aghaidh:

The future pattern of life is established. With very few exceptions they will go away to work. This is a conscious ambition on the part of most of the older ones, and indeed there is no practical alternative. Working away has become a part of the life cycle, *a rite de passage*, as firmly established as baptism and confirmation. It is the initiation into adulthood.<sup>41</sup>

Tacaíonn smaointe Robin Fox le saothar Helen Kelly nuair a deir sí go mbíodh na boicht ag iarraidh teacht na mBocht a sheachaint toisc gur thuig siad go mbeadh an bás rompu dá rachaidís iontu.<sup>42</sup> Ag teacht le smaointe an bháis thuas, cuireann Liam Ó Connacháin síos ar réamhthuaisir na seandaoine:

Ach na seandaoine nach raibh brí iontu, ná dóchas fágtha acu, ní raibh an dara suí sa bhuaile acu ach teach na mbocht a thabhairt orthu féin, áit a bhfuair siad bás go gearr ina dhiaidh sin. Ba mhór an sásamh dóibh a fhios a bheith acu, nuair a thioctadh an bás, gur i dtalamh beannaithe na hÉireann a shínfí a gcnámha, níorbh ionann agus a gclann a bhí ar an choigríoch agus nach raibh i ndán dóibh amharc féin a fháil go brách ar an tír ar a raibh grá acu.<sup>43</sup>

---

<sup>40</sup> C. Kinealy, ‘The Role of the Poor Law During the Famine’ in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 112. Féach freisin H. Kelly, *Irish ‘Ingleses’: The Irish Immigrant Experience in Argentina 1840-1920* (2009), 165. Cuireann Kelly cás na n-imirceach Éireannach a d’imigh go dtí an Airgeintín san ochtó haois déag i gcomparáid le himirceoirí Dhún na nGall agus iad ag imeacht thar lear de bharr an Ghorta Mhóir.

<sup>41</sup> R. Fox, *The Tory Islanders* (1978), 29.

<sup>42</sup> H. Kelly, *Irish ‘Ingleses’: The Irish Immigrant Experience in Argentina 1840-1920* (2009), 165-167.

<sup>43</sup> L. Ó Connacháin, *Niall Mac Giolla Bhríde* (1974), 33.

Cuireann Cormac Ó Gráda síos ar staid na ndaoine ag an am seo: ‘...a labour force too short of capital to be productive at home and too poor to emigrate and be productive elsewhere.’<sup>44</sup> Faoi mar a pléadh cheana sa chaibidil seo, ní raibh an tionchar céanna ag an nGorta Mór ar Ghaoth Dobhair agus a bhí ar áiteanna eile timpeall na tíre agus timpeall an chontae, fiú. Maidir le Dún Fionnachaidh, níor chuir tubaiste an Ghorta Mhóir isteach air go dtí an bhliain 1847, nuair a bhí impleachtaí an Ghorta le feicieáil toisc gurbh í an bhliain ba mhó cruatan ar fud na tíre.<sup>45</sup> Cuireann Michael Sheane síos ar na deacrachtaí a bhí ag muintir na gceantar Gaeltachta.<sup>46</sup>

Luann Margaret Crawford an chabhair a sholáthair cúnamh an Rialtais idir na blianta 1845 agus 1847.<sup>47</sup> Leag Sir Robert Peel béim ar thrí phríomhthionscnamh a chabhródh le ceantair a bhí faoi bhrú; coistí faoisimh, stórais bhia agus oibreacha poiblí. Ní fhaca na ceantair Ghaeltachta an faoiseamh seo ón Rialtas, áfach, toisc nár cuireadh ar fáil é ach amháin do na ceantair ba mheasa i sáinn agus shocraigh Hill agus Stewart, dá bharr, tionscnaimh den chineál a luaigh Peel a bhunú. I measc eile, bhunaigh an bheirt acu coistí faoisimh i nDún Fionnachaidh agus i nGaoth Dobhair. Níor bhailigh siad féin aon chíos le linn na bliana 1847<sup>48</sup> agus rinne siad a ndícheall faoiseamh a thabhairt do lucht na gceantar Gaeltachta, go háirithe:

Ní rabh oibreacha *relief* ar bith ar a’ bhaile seo. Brat a fuairamar. Bhítheas a’ déanamh brat ag an Characamán agus gheobhadh achan duine gogán sa lá. Leoga, ní rabh mórán cothaidh ann. Acht choinnigh sé beo sinn go dteachaidh an droch-uair thart.<sup>49</sup>

---

<sup>44</sup> C. Ó Gráda, *Black '47 and Beyond: The Great the Great Irish Famine in History, Economy and Memory* (1999), 35.

<sup>45</sup> S. Ó Canainn, ‘An Gorta i nDún Fionnachaidh’, in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 182-183.

<sup>46</sup> M. Sheane, *Famine in the Land of Ulster* (2008), 56.

<sup>47</sup> M. Crawford, ‘Food and Famine’ in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 65-66.

<sup>48</sup> G. Ó Tuathaigh, *Ireland Before the Famine 1798-1848* (1990), 76.

<sup>49</sup> S. Ó Grianna, *Rann na Feirste* (g.d.), 108.



Níor theip ar na prátaí go léir i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, mar a luadh cheana, i gcodarsnacht leis an gcuid eile den tír, inar cailleadh an chuid is mó den bharr de thoradh na haicíde duibhe, go háirithe, sa bhliain 1847. Tháinig laghdú suntasach ar an soláthar prátaí, áfach, agus mhair cuid de na ceantair Ghaeltachta ar fheamainn, ar mhíne agus ar eorna don chuid is mó. D'ithidís na táirgí nádúrtha seo le linn an Ghorta cé go roghnaidís na prátaí rompu roimh an nGorta. Bhíodh Hill ag impí ar an Rialtas níos mó a dhéanamh dá phobal. Bhí stórais bhia tábhachtach do chúrsaí eacnamaíochta an phobail, dar le Gould. Sholáthair na stórais bhia seo a bhunaigh Hill, airgead agus fostaíocht do na ceantair Ghaeltachta.<sup>50</sup> Scriosadh an-chuid prátaí i mBun Beag i nGaoth Dobhair sa bhliain 1847 agus tógadh stóras bia ansin fosta. Bhí muintir na háite ábalta na barraí a dhíol ar phraghas ní ba ísle ná na margaí agus rinne siad brabús freisin. Chabhraigh na hoibreacha poiblí leis an bpobal áitiúil trí mhaoiniú a fháil ó cháin áitiúil agus trí urraíocht ón Rialtas. Bhíodh obair chrua fhisiciúil ar siúl ag na fir ag tógáil bóithre, ag draenáil talaimh agus ag tógáil céibheanna. Tá ainmneacha cuid de na bóithre seo fós i nDún na nGall inniu in ómós do na fir seo, mar shampla, Bóthar an Bhracháin, in aice le Gort an Choirce. Bhí an t-éileamh ar fhaoiseamh i bhfad os cionn an fhaoisimh poiblí a bhí á chur ar fáil ar an mbealach seo. Míníonn Michael McMonagle ina leabhar *Footprints Across America*, go raibh na tionscail i nGaoth Dobhair agus i mBun Beag an-luachmhar do mhuintir na háite, na hoibreacha poiblí ina measc.<sup>51</sup> Bhí na fir a théadh ar imirce go Meiriceá cleachtaithe le hobair chrua agus fuair siad fostaíocht láithreach. Ní raibh an scéal amhlaidh sa bhaile, áfach, áit nár éirigh ach le mionchuid d'fhir na gceantar Gaeltachta obair a fháil, toisc nach raibh dóthain post ann do gach duine. Bhí siad siúd nach

---

<sup>50</sup> M.H. Gould, *The Workhouses of Ulster* (1983), 67-68. Bhí meas ag William Ramsay, Caomhnóir ar Dhlí na mBocht, ar Hill agus d'eagraigh sé dhá stóras bia a chur ar fáil i nDún Fionnachaidh. Bhí idir dhá chéad agus cúig chéad tona eatarthu, lán le coirce. Cuireadh muintir na háite i gceannas ar na stórais agus díoladh an soláthar bia do na tithe bochta nó do mhuintir an phobail.

<sup>51</sup> M. McMonagle, *Footprints Across America: Retracing an Irishman's Journey During the last Gold Rush* (2013), 212.

ndeachaigh ar imirce nó nár éirigh leo post a fháil ag brath, mar sin, ar fhaoiseamh Rialtais, ar na stórais bhia agus ar Theach na mBocht.

Ag filleadh arís ar an gcaoi a raibh taithí dhifriúil ag Dún na nGall ar an nGorta agus ar an mbás a chuaigh leis, ná mar a bhí ag contaetha eile, áitíonn Arthur Gribben, téis atá ag teacht le Kinealy agus Parkhill, nár bhuail an Gorta Baile Sonnáin, i nDeisceart Dhún na nGall, in aon chor ná ceantair áirithe Ghaeltachta, ina measc, cuid de Ghaoth Dobhair, Na Rosa agus Dún Fionnachaidh.<sup>52</sup> Bhí a lán gnéithe dearfacha ag baint le scéal Dhún na nGall, i gcoitinne, mar sin. Bhí stórais bhia ann, bhí céatadán den soláthar prátaí fós ag na daoine agus bhí tionscail éagsúla ar bun acu:

Tháining an t-earrach ar ais agus Domhnach Aifrinn amháin fógradh go rabhtar le bealach mór úr a dhéanamh fríd na Rosa. Tugadh obair d'fhear amháin as achan teach ar an bhealach úr. Achan Aoine díoladh na fir as obair na seachtaine. Caidé an díolaíocht a fuair siad? Fuair achan fhear lán tobáin bhig de mhín bhuí. Achan rud ach an t-ocras! Ba bhuí bhocht leis na créatúir an mhín chuí a fháil dófa féin agus dona gcúram nó ní raibh greim de chineál ar bith eile faoi chreataí an tí ag cuid acu le cur ina mbéal leis an anal a choinneáil iontu. I dtrátha an fhómhair bhí an bealach mór déanta, ach má bhí féin bhí an chuid ba mheasa den drochshaol tharastu...<sup>53</sup>

Sa bhliain 1847, an bhliain ba mheasa den Ghorta Mór, bhunaigh an Rialtas na cistineacha anraith.<sup>54</sup> Nuair a osclaíodh na cistineacha seo, bheartaigh na Caecair nó 'Cuallacht na gCairde' comhoibriú leis an Rialtas iontu. An aidhm a bhí ag an Rialtas ná go mbeadh na cistineacha seo ábalta éileamh an phobail a sheasamh i gcomhar leis na hoibreacha poiblí, na coistí faoisimh agus na stórais bhia le chéile. Ní raibh gá le níos mó ná cistin amháin i nDún na nGall, áfach, ceann i gCraoslach, toisc nár úsáid ach 5% de dhaonra an chontae í i gcomparáid leis an 38% de phobal na Gaillimhe, mar shampla, a bhí ag brath ar na

---

<sup>52</sup> A. Gribben, *The Great Famine and the Irish Disapora in America* (1999), 223 & 251. Féach freisin, C. Kinealy & T. Parkhill, *The famine in Ulster and the Regional Impact* (1997), 85.

<sup>53</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 3.

<sup>54</sup> C. Ó Canainn, 'An Gorta i nDún Fionnachaidh' in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 179-180. Féach freisin K. Whelan, 'Pre and Post-Famine Landscape' in C. Póirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 19-21.

cistineacha céanna. Nuair a dhruid an Rialtas na cistineacha i bhFómhar na bliana 1847, ní raibh ach 697 duine ag fáil faoisimh i nDún na nGall i gcomparáid le 9,085 idir Contae Liatroime agus Contae na Gaillimhe.<sup>55</sup> Chruthaigh na cistineacha fostaíocht sna ceantair chomh maith leis an gcúnamh a tugadh iontu don phobal.<sup>56</sup> Sular osclaíodh cistineacha seo an Rialtais in aon chor, bhí na Caecair gníomhach i nDún na nGall agus timpeall na tíre ar fad, agus bia, anraith, go háirithe, á chur ar fáil saor in aisce acu. Tháinig na Caecair agus Rialtas na Breataine Móire le chéile ar dtús chun freastal ar éileamh i measc an phocail ar chúnamh. Deir Johnson gur mhair na Caecair i bhfad níos faide ná na cistineacha anraith toisc go raibh a fhios acu go raibh pobail áirithe fós i sáinn.<sup>57</sup> Ní raibh na cistineacha anraith seasmhach go leor chun dul ar aghaidh le faoiseamh a thabhairt don tír ar fad agus tháinig deireadh leo. Chuir na Caecair anraith, min bhuí, rís agus coirce ar fáil. Tháinig na hearraí seo as Learpholl go Dún Fionnachaidh. Chuir Rialtas na Breataine airgead ar fáil do na Caecair le coirce a cheannach don anraith. Lonnaigh na Caecair a bhí bunaithe i nDún na nGall ag an am i nDún Fionnachaidh, agus bhí eagar maith, mar sin, ar Theach na mBocht sa cheantar sin, go háirithe. Chuidigh siad le Tithe na mBocht ach bhí fáilte roimh dhaoine chucu fosta nach raibh ag fanacht sa lóistín sin. Bhí cúrsaí trádála go maith fosta. Bhí cé ann chun earraí a thabhairt isteach ó Shasana, go príomha. Déanann Johnson agus Mac Fhionnlaoich an pointe céanna, pointe a threisiónn go raibh níos mó ag muintir Dhún na nGall ná mar a bhí ag tromlach na ndaoine timpeall na tíre a mhair ar aon bhéile amháin i rith an lae:

---

<sup>55</sup> *Ibid.*

<sup>56</sup> *Ibid.*, 63. D'fhaigheadh bainisteoir Thithe na mBocht £20, d'fhaigheadh an mátrún £15 agus d'fhaigheadh an póirtéir £10. Féach freisin K. Miller, *Ireland and Irish America – Culture, Class and Transatlantic Migration* (2008), 145-150. Bhí eagraíocht ann darbh ainm Cuallacht na gCairde/na Caecair agus bhíodh obair dheonach ar siúl acu. Chomh maith leis na stórais bhia a bhíodh a reachtáil ag an Rialtas, bhíodh cistineacha anraith ag na Caecair.

<sup>57</sup> J. Johnson, *Workhouses of the North-West* (1996), 166-170.

Nothing, indeed, can describe too strongly the dreadful living conditions of the people. Many families were living on a single meal of cabbage and some even, as we were assured, upon a little sea-weed.<sup>58</sup>

Chuir na Caecair níos mó ná bia ar fáil do dhaoine, áfach, agus éadaí á dtabhairt acu do dhaoine sna hospidéal agus do sheandaoine. Ní raibh brú ar Theach na mBocht Dhún Fionnchaidh, mar thoradh ar obair na gCaecar san áit seo, go háirithe, dar le Moran.<sup>59</sup> Bhí na Caecair ag obair timpeall na tíre ach toisc nach raibh líon mór daoine i dTeach na mBocht Dhún Fionnchaidh, ní raibh fadhbanna an cheantair sin ar chomhfhéid leis an gcuid eile den tír. Bhí spás do 300 i dTeach na mBocht i nDún Fionnchaidh ach ní raibh ach cúigear áitritheoirí ann sa bhliain ba mhó cruatan, 1847. Faoiseamh sealadach a bhí ann do na boicht a bhí ag streachailt leis an saol agus ní raibh i dTeach na mBocht ach stopallán in am an ghátair.

Sa bhliain 1845, bhí prátaí fós mar phríomhbhia mhuintir Dhún na nGall. Bhí prátaí riachtanach i dTeach na mBocht toisc go raibh siad saor agus bhídís flúirseach de ghnáth. Ach leis an laghdú ar an bpráta le linn bhlianta an Ghorta Mhóir, ní bhíodh prátaí ag Teach na mBocht ach amháin ar an Domhnach. In ainneoin seo, bhí táirgí eile ag na daoine chun iad féin a choinneáil. Tagraíonn Moody agus Martin d'obair dheonach na gCaecar agus don chaoi go dtugaidís min choirce do na daoine in áit prátaí timpeall na tíre. Ach ag deireadh na bliana 1847, bhí an mhín choirce gann agus bhí ar na Coistí Faoisimh bia a cheannach, taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall toisc go raibh formhór den phobal fós neamhspleách go pointe éigin.<sup>60</sup> Rinne na tiarnaí talún i dtaca leis na Caecair agus Comhairle na gCoimisinéirí iarracht lóistín breise a chur ar fáil do mhuintir chontae Dhún na nGall sna

---

<sup>58</sup> *Ibid.*, 189.

<sup>59</sup> G. Moran, *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (2004), 59-61.

<sup>60</sup> T.W. Moody & F.X. Martin, *The course of Irish History* (1967), 268-269.

blianta 1846 agus 1847 go háirithe. Cé nach raibh ach líon beag daoine i dTeach na mBocht i nDún Fionnachaidh, míníonn Roger Swift go raibh lóistín breise, lasmuigh de Thithe na mBocht, de dhíth ar ghnáthdhaoine a bhí ag streachailt.<sup>61</sup> Cuireann Barry Hewetson síos i litir do Chumann Ghaoth Dobhair sa bhliain 1847 ar choinníollacha lóistín agus maireachtála an cheantair:

I have just returned after a day of painful exertion...in one house I found a family of fourteen – They had not a morsel of food in the house...I went to another house to inquire about a young woman who complained of great coldness and was sent to go to their only bed; she fell into a sleep from which she never returned. Her mother died also that day...and there are her two children who, I am sure, will not be alive tomorrow, to such a state are they reduced from bad and insufficient food.<sup>62</sup>

Bhí idir bhochtanas agus ghanntanas bia ag cruthú fadhbanna do mhuintir na gceantar Gaeltachta:

Bhí an bia farráige féin le roinnt, nó bhí an pobal mór agus ní raibh sé furasta greim béil a thabhairt do gach duine. Bhí na créatúir ag brath go mór ar an eallach agus, ar ndóigh, bhí siadsan ar tógáil leis an ocras fosta... Ní raibh airgead ag mórán le bia a cheannach... bhí prataí le ceannach in Ard Ratha ar 5p an chloch agus min choirce ar 20p an 10 bpunt.<sup>63</sup>

Idir na blianta 1846 agus 1847, tháinig an laghdú ba shuntasáí, 23.8%, ar dhaonra Chríoch na Smear, baile fearainn idir Gaoth Dobhair agus Dún Fionnachaidh. Tháinig borradh 5.4%, áfach, ar dhaonra Mhín an Chladaigh. Dar le Póirtéir, gur tháinig an borradh seo toisc gur cuireadh an chuid is mó den chúnamh breise thuasluaite ar fáil gar do Mhín an Chladaigh, Gaoth Dobhair agus Dún Fionnachaidh.<sup>64</sup>

---

<sup>61</sup> R. Swift, *Irish Migration in Britain, 1815-1914 – A Documentary History: 2002 (1988)*, 116-121.

<sup>62</sup> B.D. Hewetson, Ulster Museum, *First Report of the Committee of the Velfast Ladies' Association for the Relief of Irish Destitution, 6 March (1847)*, 20.

<sup>63</sup> S. Mac Fhionnlaoich, *Scéal Ghaoth Dobhair (1983)*, 55.

<sup>64</sup> C. Póirtéir, 'Pictiúr Briste: Seanchas Faoin Drochshaol', in P. Ó Fiannachta, *An Práta (1996)*, 131 & 141.

Ag tagairt do Thithe na mBocht, deir Gould go raibh coinníollacha uafásacha iontu.<sup>65</sup> Bhí idir mhná agus fhir ag obair iontu. Bhí daonra ard i nDún Fionnachaidh agus d'fhás daonra na háite, ar aon dul le daonra Mhín an Chladaigh, 2.2% idir na blianta 1841 agus 1851. Chuir na Caecair cúnamh breise ar fáil agus bhí ionad breise acu scartha amach ó Theach na mBocht do na daoine nach raibh ag iarraidh tabhairt faoi Theach an cheantair sin. Dúirt bean amháin, Hanna Herrity, a chaith tamall i dTeach na mBocht i nDún Fionnachaidh le linn an Ghorta Mhóir go raibh córas cruá i bhfeidhm ann:

The workhouse was a terrible place. The women had a cruel matron and the house was full of hunger and famine and cruel sickness going in the country. There'd be seven or eight dead in the morning. She would strip the bed clothes from down off them and they'd be pulled out on the floor. The weemen [sic] said you'd hear the head of the corpse cracking down the steps of the stairs til it was put in the dead house below – many's the one thought the people were getting poison.<sup>66</sup>

Deir Gould go raibh an práta ag teacht ar ais chuige féin agus go raibh an aicíd dhubh ag imeacht go mall le linn na tréimhse 1848-1851. Bhí líon na ndaoine a bhí ag fáil faoisimh ó 1850 ag íslíú go sciobtha sna ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall. Ní raibh ach 88 áitritheoir i dTeach na mBocht i nDún Fionnachaidh ar an iomlán ó osclaíodh na doirse ar dtús i bhFómhar na bliana 1836, daoine difriúla ag teacht agus ag imeacht de réir an éadóchais.<sup>67</sup> Gné thábhachtach den bhorradh seo ná go raibh tiarnaí talún maithe, cumhachtacha sna háiteanna seo, daoine cosúil le Hill agus Stewart, ar tagraíodh dóibh cheana, a bhí ag spreagadh agus ag cothú mhuintir na háite. An t-athrú ba mhó a chonacthas i ndiaidh an Ghorta Mhóir i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, ná an t-athrú talmhaíochta. Cuireadh

---

<sup>65</sup> M.H. Gould, *The Workhouses of Ulster* (1983), 180-183.

<sup>66</sup> *Ibid.*, 100-110.

<sup>67</sup> J. Bagwell, *Destitution (Gweedore and Cloughaneely): Report from the select Committee 1857-1858* (1858), 73. Bhí uasmhéid ard sa cheantar seo chun tacú leis an líon ard daoine a bhí sa cheantar agus a raibh ag teacht isteach sa cheantar mar gheall go raibh tionscail ann, fostaíocht sna hoibreacha poiblí, tithe oibre agus stórais bhia chomh maith leis na Caecair. Ba lú fós an titim i nDún Fionnachaidh agus i nGaoth Dobhair (Bun Beag). Fuair 7% de dhaonra chontae Dhún na nGall bás i gcomparáid le 33% i nGaillimh agus 47% i Liatroim. Tháinig bhorradh ar dhaonra Mhachaire Clochair le hardú 1.9% agus ardú 5.4% i Mín an Chladaigh.

béim ar thógáil chaorach agus níor bhraith daoine ar phrátaí amháin mar phríomhbhia sna ceantair Ghaeltachta.<sup>68</sup> Thug na tiarnaí talún tréadaithe isteach ó Albain agus chuir siad caoirigh ar féarach ar thaobh na sléibhte a bhí mar chimín go dtí sin. Bhain na feirmeoirí úsáid as gach píosa talaimh chun feirmeoireachta, do chaoirigh agus do mhóin. Tragóid mhillteanach a bhí sa Ghorta Mór a rinne slad ar dhaonra na hÉireann trí chéile. Bhí cúiseanna éagsúla nár fhulaing muintir na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall mar a d'fhulaing an chuid eile den tír, cuid acu ar chúiseanna áitiúla iad. Bhí ceantair Dhún na nGall ullamh go leor agus faoi réir don Ghorta Mór a thug an aicíd dhubh, an bás agus scriosadh leis.<sup>69</sup>

Is é Dún na nGall an contae is mó i gCúige Uladh agus ó thaobh staitisticí de, as an 310,640 duine a fuair bás i dTuaisceart na hÉireann, ní bhfuair ach 36,330 duine bás de bharr an Ghorta Mhóir i nDún na nGall i gcomparáid le 46,276 duine i gContae an Dúin, mar shampla.<sup>70</sup> Bhí cailteanas 33,243 in Aontroim ach bhí daonra i bhfad níos lú ann i gcomparáid le Dún na nGall.<sup>71</sup> Bhí sé de chumas ag ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall seasamh a ghlacadh in aghaidh na ndeacrachtaí a tháinig leis an nGorta Mór. Ní hé sin le rá nár fhulaing siad agus is cinnte gur fhulaing, ach bhí faoiseamh Rialtais i dtaca le cúnamh ó na Caecair ann dóibh i nDún Fionnchaidh chomh maith le Teach na mBocht, agus mar sin, ní raibh éagrata na gceantar Gaeltachta sin chomh géar agus a bhí sa chuid eile den tír. Ach, in ainneoin sin, d'fhulaing muintir na gceantar Gaeltachta seo go mór le linn an Ghorta agus

---

<sup>68</sup> Relief Commission Papers: Letter from Wybrants Olphert (1847) neamhfhoilsithe, 113. Féach freisin W.E. Vaughan & A.J. Fitzpatrick (eag.). *Irish Historical Statistics: Population 1821-1971* (1978), 54 agus B. Crowley et al. (eag.), *The Atlas of the Great Irish Famine* (2012), 97-98.

<sup>69</sup> The Great Famine: The Education Facsimile, No.11: Famine. Public record of Northern Ireland (1968), 34. Féach freisin, T.W. Moody & F.X. Martin, *The course of Irish History* (1967), 268-269.

<sup>70</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 71.

<sup>71</sup> The Great Famine: The Education Facsimile, No.18: Famine. Public record of Northern Ireland (1968), 4.

ina dhiaidh agus bhí brú ar dhaoine dul ar imirce shéasúrach sna 1850idí agus ar feadh na mblianta fada ina dhiaidh sin.

## **1.2 Tionchar an Ghorta Mhóir ar na hOileáin**

Is iad na hoileáin Ghaeltachta amach ar chósta Dhún na nGall, Oileán Árann Mhóir, Oileán Ghabhla, Inis Caorach agus Inis Mhic an Doirn na hoileáin a bheidh faoi chaibidil sa chuid seo den taighde. Is é Oileán Árann Mhór an t-oileán is mó ar an liosta thuasluaite agus tá sé trí



mhíle amach ó chósta iarthuaisceart Dhún na nGall.<sup>72</sup> Tá 514 ina gcónaí ar an oileán anois agus ardaíonn na huimhreacha sin suas go 1,500 sa samhradh, díreach mar a bhíodh sé sa naoú haois déag. Cé gurb é an t-oileán is mó ar an liosta thuas, ba é an t-oileán ba mhó a d'fhulaing de bharr an Ghorta. Mar gheall ar oileán Ghabhla, oileán beag atá ann, 500 acra, é suite dhá mhíle amach ó chósta Ghaoth Dobhair. Roimh an nGorta Mór, bhí daonra de 68 duine ar an oileán (daonáireamh 1841) agus tháinig borradh ar líon na ndaoine ar an oileán sin faoin mbliain 1901 le 169 duine ina gcónaí ann, toisc go raibh muintir an oileáin neamhspleách ar an mórthír go pointe áirithe. Inniu, níl ach cúpla teach ar an oileán i ndiaidh bhánú an oileáin sna 1960idí. Tá Inis Caorach, ansin, suite amach ó chósta na Rosann, gan ach 42 acra agus tá an t-oileán seo idir an mhórthír agus Oileán Árann Mhóir. Oileán beag eile is ea Inis Mhic an Doirn atá suite tuairim is leathmhíle amach ó Ailt an Chorráin. Tá timpeall 313 acra talaimh ann agus níl aon duine ina gcónaí ann faoi láthair. Bhíodh daoine ar an oileán seo neamhspleách go leor. Níor bhuaill drochiarasmaí an Ghorta Mhóir na hoileáin bheaga; Oileán Ghabhla, Inis Caorach nó Inis Mhic an Doirn; ach d'fhag an Gorta Mór a rian ar Oileán Árann Mhóir.<sup>73</sup> I gcodarsnacht le hOileáin Ghabhla, Inis Caorach agus Inis Mhic an Doirn, bhí muintir Árann Mhóir ag brath níos mó ar an mórthír mar gheall ar sholáthar bia toisc go raibh níos mó daoine ar an oileán agus nach raibh dóthain hachmhainní acu féin. Dar leis an taighdeoir Susan O'Donnell, níor chuir an Gorta Mór isteach an oiread sin ar na hoileáin bheaga, toisc go raibh pobail bheaga lonnaithe sna

---

<sup>72</sup> Comharchumann na nOileán Beag, *Oileáin Dhún na nGall: Donegal Island* (2007), 14-15.

<sup>73</sup> A. O'Donnell, *There and Then: Down an Irish Memory Lane* (2012), 34-36.

háiteanna seo go buan.<sup>74</sup> Bhí siad neamhspleách ar an mórthír agus ábalta bia a chur ar fáil dóibh féin.<sup>75</sup>

Bhí Inis Caorach agus Inis Mhic an Doirn cosúil lena chéile in am an Ghorta Mhóir:

Oileán beag íseal atá in Inis Caorach, tuairim ar mhíle farráige ó dheas ó Árainn, i mBáigh Bhaollach. Níl an áit is airde ann níos mó ná cúig troithe déag os cionn leibhéal na mara. Thart fá leathchéad acra talaimh a bhí ann, de thalamh chomh maith is a gheofá ar oileán ar bith thart ar an chósta. Bhí na daoine ansin beo ar an iascaireacht agus ar imirce riamh anall. San aois seo caite níodh siad saothrú mór as déanamh na ceilpe, ach níl aon cheannacht ar cheilp le dhá scór bliain anois. Aon tionónta dhéag a bhí ina gcónaí ar an oileán le linn domhsa a bheith ar fostó ann, rud a chiallaíonn go raibh idir seachtó agus ochtó duine ar an oileán an uair sin. Tréigeadh an t-oileán sa bhliain 1955 agus chuaigh na daoine a d'fhág an áit a chónaí in Árainn agus fá thír mór. Níl aon duine ina chónaí san áit ó shin.<sup>76</sup>

Níl siad i bhfad óna chéile agus dhá oileán bheaga atá iontu, gan níos mó ná 45 acra eatarthu. Lonnaigh teaghlaigh ar na hoileáin seo sa bhliain 1780 ar dtús. Tiarnaí talún a bhí i gceannas ar na hoileáin roimhe sin agus bhaintí úsáid as an talamh chun caoirigh a chur ar féarach. Mar gheall ar oileán Ghabhla, bhí an tiarna talún George Hill, duine ar tagraíodh go minic dó sa chéad chuid den chaibidil seo, i gceannas ar an oileán, faoi mar atá luaite ag Aalen agus Brody. Bhí oileán Ghabhla mar chuid dá 23,000 acra ó imeall Ghaoth Dobhair go dtí na Rosa.<sup>77</sup> Mar atá ráite ag Annie O'Donnell, bhí muintir na n-oileán seo neamhspleách ar chách. Bhí córas feirmeoireachta ag na hoileáin seo agus d'oibrídís go léir le chéile toisc go mbídís ag brath ar a chéile. Bhí siad ábalta a gcuid glasraí féin a chur, bhí caoirigh acu don fheoil agus don olann fá choinne éadaí agus blaincéid a dhéanamh. Cuireann Máirín Uí

---

<sup>74</sup> S. O'Donnell, *Inniscaorach: My Account* (2008), 23-29. D'fhás Susan O'Donnell aníos ar Inis Caorach san fhichiú haois agus chuardaigh sí stair an oileáin óna muintir lena cuid taighde a chur le chéile.

<sup>75</sup> A. O'Donnell, *There and Then: Down an Irish Memory Lane* (2012), 52.

<sup>76</sup> P. Ua. Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 24.

<sup>77</sup> F.H. Aalen & H. Brody, *Gola: The Life and Last Days of an Island Community* (1969), 34.

Fhearraigh síos ar oileán Ghabhla sna 1850idí agus sna 1950idí agus ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí a bhain leis an dá thréimhse ama sin:<sup>78</sup>

Ó thaobh bia agus cothaithe daofa féin agus dá gcuid ainmhithe bhí muintir Ghabhla chóir a bheith go hiomlán neamhspleách. Ní raibh le ceannach acu ach plúr agus thagadh sin i málaí bána agus bhí ceann nó dhó acu sin mar aon le mála mine buí agus mála mine coirce faoi stór i ngach teach. Bhí cófra tae a bhí déanta as adhmaid, agus mála siúcra, chomh maith le rudaí mar rísíní agus triacail dubh sa stór sin fosta.<sup>79</sup>

D'fhaightí na hearraí seo ar an mórthír uair sa mhí nuair a bhí cúrsaí airgeadais agus trádála go maith, taobh amuigh de bhlianta an Ghorta, ar ndóigh. Is ionann sin is a rá go raibh na hearraí ar fáil le linn an Ghorta, ceart go leor, ach nár bhac siad leo toisc gan iad a bheith riachtanach. Ní fhaightí na hearraí seo le linn thréimhse an Ghorta Mhóir toisc nach raibh siad riachtanach chun béilí na dteaghlach a dhéanamh ach bhídís ar fáil ar an mórthír roimh agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir nuair a bhí saoirseacht taistil ag baint le dul go dtí an mórthír. I gcomparáid leis an bhfichiú haois, bhíodh comhábhair shimplí bhunúsacha ag muintir an oileáin sa naoú haois déag. Dhéantaí bonnóg aráin dhoinn gach lá agus d'úsáistí bláthach le harán blasta a dhéanamh:

Bhí cúpla bhó bhainne, bearach nó gamhain, agus asal i ngach teach, chomh maith le cearca, coileach, agus de ghnáth, cúpla lacha agus bardal... Bhí im agus bainne acu féin ó na heallach chomh maith le huibheacha ó na cearca agus, b'íomaí Dhomhnach a gcuirte ceann de na cearca ar an tábla.<sup>80</sup>

Bhí gné eile ag baint le trádáil an naoú haois déag agus an fichiú haois. Bhíodh sé de nós ag muintir na n-oileán babhtáil, san fhichiú haois, leis na trádálaithe ón mórthír nó leis na 'peidléirí' a thagadh isteach chuig na hoileáin chun earraí cosúil le min, snáthaid agus dealgáin a dhíol: 'Cé go raibh siopa beag ag Clann Uí Dhuibhir ar an oileán, thagadh siopaí ón

---

<sup>78</sup> M. Uí Fhearraigh, *Gabhla, An tOileán* (2008), 55-59.

<sup>79</sup> *Ibid.*, 18-19.

<sup>80</sup> *Ibid.*

tír mór [sic] isteach uair sa tseachtain. Thagadh Micí ‘the Cope’ Gallagher seachtain amháin agus thagadh Aodh Ó Frighil an tseachtain ina dhiaidh sin.’<sup>81</sup> Ní raibh sé ró-éasca do na ‘peidléirí’ dul isteach chuig na hoileáin sa naoú haois déag toisc nach raibh báid ar fáil go héasca.

Bhí muintir na n-oileán neamhspleách ar an mórthír, mar sin, toisc go raibh obair, bia agus cothú acu ar na hoileáin.<sup>82</sup> Dá thoradh sin, ní raibh sé riachtanach dul ó Inis Caorach nó ó Inis Mhic an Doirn go dtí an mhórthír chun barraí nó bia a cheannach. Dearbhaítear go raibh obair, bia, lóistín agus cúrsaí sláinte go maith ag muintir na n-oileán seo. Cuireann Somers síos ar an mbia a bhí acu agus ar na cúiseanna nach raibh orthu na hoileáin a fhágáil.<sup>83</sup> Deir O’Donnell nach bhfaca cuid de na hoileánaigh an mhórthír riamh toisc go raibh na daoine neamhspleách uirthi, fiú nuair a bhí daoine breoite toisc go raibh dochtúir ina chónaí ar an oileán.<sup>84</sup> Ba ghnách dochtúir, sagairt agus múinteoir a bheith ar na hoileáin seo fosta.<sup>85</sup> Bhí tobar amháin ar an oileán a sholáthair uisce don chócaireacht agus don obair tí. Dá bharr seo, níor fhulaing pobail na n-oileán seo, Inis Caorach nó Inis Mhic an Doirn, uafáis an Ghorta Mhóir. Aontaíonn Patrick Ward gur éalaigh na hoileáin seo ón gcruatan mar go raibh siad scoite amach agus neamhthuilleamaíoch ar an mórthír:<sup>86</sup>

De réir Dhaonáireamh na bliana 1901, ní raibh iascaireacht luaite ag duine ar bith mar shlí bheatha. Ag an uair sin, ba ar fheirmeoireacht is mó a mhair na daoine. Ach diaidh ar ndiaidh, bhí siad in inmhe bádaí móra a cheannacht.<sup>87</sup>

---

<sup>81</sup> *Ibid.*

<sup>82</sup> F.H. Aalen & H. Brody, *Gola: The Life and Last Days of an Island Community* (1969), xvi.

<sup>83</sup> R. Somers, *Letters from the Irish Highlands* (1848), 98-103, 115. Níor shroich an aicid dhubh prátaí na n-oileán, bhí bia farraige acu, bainne ó na ba, feoil ó na coiníní agus ó na caoirigh chomh maith le huibheacha ó na lachain. Féach freisin P. Ó Siadhail, *Idir Dhá Thír: Sceitsí Ó Cheanada* (2005), 78-80.

<sup>84</sup> P. O’Donnell, *Proud Island* (1975), 65.

<sup>85</sup> M. Ó Gallachóir, ‘Memories of Iniscaoragh’, *Donegal Journal*, August 2<sup>nd</sup> (1880), 3-4.

<sup>86</sup> P. Ward, *Exile, Emigration and Irish Writing* (2002), 90-93.

<sup>87</sup> P. Mac Gairbheith, *Ó Duibhir as Gabhla* (2014), xii.

Ar aon dul le hOileán Ghabhla agus leis an mórtír féin, bhí éileamh, ag tús an fichiú haois, ar an iascaireacht ar Inis Caorach agus ar Inis Mhic an Doirn chomh maith agus bhí sé mar shlí bheatha:

Thart fá 1894 thosaigh siad ar iascaireacht na scadán, le leathbháid ar dtús agus níos moille ná sin le “luggers”...thart fá 1902, bhí siad ar lorg na mbradán fosta.<sup>88</sup>

In am an Ghorta Mhóir, deir Mac Fhionnlaoich go raibh 150 ina gcónaí ar Ghabhla agus gur choinnigh an bia farraige beo iad.<sup>89</sup> Scríobhann Peadar Mac Garbheith faoi dheacrachtaí mar gheall ar shonraí daonáirimh a bhailiú sa naoú haois déag, áfach, toisc nár cuireadh tús le clárú breitheanna, básanna agus póstaí in Éirinn go dtí 1864; scriosadh cuntais áirithe daonáirimh a rinneadh roimh 1901 agus ní raibh léamh ná scríobh ag mórán daoine sa tréimhse sin.<sup>90</sup> Tá sé deacair a bheith iomlán cinnte mar gheall ar thionchar an Ghorta Mhóir ar an daonra, dá bharr, ach tuigimid gur tháinig pobail na n-oileán Gaeltachta tríd toisc go raibh na daoine neamhspleách cuid mhór ar an mórtír, mar a léiríodh thuas. Níor tháinig athrú suntasach ar dhaonra na n-oileán seo go dtí na 1940idí uair a thosaigh daoine ag tabhairt aghaidh cheart ar an imirce.<sup>91</sup>

Bhí scéal difriúil ann i gcás Árann Mhóir, áfach.<sup>92</sup> Sa bhliain 1847, thréig cuid mhór daoine an t-oileán mór seo. An Gorta Mór ba phríomhchúis leis seo. Neamhchosúil leis na hoileáin eile thuasluaite, ní raibh an neamhspleáchas céanna ag Árann Mhór. D’imigh na fir, go háirithe, chuig an mórtír chun obair a fháil agus d’fhan siad ann ar feadh tamaill ag cur airgid abhaile. Bhí daonra an oileáin míshocair idir 1845 agus 1855, mar sin, ach ní raibh níos lú ná 600 duine nó níos mó ná 1,300 duine ar an oileán i rith an ama sin. D’fhag níos mó ná leath

<sup>88</sup> S. Mac Fhionnlaoich, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 123.

<sup>89</sup> *Ibid.*, 57.

<sup>90</sup> P. Mac Gairbheith, *Ó Duibhir as Gabhla* (2014), ix.

<sup>91</sup> *Ibid.*, xi.

<sup>92</sup> S. Ó Canainn, *Seanchas Chloich Cheann Fhaola* (2013), 87-89.

de dhaonra oileán Árann Mhóir chun obair a fháil ar an mórthír le linn an Ghorta Mhóir agus d'fhill 80% ar an oileán ina dhiaidh sin. Bhí sé coitianta go leor go dtéadh daoine go hOileán Beaver amach ó chósta Cheanada ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois,<sup>93</sup> agus tá rian na dteaghlach ó Dhún na nGall fós ar an oileán sin sa lá atá inniu ann. Deir Ó Canainn gur fostaíodh fir ó Árann Mhór i dtionscail chrua-oibre, obair ar na bóithre agus tionscal na hiascaireachta i nGaoth Dobhair agus i gCloich Chionnaola go háirithe idir na blianta 1845 agus 1848 nuair a bhídís ar imirce shéasúrach ó na hoileáin.<sup>94</sup> Tarraingíonn Peadar O'Donnell pictiúr réalaíoch ina scéal *Proud Island* bunaithe ar obair Uí Chanainn.<sup>95</sup> Ar aon dul le hÁrainn Mhór, bhí cúrsaí go dona ar an mórthír sa bhliain ba mheasa den Ghorta, 1847. Ní raibh mórán oibre ar an mórthír a thuilleadh d'fhir an oileáin agus deir Moran gur fhill 600 fear ar an oileán sa bhliain 1848 dá bharr.<sup>96</sup> Ach ba dhream fiontraíoch iad fir an oileáin, agus bhunaigh siad tionscal scadáin ar Árann Mhór a chruthaigh ioncam agus foinse bia dá bpobal.<sup>97</sup> Bhíodh iasc acu ó thionscadal na scadán, a dhíolaidís le haghaidh airgid nó a d'úsáididís chun trádála leis an mórthír. Chuaigh sé seo chun leasa ar an dá thaobh, ar mhuintir an oileáin agus ar an mórthír ach bhí fadhb ag baint leis an socrú seo. Dar le Ó Ceallaigh agus Nic Congáil, bhí míbhuntáistí éagsúla ag baint leis an gcaidreamh seo idir an mhórthír agus Árann Mhór.<sup>98</sup> Bhí tionchar na dúchana le feiceáil go soiléir ar an mórthír, go háirithe sa bhliain ba mheasa den tréimhse, 1847. Níor shroich an Gorta Mór Árann Mhór go dtí 1847 agus tháinig formhór na n-oibrithe ar ais ón mórthír, mar a luadh thuas, de bharr eachtraí na bliana sin. Thug na fir seo, chomh maith leis na trádálaithe, galar na bprátaí leo,

---

<sup>93</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>94</sup> *Ibid.*, 90-91.

<sup>95</sup> P. O'Donnell, *Proud Island* (1975), 78-79.

<sup>96</sup> G. Moran, *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (2004), 189-193.

<sup>97</sup> *Ibid.*, 221-223.

<sup>98</sup> S. Ó Ceallaigh & R. Nic Congáil, *Coláiste Uladh 1906-2006* (2006), 47-50.

áfach, agus lobh formhór na bprátaí ar an oileán de bharr na haicíde.<sup>99</sup> Bhí géarghá le trádáil i ndiaidh na bliana 1847 mar nach raibh muintir an oileáin ábalta iad féin a chothú. Faoi mar a dúradh cheana, bhí taithí ag muintir Ghabhla ar an trádáil i bhfad roimhe sin toisc nach mbídís ag obair ar an mórthír ar feadh tréimhsí ar leith.

Dearbhaíonn Moran go raibh brú ar an-chuid daoine imeacht ón oileán agus dul ar imirce shéasúrach ar an Lagán agus thar lear, go hAlbain agus go Meiriceá.<sup>100</sup> I ndaonáireamh na bliana 1841, feictear go raibh 283 clann ar Oileán Árann Mhóir le 1,300 duine ina gcónaí ann. Faoi mbliain 1890 bhí 1,659 duine ann. D'fhás daonra an oileáin arís san fhichiú haois le borradh 20% ar dhaonra an oileáin agus níos mó ná 2,000 duine ina gcónaí faoi dtráth sin ann.<sup>101</sup> De réir thaighde Donal O'Boyle, bád an-chuid daoine a bhí ag tréigean an oileáin de bharr an Ghorta Mhóir agus iad ag filleadh ar an oileán ón mórthír.<sup>102</sup> Murach gur bád cuid mhór daoine a bhí ag filleadh ar an oileán, tá sé le tuiscint go mbeadh níos mó ná borradh 20% ar an oileán. Tharla níos mó tubaistí bádóireachta sa naoú haois déag ná san fhichiú haois toisc go raibh níos mó daoine ag dul ar imirce shéasúrach le linn agus i ndiaidh an Ghorta Mhóir.<sup>103</sup> 'The weakness from the Gaeltacht viewpoint is that the Gaeltacht areas are really looked on as poor relations and notoriously poor relations are nobody's concern; just leave them to God.'<sup>104</sup>

---

<sup>99</sup> *Ibid.*, 66-69.

<sup>100</sup> G. Moran, *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (2004), 227-231.

<sup>101</sup> S. Ó Ceallaigh & R. Nic Congáil, *Coláiste Uladh 1906-2006* (2006), 61.

<sup>102</sup> D. O'Boyle, 'Nineteen Islanders Perished in the Arranmore Boating Disaster', *Donegal Association, Jubilee Yearbook 1985* (1985), 15-16.

<sup>103</sup> *Ibid.*, 17.

<sup>104</sup> *Ibid.*, 51.

I gcóimheas leis an lóistín uafásach<sup>105</sup> i mbótháin na n-imirceoirí agus iad as baile ag obair, bhíodh na turais bháid níos measa uaireanta. Bhí droch-chuma cheart ar na báid agus ní raibh siad sábháilte le turais fhada a dhéanamh idir na hoileáin, go háirithe ó Árann Mhór go dtí an mhórthír, agus ba mar sin a bád cúpla céad duine ó Dhún na nGall i dtragóidí an naoú haois déag.<sup>106</sup> I dtaca le feabhais eile an fichiú haois, níor tháinig feabhas ar chóras taistil na farraige go dtí deireadh an fichiú haois.

In aiste Uí Dhochartaigh sa leabhar *Baile mór na nGáidheal/ City of the Gaels*, tagraítear do na tubaistí farraige seo agus deirtear gur cailleadh an-chuid fear le linn na mblianta 1847-1849, go háirithe. Chuaigh an-chuid fear ar imirce shéasúrach agus d'fhillidís ar a gcuid bailte nuair a bhíodh a gcuid oibre déanta acu ar an mórthír.<sup>107</sup> Bhí ról ag gach ball clainne agus ba é ról na bhfear ná airgead a shaothrú sa bhaile. Mar a fheicfear níos déanaí sa tráchtas seo, níor tosaíodh ar na daoine óga a chur ar an Lagán go dtí blianta ina dhiaidh sin. Bhíodh cisteoir ag gach clann ar an oileán. Deir O'Donnell gurbh iad na cailíní sna teaghlaigh a leagadh amach búiséad réalaíoch don teaghlach, ach iad ag brath ar na fir chun méid áirithe airgid a thabhairt abhaile leo.<sup>108</sup> Mar a dúradh cheana, le linn bhlianta an Ghorta Mhóir, ní raibh a ndóthain oibre ag na fir ar an mórthír agus dá bharr sin, bhí orthu filleadh abhaile roimh dheireadh na tréimhse a bhí socraithe, rud a chuir leis an ardú pobail.<sup>109</sup> Bhíodh na mná sa bhaile leis na páistí nuair a bhí na fir ag obair agus chuidigh filleadh na bhfear leis an ardú daonra i ndiaidh na dtragóidí farraige agus na heisimirce fadtéarmaí. Tháinig borradh suntasach ar dhaonra oileán Árann Mhóir ó na 1880idí go dtí na 1930idí, dá bharr, toisc go

---

<sup>105</sup> D. Fitzpatrick, 'Flight from Famine', in C. Póirtéir, *The Great Irish Famine* (1995), 176-177.

<sup>106</sup> S. Ó Ceallaigh & R. Nic Congáil (eag.), *Coláiste Uladh 1906-2006* (2006), 22.

<sup>107</sup> C. Ó Dochartaigh, 'Idir Dhá Thír: Donegal Emigrants in Glasgow' in S.M. Kidd, *Baile mór na nGáidheal/ City of the Gaels* (2007), 178-180.

<sup>108</sup> P. O'Donnell, 'Achill, Arranmore and Kirkintilloch', *Ireland Today*, Vol.2, no.10, October 1937, 47 & 49.

<sup>109</sup> G. Moran, *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (2004), 123-124.



mbíodh an chuid is mó de na himirceoirí séasúracha sa bhaile ar feadh míonna as a chéile agus bhí cúrsaí eacnamaíochta chomh maith le cúrsaí maireachtála agus sláinte mhuintir na gceantar Gaeltachta, ó thús na 1870idí, toisc gur tháinig feabhas ar na cúrsaí seo.<sup>110</sup>

### **1.3 An imirce i ndiaidh an Ghorta Mhóir**

---

<sup>110</sup> F.H. Aalen & H. Brody, *Gola: The Life and Last Days of an Island Community* (1969), 109.

Mar a dúradh cheana, tháinig laghdú 52% ar dhaonra chontae Dhún na nGall idir na blianta 1847 ó 1857. Níor laghdaigh daonra an chontae ach 7% le linn na mblianta ba mheasa den Ghorta Mór, idir 1847-1850.<sup>111</sup> D'fhág 2,097 duine contae Dhún na nGall idir 1848 agus 1868 mar chuid den cheathrú milliún Éireannach a chuaigh ar imirce go tíortha éagsúla ar fud an domhain. Tá sé luaite i nDaonáireamh na bliana 1851, go raibh Dún na nGall san earnáil ab ísle in Éirinn le laghdú faoi bhun 10% i gcomparáid le laghdú 15% in áiteanna eile sa tír.<sup>112</sup> Tá sé luaite sa chur síos atá ag Oifig Phoiblí Cláracháin Thuaisceart na hÉireann ar an nGorta Mór, go bhfuair 36,330 bás i nDún na nGall idir na blianta 1841 agus 1851.<sup>113</sup>

Díríonn David Hollett ar thaithí feirmeoirí i gContae Dhún na nGall, na hoileáin san áireamh, sa tréimhse i ndiaidh an Ghorta.<sup>114</sup> Ní raibh postanna ann do mhuintir na háite, sa bhaile ná ar an Lagán, mar nach raibh aon earraí le cur sa talamh agus bhí na feirmeoirí gann ar bhia. Ní raibh aon rogha acu ach dul go hAlbain agus go Sasana ar imirce shéasúrach nó go Meiriceá ar imirce fhadtéarmach. Luann Freeman go ndeachaigh 38,000 ar imirce ó chontae Dhún na nGall idir 1851 agus 1861.<sup>115</sup> Bhí daonra an chontae ard sa bhliain 1841 le 296,448 duine ann. Tháinig an laghdú is mó a chonacthas riamh, 62%, ar dhaonra chontae Dhún na nGall i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus ní raibh ach 185,636 duine i nDún na nGall sa bhliain 1891. Tháinig laghdú ar líon na n-imirceach ó Dhún na nGall idir na blianta 1861 agus 1871, áfach, toisc nach raibh an t-airgead acu le himeacht thar lear i ndiaidh an Ghorta. I

---

<sup>111</sup> D. Fitzpatrick, 'Flight from Famine' in C. Póirtéir, *Gnéithe den Ghorta* (1995), 189.

<sup>112</sup> The Great Famine: The Education Facsimile, No.16: Famine. Public record of Northern Ireland (1968), 32.

<sup>113</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 71.

<sup>114</sup> D. Hollett, *Passage to the New World: Packet Ships and Irish Famine Emigrants 1845-1851* (1995), 189-190.

<sup>115</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 71.

gcodarsnacht leis seo, tháinig méadú ar líon na n-imirceach a d'imigh ar imirce shéasúrach go hAlbain agus go Sasana idir na blianta 1871-1891. Bhain an laghdú ar dhaonra Dhún na nGall cuid mhór leis an imirce, seachas leis an nGorta Mór, áit ar bhain an laghdú ar an daonra sa chuid eile den tír leis an nGorta go príomhá.<sup>116</sup> Tháinig laghdú ar an daonra idir na blianta 1871 agus 1891 toisc go ndeachaigh an oiread sin fear óg ar imirce sna 1850idí-1870idí. Fostaíodh bean ghnó as Sasana darbh ainm Alice M. Harte, le tacaíocht fostaíochta agus tionscail a thabhairt do cheantar Ghaoth Dobhair sna 1880idí. Lena chois sin, bhunaigh sí tionscail éagsúla i gcroílár an pharóiste ar thalamh feirmeora áitiúil, rud a chabhraigh leis na feirmeoirí agus le figiúirí imirce a laghdú toisc gur chruthaigh sí deiseanna fostaíochta:

Thóg sí monarcha a raibh meaisíní gaile inti ; bhí cuid mhór tionscal aici – báinín, blaincéad, lása mná agus a macasamhail. Bhí na fir ag fíodóireacht, na mná ag cleiteáil agus ag déanamh lása, agus margadh maith aici do na hearraí i dTeach Dhún na nGall, Londain...thart fá £1000 sa bhliain ag teacht isteach go Gaoth Dobhair, gan trácht ar £200 eile sa bhliain a bhí comhlachtaí eile cleiteála a chur isteach sa pharóiste.<sup>117</sup>

I dtaca leis an Lagán; talamh i dTuaisceart na hÉireann idir Leitir Ceanainn agus an Ómaigh i gContae Thír Eoghain inár fostaíodh, mar aon le páistí Albanaigh, déagóirí agus fir ó Dhún na nGall go séasúrach roimh agus i ndiaidh am an Ghorta;<sup>118</sup> bhí tionchar ag treoraí imirce i nDún na nGall ar an daonra ann toisc nach raibh daoine óga ar fáil le dul ar imirce shéasúrach ann agus iad ag dul níos faide ó bhaile go hAlbain, go Sasana agus go Meiriceá suas le 1891, don chuid is mó. B'fheirmeoirí iad 32% de na himircigh a d'imigh go hAlbain sa

---

<sup>116</sup> *Ibid.*, 79-82.

<sup>117</sup> S. Mac Fhionnlaoich, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 124.

<sup>118</sup> Théadh páistí agus déagóirí ar thóir obair an Lagán ó aois 8 mbliana chun airgead a thuilleamh dá dteaghlaigh, rud a bhí riachtanach ó na 1840idí i leith. Bhíodh sé níos coitianta páistí agus déagóirí a fheiceáil ag obair ar an Lagán d'fhostóirí Albanacha ar na feirmeacha toisc go rachadh déagóirí cúig bliana déag d'aois i dtaca le fir ar imirce shéasúrach go hAlbain in ionad fanacht sa bhaile ar phá íseal. Bhíodh sé de nós ag fir na gceantar Gaeltachta seo obair a fháil ar an Lagán i ndiaidh an Ghorta Mhóir toisc nach raibh an rogha acu taisteal de bharr ganntannas airgid. Thosaigh na fir seo ag dul ar imirce go hAlbain arís sna 1860idí agus lean an patrún sin ar feadh fiche bliain nó mar sin. Ina dhiaidh sin, bhí obair ar fáil sa bhaile agus d'fhan siad i mbun oibre ar a gcuid talaimh féin. Bhí an imirce go hAlbain coitianta arís ag deireadh an chéid sin arís.

naoú haois déag, agus b'fheirmeoirí ba mhó a thugadh aghaidh ar an Lagán roimhe sin.<sup>119</sup> Bhí cás eisceachtúil ann sa bhliain 1848 nuair a tógadh 16 cailíní idir ceithre bliana déag agus ocht mbliana déag d'aois ó Dhún na nGall go Meiriceá, Ceanada agus an Astráil le hobair a fháil mar chuid de ghrúpa 148 cailíní ar dhílleachtaí iad ó áiteanna éagsúla timpeall na hÉireann toisc go raibh Rialtas na hÉireann ag iarraidh líon na bpáistí i dtithe na mBocht a íslíú le linn an Ghorta Mhóir. Cuireadh deireadh leis an scéim seo sa bhliain 1850.<sup>120</sup> Bhí coinníollacha maireachtála dian i ndiaidh an Ghorta. Bhí ceantair éagsúla níos fearr as ná ceantair eile, de bharr scéimeanna faoisimh agus bunú tionscal. Bhí dul chun cinn, mar shampla, sna ceantair Ghaeltachta: Gaoth Dobhair, Cloich Chionnaola agus na Rosa i gcomparáid le ceantair sna sléibhte. D'oibrigh an-chuid ban ón mbaile, iad ag fúáil agus ag cniotáil.<sup>121</sup> Tagraíonn Mac Fhionnlaoich do thuairisc Alice M. Harte ar pharóiste Ghaoth Dobhair agus í ar cuairt ann i mí Lúnasa 1890:

Chonaic sí tithe níos deise, bia agus éadaí níos fearr ag na daoine agus toradh fiúntach acu ó stoc agus ó iascaireacht. Dúirt sí go bhfaca sí ocras ceart go leor ach go raibh acmhainn níos mó ag na daoine i gcoitinne é a fhulaingt.<sup>122</sup>

Chuir na fir lena gcuid airgid trí dhul ar imirce shéasúrach ar an Lagán arís i ndiaidh 1890. Laghdaigh daonra na gceantar Gaeltachta 40% faoin mbliain 1891 de bharr na himirce. Cé go raibh feabhas in áiteanna ar na tithe, bhí teaghlaigh mhóra sa chontae agus 34.5% de dhaonra Dhún na nGall ina gcónaí i dtithe plódaithe. Míníonn Freeman gur minic a bhíodh teaghlach iomlán ina gcodladh i seomra amháin agus uaireanta ní bhíodh sna tithe ach dhá

---

<sup>119</sup> T.H. Mason, 'The Islands of Ireland', *The Tablet*, January 9th (1936), 13.

<sup>120</sup> M. Sheane, *Famine in the Land of Ulster* (2008), 65.

<sup>121</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 22.

<sup>122</sup> S. Mac Fhionnlaoich, *Scéal Ghaoth Dobhair* (1983), 126.

sheomra.<sup>123</sup> Tacaíonn Kinealy agus Parkill leis an gcur síos seo ag tagairt do thuairisc Barry Hewetson a chuireann síos ar choinníollacha maireachtála mhuintir na gceantar Gaeltachta sa bhliain 1847.<sup>124</sup> Bhí sé riachtanach do chúrsaí airgeadais na tíre seo go dtiocfadh na himirceoirí ar ais leis an airgead a thuill siad chun an t-airgead a chaitheamh sa tír seo ar mhaithe le heacnamaíocht na hÉireann, an eacnamaíocht áitiúil go háirithe.

Bhí prátaí róchostasach le ceannach ar na hoileáin i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus ní raibh na feirmeoirí áitiúla ábalta an talamh a chóiriú de bharr costais.<sup>125</sup> Is minic gur mhair daoine ar fheamainn, go háirithe muintir na n-oiléan, Árann Mhór, go speisialta.<sup>126</sup> Tháinig méadú suntasach ar líon na ndaoine sna ceantair Ghaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall ó na 1850idí agus 1860idí ar aghaidh. Níor stop an imirce go huile agus go hiomlán ina dhiaidh sin, ach tháinig laghdú suntasach ar líon na n-imirceoirí a d'ímigh ó Oileán Árann Mhóir. Ó na 1870idí ar aghaidh, bhí Árann Mhór cosúil le hInis Caorach, Inis Mhic an Doirn agus Gabhla, agus na hoileáin sin ar fad neamhspleách ar an mórthír ó shin i leith.<sup>127</sup>

Léiríonn Hurlbert gur tháinig laghdú ar líon na n-eisimirceach ó Dhún na nGall ó na 1870idí, mar a luadh cheana.<sup>128</sup> Toisc nach raibh a lán oibre ar fáil ag an am sin in Albain, d'fhan daoine sa bhaile agus bhí orthu obair shéasúrach a fháil ann. Ní raibh na ceantair Ghaeltachta go léir bocht agus ag streachailt ag an am sin, áfach. Bhí fear gnó ag tacú le hAilt an Chorráin trí Stóras an Chlocháin Liath a bhunú agus a reachtáil agus bhí an tAthair

---

<sup>123</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 92-94.

<sup>124</sup> C. Kinealy & T. Parkhill, *The famine in Ulster and the Regional Impact* (1997), 82.

<sup>125</sup> W.H. Hurlbert, *Ireland Under Coercion: The Diary of an American* (1889), 103.

<sup>126</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>127</sup> *Ibid.*, 87-89.

<sup>128</sup> *Ibid.*, 101-103.

Walker ag tabhairt cúnamh dó.<sup>129</sup> Idir an bheirt fhear seo, chuir an stóras seo postanna ar fáil do mhuintir na háite fad is a bhí siad sa bhaile ó Albain.

Ag an am céanna, bhí an choiriúlacht fairsing i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall.<sup>130</sup> D'fhill níos mó ná 76% den dream Conallach a bhí ar imirce ar Ghaoth Dobhair, ar Dhún Fionnachaidh, ar Na Rosa agus ar na hoileáin le linn na 1870idí de bharr na heaspa oibre úd in Albain. Bhíodh gadaíocht coitianta chun costas a shaothrú le dul go Meiriceá toisc nach mbíodh an t-airgead ag tromlach na ndaoine le dul níos faide ná Albain. Ba chuma leo faoin ngadaíocht toisc nach mbeidís ar ais ó Mheiriceá dá dtéidís ann toisc go raibh an turas chomh fada sin ó Éirinn, bhí sé costasach agus shlíidís go mbeidís níos fearr as i Meiriceá. Rinne na tiarnaí talún iarracht stop a chur leis seo agus pionós a ghearradh ar na ciontóirí.<sup>131</sup> An choir ba mhó ag an am ná clifeáil. Ina dhiaidh sin, bhíodh daoine ag goid ainmhithe agus bhíodh daoine ag déanamh dochair do thithe daoine eile.<sup>132</sup> Bhíodh daoine ag brath ar earraí daoine eile agus ghearrtaí pionós orthu siúd nach leanadh na rialacha, mar shampla, bhíodh orthu cúpla uair an chloig a chaitheamh faoi ghlas in áit rúnda nó dhéantaí iad a lascadh go brúidiúil go háirithe sa tréimhse idir 1851 agus 1854.<sup>133</sup> Chuir na coireanna seo go mór le líon na ndíshealbhuíthe sna 1860idí agus 1870idí.

Ní ghlacadh na Tiarnaí Talún le gadaíthe ar a dtalamh agus ní bhídís sásta glacadh le daoine ar a gcuid talaimh mura mbeidís ábalta an cíós a íoc.<sup>134</sup> Cuireann Niall Ó Dubhthaigh, feirmeoir áitiúil a mhair sna 1870idí i gCloich Chionnaola síos ar an tanú mór a tháinig ar a

---

<sup>129</sup> W.H. Hurlbert, *Ireland Under Coercion: The Diary of an American* (1889), 110-111.

<sup>130</sup> The Great Famine: The Education Facsimile, No.19: Famine. Public record of Northern Ireland (1968), 56.

<sup>131</sup> C. Ó Murchadha, *The Great Famine: Ireland's Great Agony 1845-1852* (2011), 170-175.

<sup>132</sup> W.H. Hurlbert, *Ireland Under Coercion: The Diary of an American* (1889), 150-152.

<sup>133</sup> C. Póirtéir, 'Pictiúr Briste: Seanchas Faoin Drochshaol', in P. Ó Fiannachta, *An Práta* (1996), 139.

<sup>134</sup> S. Ó Canainn, 'An Gorta i nDún Fionnachaidh' in C. Póirtéir. *Glórtha ón Ghorta: Béaloideas na Gaeilge agus an Gorta Mór* (1996), 177.

chuid stoc. Cuireadh as a theach é féin agus a chlann mar nach raibh sé ábalta an cíós a dhíol.<sup>135</sup>

Tugann Eoghan Mac Pháidín, feirmeoir as Rann na Feirste a mhair sna 1880idí cur síos dúinn ar chúrsaí an tsaoil sna 1880idí:

Chualaidh mé Séamus ag innse domh fá dtaobh de, bean bhocht agus a mac a tháinig thart in am an Droch-Shaoil... Nuair a d'íth sé barraíocht den mhin choirce, agus an t-ocras air, agus gan é láidir fána coinne, luigh sé ar a chroí agus stiúc sé (fuair sé bás) [*sic*].<sup>136</sup>

Thugtaí fógraí agus litreacha díshealbhaithe do theaghlach idir na 1860idí agus 1890idí i nDún na nGall agus timpeall na tíre. Fuair Seán Ó Cuirreáin as Cloich Chionnaola ceann de na litreacha sin; litir dhíshealbhaithe ag ordú dó féin agus dá theaghlach an teach a fhágáil.<sup>137</sup> Deir Henderson san alt a scríobh sé faoi na díshealbhuithe i dTuaisceart na tíre agus i nDún na nGall in *The Times* go mbíodh na díshealbhuithe brúidiúil agus go mbíodh ar na fir dul ar ais go hAibain nó go Meiriceá agus gur mhinic nach dtagaidís abhaile arís.<sup>138</sup>

Dar le Bernard Barrett, Staráí Stáit na hAstráile, gur fhág cúig bhád ag an am sin, gan iontu ach daoine ó Dhún na nGall. Níl ar fáil, áfach, ach liosta amháin de phaisnéirí a d'imigh ar imirce dheonach sna 1850idí agus 1860idí ó Dhún na nGall go dtí an Astráil. Bhí 404 duine ar an mbád an *Abysynian* a shroich an Astráil sa bhliain 1862. Aontaíonn Brice le Barrett agus deir sé gur iarr an tiarna Hill ar níos mó ná 47 clann a gcuid tithe a thabhairt suas agus ní raibh aon rogha eile acu ach imeacht go dtí an Astráil ar bhád a chuir an Rialtas ar fáil dóibh, an *Abysynian*.<sup>139</sup> Thóg an turas go dtí an Astráil an uair sin idir 12 agus 20 seachtain.<sup>140</sup>

---

<sup>135</sup> *Ibid.*, 189.

<sup>136</sup> C. Póirtéir, 'Pictiúr Briste: Seanchas Faoin Drochshaoil', in P. Ó Fiannachta, *An Práta* (1996), 136.

<sup>137</sup> *Ibid.*, 140.

<sup>138</sup> P. Ward, *Exile, Emigration And Irish Writing* (2002), 122-123.

<sup>139</sup> C. Brice, 'Victorian Unravels Old Irish Mystery' in *The Herald*, Monday 24<sup>th</sup> October (1983), 10.

Cuireann Barrett síos ina alt ar eachtraí uafásacha a tharla don lucht taistil. Deir sé go raibh an turas chomh fada sin nár éirigh le daoine bia a fháil, nach raibh coinníollacha folláin ar bord agus gur bhásaigh beirt pháistí. Ní raibh teagmháil idir na himirceoirí agus a muintir in Éirinn ina dhiaidh sin toisc nach raibh léamh ná scríobh ag formhór na n-imirceoirí.<sup>141</sup>

Cuireadh Scott Durban go hÉirinn ó Choiste Faoisimh na hAstráile mar ghníomhaí príobháideach chun gearrliosta a chur in ord d'iarthóirí a bheadh oiriúnach chun taisteal go dtí an Astráil mar chuid den scéim 'Post-Famine Assisted Emigration Scheme'. Chuir Durban liosta de 3,000 duine as Dún na nGall i gcrích faoi stiúir an Athar McEncroe. D'fhág ceithre bhád Dún na nGall idir Bealtaine 1859 agus Bealtaine 1861, 'The Sapphire', 'The Lady Elma', 'The Caribou' agus 'The Nile'.<sup>142</sup> Ba de shliocht mhuintir Ghaoth Dobhair agus Chloich Chionnaola iad mórchuid na n-imirceoirí, 89%, a d'fhág ar an 'Lady Elma'. Ba é 'The Sandringham' an cúigiú bád le dul ó Éirinn go dtí an Astráil agus d'fhág sé ar an 26ú Meitheamh 1864 le 1,384 duine ar bord. Ba de shliocht mhuintir Ghaoth Dobhair agus mhuintir Chloich Chionnaola iad 808 (64%): '...the population movement from Cloughaneely and Gweedore was the greatest population movement in assisted migration from any one area to New South Wales between 1859 and 1870.'<sup>143</sup>

Tháinig laghdú 6.5% ar dhaonra Chloich Chionnaola de bharr na himirce seo agus níor tháinig na heisimirceoirí sin abhaile riamh. Bhí na heisimirceoirí idir ceithre bliana déag agus daichead bliain d'aois agus ba í meán-aois imirceoirí na mbád ná naoi mbliana déag. Gnás in Éirinn an uair sin ba ea 'tórramh', nó 'conbhóidh', mar a tugadh air sa taobh sin tíre, a bheith ann do na himirceoirí, go háirithe dá mbeidís ag dul go Meiriceá nó go dtí an Astráil:

---

<sup>140</sup> B. Barret, 'Australian professor arrives to probe Irish Migration' in *Cork Examiner*, July 19<sup>th</sup> (1982), 3-4.

<sup>141</sup> *Ibid.*

<sup>142</sup> G. Moran, *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century* (2004), 159-160.

<sup>143</sup> F. Reid & K. Holden, *Women on the Move; Refugees Migration and Exile* (2010), 160-162.



...Cé gur cuireadh an focal *American Wake* siar ortha, níl aon tagairt ag éinne dhíobh san don bhfocal *tórramh* nó ní lugha ná mar a thagrann muintir Thír Conaill don bhfocal *faire*.<sup>144</sup>

*An Chonbhóidh* a glaotaí ar an nós so i nGaoltacht Thír Conaill agus *a Bottle Drink* nó *Bottle Night* nó *a Convoy* in áiteanna eile i gCúige Uladh.<sup>145</sup>

Nuair a d'fhágadh na himirceoirí chun dul go dtí an Astráil, deireadh an tAthair Mac Fadden paidreacha ar thaobh an bhóthair. Shiúladh na himirceoirí tamall den bhealach lena dteaghlaigh agus d'fhágtaí slán acu ansin ag 'Droichead na nDeor'.<sup>146</sup> Shiúladh na himirceoirí go Doire chun an bád a fháil ansin. Bhíodh turas fada i gceist sula bhfaighidís an bád fiú. Ar ndóigh, mhéadaigh go mór ar an imirce go Meiriceá ag deireadh an naoú haois déag agus imirce fhadtéarmach, don chuid is mó, i gceist leis sin.

## **Táta!**

---

<sup>144</sup> T. Ó hAilín, 'Cóisir na hImirce' in M. Ó Cearúil, *Aimsir Óg: Cuid a Dó* (2000), 335.

<sup>145</sup> *Ibid.*, 337.

<sup>146</sup> Aguisín 4. Pictiúr de Dhroichead na nDeor a thóg mé ar an 15ú Iúil 2015. Féach freisin M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1971), 34, 37, 58 & 62. Cuireann Mac Gabhann síos ar thuras na gcoisithe taobh thiar de na sléibhte ag Tobar an Dúin in aice le Droichead na nDeor agus Loch a' Ghainnimh. Tá tuilleadh eolais ag S. Ó Grianna. *Rann na Feirste* (g.d.), 150 faoi Loch a' Ghainnimh.

Cé gur fhulaing contae Dhún na nGall le linn an Ghorta Mhóir, níor cailleadh ach cuid bheag de dhaonra an chontae, dá bharr, i gcomparáid le cailteannas chontaetha eile na tíre.<sup>147</sup> Már a léiríodh tríd an gcaibidil seo, d'fhulaing muintir na gceantar Gaeltachta seo go mór sna blianta i ndiaidh an Ghorta agus bhí brú ar dhaoine dul ar imirce shéasúrach sna 1850idí agus ar feadh na mblianta fada ina dhiaidh sin, muintir Árann Mhóir go háirithe.<sup>148</sup> Tháinig borradh suntasach ar dhaonra oileán Árann Mhóir idir na 1880idí agus na 1930idí nuair a tháinig an chuid is mó de na himirceoirí séasúracha seo abhaile.<sup>149</sup> Ní raibh sé chomh riachtanach céanna do mhuintir na n-oileán eile atá luaite sa chaibidil seo, an baile a fhágáil chun airgead a thuilleamh nó earraí a fháil toisc go raibh siad sách neamhspleách. Bhíodh páistí agus déagóirí ar fostó go séasúrach ar an Lagán, rud a thug deis do dhaoine óga na gceantar Gaeltachta dul i mbun oibre gar don bhaile agus is ar obair sin an Lagán a fhéachfar sa chéad chaibidil eile.

## Caibidil 2: Ar an Lagán

---

<sup>147</sup> T.W. Freeman, *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas* (1940), 71.

<sup>148</sup> *The Great Famine: The Education Facsimile*, No.18: Famine. Public record of Northern Ireland (1968), 4.

<sup>149</sup> F.H. Aalen & H. Brody, *Gola: The Life and Last Days of an Island Community* (1969), 109.

## 2.1 Obair agus eispéireas saoil

...Ba é an Lagán an taobh tíre de thalamh méith taobh amuigh de Leitir Ceanainn síos go Doire go dtí an tSrath Bán agus isteach go lár Thír Eoghain. Ba amach ansin a chuaigh óige an cheantair s’againne ar fostó chomh luath agus a d’fhág siad an scoil náisiúnta.<sup>150</sup>

Tamall beag roimh aimsir an drochshaoil ba ann a thoisigh daoine as na Rosa ag gabháil chun an Lagán ar fostó. B’fhéidir gur chóir a rá gur chuma cén áit ó Leitir Ceanainn síos go Doire, nó fríd Thír Eoghain a mbíodh duine ar fostó ann, deirtí sna Rosa go raibh an duine sin ar an Lagán. I dtús ama níor ghnách le aon duine a ghabháil chun an Lagán ach fir agus bogstócaigh a bhí in ann obair fir a dhéanamh. Ach sula dtáinig i bhfad fuair na fir eolas go raibh obair fómhair le fáil in Albain agus go dtiocfadh leo níos mó airgid a shaothrú ansin ná ar an Lagán. Thug na fir cúl don Lagán agus théadh siad go hAlbain.<sup>151</sup>

Tacaíonn cur síos scoláirí agus scríbhneoirí áirithe; Anne O’Dowd,<sup>152</sup> Pádraig Ua Cnáimhsí<sup>153</sup>, Jim Mac Laughlin<sup>154</sup>, ina measc; le scéalta agus taifeadtaí Chnuasach Bhéaloideas Éireann Bhaile Átha Cliath. Ó na cuntais seo, i dteannta le cuntais agallaithe ón bhfichiú haois, faightear cur síos ar shaol na n-imirceoirí. Thugtaí ‘spailpíní’ ar dhaoine a d’imíodh ar imirce shéasúrach chuig an Lagán chun airgead a shaothrú san ochtó agus sa naoú haois déag: ‘An Lagán a bheirimid ar an taobh tíre sin, áit ar bith as Leitir Ceanainn go mbí tú ar an Ómaigh i gCondae Thír Eoghain. Albanaigh bunús mhuintir na dúiche sin.’<sup>155</sup> Rinne Cigire Gahan cur síos ar an Lagán.<sup>156</sup>

Farmers from “the Lagan”, the area between Letterkenny, Manorcunningham, Fahn, Strabane and Derry, who wanted help, went “to the Rabble” at Milford on 23rd May and 23rd November or to Letterkenny on 12th May and 12th November to engage a boy or girl for the half year. Those offering themselves for hire wore a straw tied round

<sup>150</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 350.

<sup>151</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 4.

<sup>152</sup> A. O’Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers* (1991), 104-107.

<sup>153</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 33-48.

<sup>154</sup> J. MacLaughlin, *The Making of a Northern County* (2007), 208-210.

<sup>155</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1979), 165.

<sup>156</sup> N. Ó Cléirigh, *Hardship & High Living: Irish Women’s Lives 1808-1923* (2003), 178.

their hat or held one in their mouth or hand to show that they were on offer. For the six months work the girls earned £2 to £6 all with keep included.<sup>157</sup>

We may also think that the migrant workers were the worst off of all but some girls who were able to make 8s. a week on shirt sewing gave it up and opted to hire themselves out. The importance of the money brought home can be seen from the fact that the "harvestings" of an average family in the Fanad area was given £16; the next highest amount, £15m came from the kelp making. The sale of two cows only produced £6 out of a total yearly income of £41.<sup>158</sup>

Idir na blianta 1850-1950, mar a pléadh i gCaibidil a haon, bhí cúrsaí i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall ar míbhail agus bhí mórghá le hairgead a shaothrú trí obair chrua a dhéanamh ar an Lagán:

Bhí an uair sin agus tá anois ceithre mhargadh ann sa bhliain le fostaíocha a dhéanamh – Margadh na Féil’ Bríde, Margadh na Bealtaine, Margadh na Lúnasa agus Margadh Samhna. Bíonn na margaíocha sin i Leitir Ceanainn, i nDoire, ar an tSrath Bán agus ar an Ómaigh. Duine ar bith nach raibh ar mhargadh acu sin riamh, agus nár chuir isteach fostó ar an Lagán, ba chóir dó altú a thabhairt do Dhia. Díoltar agus ceannaítear na seirbhísigh sa dóigh chéanna a ndéantar bó, capall nó caora a dhíol is a cheannacht. Ach tá seo ann, go mbíonn cead a chinn leis an tseirbhíseach i gceann ráithe, nó leathbhliana. Ach sin a bhfuil ann. Is leis an mháistir an seirbhíseach go raibh an fostó istigh. Agus is mór an díol truaighe an créatúr bocht atá ar fostó ag drochmháistir. Is iomaí cailín a thug mallacht don chéad lá riamh a chonaic sí amharc ar an Lagán. Ní hionann sin agus a rá nach bhfuil máistrí maithe ar bith ar an Lagán. An té a déarfadh a leithéid ní bheadh sé ag déanamh na fírinne. Ach san am chéanna ní raibh an Lagán in am ar bith in anás drochmháistrí. Agus fiú amháin in uachtar na hAlbana bheadh sé doiligh Críostaí a fháil, dubh bán nó riabhach, is lú a thuilleas an t-ainm Críostaí ná drochmháistir de chuid an Lagán.<sup>159</sup>

Bhí ar pháistí, idir chailíní agus bhuachaillí, na gceantar Gaeltachta éirí cleachtaithe leis an mbaile a fhágáil agus iad chomh hóg le naoi mbliana d’aois i gcásanna áirithe. Bhí an obair dian agus bhí coinníollacha deacra oibre ag baint leis an obair fosta. Bhíodh páistí an Lagán ag déanamh obair chrua ar phá íseal agus lóistín suarach curtha ar fáil dóibh:

---

<sup>157</sup> Congested District Boards Inspectors Base Line reports, referred to as C.D.B. reports (1892-1894), 89 in N. Ó Cléirigh, *Hardship & High Living: Irish Women’s Lives 1808-1923* (2003), 178.

<sup>158</sup> *Ibid.*

<sup>159</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 4-5.

Things continued in this manner until around the time of the Famine when people began gradually to be drawn into a consumer economy. Shops were opened and the need for cash prompted many parents to send their children to work on the large farms in the *Lagán* district. The contract was usually for six months, the labour was extremely hard and the wages a pittance. This practice continued until about fifty years ago. It was quite normal for children as young as nine years to go to the *Lagán* and they usually spent about five or six seasons on the *Lagán* before going further afield to the large farms and industrial cities of Scotland. The *Lagán* was considered child's work and the wages were better across the North Channel. The men began to go to Scotland around the same time and in doing so began a pattern which survived until the early nineteen sixties.<sup>160</sup>

Sa chlár 'An Óige a Tréigeadh'<sup>161</sup>, míníonn Joe Rodgers nach raibh aon leaba aige ina scioból ar an Lagán ach go raibh ciseán mór curtha ar fáil dó. Ní raibh aon phlaincéad aige agus ní raibh aon chochán scaoilte aige le cur thart air féin i rith na hoíche, ar aon dul leis na hoibrithe eile. I gcodarsnacht le Rodgers agus formhór oibrithe an Lagáin, caitheadh go maith le Seosamh Mac Giolla Chomhaill as na Gleanntaí i gContae Dhún na nGall agus é ar fostú sa tSraith Bán:

Ní raibh an áit ró-dhona. Bhí leaba bheag agam féin i seomra sa teach. Teach iontach mór a bhí ann cé nach raibh ansin ach an da dheartháir. Bhí colceathair domh, Bríd Ní Mheallaigh as an Reannaigh, Leitir Mhic a' Bhaird i Cnoc [sic] Maoil sula deachaigh [sic] mise ann. Ní raibh mórán caitheamh aimsire againn ach ba ghnách liom féin agus an cailín as Gleann Léithín siúl go dtí an Baile Nua. Bhí sise ag caitheamh agus bhí toitíní le fáil. I dtaca le obair bhí rud inteacht le déanamh i gcónaí.<sup>162</sup>

Ní nach ionadh, bhí tionchar fíordhiúltach ag taithí oibre an Lagáin ar thréimhse óige roinnt mhaith páistí Gaeltachta agus théadh páistí óga ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ar fostú chuig teaghlaigh fheirmeoireachta.<sup>163</sup> Ina measc, bhí imirceoir Connallach, Micí Mac Gabhann a chuaigh ag obair ar an Lagán i mBealtaine na bliana 1874 gan é ach naoi mbliana

---

<sup>160</sup> L. Ó Laoire, Réamhrá in C. Ó Searcaigh, *Homecoming: An Bealach 'na Bhaile* (1993/2004), 16.

<sup>161</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>162</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 358.

<sup>163</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 209.

d'aois.<sup>164</sup> Chomh maith leis an gcur síos atá i gcuntais éagsúla agus i gCnuasach Bhéaloideas Éireann, cuireann an mhír faisnéise teilifíse 'Iniscaorach' síos ar an saol a bhí ag na mná go háirithe a bhí ar oileán Inis Caorach sa naoú haois déag agus san fhichiú haois nuair a d'imíodh formhór na bhfear ag obair ar an Lagán.<sup>165</sup> Tugann Ó hEochaidh cur síos cruinn dúinn ar chuid de thaithí an Lagáin ina dhialann bheathaisnéiseach i gCnuasach Bhéaloideas Éireann:

Bhíodh na páistí ar an Lagán idir deich agus dó dhéag bliain d'aois. Bhí Aonach an Fhostóidh ann ar an 12 Bealtaine agus bhíodh na páistí agus na hoibrithe eile ar fostó ag feirmeoirí go dtí an 12 Samhain an bhliain sin. Ba bhealach saor seo le hairgead a shaothrú do na hoibrithe agus bealach éasca daoine a fhostú ar phá íseal.<sup>166</sup>

Tá sé luaite ag John Ó Domhnaill gur imigh na mílte páiste ó Chontae Dhún na nGall le linn na mblianta 1845-1890 ag obair ar an Lagán<sup>167</sup>, rud a chiallaíonn nach mbíodh na páistí seo ar scoil ó mhí na Bealtaine go mí na Samhna. Ní bhíodh aon rogha eile ag tuismitheoirí ach na páistí a chur chuig an Lagán chun airgead a shaothrú. Bhídís ar fostú go dtí seo ar feadh sé mhí as a chéile - uaireanta bhíodh tréimhse níos faide i gceist. An rud ba thábhachtaí do theaghlaigh bhochta na gceantar Gaeltachta ná obair a fháil dá bpáistí ionas go dtuillfidís airgead don teaghlach uilig. Faoi mar atá ráite ag O'Dowd, ba í an mhaireachtáil príomhaidhm na ndaoine agus an t-aon dóigh leis sin a dhéanamh i ndiaidh bhlianta an Ghorta Mhóir ná dul ag obair d'fheirmeoirí saibhre an Lagáin agus d'fheirmeoirí in Albain ina dhiaidh sin. Bhí teaghlaigh mhóra ann agus bhíodh cúpla páiste ó gach clann ar fostú ag an am céanna, ach ba mhinic nach mbídís le chéile. Nuair a bhíodh Róise Rua Ní Cholla ar an

---

<sup>164</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 33.

<sup>165</sup> H. Gallagher, *Iniscaorach*, Cogar, TG4, Craoladh 15 Samhain 2015.

<sup>166</sup> S. Ó hEochaidh, *Dialann Bheathaisnéiseach, Cnuasach Bhéaloideas Éireann* (1946), neamhfhoilsithe 22-24.

<sup>167</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

Lagán, ní bhíodh sí i dteannta a deirféar ach d'fheicidís a chéile gach Domhnach i ndiaidh an

Aifrinn i nGleann Mornáin:

Bhí mo dheirfiúr, Cití, ar fostó sa taobh sin tíre an uair úd, fosta, agus chasainn uirthi Dé Domhnaigh agus muid ar an Aifreann i nGleann Mornáin. Ní feidhm domh a rá go mbíodh lúcháir mhór orainn deis a bheith againn tamall comhráidh a dhéanamh le chéile agus an nuaíocht a bhíodh againn ón bhaile a chíoradh is a chaibidil. Bhí Cití ní ba sine [sic] ná mé féin agus is dóiche gur aici a bhíodh an chuid ba throime den nuaíocht. Ní raibh ach duine amháin eile a bhí ag teacht go dtí an tAifreann ansin a bhí [sic] aithne againn uirthi, Bríd Nic Ruairí as Leadhbh Reannach. Thigimis le chéile i gcónaí i ndiaidh am Aifrinn ag geafta theach an phobail.<sup>168</sup>

Bhí cleachtadh an chreidimh an-tábhachtach do dhaoine agus rinne tuismitheoirí na bpáistí cinnte de go ligfeadh na fostóirí do na páistí dul ar Aifreann uair sa tseachtain. Ligeadh na fostóirí na hoibrithe saor ar an Domhnach amháin, díreach ar feadh tréimhse, roimh a gcuid oibre dá mbeadh an séipéal gar don fheirm ionas nach mbídís rófhada ón obair. Bhíodh seo mar ghnáthchuid den mhargadh<sup>169</sup>:

Bhí mé féin sásta go leor den áit a fuair mé, ag Bean Mhic Aoidh as Gleann Mornáin. Ba Chaitlicigh iad agus bhí sin ina chuidiú agam, nó, i gcás ar bith, bhí tuigbheáil acu don chreideamh a bhí agam, rud, b'fhéidir, nach mbeadh fíor i gcás duine chreideamh inteacht eile. Bíodh is go n-abraimse a leithéid seo anois, casadh daoine orm dá m'aois féin ina dhiaidh sin agus b'fhearr leo a bheith ar fostó ag Protastúnaigh i rith a saoil, nó deireadh siad ná [sic] n-oibríonn na Protastúnaigh agus na Preisbitéirigh a oiread ar an Domhnach leis na Caitlicigh agus go dtugadh sin scíste dóibh i gcónaí Lá an Tiarna. Bhí fírinne inteacht leis an chaint sin...<sup>170</sup>

Léiríonn Ó Grianna tábhacht an mhargaidh:

Chuaigh siad 'un margaidh. Chuir Conall Dubh ceisteannaí ar an fheirmeoir. Cé acu ba Ghaedheal ná Albanach é? Albanach. Ní raibh sé pósta? Bhí. Cé mhéad a'teaghlach a bhí aige? Ceathrar. C'fhad a bhí teach a'phobail uatha? Dhá mhíle. An leigfidhe an ghirseach amach 'un Aifrinn gach aon Domhnach? Gach dara Domhnach a' gnás a bhí aca,

---

<sup>168</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 43-44. Róise Rua Ní Cholla an t-ainm a bhí ar Róise Rua. Tá trácht uirthi mar Róise Rua Ní Cholla agus Róise Rua Mhic Grianna (a hainm pósta) sa tráchtas seo.

<sup>169</sup> *Ibid.*, 24-25.

<sup>170</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 41.

adhubhairt a' feirmeoir. 'An uile Dhomhnach', arsa Conall Dubh, agus ghéill a' fear eile. Annsin chuaidh siad 'un margaidh fá'n tuarastal.<sup>171</sup>

Bhíodh ar na páistí Conallacha na paidreacha a rá leo féin sna leapacha nó nuair a bhídís i mbun oibre.<sup>172</sup> Ar ndóigh, nuair a scaoilí chun Aifinn iad, ba mhinic nach mbíodh aon Ghaeilge ag an sagart agus bhíodh an tAifreann, agus an fhaoistin, as Béarla:

Ní raibh i bhfad agam le a ghabháil go teach an phobail Dé Domhnaigh, nó bhí an áit a raibh mé ar fostó suite idir dhá theach pobail, Gleann Mornáin agus Cloch Chorr. Ní raibh Gleann Mornáin ach leathmhíle uaim agus b'ann is minice a théinn. Ní raibh cead againn a ghabháil an uair sin ach achan darna seachtain. An Sagart Ó Conghaile a bhí i nGleann Mornáin an uair sin agus bhí sé ainmnithe ar fud na tíre mar shagart beannaithe. Ba mhinic mé ar faoistide aige. Ní raibh mé iontach maith ag Béarla san am, ach déarfainn gur thuig an sagart sin ón dóigh a labhradh sé liom. Níodh sé a dhícheall i gcónaí cuidiú le achan chréatúr. Théinn go Cloch Chorr chuig an Aifreann, fosta, bíodh is go raibh siúl ní b'fhaide agam chuige – dhá mhíle. Bhí sagart deas ansin, fosta, mar a bhí an Sagart Ó Scanláin. Tá cuimhne go fóill agam ar an dóigh dheas a labhradh sé le mo mhacasamhail le linn domh a bheith ann. Bhí misean ansin acu le linn domhsa a bheith i dtigh Mhic Aoidh agus thug mé iarraidh i gcónaí freastal ar chleachtuithe an mhisin chomh maith is a tháinig liom. Ó tharla dúil a bheith sa cheol agam agus thug mé iarraidh i gcónaí cuidí leis an chór na hiomann cheol, áit ar bith riamh a mbínn. Is cuimhin liom, fosta, go deachaigh [*sic*] an Sagart Ó Scanláin a chaint liom taobh amuigh de theach an phobail lá. Ba mhaith leis achan sórt fá dtaobh a fháil amach, an t-ainm a bhí orm, cá háit a raibh mé ar fostó, mo mhuintir sa bhaile, an pháirt den 'tír chúil' a raibh mé ina gcónaí ann, agus fiche rud eile chomh maith. Chuir sé iontas orm an t-eolas maith a bhí aige ar an 'tír chúil', an t-ainm a bheir sé ar an taobh thiar dár gcondae thíos sa taobh sin tíre.<sup>173</sup>

Seo cur síos ó fhear Gaeltachta amháin, gan ainm, ar a thaithí féin mar bhuachaill óg ag obair ar an Lagán:

Caithfidh gur teach Albanach a bhí ann, nó ní fhaca mé aon duine acu ag rá aon fhocal urnaí ó chuaigh mé ann go dtí gur fhág mé é. Ach mura raibh siadsan ag rá a n-urnaí, ní thearn [*sic*] mise dearmad den chreideamh. Ba é sin an tógáil a fuair mise sa bhaile m'urnaí a rá maidin is tráthnóna, agus rinne mé sin sa teach sin a fhad agus a bhí mé ann, ainneoin gurbh iomaí uair a bhíodh siad ag gáirí agus ag magadh fúm nuair a bhínn ar mo ghlúine ag urnaí.<sup>174</sup>

<sup>171</sup> S. Ó Grianna, *Bean Ruadh de Dhálach* (1996), 114-115.

<sup>172</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers* (1991), 223-226.

<sup>173</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 43.

<sup>174</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1997), 17.



Ba é Aonach an Fhostóidh i Leitir Ceanainn, an t-aonach ba thábhachtaí i nDún na nGall le linn an ochtú agus an naoú haois déag. Bhíodh formhór mhuintir Ghaoth Dobhair, Na Rosa agus Oileán Árann Mhóir ar fostú i gceantair Leitir Ceanainn le linn an ama sin. Mar a luadh cheana, d'ísligh líon na n-oibrithe ar an Lagán ó na 1940idí ar aghaidh de bharr na himirce go hAlbain agus go Meiriceá. Bhíodh aonach mór taobh amuigh de Leitir Ceanainn ar tugadh 'Aonach an Bhaile Fearainn' air agus théadh an-chuid daoine ón gcontae ansin chomh maith leis an gceann i Leitir Ceanainn.<sup>175</sup> Dhéanadh páistí agus a dtuismitheoirí a mbealaí chuig ceantair na n-aontaí seo an oíche roimh ré de ghnáth toisc go mbíodh turas fada le déanamh acu:

"Chaith mé sé mhí ar an Lagán. Bhí muid inár gcónaí ar an Scathmhaigh agus d'fhan muid an oíche roimhe imeacht ag aintín de mo chuid i nGleann Léithín. Chuaigh mé ar an traein i mBaile na Finne agus bhí m'athair liom go raibh mé ar an tSraith Bán." Sin mar a d'inis Seosamh Mac Giolla (Josie Gill) a scéal domh sa bhliain 2008.<sup>176</sup>

Cuireann Máire Rua Ní Ghallachóir síos ar a cás féin agus í ag fanacht le go bhfostófaí í:

Sheas gach duine i líne dhíreach, taobh le taobh ionas go mbeadh na fostóirí ábalta cuma gach duine a fheiceáil. Ansin, roghnaigh na feirmeoirí na daoine a raibh dúil acu iontu agus bhí ort dul leo, gan cheist. Bhí a fhios ag na fostóirí cé tú díreach agus iad ag breathnú ar an gcuma agus ar an éadach a bhí ort. Bhí tú ar díol, cosúil le muc nó bó ag an aonach.<sup>177</sup>

Ba é Béarla teanga an Lagáin. Ba bheag Béarla a bhí acu siúd arbh as Gaoth Dobhair, na Rosa agus na Gaeltachtaí eile dóibh ach bhí éileamh ann i gcónaí do na hoibrithe Gaeltachta. Thosaíodh na haontaí amach mar lá saor, lá spéisiúil agus spraoíúil do na páistí arbh é an chéad uair ar an aonach dóibh:

---

<sup>175</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers* (1991), 115.

<sup>176</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 355.

<sup>177</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

Bhí muid breá sásta ag fágáil an tí sin ar maidin dúinn le a ghabháil chun an tSrátha Báin. Bhí muid scaifte ann agus creid mé go raibh muid lán croí agus aigne. Bhí an óige againn agus bhí muid ar bharr an tsaoil. Tá a fhios agam go raibh ach an liú agus ach an léim againn agus muid ag gabháil i gceann an bhealaigh ar maidin. Déarfá gur páistí scoile muid ag gabháil chun an bhaile fá choinne laetha saoire i ndiaidh téarma fada a dhéanamh ar choláiste. Ní féidir an óige a chloí.<sup>178</sup>

Mar a bhíos i gcónaí ar aonach, bhí lucht spóirt is cuideachta ansin, fosta – ceoltóirí, fidléirí, mangairí d’achan chineál, lucht déanta cleas, agus mar sin de. Ní fhaca mé a leithéid de chruinniú riamh i mo shaol go dtí sin. Agus, ó tharla fostaíocht a bheith fáite againn anois, bhí bealach againn sult agus pléisiúr a bhaint as siamsa an lae.<sup>179</sup>

... I dtrátha an ama seo bhí an gleo agus an callán suaithní. Bhí na mangairí ag coimhlint lena chéile cé ab airde glór. Bhí lucht cleasaíochta bog ar meisce agus an tuile shí chainte amach as a mbéal. An dream a bhí ag gabháil cheoil, nó ag seinm ar ghléasraí ceoil ó mhaidin, bhí a mbunús dearg ar meisce agus iad ag grágarsaigh agus ag cur tharstu. Bhí prócadóir d’fhear mhór ansin a raibh fáinní ar a mhéara agus é ag díol uirnis. Bhí sé ina sheasamh ar carr, agus níor fhág sé fuíoll molta ar na hacraí ba mhian leis a dhíol. Ach bhí an-chuid cainte chomh gránna, graosta sin nár fhan aon duine i bhfad ag éisteacht leis ach duine gan náire.<sup>180</sup>

Ba mhinic a théadh páistí ar ais chuig na fostóirí céanna bliain i ndiaidh bliana cé go raibh sé níos saoire do na fostóirí glacadh le páiste úr gach bliain toisc go bhféadfaidís praghas níos ísle a íoc ar an bpáiste de bharr an easpa taithí oibre. Ghlacadh na fostóirí lá saor ón obair agus iad ag lorg oibrithe fonnmhara.<sup>181</sup> Deir Mac Gabhann ina chuntas beathaisnéise gur chuimhin leis feirmeoir Albanach amháin á rá faoi: ‘He’s a sturdy wee fellow’.<sup>182</sup> Láidríonn cuntais bhéil Mháire Rua Uí Ghallachóir, Sheáin Uí Eochaigh agus rl., leagan scríofa scéalta Mhicí Mhic Gabhann agus oibrithe eile mar Hiúdaí Sheáinín, Róise Rua Mhic Grianna, Pádraig Ó Gallachóir, Peadar Ó Domhnaill agus Séamus Ó Grianna. Is cuntais thábhachtacha iad seo a thugann cur síos éifeachtach dúinn ar an saol a bhí ag daoine a bhí ar an Lagán thar thréimhse fhada ama.

---

<sup>178</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 39.

<sup>179</sup> *Ibid.*, 20.

<sup>180</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 30.

<sup>181</sup> M. O’ Hanlon, *Hiring Fairs & Farm Workers in North-West Ireland* (1992), 6-7.

<sup>182</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 35.

Bhí an Lagán mar chuid de phróiseas nádúrtha aibíochta ag an am sin do pháistí. Deir Eoghan Ó Domhnaill a scríobh scéal *Hiúdaí Sheáinín* go ndearna taithí oibre an Lagáin ‘fir dhéanta de bhuachaillí óga,<sup>183</sup> agus bhíodh na cailíní níos aibí fosta. Bhí fostóirí maithe ann cosúil leis na feirmeoirí a bhí ag Hiúdaí Sheáinín Ó Dónaill, a chuidigh leis na páistí go ginearálta, go háirithe na páistí sin arbh é an chéad am as baile dóibh. Ní raibh Gaeilge ag fostóirí Hiúdaí Sheáinín, ach rinne siad cuid mhaith iarrachta é a thuiscint agus comhrá a dhéanamh leis:

Nuair a bhí mé seachtain ann d’aithin siad orm go raibh mé ag titim i ndroim dubhach. Bhí a fhios acu nach raibh mé ábalta a gcuid Béarla a thuigbheáil, agus bhí truaigh mhór acu domh. Thug siad bean chugam a raibh Gaeilic aici, de gheall ar sheanchas a bheith agam léithi. Máire Pheadair na Binne ab ainm daoithi... Rinne sé maith mhór domh mo chaint is mó chomhrá a dhéanamh i nGaeilic, agus ní raibh a oiread cumhaidhe orm ina dhiaidh sin.<sup>184</sup>

Cuireann Seán Mac Giolla (Sean Jeaic) as *Mín a’ Chladaigh síos ar an sásamh taitneamhach a bhain sé as tréimhse áirithe a chaitheamh ar an Lagán*:

Dhá dheirfiúr agus deartháir a bhí sa teach. Mícheál a bhí ar an fhear, Éilis a bhí ar an bhean agus ní cuimhneach liom c’ainm a bhí ar an bhean eile. Ba de theaghlach Uí Lochráin iad agus bhí cuid acu ina ndéantóirí uaireadóirí san [sic] Nua-Shéalainn. Bhí an áit iontach maith. Bhí seomra agam domh féin, bhí an bia maith agus iasc ar fáil Dé Domhnaigh. Ba Phrotastúnaigh muintir an tighe ach bhí siad go maith domh. Bhínn ‘mo shuí thart fán ocht ar maidin ach amannta bhínn ag obair go dtí an deich de chlog san oíche.<sup>185</sup>

Bhí coinníollacha deacra oibre ar an Lagán, i gcoitinne, coinníollacha diana maireachtála chomh maith le heaspa saol sóisialta. B’annamh an rud é fostóir cineálta daonnachtúil amhail fostóirí Hiúdaí Sheáinín a bheith ag na hoibrithe sna laethanta sin – obair dhúshlanach ar phá íseal a bhíodh i gceist agus níor cuireadh aithne ar na hoibrithe don

---

<sup>183</sup> E. Ó Domhnaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1977), 14.

<sup>184</sup> *Ibid.*, 17.

<sup>185</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 378.

chuid is mó. Bhídís ann mar sclábhaithe ar feadh tréimhsí sé mhí sa samhradh. Bhí cás Sheáin Uí Dhuibheanaigh eisceachtúil mar sin:

Ina ghasúr óg chúig mbliana déag a bhí John Phadaí Hiúdaí nuair a chuaigh sé chun Lagáin ar tús in 1936. Is cosúil go raibh áit ar dóigh aige i nGoirtín i gContae Thír Eoghain agus nach raibh ar oibriú ó dhubh go dubh mar a bhí ar mhórán dá dteachaidh chun Lagáin.<sup>186</sup>

Cuireann Máire Rua Ní Ghallachóir síos ar pháistí agus iad ag fillleadh ar an gceantar Gaeltachta i ndiaidh an tséasúir, bhí athruithe suntasacha tagtha orthu:

Thiocfadh cuid de na cailíní abhaile ina máithreacha tar éis d'fheirmeoir éigin leas a bhaint astu. Thiocfadh na buachaillí abhaile agus cuma na bhfear orthu. Mhúnláigh an Lagán páistí isteach i ndaoine fásta agus gan iontu ach páistí ag deireadh an lae.<sup>187</sup>

Mar is léir ó na cuntais phearsanta, bhí eispéiris dhifriúla ag Micí Mac Gabhann, Séamus Ó Grianna agus níos gaire dár ré féin, John Ó Domhnaill agus iad uile ar fostú ar an Lagán. Mar a luadh thuas, bhíodh fostóirí maithe ann ach fostóirí neamhthrócaireacha fosta. Cuireann John Ó Domhnaill síos ar a chuid fostóirí siúd agus conas mar a caitheadh leis:

Ní itheadh muid i dteach na bhfostóirí riamh. Bhíodh orthu suí sna sciobóil nó taobh amuigh den teach lena gcuid babhlaí. Bhíodh na buachaillí taobh amuigh den teach den chuid is mó. Cuireadh síos ar an leite i nDún na nGall mar bhrachán buí chomh lom go rachadh sé de rása ón tine go dtí an doras. Thugadh na fostóirí arán, cáis agus bainne leo go dtí an aonach ionas go gceapadh na hoibrithe a mbíodh le teacht chucu, go dtabharfadh an fostóir aire mhaith dóibh. Dallamullóg a bhíodh sa chleas seo agus thugadh na fostóirí neamhthrócaireacha breabanna cosúil leis seo do na páistí. Bhíodh sé coitianta i nDoire, go ndéanadh na fostóirí margadh leis na hoibrithe ag an aonach. Labhróidís faoin mbia agus mar gheall ar na coiníollacha a rachadh leis an bhfostú. Bhíodh a lán coiníní i nDún na nGall agus bhíodh na coiníní á n-ithe ag na hoibrithe don seal oibre uilig toisc go raibh an fheoil seo níos saoire do na fostóirí ná bia eile.<sup>188</sup>

---

<sup>186</sup> *Ibid.*, 336.

<sup>187</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>188</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

I dtaca le cur síos Uí Dhomhnaill thuas, cuireann Patrick Campbell síos ar ‘the bad table’ sa sliocht seo a leanas:

Once a boy had done a hired term, his worth would soon be well known amongst those farm bosses. I suppose the same could be said of the servant-boys. The hard boss or the bad table was often related. The bad table was the more serious, and boys would avoid, if it were at all possible, becoming servants in such a farmhouse. The bad table was the easy way of describing the farmer who had no scruples when half feeding his servant boy. His wage offer could be some pounds greater than the farmer who kept a good table, so this aspect would also get some consideration by prospective farmers' boys in times when a pound meant so much.<sup>189</sup>

Bhí amhráin Ghaeilge ag na hoibrithe feirme ar an Lagán agus i nDoire faoin mbia agus cur síos ar choinníollacha an Lagáin go ginearálta i gcuid de na hamhráin sin.<sup>190</sup> Tugann cur síos Shéamus Uí Ghrianna léargas domhain dúinn ar a thaithí siúd ar an Lagán agus é ina ghasúr óg ag tús an fichiú haois.<sup>191</sup> Tagraíonn sé don turas, don aonach, don obair, don lóistín agus do na coinníollacha oibre a bhain leis an tréimhse sin. Ní raibh mórán bagáiste le hiompar ag Ó Grianna. Thóg sé leis cúpla bratóg éadaigh i mála plúir.<sup>192</sup> Tuigeadh d’Ó Grianna agus do pháistí eile i dtosach a dtréimhse imirce nach raibh aon Bhéarla ceart acu seachas Béarla teoranta na scoile.<sup>193</sup> Dála go leor eile, ní raibh an dara rogha ag Ó Grianna ach dul chun oibre ar an Lagán. Bhí easpa airgid sa bhaile agus faoi mar a dhéanadh an-chuid teaghlach, chuir an óige ag obair. Bhí sé fostaithe ag feirmeoir chun obair ghinearálta a dhéanamh timpeall na feirme. Bhíodh sé amuigh leis na ba agus ag glanadh na háite. Ba amuigh i scioból a bhí leaba an bhuachalla óig. Bhíodh air dréimire a dhreapadh gan aon solas sa scioból aige, ar eagla go gcuirfeadh sé an áit trí thine. Bhíodh tinte coitianta sna botháin seo. Bhíodh an deis aige a chuid paidreacha a rá nuair a d’imíodh máistreas an tí. Bhíodh sé in

---

<sup>189</sup> P. Campbell, ‘Growing Up in Donegal’ in *Béaloidéas, Iml. 42/44* (1974-76), 79.

<sup>190</sup> A. O’Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers* (1991), 145.

<sup>191</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1941), 165-167.

<sup>192</sup> *Ibid.*, 168.

<sup>193</sup> *Ibid.*, 84-85.

ann na luchóga a chloisteáil agus é ina luí sa leaba i rith na hoíche. Ó thaobh na hoibre féin de, bhíodh ar na buachaillí an bóitheach a ghlanadh agus bainne a thabhairt do na gamhna. Chuirtear na páistí amach leis an eallach agus bhíodh orthu an mhóin a chróigeadh agus a thriomú freisin. Chuirtear an t-eallach chun baile ag deireadh an lae fosta.<sup>194</sup> Cuireann John Ghráinne Ó Duibheanaigh na páistí i gcomparáid le heallaí agus é ag rá gur caitheadh leis na hoibrithe cosúil le hainmhithe.<sup>195</sup> Chinntíodh na feirmeoirí go bhfaighidís luach a gcuid airgid ó na daoine óga a d'fhostaídís. Is suimiúil mar a chuireann Róise Rua Mhic Grianna síos ar chuid d'obair na gcailíní:

Ansin, de réir mar a d'éirigh mé eolach ar an obair, d'fhágadh sí achán chineál le déanamh agam féin. Ní raibh orm an capall a ghléasadh, ná sórt ar bith mar sin a dhéanamh. Bheireadh buachaill aimsire an capall isteach go teach na cuinneoge agus shiúladh sé thart ar chúrsa na cuinneoige agus greim sriain aige ar cheann an chapaill. Leabhra, bhí sé furast an capall céanna a oibriú, nó ní bhíodh acu i gcónaí fá choinne na hoibre seo ach seabheathach críonna a shiúladh thart ar an chúrsa go socair suaimehneach mar ba bhéas leis a dhéanamh le blianta fada. Bhíodh orm ansin an t-im a thógáil den chuinneog nuair a bhíodh an maistreadh déanta, na soithí agus an chuinneog a ní agus a scalladh, an t-im a fhágáil sa phantrach, an phantrach a réiteach i ndiaidh na hoibre go léir, agus mar sin de.<sup>196</sup>

Bhí eispéiris dhearfacha ag Róise Rua Mhic Grianna i dtaobh na bhfostóirí:

An mháistreás a raibh mé aici, bhí sí maith go leor domh. Is cuimhin liom go dtáinig sí chun an bhaile lá ón tSraith Bán agus ribín deas dearg léithi ionsorm le cur i mo chuid gruaige. Chuidíodh sí liom, fosta, le mo chóiriú Dé Domhnaigh agus mé ag gabháil chun an Aifrinn. Nuair a bhí an leathbhliain déanta agam ann thug siad £5-10s domh, bíodh is go dtiocfadh leo mé a chur amach le £3-15s de réir mo chonartha.<sup>197</sup>

Is soiléir go raibh fostóirí Mhic Gabhann ceannúil air fosta:

Réitigh sí ceann an tábla ansin agus tharraing sí ar an phota a bhí de leataoibh na tineadh. Thug sí léi síothlán a bhí ar an tábla, líon lán prátaí é agus d'fhág ar ais ar an tábla é. Tharraing sí ansin ar chuinneog a bhí i gceann an tí againn iad... Bhí sí ag iarraidh

---

<sup>194</sup> *Ibid.*, 203.

<sup>195</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>196</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 42-43.

<sup>197</sup> *Ibid.*, 43.

a bheith ag baint comhráidh asam féin fosta ach char thuig mé aon fhocal dar dhúirt sí, féadaim a rá, ach oiread agus dá mbeadh sí ag caint Gaeilge.<sup>198</sup>

Cuireann John Ó Domhnaill síos ar dhrochíde le linn na 1940idí agus na 1950idí:

Bhíodh na máistrí scoile, na fostóirí agus na feirmeoirí iontach garbh le cailíní agus le buachaillí. Ní raibh meas acu orainn ar chor ar bith. Tá a fhios agam go raibh daoine cineálta ann a rinne páistí, déagóirí agus daoine fásta a fhostú ach don chuid is mó chonaic mise brúidiúlacht i leith na gcailíní chomh maith leis na buachaillí agus leagadh na cailíní go minic le dorn na máistrí scoile nó le lámh na bhfeirmeoirí.<sup>199</sup>

Ba é an Béarla a d'oscail doras na fostaíochta do na himirceoirí agus is cinnte, mar sin, go raibh an-bhéim ar an mBéarla ina saol. Ach toisc nach raibh an deis ag páistí na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall mórán ama a chaitheamh ar scoil, chruthaigh díobháil an Bhéarla an-chuid fadhbanna do na páistí ag fágáil dóibh. Leis an mbéim seo ar an mBéarla, thit stádas na Gaeilge sna ceantair seo le linn na mblianta toisc gur labhraíodh níos mó Béarla sa bhaile. Bhíodh níos mó daoine ag imeacht go dtí ceantair an Lagáin bliain i ndiaidh bliana agus iad ag dul go hAlbain ina dhiaidh sin. Agus cé gur bhain muintir Dhún na nGall úsáid as a gcuid Gaeilge le chéile, bhí gá le Béarla mar mhodh cumarsáide pobail achan lá.

Mar a dúradh cheana, bhíodh sceitimíní áthais agus gliondar ar na páistí arbh é an chéad uair ar an Lagán dóibh: 'Bhí mé ar mo bhonnaí go luath an lá sin a d'fhág mé an bhaile.'<sup>200</sup>

Bhí atmaisféar bríomhar ag an aonach do na páistí seo:

Bhí an mhaidin maith agus i gcionn uaire go leith nó mar sin bhain muid an Seanbhaile i Leitir Ceanainn amach. Ba é sin an áit a mbíodh an t-aonach. Bhí sluaite daoine ansin – sean agus óg, fir agus [sic] mná agus páistí. Bhí mo mhacasamhailsa ansin inár scodráin, go díreach – chan a gcur i gcomórtas – mar tífeá caoirigh ar aonach...<sup>201</sup>

Is deacair an óige a chloí. Ní luaithe a bhí siad ar an traen ná a bhí siad ag caint agus ag gáirí, ainneoin go raibh lorg na ndeor ar chuid acu go fóill a chaoin siad agus iad ag fágáil

<sup>198</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 51.

<sup>199</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>200</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 35.

<sup>201</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 35.

an bhaile ar maidin. B'fhurast na créatúir a aithne nár fhág baile riamh roimhe. Bhí siadsan ina seasamh ag na fuinneogaí agus ag cur iontais i ngach uile sheort. I dtrátha an haon déag bhí siad ar mhargadh an tSraitha Báin, agus diocán beag éadaí istigh i mála nó i haincearsan le achan duine acu.<sup>202</sup>

...Agus bhí dramscar dímhúinte de thógáil na háite ansin ag aoir agus ag scigmhagadh. Bhí gleo agus callán ann; bhí imirt agus ól ann; bhí aiteas agus spórt ann. Ach ní raibh sult ann, nó an té is mó a bhí ag ligean leis féin bhí a fhios aige go raibh an lá gairid agus go raibh ráithe fhada roimhe.<sup>203</sup>

Thugadh na fostóirí lá saor dá gcuid oibrithe buana ar an lá sin. Bhíodh ceoltóirí, bia, ainmhithe, páistí áthasacha, iad ann den chéad uair, agus páistí eile nárbh é an chéad uair dóibh siúd ar an Lagán agus cuma dhifriúil orthu. Nuair a shroicheadh na páistí an t-aonach, bheadh margadh le déanamh ag a dtuismitheoirí leis an bhfeirmeoir. Bhíodh na tuismitheoirí ag iarraidh an socrú ab fhearr a d'fhéadfaidís a dhéanamh ar son na bpáistí a dhéanamh leis na máistrí Albanacha<sup>204</sup>:

D'fhág mise an baile i 1938 agus bhí m'athair liom ag déanamh ar an Lagán, amach go Leitir Ceanainn, ansin fuair muid an traen as Leitir Ceanainn chun an tSraitha Báin. Bhí Aonach ar obair nuair a tháinig muid chun tosaigh. Bhí cruinniú mór daoine ann, an chuid ba mhó acu feirmeoirí agus iad ag lorg oibrithe. Tháinig fear nó beirt chuig m'athair ag cur ceiste air caidé an tuarastal a bhí de dhíobháil orm fá choinne an tséasúir agus caidé an cineál oibre a bhí mé ábalta a dhéanamh. Bhreathnaigh siad go géar mé. Ní raibh mé ach ceithre bliain déag agus ní raibh mé iontach toirteach san am. Ní thearn [sic] sé margadh ar bith leis na chéad chúpla duine acu. Bhí sé seanaimseartha go leor. Bhí sé ag déanamh go raibh an mhaidin ann agus an lá fada. Bhí sé ag seasamh amach ar an phingin ab aoirde a thiocfadh leis a fháil orm.<sup>205</sup>

D'fhoghlaimíodh na himirceoirí scileanna nua agus iad ar fostú ar an Lagán. D'fhoghlaim na cailíní cúraimí tí agus d'fhoghlaim na buachaillí conas obair feirme a dhéanamh.<sup>206</sup> 'Bíodh is go raibh mé eolach ar obair tí.<sup>207</sup> Bhí próiseas an teacht in inmhe dian ar na daoine óga seo

---

<sup>202</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa Go Brách* (1939/1997), 29.

<sup>203</sup> *Ibid.*

<sup>204</sup> Feirmeoirí Albanacha a tugadh ar fheirmeoirí an Lagáin toisc gur Phrotastúnaigh iad chomh maith leis na feirmeoirí agus fostóirí in Albain féin.

<sup>205</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 344-345.

<sup>206</sup> J. Smith, *Different for Girls: How Culture Creates Women* (1998), 98-100.

<sup>207</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 61.



toisc nach raibh siad cleachtaithe le bheith as baile ina n-aonar. Bhíodh sé de nós ag daoine óga pósadh go hóg agus clann a thógáil an-luath sa saol, chun an Lagán a sheachaint go fadtéarmach. Míníonn Ní Ghallachóir gurbh é sin an príomhbhealach go dtiocfadh le daoine éalú ón Lagán agus ó na cúraimí troma a bhain leis:

Bhí an-chuid brú ar chailíní óga pósadh, fillleadh ar an mbaile agus clann a thógáil. Ní bhíodh sé coitianta go mbíodh bean sna fichidí ag obair ar an Lagán go fadtéarmach toisc go mbíodh a fear céile amuigh ag obair faoin am seo agus bhíodh a príomhdhualgais sa bhaile.<sup>208</sup>

De bharr go bhfostaítí na hoibrithe ar feadh gearrthréimhse don chuid is mó den am, ní éiríodh leo meas nó muinín na bhfostóirí a thuilleamh.<sup>209</sup> Ní dhéanadh na fostóirí iarracht leis na hoibrithe sealadacha. Cuireann O’Dowd síos ar an easpa measa a bhíodh ag na fostóirí ar oibrithe an Lagáin. Thugtaí £1.15s do bhuachaillí óga ag deireadh an naoú haois déag, go ginearálta, agus bhídís ag obair ó bhreacsholas na maidine go luí na gréine.<sup>210</sup> Ag tagairt do chuntas Ní Ghallachóir, míníonn sí gur imigh na laethanta go tapaidh mar go mbíodh na hoibrithe ag obair ó mhaidin go hoíche agus cé go mbídís gnóthach i mbun oibre, bhíodh an lá crua; ‘Bhí sé imithe chomh tapaidh... an lá oibre ó dhubh go dubh agus ó dhoirheadas go doirheadas.’<sup>211</sup> Bhí áthas ar Mhac Gabhann bheith ag fillleadh ar an mbaile: ‘Ach measaim dá dtugadh sé domh an rud ab fhiú a fhoirgneamh nach gcaithfinn seachtain eile aige. Bhí lúcháir orm na cleiteacha a fháil liom chun an bhaile.’<sup>212</sup> Bhí gliondar croí ar Róise Rua Mhic Grianna fillleadh ar an mbaile i ndiaidh di cúpla séasúr a chaitheamh ag obair in aice Loch Súilí:

---

<sup>208</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>209</sup> A. O’Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers* (1991), 130-131.

<sup>210</sup> *Ibid.*, 136-139.

<sup>211</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>212</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 58.

Bhí mé am fada ar an Lagán agus rinne mo mháthair amach go raibh scíste a dhíth orm anois. Rinneamar ár ndícheall ar an Lagán ón chéad lá riamh a chuaigh mé ann, agus anois bhí mé ag éirí tuirseach de. Scríobh mo leasdeirfiúr chugam ón bhaile ag iarraidh orm a theacht aníos chucu. Ní raibh riamh ar an Lagán ach obair throm ar bheagán airgid... Agus céir bith lúcháir a bhí orm féin, bhí a sheacht n-oiread sin ar mo mháthair romham. D'fháisc sí mé lena croí, thug póg domh agus chuaigh sí a chaoineadh ansin ar mhéad is a bhí de lúcháir uirthi mé a bheith ar ais sa bhaile aici arís.<sup>213</sup>

---

<sup>213</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 47-48.

## 2.2 Taithí na mban ar an imirce shéasúrach ar an Lagán

Bhí siad ina seasamh ansin, agus máistrí aniar agus siar eatarthu ag cur luach orthu mar a dhéanfaí le caoirigh nó eallach ar aonach. Bhí cuid de na máistrí sin agus ní raibh sé iontu múineadh a bheith orthu. Rachadh fear acu agus gheobhadh sé greim gualann ar chailín a shé nó a sheacht déag de bhliana. Bhuailfeadh sé boss [sic] an droim uirthi. Bhainfeadh lán na súl aisti. Ansin chuirfeadh sé ceist uirthi cár bh as a dtáinig sí, cá raibh sí ar fostó roimhe, caidé a thiocfadh léithi a dhéanamh an dtiocfadh léithi eallach a bhleán agus obair thaobh amuigh agus istigh a dhéanamh, agus caidé an tuarastal a bhí sí a iarraidh.<sup>214</sup>

Thuig páistí na gceantar Gaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall nár cheantar amháin é an Lagán ach gur shlí é le hairgead a thuilleamh trí obair dhian a dhéanamh agus iad ar imirce shéasúrach gar don bhaile.<sup>215</sup> Bhí an saol ag na cailíní dian gach pìoc chomh dian le saol na mbuachaillí ar an aonach, ar scoil agus ar fostó ar an Lagán. Rugadh Róise Rua Ní Cholla sa bhliain 1879 i Seascann an Róin i nDún na nGall. Cuireadh oideachas uirthi sula raibh uirthi dul ar fostú chuig Oileán Ghabhla in aois a naoi mbliana d'aois. Bhí sí ar fostú in Inis Caorach agus ar an Lagán ina dhiaidh sin sular imigh sí go hAlbain agus í ina déagóir:

Amach ón fhostó a rinne mé ar an Uillinn agus thall in Inis Caorach agus mé ag éirí aníos, is beag eile a rinne mé d'fhostó abhus sa bhaile go dtí go deachaigh [sic] mé chun an Lagáin i gceann mo thrí mbliain déag. I ndiaidh domh trí shéasúr a dhéanamh ar fostó in Inis Caorach rinne mé suas m'intinn imeacht go Tír Eoghain san athbhliain. Idir an dá am bhí orm a bheith ag smaoineamh ar an scriosán d'éadaigh a fháil lena chur orm ag imeacht domh. Mar sin de bhí lúchair orm bealach a bheith agam cupla scilling de bharraíocht a shaothrú sa bhaile le linn an gheimhridh.<sup>216</sup>

---

<sup>214</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa Go Brách* (1939/1997), 29-30. Féach freisin, N. Ó Cléirigh, *Hardship & High Living: Irish Women's Lives 1808-1923* (2003), 171, grianghraf de chailín óg ag an aonach i nDún na nGall sa bhliain 1906. Tá an grianghraf le feiceáil in iarsmalann Uladh.

<sup>215</sup> C. Nic Aoidh, *An Imirce Shéasúrach agus Cás an Chainteora Dúchais in Iarthuaisceart Dhún na nGall idir 1850-1950*. Tráchtas Máistreacht neamhfhoilsithe (2011), 33.

<sup>216</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 33.

Bhí cuimhne mhaith ag Róise Rua ar mhaidin an aonaigh agus í ag fágáil an bhaile. Bhí turas fada le déanamh aici, cosúil le cailíní eile ar nós Mháire Rua Ní Ghallachóir as Gaoth Dobhair.

Hiring fairs where young women sold their labour as farm servants for a season became common throughout the north. Young Donegal girls walked long distances to these fairs, where they were hired for work on the richer, larger farms on the eastern side of the province. Emigration was preferable if the means to emigrate were to hand.<sup>217</sup>

Cosúil le Máire Rua Ní Ghallachóir, bhíodh Róise Óg Ní Dhomhnaill, nó Bean Ruadh de Dhálach ó na Rosa ar an Lagán ag saothrú airgid ag deireadh an naoú haois déag agus ag tús an fichiú haois. Cé gur carachtar samhailteach í Róise Ní Dhomhnaill, cuireann Séamus Ó Grianna síos ar shaol na mban agus iad ar an Lagán trí scéal an phríomhcharachtair seo. I gcosúlacht le scéal seo Uí Ghrianna, agus na bróga a cheannaigh Róise Óg, cuireann Róise Rua Ní Cholla síos ar a céad uair ar an Lagán agus an seál tábhachtach a cheannaigh sí di féin lena cuid airgid féin sular imigh sí:

...Tá cuimhne agam go fóill gur cheannaigh mé seál deas domh féin leis an airgead a shaothraigh mé. Bhí seál agam go dtí seo ach bhí sé thar an am agam ceann úr a fháil, nó bhí an ceann a bhíodh agam caite go maith. Ceann a bhí ag Cití roimhe seo ach thug sí domhsa é i ndiaidh di cupla séasúr fostóidh a dhéanamh ar an tSraith Bán. Bhí dúil agam sa tseál úr seo nó, chárbh ionann agus aon bhall éadaigh dá raibh agam go dtí seo, ba domh féin a ceannaíodh é. Ní nach ionadh, ó tharla gurb é an chéad bhall éadaigh riamh é a raibh lámh agam féin ina cheannacht, tá cuimhne chomh maith agam air is dá mba inné a cheannaigh mé é. *Shepherd's Plaid* a bhí ann agus bhí mé i gcuideachta mo mháthar i dtigh Cheoin in Ailt an Chorráin an lá a cheannaíomar é. Ní thugamar air ach na hocht scillinge. Is é a bhí orm an chéad lá a chuaigh mé chun an Lagáin fadó.<sup>218</sup>

Ní bhíodh mórán ina seilbh ag na himirceoirí toisc nach mbíodh mórán acu. Ghlac imirceoirí an ama sin le comhairle luachmhar na seandaoine agus na ndaoine fásta agus thóg Róise Rua cúpla rud léi, ar mholadh a máthar:

---

<sup>217</sup> E. Ní Chuileanáin, *Irish Women: Image and Achievement* (1985), 54.

<sup>218</sup> *Ibid.*, 33-34.

Bhí mé ar mo bhonnaí go luath an lá sin a d'fhág mé an baile. Bhí orainn a ghabháil amach le bád an phoist a fhad le hAilt an Chorráin a chéadair agus siúl as sin chun an Chlocháin Léith. Muintir Néill Neansaí a bhí ag réachtáil an phoist amach is isteach go hÁrainn an t-am sin, agus níor bhain siad dada airgid díom as mo thabhairt amach. Bhí seanbhean sa bhád linn ar ár gcosán amach, agus nuair a mhothaigh sí fá mé a bheith ag gabháil chun an Lagáin bhí truaighe mhór aici domh agus thoisigh sí ag cur comhairle orm fá seo agus siúd. Thug mé éisteacht mhór di, bíodh is go raibh na comhairleacha ceanann céanna tugtha domh céad uair le seachtain roimhe. Agus de thairbhe rudaí beannaithe de, is cinnte nár chuir mo mháthair ar shiúl mé gan smaoineamh orthu. Coróin Mhuire, leabhar beag urnaí a cheannaigh sí domh aimsir an mhisin, dhá bhuidéal bheaga – ceann le huisce coisreactha agus ceann eile le huisce as Tobar an Dúin – bhí sin uilig liom. Ní dhearna sí dearmad ar rud ar bith.<sup>219</sup>

Bheadh sé níos fearr agus níos saoire in amanta do na páistí dul díreach ar imirce go

hAlbain ach bhí siad ró-óg leis seo a dhéanamh:

...B'íomaí sin girseach óg a chaoin uisce a cinn agus í ag dul a luí marbh tuirseach ar lafta uaigneach sciobóil i bhfad ó bhaile. Bhí an chuid is mó acu fosta ar bheagán Béarla agus d'fhág sin seachtainí tosaigh an fhostaí achrannach go maith. Má bhí an bia olc bhí an scéal ní ba mheasa.<sup>220</sup>

Ní hé go raibh an Lagán níos fearr do na páistí, mar sin, ach bhí sé praiticiúil i gcomparáid leis an imirce go hAlbain an chéad uair as baile dóibh. Mar a luadh cheana, bhíodh dhá aonach mhóra le linn na bliana d'fhostóirí agus d'oibrithe an Lagáin, agus tá sé ráite ag Fionn Mac Cumhaill agus ag Séamus Ó Grianna go mbíodh dhá cheann bheaga áitiúla eile ann fosta. Bhí turas difriúil le déanamh ag muintir na mórthíre i gcomparáid le muintir na n-oileán, go háirithe muintir Oileán Árainn Mhór, Máire Rua Ní Ghallachóir san áireamh. Bhíodh ar na cailíní siúl ó na ceantair Ghaeltachta, Gaoth Dobhair agus na Rosa, chuig 'Droichead na nDeor' ar chúl an Earagail agus ó na sléibhte níos mó ná 60 ciliméadar ó cheantair an Lagáin.<sup>221</sup> Tá

---

<sup>219</sup> *Ibid.*, 35.

<sup>220</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 352.

<sup>221</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 165.

soineantacht an chailín óig le feiceáil i gcur síos Róise Rua Ní Cholla agus í ag cur síos ar fhadhb a bhí aici leis na bróga:

Bhí lúcháir orm féin as fáil síos leis an charr, nó bhí péire bróg orm a bhí do mo ghortú agus ní go rómhaith a thiocfadh liom siúl. Péire úr bróg a bhí iontu a rinne gréasaí Chnoic Átha Móir, Searlaí Hunter, domh tamall gairid roimhe sin agus ní raibh áit mo chos déanta agam iontu go fóill. An bunal beag éadaigh a bhí liom ní raibh se mór. Is cuimhin liom sciorta de ghlaisín caorach a bheith liom a rinne mo mháthair domh seachtain sular imigh mé. Ba í a cuid oibre féin a bhí ann ó thús go deireadh. Rinne sí an olann a chardáil ina rollóga a chéadair, a shníomh ina dhiaidh sin, agus ansin, i ndiaidh don fhíodóir a bhí thiar ar an Phlochóig, Séarlas Ó Gallachóir, an snáth a fhí di ar an tseol agus gréasán a dhéanamh de, b'éigean di toiseacht agus an ball éadaigh a bhí le déanamh aici a ghearradh amach lena síosúr agus é a fhuáil ina dhiaidh sin.<sup>222</sup>

Bhí an t-ádh le Máire Rua Ní Ghallachóir nach raibh sí ar an Lagán riamh. Bhí sí ar fostú ar oileán Ghabhla agus in áiteanna eile ar an mórthír, feirmeacha a bhí níos cóngaraí don bhaile, taobh leis an Lagán:

Ní raibh mise ar an Lagán buíochas le Dia. Sin an bhliain a thosaigh an scud fá choinne na prátaí ach murab é sin, bheinn ar an Lagán. Bhí am crua acu. Bhí muidne réidh leis sin [sic] an lá ar a trí nó ar a ceathair ar na feirmeacha ach amuigh ansin ar an Lagan. Chaithfear oibriú go raibh sé dorcha. Bhí na feirmeoirí olc do chuid acu... Chas mé le girseacha go leor a bhí níos sine ná mé. Thiocfadh siad isteach chun an bhaile agus d'inseodh siad dom fán Lagán. Ó bhí an t-ádh orm, ná na créatúir, bhí sé olc ar an Lagán, bhí na feirmeoirí iontach olc do chuid acu.<sup>223</sup>

Ar a céad fhostú sa bhliain 1888, fuair Róise Rua Ní Cholla £3.15s ag deireadh a tréimhse sé mhí. Bhíodh sí i mbun cúraimí an tí, ag glanadh na háite, ag bleán na mbó agus ag cuidiú leis na fir sna páirceanna. Ba mhinic go mbíodh sí ag déanamh ime agus ag glanadh na n-uirlisí a bhain leis an obair sin, in éineacht le tascanna eile: 'Bhíodh naprún saic orm fríd an lá agus mé ar mo dhícheall ag achan chinéal oibre – ag scuabáil na dtobán, ag scrubáil na pantraí, ag

---

<sup>222</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 37.

<sup>223</sup> C. Nic Aoidh, *An Imirce Shéasúrach agus Cás an Chainteora Dúchais in Iar-Thuaisceart Dhún na nGall idir 1850-1950*. Tráchtas Máistreacht neamhfhoilsithe (2011), 62.

bualadh an bhainne, agus mar sin de.<sup>224</sup> Bhí an chéad teaghlach cineálta léi agus bhí bean an tí deas léi, rud a chabhraigh go mór léi socrú isteach. Chomh maith leis seo, thug bean an tí faoi deara go mbíodh Róise Rua ina troscadh ar an Domhnach agus chuir sí níos mó suime inti:

...Gheall mé ar mé a ghabháil chuig Comaoineach ag an Aifreann ba ghnách liom imeacht go teach an phobail maidin Dé Domhnaigh agus mé i mo throscadh. Is cosúil go dtug bean an tí seo fá deara, agus cad é do bharúil nach dtáinig sí chugam lá amháin agus chuir ceist orm cad é an fáth a raibh mé á dhéanamh sin. B'éigean domh a inse di fán riail a bhí againn troscadh 'ón mhean oíche roimh ré'. D'admhaigh sí nach raibh a fhios aici aon dath ina thairbhe go dtí sin.<sup>225</sup>

Ní dheachaigh Róise Rua abhaile ar chor ar bith an bhliain áirithe sin agus d'fhan sí leis an teaghlach i dTír Eoghain dá céad seal eile. Bhí an t-ádh léi go raibh oideachas éigin faighte aici sular imigh sí ag obair. Bhí sí ábalta léamh agus scríobh agus ba mhinic go scríobhadh sí abhaile chuig a máthair. Bhí Bean Ruadh Uí Ghrianna ábalta léamh an Bhéarla a thuiscint, bua a d'fhágadh ar a cumas an páipéar nuachta a léamh, áit a gcluineadh sí iomrá ar na 'Suffragettes'.<sup>226</sup> Cuireadh na cailíní an t-airgead uilig a thuill siad abhaile seachas aon phingin amháin don stampa poist ionas go mbeidís ábalta litreacha a scríobh abhaile. Scríobhadh buachaillí litreacha dá dteaghlach fosta corruair ach bhíodh sé níos coitianta do na cailíní litreacha a chur abhaile. Míníonn Micheál Ó Domhnaill gur thug litreacha ón mbaile dóchas do na hoibrithe agus iad ar an bhfostú séasúrach seo ar an Lagán.<sup>227</sup> Chuir Máire Rua Ní Ghallachóir an t-airgead go léir abhaile óna sealanna éagsúla ar Ghabhla agus sna ceantair eile inar oibrigh sí ar an mórthír:

---

<sup>224</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 42.

<sup>225</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>226</sup> D. Ó Muirí, 'Saoirse na mBan in Bean Ruadh de Dhálach' in *Léachtaí Cholm Cille XII* (1981), 115.

<sup>227</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

Chuaigh an t-am thart agus bhí Sean-Samhain arís ann. Bhí orm m'intinn a dhéanamh suas cad ba cheart domh a dhéanamh – fanacht thíos i dTír Eoghain fá choinne an gheimhreadh nó a ghabháil chun an bhaile chuig mo mhuintir go ceann leathbhliana go dtí go dtigeadh Sean-Bhealtaine athuair. An deireadh a bhí air gur fhan mé thíos gan a theacht chun an bhaile ar chor ar bith. Fuair mo dheirfiúr, Cití, áit mhaith domh ag Baile an Mhuilinn, b'annamh áit chomh maith a bheith le fáil ag mo mhacasamhail, rinne mé suas m'intinn gan corraí go fóill. Scríobh mé chun an bhaile chuig mo mháthair agus chuir mé chuici an tuarastal a bhí mé i ndiaidh a fháil. Ní raibh stampa leitreach ach pingin san am agus choinnigh mé scilling domh féin le stampaí a cheannacht sa dóigh go mbeinn ábalta scríobh chun an bhaile. Níor chuir mé airgead i leataobh domh féin go raibh mé ocht mbliana déag d'aois.<sup>228</sup>

Bhíodh cailíní óga os cionn deich mbliana d'aois ar imirce shéasúrach ar an Lagán freisin. Théadh cailíní óga as Oileán Árann Mhóir go dtí ceantair an Lagáin ó aois óg. Bhí siad cleachtaithe leis an obair chrua chéanna ó bheith ag obair ar an oileán. Bhíodh cuid de na máistrí Albanacha a d'fhostaíodh na cailíní ag caitheamh go dona leo agus ba mhinic a chloistí scéalta faoi mhí-úsáid cailíní óga sa chomhthéacs sin. Bhíodh níos mó brú ar na cailíní agus iad ag cuardach poist ag an aonach toisc go mbídís níos laige ná na buachaillí: 'Rinneadh na cailíní ab urrúnta agus ab fheiceálaí a fhostú ar tús, agus ó sin siar. Ní raibh a oiread toighte á dhéanamh ar na buachaillí agus a bhí ar na cailíní, nó bhí iarraidh níos mó orthu.'<sup>229</sup> Bhíodh na feirmeoirí cadránta agus bhídís brúidiúil i leith na gcailíní, go háirithe. Agus Máire Rua Ní Ghallachóir ag tagairt do chás na gcailíní óga ar an Lagán sa tréimhse 1940-1953 deir sí:

Bhí an chuid is mó de na cailíní ba shine idir ceithre bliana déag d'aois agus ocht mbliana déag d'aois. Leagadh na feirmeoirí cailíní ar an talamh corruair. Bhí siad brúidiúil i leith na gcailíní agus i leith na mbuachaillí. Ba mhinic go dtagadh an cailín abhaile le leanbh aici agus gan í pósta mar gurbh as an Lagán na haithreacha. Tarraingíodh seo an-chuid fadhbanna don chlann.<sup>230</sup>

---

<sup>228</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 44.

<sup>229</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 30.

<sup>230</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.



Míníonn Gráinne Ní Dhúgáin gur caitheadh go dona lena deifriúr go leanúnach ar an Lagán.

Cuireann Gráinne Ní Dhúgáin síos ar chás a deirféar Mary:

Is cuimhin liom i gcónaí go raibh sí ciúin agus níor labhair sí faoin bhfostó. Oíche amháin nuair a bhí sí sa bhothán, rinne fear iarracht teacht isteach sa bhothán chuici le leas a bhaint aisti – rinneadh é go minic di ar na feirmeacha. Bhuail sí an fear le bata an oíche seo agus d'éalaigh sí uaidh. Fear eile, chuir sé mála ar a haghaidh agus rinne sé mí-úsáid uirthi. Chaith sí níos mó ná caoga bliain ar fostó ar an Lagán. Sa deireadh, cuireadh í in ospidéal síciatrach de bharr eispéiris an Lagáin agus d'éag sí ann.<sup>231</sup>

Cuireann John Throne síos go scaoilte ar eispéireas a sheanmháthar a chaitheann solas ar chás mhná an Lagáin. Chaith Allen, fostóir a sheanmháthar Margaret, go dona léi ar an bhfeirm. Dhíol Allen í le feirmeoir eile nuair a d'éirigh sí torrach de bharr a dhrochiompair agus bhí leanbh aici gach bliain ina dhiaidh sin. Bhíodh Margaret ag obair ó mhaidin go hoíche agus ní raibh saol rófhada aici.<sup>232</sup> 'Ó tharla go raibh cuid mhaith cailíní óga idir ceithre bliana déag agus ocht mbliana déag ag freastal ar an Lagán, tháinig sé sa tsaol go raibh páistí ag go leor acu agus ar ndóigh ba de bhunadh an Lagáin an t-athair.'<sup>233</sup> Bhí saol dian ag mná cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall i gcomparáid leis na mná sna bailte móra in Éirinn agus thar lear i Sasana agus in Albain ag an am sin:

Chan ionann an teanga a labhair siad sa chéad áit, ach sa darna háit bhí oideachas ag na mná a thosaigh na gluaiseachtaí, ní raibh orthu lá oibre a dhéanamh go minic, fiú obair baile in go leor cásanna, bhí airgead acu, bhí éadaí maithe orthu, bhí tithe breátha acu féin nó ag a gcuid fear. A athrach de shaol ar fad a bhí ag na mná a bhí sa chomharsain ag léithéidí Róise. Bhí siad siúd beo bocht. Leoga ní bheadh sé gáifeach a rá go raibh siad beo ón láimh go dtí an béal go minic...<sup>234</sup>

Cuireann Throne síos ar chaidreamh a sheanmháthar lena hathair agus ar bhrúidiúlacht an tsaol i leith na mban. Bhí eagla ar Margaret roimh a hathair agus roimh a fostóir Allen

---

<sup>231</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>232</sup> J. Throne, *The Donegal Woman* (2006), 16.

<sup>233</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>234</sup> D. Ó Muirí, 'Saoirse na mBan in Bean Ruadh de Dhálach' in *Léachtaí Cholm Cille XII* (1981), 117.

araon.<sup>235</sup> Léiríonn saothar Throne socruithe deacra ach riachtanacha na dtuismitheoirí ag deireadh shealanna a bpáistí ar an Lagán trí eispéireas a sheanmháthar Margaret. Chaith Margaret seal amháin leis an bhfeirmeoir agus bhí sí ag súil go mór le dul abhaile lena hathair. Bhailigh a hathair an t-airgead ó Allen agus d'fhág sé slán le Margaret ar feadh séasúir eile. Chuir sé comhairle uirthi agus thug sé gúna di don Aifreann sular imigh sé.<sup>236</sup>

Ba mhinic nach dtagadh páistí an Lagáin abhaile ag deireadh a dtréimhse oibre, amhail Margaret thuas. Bhí saol an Lagáin cosúil leis seo ag Róise Rua Mhic Grianna agus i ndiaidh di dhá shéasúr a chaitheamh leis an gcéad teaghlach, bhog sí go feirm eile ar phá níos airde, £7.5s don leathbhliain. Bhí aithne phearsanta ag an bhfeirmeoir seo ar theaghlach Mhic Grianna agus d'oibrigh a beirt deirfiúracha don fheirmeoir áirithe sin roimpi. In éindí leis na cúraimí ginearálta tí, bhíodh uirthi dhá mhála mhóra éadach a ní gach seachtain; obair dhian sclábhánta:

Ní raibh riamh ar an Lagán ach obair throm mhaslach ar bheagán airgid. Chuir siad orainn éirí ar a sé a chlog ar maidin agus bhíodh orainn a bheith ar ár mbonnaí go mbíodh sé mall san oíche. Ní bhíodh an bia ar an chuid is fearr go minic ach an oiread...<sup>237</sup>

Cé go raibh an obair crua, bhí na fostóirí sin maith di agus d'fhan sí leo ar feadh dhá bhliain go leith. Mura mbíodh na fostóirí maith do na cailíní, nó na buachaillí óga, ní théidís ar ais chucu an chéad séasúr eile. Léiríonn Damien Ó Muirí gur siombail den tsaoirse iad na bróga, ar tagraíodh níos luaithe dóibh, i saothar Uí Ghrianna agus cuireann Ó Muirí síos ar an neamhspleáchas a shamhlaíodh oibríthe ban le bróga sa naoú haois déag agus san fhichiú

---

<sup>235</sup> J. Throne, *The Donegal Woman* (2006), 17-18.

<sup>236</sup> *Ibid.*, 46.

<sup>237</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 48.

haois.<sup>238</sup> Thagadh an lá a ndéanadh oibrithe an Lagáin an cinneadh dul go hAlbain ar imirce shéasúrach nó b'fhéidir níos faide go Meiriceá go buan. Ní théadh páistí níos faide ná an Lagán go dtí go mbídís cúig nó sé bliana déag. Bhí Róise Rua seacht mbliana déag agus an cinneadh déanta aici go rachadh sí go hAlbain tar éis di ceithre bliana crua a chaitheamh ar an Lagán. Bhí a fostóir maith di i gcomparáid le fostóir sheanmháthair Throne. Cuireann Róise Rua Ní Cholla síos go beacht ar a cuimhní ar an Lagán sa phíosa seo a leanas:

I ndiaidh domh trí leathbhliain a chaitheamh ag obair do Andrew Robertson in aice Loch Súilí, tháinig mé aníos chun an bhaile ag Samhain agus d'fhan mé sa bhaile i rith an gheimhridh sin a bhí chugainn. Bhí mé am fhada ar an Lagán agus rinne mo mháthair amach go raibh scíste a dhíth orm anois. Rinneamar ár ndícheall ar an Lagán ón chéad lá riamh a chuaigh mé ann, agus anois bhí mé ag éirí tuirseach de. Scríobh mo leasdeirfiúr chugam ón bhaile ag iarraidh orm a theacht aníos chucu... Nuair a scríobh mo leasdeirfiúr, Neansaí, chugam agus mé réidh le teach Robertson a fhágáil, ba é an rud a dúirt sí liom gurbh fhearr domh a ghabháil go hAlbain agus gan a ghabháil ar ais chun an Lagáin níos mó. D'fhan mé ansin acu fríd an gheimhreadh ina dhiaidh sin. Bhí lúcháir orm a bheith sa bhaile arís.<sup>239</sup>

Bhí eispéireas maith ag Máire Rua Ní Ghallachóir agus í ar fostú ag teaghlaigh éagsúla fosta, ar na hoileáin agus ar an mórthír. Chaith sí a tréimhse dheireanach ar fostú le teaghlach ar an mórthír sa bhliain 1943 agus í ceithre bliana déag d'aois:

Bhí mé ag iarraidh éalú ón bhaile agus saol nua a thoiseacht in Albain. Bhí mé breá láidir agus bhí a fhios agam go mbeinn ábalta post a fháil tapaidh. Bhí mo dheirfiúr Nappy ann romham agus mhol sí dom fanacht bliain níos faide sa bhaile go raibh mé cúig bliana déag. Rinne mé sin agus d'oibrigh mé sa bhaile go dtí gur imigh mé ansin maidin amháin. Fuair mé *job right away* in Albain ag obair leis na préataí ar dtús. Bhí mé crua mar ghirseach agus cleachtaithe leis an obair ó bheith ar fostó. Bhí difríocht *night and day* idir obair sa bhaile agus obair in Albain. Bhí an pá i bhfad níos fearr fosta.<sup>240</sup>

---

<sup>238</sup> D. Ó Muirí, 'Saoirse na mBan in Bean Ruadh de Dhálach' in *Léachtaí Cholm Cille XII* (1981), 121.

<sup>239</sup> P. Ua Cnámhsí, *Róise Rua* (1988), 48.

<sup>240</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

Anailís shóisialta atá in *Bean Ruadh de Dhálach* ina bhfuil an t-údar ag tabhairt spléachaidh ar bhunfhealsúnacht ghluaiseacht shaoirse na mban i spiorad agus i misneach daoine<sup>241</sup>; mná ar nós Róise Rua Ní Cholla agus Máire Rua Ní Ghallachóir. Bhí sé de dhualgas ar an mbeirt chailíní dul ar imirce shéasúrach agus tréimhsí a chaitheamh ar fostú go háitiúil agus i gceantair an Lagáin. D’fheidhmnigh an obair shéasúrach seo mar thaithí oibre dóibh beirt, rud a bhí mar chúnamh dóibh agus iad ag dul go hAlbain sna blianta ina dhiaidh sin.

### 2.3 Taithí na bhfear ar an imirce shéasúrach ar an Lagán

Bhíodh ceithre aonach fostóidh ar na tSraith Bán sa bhliain. Ach Aonach na Bealtaine an t-aonach mór nuair a bhí mise i mo ghasúr. Théadh bunús aos óg na Rosann chun an Lagáin fá Bhealtaine. D’fhanadh siad amuigh leathbhliain an tsamhraidh. Agus thigeadh siad chun an bhaile fá Samhain agus chaitheadh siad leathbhliain an gheimhridh sa bhaile. Nuair a bheadh cupla fostó curtha isteach ar an Lagán ag gasúr a bhí réidh a ghabháil go hAlbain.<sup>242</sup>

Bhí an-chuid buachaillí óga cosúil le Séamus Ó Grianna ar fostú ar an Lagán ar feadh tréimhsí leathbhliana agus níos faide. Tagann scéalta agus cuimhní Sheáin Uí Eochaidh agus Pat (the Cope) Gallagher<sup>243</sup> le cuntas pearsanta Mhicí Mhic Gabhann<sup>244</sup> agus saothar Shéamus Uí Ghrianna<sup>245</sup> chomh maith le saothar ficsin Patrick MacGill.<sup>246</sup> I gcodarsnacht le taithí na

---

<sup>241</sup> D. Ó Muirí, ‘Saoirse na mBan in Bean Ruadh de Dhálach’, *Léachtaí Choilm Cille* (1981), 112-113.

<sup>242</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 165.

<sup>243</sup> P. Gallagher, ‘The Hiring’ in J. McLaughlin, *Donegal: The Making of a Northern County* (2007), 252-254.

<sup>244</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 33-38.

<sup>245</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 165-176.

gcailíní agus na mban a bhíodh ar fostú ar an Lagán, mar a luadh, leag na fir seo béim dhifriúil ar ábhair a gcuid scéalta agus iad ag déanamh cur síos ar an Lagán. Bhí intinn na mban ar dheacracht na hoibre agus ar bhrúidiúlacht na bhfear, na fir ag cuimhneamh ar chúrsaí airgid agus saibhris. Aibhsíonn Ó Grianna an difríocht a d'fheictí idir saibhreas fhostóirí an Lagáin agus bochtaineacht theaghlaigh oibrithe an Lagáin: 'Tá an mhórchuid acu go measartha acmhainneach {fostóirí an Lagáin}, agus bhíodh muintir na Gaeltachta ar fostú acu.'<sup>247</sup>

Cuireann Ó Grianna síos ar chulaith an Lagáin agus an difríocht idir éadaí dhéagóirí an Lagáin agus éide fhir óga an choláiste sagartachta: 'In áit a gasúr a bheith ag imeacht chun coláiste agus culaith d'éadach fhíneálta dhubh air, bhí sé ag imeacht chun an Lagáin agus bríste muilscín air.'<sup>248</sup> Bhíodh bród ar thuismitheoirí na bpáistí a bhíodh ag dul ar aghaidh leis an tsagartacht agus bhí meas doshéanta i gceist léi sin. Ar an drochuair, ní raibh Ó Grianna nó Mac Gabhann ag tabhairt faoin tsagartacht ach iad ag ullmhú don Lagán:

Cupla oíche roimh an aonach thainig [sic] m'aintín as Dún Luíche agus culaith ghlas caorach léi chugam féin, agus ba í sin an chéad culaith agus an culaith dheireanach a chaith mise go raibh mé ábalta ceann a cheannach.<sup>249</sup>

Bhí an t-aistriú seo ón mbaile go dtí an Lagán tábhachtach do na buachaillí óga toisc go mbídís ag fás aníos agus ag dul chun oibre mar fhir in ionad buachaillí. Léiríonn MacGill na rudaí ba thábhachtaí a thug sé leis agus é ag imeacht - maille lena mhála, thóg sé leis a chreideamh: 'I looked at my bundle to see if I had everything I needed, then, with my father's blessings and my mother's prayers, I went out from my people in the grey of the

---

<sup>246</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1914), 25-33.

<sup>247</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 165.

<sup>248</sup> *Ibid.*, 166.

<sup>249</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 33.

morning.<sup>250</sup> Bhíodh turas fada le déanamh ag na buachaillí ón mbaile go dtí an t-aonach i Leitir Ceanainn nó sa tSraith Bán. Bhí ar Ó Grianna siúl uair an chloig go Croithlí lena athair chun an traein a fháil go dtí an Lagán.<sup>251</sup> Bhí ar pháistí eile cosúil le Mac Gabhann an turas go léir a dhéanamh de shiúl na gcos: ‘Shiúil muid linn amach fríd Mhám na Mucaise – ba é sin an seanbhealach go Leitir Ceanainn – amach Mín an Droighin agus síos linn gur shroighigh muid Tobar an Dúin.’<sup>252</sup> Cuireann Hughie Suibhne Mac Suibhne síos ar an turas de shiúl na gcos: ‘We had no choice. We had to put up with it. Bhí orainn siúl lenár ‘bundles’.’<sup>253</sup> Chonaic Ó Grianna an-chuid daoine ag an stáisiún traenach, ar a chéad turas chun an Lagán, agus ní raibh taithí aige ar ghrúpaí móra daoine cosúil leis seo:

Bhí scaifte mór daoine cruinn ag an stáisiún. Fear a raibh gasúr leis, fear eile a raibh beirt ghasúr leis. Fear a raibh cupla girseach leis. Cailíní a bhí i mbun a méide agus gan aon duine leo ach iad féin. Agus corr-bhaintreach a bhí ag gabháil amach lena gcuid páistí a fhostó nó, b’fhéidir, a dtuarastal a fháil ón mhuintir a bhí amuigh ón gheimhreadh. Bhí cuid den aos óg a raibh cuma bhrúite orthu agus cuid eile, mo dhálta féin, a raibh a n-intinn ar na hiontais a bhí le feiceáil acu.<sup>254</sup>

Deir Mícheál Ó Domhnaill nach raibh aon mhodh taistil seachas cúpla bus a théadh go dtí na haontaí i Leitir Ceanainn agus san Ómaigh.<sup>255</sup> Bhí cruth maith ar Mhicí Mac Gabhann agus é ar an aonach i Leitir Ceanainn lena mháthair.<sup>256</sup> Rinne máthair Mhic Gabhann socrú le feirmeoir agus thosaigh sí ag plé phá an tséasúir leis an bhfeirmeoir:

Cha rabh mo mháthair sásta mo ligean leo ar an phunta agus ba é an mín is an réiteach a bhí air go dearnadh an margadh ar an deich agus punta go Samhain...<sup>257</sup>

---

<sup>250</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1914), 27.

<sup>251</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 166.

<sup>252</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 34.

<sup>253</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>254</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 167.

<sup>255</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>256</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 35.

<sup>257</sup> *Ibid.*

Dearbhaíonn John Ghráinne Ó Duibheanaigh cur síos Mhic Gabhann thuas agus deir sé go n-inseodh na feirmeoirí do na hoibrithe siúl suas agus síos le cinnte a dhéanamh de ‘nach bacach thú’.<sup>258</sup> Bheadh sé tábhachtach fosta go mbeadh tuismitheoir leis an bpáiste ionas go dtabharfadh na feirmeoirí ráta maith don oibrí. Fuair John Ghráinne Ó Duibheanaigh £7 dá sheal in ionad an £8 a luaigh a mháthair ar dtús.<sup>259</sup> Dhiúltaigh an chéad fheirmeoir d’Ó Grianna toisc nach raibh sé ábalta ba a bhleán. Tháinig feirmeoir eile, ‘creatlach de fhear ghránna,’ chuig a athair sa tSraith Bán ag fiafraí de cén cumas oibre a bhí ann.<sup>260</sup> Thug a athair faoi mhargadh a dhéanamh leis an bhfeirmeoir agus shocraigh siad ráta £4 don séasúr. Nuair a bhíodh an t-aonach thart, bhíodh ar na páistí dul chuig na feirmeacha lena máistrí nua:

Le coim na hoíche bhí an t-aonach ag bánú. Thug na máistrí leo na seirbhísigh a rinne siad a fhostó an lá sin agus tharraing siad ar an bhaile. Na buachaillí agus na cailíní a raibh an lá saoire acu, bhí siadsan tuirseach ag siúl na sráideannaí ó mhaidin, agus bhí siad ag fágáil an aonaigh de réir a chéile. Bhí snáthadh de bharráíocht ólta ag corrbhuachaill, ach chan gan fhios nó bhí siad ag déanamh máláidí díofa féin, agus bhí an chuid eile ag bobaireacht orthu. Ní raibh aon duine fágtha lena dhath a cheannacht. Chornaigh agus chuach lucht an tseanáadaigh agus na mangairí cé bith nach raibh díolta acu agus d’imigh siad. Ní raibh fágtha sa deireadh ach lucht meisce agus dramscar an bhaile mhóir a bhí ag coimheád orthu.<sup>261</sup>

Ghoill sé go mór ar Gallagher nach bhfuair sé ach £3 dá chuid oibre agus fuair MacGill £5 dá shéasúr oibre i gcomparáid leis.<sup>262</sup> Chabhraigh sé go mór le Mac Gabhann go raibh bean le Gaeilge líofa aici chomh maith le ‘fear na Gaeilge’ ina theannta i nGleann Bheatha:

Tháinig muid go bun na scríbe fá dheireadh – go Gleann Bheatha – agus go doras an tí ina rabh sé mhí le caitheamh agamsa i mo bhuachaill bó. Bhítheam forbhfáilteach i gceart romham agus ba é an rud a ba mhó a chuir áthas orm go bhfuair mé amach sular shuigh

---

<sup>258</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>259</sup> *Ibid.*

<sup>260</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 30-31.

<sup>261</sup> *Ibid.*

<sup>262</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1914), 32.

mé síos ar chor ar bith go rabh seanbhean sa teach a rabh teanga líofa Ghaeilge aici. Cha rabh mo chuid comhráidh féin mór an tráthnóna sin...<sup>263</sup>

Bhí fear na Gaeilge – fuair mé amach gur Dálach a bhí ann – ina chomhráiteach bhreá. Cha rabh ceann scéal dá rabh ag baint leis an cheantar stairiúil seo nár chuir sé i míotar domh: Tobar an Dúin, an áit a dtigeadh muintir na contae uilig a shiúl an turais; Carraig an Dúin os a chionn, an áit a ndéantaí prionsaí na nDálach a chorónú; Gartán, an áit ar rugadh Colm Cille agus a rabh rian agus i gcloich – chuala mé an seanchas uilig ar an aistear seo.<sup>264</sup>

Níor thuig Ó Grianna an Béarla nua a labhraíodh leis toisc go raibh sé difriúil ó Bhéarla na scoile agus ó Bhéarla an pharóiste.<sup>265</sup> Gné shuntasach faoi chur síos na bhfear ná go gcuireann cuid acu síos ar a gcuid mothúchán, go háirithe an cumha, an eagla agus an t-ocras. Bhí cumha ar Mhac Gabhann agus é ar an aonach cé go ndearna sé iarracht gan ligean air go raibh sé ag fulaingt:

Char bhuaile cumhaidh ar bith mé go dtí seo. Bhí an t-am ag éirí gairid go mbínn féin agus mo mháthair ag scaradh le chéile. Go dtí sin bhí ach an rud úr iontach agam. Bhuail tocht chumhaí mé... Bhí me i mo shuí ar an chathaoir sa teach itheacháin agus mé mar bheadh m'anál 'mo thachtadh.<sup>266</sup>

Chaoin Mac Gabhann agus é ag fágáil a mháthair ag deireadh an lae fosta, rud nach ndéanadh daoine go hoscailte sa tréimhse sin, go háirithe buachaillí.<sup>267</sup> Tá sé soiléir óna chuntas nach raibh ann ach páiste beag, an chéad uair dó bheith ag obair ar an Lagán, gan taithí aige ar a bheith scartha ón mbaile nó óna mháthair: 'Dá mba chruaidh domh go dtiocfadh liom tarraingt air le mo chomhrá a dhéanamh agus ba fhras na deora liom ag fágáil slán le mo mháthair.'<sup>268</sup> Bhíodh tuismitheoirí agus a

---

<sup>263</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 37.

<sup>264</sup> *Ibid.*

<sup>265</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 172.

<sup>266</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 36.

<sup>267</sup> *Ibid.*, 37.

<sup>268</sup> *Ibid.*



bpáistí, buachaillí óga don chuid is mó, ag iarraidh a gcuid mothúchán a cheilt agus iad ag dul ag obair:

D’amharcainn uirthi anois agus arís faoi mo shúil agus thug mé fá deara go rabh sí ag fáscadh a haghaidhe mar bheadh dealg ag dul fríd a croí. Ach bhí sise comh saighdiúrtha agus a bhí mise ach amháin go dtáinig tost – tost fada.<sup>269</sup>

Cuireann John Ghráinne Ó Duibheanaigh agus Mícheál Ó Domhnaill síos ar an gcumha a bhí orthu ag fágáil a dtuismitheoirí lá aonaigh. Mhottaigh Ó Domhnaill uaidh a athair sular fhág sé é ag an aonach agus a theaghlach a d’fhág sé sa bhaile.<sup>270</sup> Léiríonn Pat (the Cope) Gallagher agus a mháthair na mothúcháin chéanna agus iad ag scaradh óna chéile ag an aonach sa tSraith Bán:

I think I see my mother as she handed me my four shillings for the journey. She was crying. She kissed me again and again. I can’t say whether I was crying or not, though it’s likely I was, for to this day it’s easy to make me cry... Four shillings - two to take me to the fair and the other two for my return.<sup>271</sup>

Léiríonn Ó Grianna, Hiúdaí Sheáinín Ó Dónaill agus Hughie Jimmy Mac Suibhne, an cumha a bhí orthu agus iad ar an bhfeirm, iad ag fanacht i lóistín suarach:

An rud a bhí ag cur cumha orm – an Béarla...Thug sí {bean an tí} amach chun an sciobóil mé agus d’iarr sí orm a ghábháil suas dreimire a bhí ann agus go raibh mo leaba thall sa choirneáil. Ní raibh solas ar bith ann, ar eagla, creidim, go gcuirfinn an scioból trí thine. Bhí soipeachán leapa thall sa choirneáil. Sraideog clocháin agus cupla seanphlaineád. Nuair a d’imigh an máistreás chuaigh mé ar mo ghlúine... Bhí an scioból beo le luchóga... Chaoin mise an oíche sin. Bhí cumha orm a chuir pian i mo cheann agus a rinne lag mé.<sup>272</sup>

Bhíodh sé iontach uaigneach san oíche agus muid sna botháin sin. Bhíodh muid náirithe fosta go mbíodh cumha orainn agus ní ligimis orainn go mbímis ag fulaingt, ach bhímis.<sup>273</sup>

---

<sup>269</sup> *Ibid.*, 36.

<sup>270</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>271</sup> P. Gallagher, ‘The Hiring’ in J. McLaughlin, *Donegal: The Making of a Northern County* (2007), 252.

<sup>272</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 172-173.

<sup>273</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

Taispéanadh mo leabaidh domh. Ar an urlár a bhí sí déanta. Gráinnín cocháin, mála mór os cionn an chocháin in ionad braitlín, seanphlincéad agus dhá mhála eile os cionn an phlincéad – sin an leabaidh a bhí agam. Chuaigh mé ar mo ghlúine agus ghuigh mé Dia go dúthrachtach; ansin bhain mé díom mo cheirteach agus chuaigh mé a luí. Bhí na málaí iontach garbh ar mo chraiceann, agus ní raibh mé ábalta codladh. Luigh mé ansin múscaillte go ceann fada go leor. Bhí mé ag smaointiú ar an bhaile, ar m’athair agus ar mo mháthair, agus leis an scéal a dhéanamh níos measa, ní raibh mé saor ó uaigneas ach a oiread. Ach ba ghairid gurbh éigean domh mo chroí a chur in áit chónaithe agus dearmad a dhéanamh de na rudaí seo. D’éirigh mo chraiceann cleachtaithe leis na málaí, agus ní raibh lá iontais orm iontu.<sup>274</sup>

Cuireann Ó Grianna síos ar thórdhreach na háite fosta agus chomh difriúil agus a bhí sé ón mbaile. D’aithin sé an Earagail agus mhothaigh sé uaidh an baile agus é i mbun oibre sna páirceanna. Bhíodh Mac Gabhann amuigh leis an bhfeirmeoir Paidí Ó Dónaill ag buachailleacht. Tugann seisean suntas do thórdhreach na háite chomh maith:

Os mo chomhair amach bhí ceann de na radharcanna a ba dheise ar leag duine súil ariamh air. Charbh é an cineál radhairc é a raibh mé cleachtaithe leis fá bhaile. Cha raibh an fharraige, ná na hoileáin, ná an talamh glas céanna le feiceáil agam. Bhí mé anois istigh i bhfásach sléibhe.<sup>275</sup>

Chabhraigh cúpla rud le MacGill agus é ag iarraidh faoiseamh a fháil ón gcumha agus ón uaigneas. Thugadh na páistí níos sine ná é ainmneacha air, ‘too-long-for-your-trousers’, agus chruthaigh seo muintearas éigin cé go raibh siad ag spochadh as.<sup>276</sup> Chabhraigh na páistí lena chéile agus thug siad tacaíocht dá chéile. Ag tógáil ar an gcairdeas a bhíodh i measc mhuintir an Lagáin, cuireann Mac Gabhann síos ar cheacht a d’fhoghlaim sé ó sheanfhear a bhíodh ina chomhluadar:

I measc an tslua bhí seandúine beag miotalach – Micí Mac Fhloinn – a rabh an mhórchuid dá shaol caite aige ar an tseirbhís. Bhí sé breá eolach ar an tsaol agus cha rabh rud ar bith ag dul ar an Lagán i gan fhios dó. Ba as ceantar na nGleanntach é agus le cois an eolais a bhí aige ar an Lagán agus ar an tsaol bhí sé ina scoith seanchaí. D’inis sé scéal dúinn an oíche sin a dtug sé ‘Rotha Mór an tSaoil’ air – scéal aistíoch nach

---

<sup>274</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 15.

<sup>275</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 38.

<sup>276</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1914), 25.

gcuala mé ariamh roimhe sin ná ó shin. Cha dearn mé dearmad ariamh de agus is minic a smaointigh mé ina dhiaidh sin ariamh go rabh cuid mhaith dá rabh ann an-chosúil le mo scéal féin. Scéal fá ghasúr a bhí ina aon-mhac a bhí ann. Bhí an t-athair tíoránach tintrí agus ba ghnách leis dreochbhail a thabhairt ar an mháthair. D'éirigh an gasúr tinn tuirseach de seo agus d'imigh sé as an teach béal a chinn. Fuair sé dídean i dteach feirmeora shaibhir a rabh gasúr aige a bhí ar aon-aois leis féin. Bhí an feirmeoir seo an-mhaith dó agus ó ba ghasúr cliste é ba ghnách leis an bheirt cúrsaí an tsaoil a phlé le chéile. Bhí rud amháin a tharraingíodh an gasúr air go minic agus ba é sin corraíocht an tsaoil. 'Is aistíoch an mac an saol seo,' adeireadh sé. 'Tá sé ag teacht thart mar bheadh rotha mór agus an té a bhíos ar bharr an rotha i mbliana is minic go mbíonn sé ar íochtar an rotha athbhliain, agus an té a bhíos ar íochtar an rotha i mbliana is minic go mbíonn sé ar uachtar athbhliain'.<sup>277</sup>

Insíonn MacGill scéal a léiríonn soineantacht na bpáistí. Níor thuig MacGill céard a bhí i gceist leis an bhfocal Béarla 'gentleman' agus é ag tabhairt 'gentleman' ar fhear ardnósach. Nuair a míníodh dó cén saghas duine é, thuig sé láithreach gurbh é sin an fear a thóg talamh óna theaghlach agus a chruthaigh fadhbanna don phobal.<sup>278</sup> Tá cuid de shoineantacht na bpáistí bainteach leis an aineolas áirithe a bhí le feiceáil in oibrithe an Lagáin fosta toisc nach mbídís eolach ar an am riamh agus iad ar fostú. Cuireann Jimmy Mac Suibhne agus Micheál Ó Domhnaill síos ar thréimhse oibre an Lagáin agus míníonn siad go mbídís eolach ar na laethanta agus na séasúir ó na plandaí, ón ngrian agus ón eallach amháin.<sup>279</sup>

Thaitin sé le MacGill gurbh as Dún na nGall í bean an tí. Ba eisean an t-aon pháiste a bhí ar fostú acu an séasúr sin. Ghlac sé go drogallach le comhairle a fuair sé ó chailín ag an aonach a chabhraigh leis an post sin a fháil. Ní raibh sé sásta glacadh le moltaí an chailín toisc gur chailín a bhí inti.<sup>280</sup> Bhí scoilt inscne ann sa naoú haois déag agus san fhichiú haois, don chuid is mó. Bhíodh sé níos deacra do chailíní post a fháil ar an Lagán toisc gur obair chrua dhian a bhíodh i gceist leis. Ar chuma eile, bhíodh sé níos deacra ar chailíní ar an Lagán toisc go mbíodh éigniú agus mí-úsáid ar siúl ag feirmeoirí corruair. Faoi mar atá léirithe sna

<sup>277</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 47.

<sup>278</sup> *Ibid.*, 30.

<sup>279</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>280</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1914), 31.

saothair á gceadú anseo, bhíodh an obair dian orthu, ní raibh an teanga acu, bhíodh coinníollacha maireachtála deacra acu, bhídís i bhfad óna dteaghlaigh agus ní bhíodh an t-airgead go maith don chineál oibre a bhíodh ar siúl acu. Cuireann Ó Grianna síos ar an eagla agus ar an gcumha a bhí ar na buachaillí ar na feirmeacha agus iad ar an Lagán den chéad uair, mar aon leis an bplean a bhí aige éalú agus é ann don dara huair:

Bhí mo sháith eagla orm féin go rachainn ar seachrán. Ach bhí an chumha chomh trom sin is go dearn mé amach nach raibh ann ach b'fhéidir bás a fháil den ocra is den tuirse ar an bhealach, sin nó an bás a fháil cinnte den chumha i gCondae Thír Eoghain. Cuireadh amach arís ar an dara bliain mé, ach níor fhan mé ach seachtain gur bhain mé an baile amach. Ní raibh cumha ar bith an iarraidh sin orm, nó ní raibh rún agam m'fhostó a chur isteach. Ní raibh ann ach go gcaithfinn fanacht tamall beag, sa dóigh a mbeadh craiceann na fírinne ar mo scéal nuair a déarfainn gur droch-áit a bhí agam.<sup>281</sup>

Bhíodh Mac Gabhann ag tiomáint an eallaigh agus i mbun na gcúraimí feirme céanna leis na buachaillí eile ar an Lagán. Cuireann Seán Ó hEochaidh síos ina chuntas pearsanta i gCnuasach Bhéaloideas Éireann ar an obair dhian agus ar dhrochéifeacht obair an Lagáin ar shláinte na mbuachaillí, go háirithe:

Boys had to cart heavy loads to the farm. Farmers knew that boys from larger families would be used to this type of labour. There was not enough work at home for boys. Girls typically milked eight cows each while the boys worked on the larger farms.<sup>282</sup>

Bhíodh sé mar chúram ar bhuachaillí cosúil le Ó Grianna agus Ó Baoighill an bóitheach a ghlanadh agus bainne na mbó a thabhairt do na gamhna. Bhíodh Ó Grianna ag baint bachlóga de phrátaí agus chuirí amach é chun an mhóin a chróigeadh fosta.<sup>283</sup>

Bhí am crua ag an dream óg i gcuid mhór de na háiteacha ar an Lagán ag an am. Bhí an t-ádh dearg ar Niall gur áit mhaith a bhí i ndán dó. Baitsiléir a bhí in Ó Garmaile ina chónaí leis féin i dteach mhór dhá stór. Bhí sé bhó bhainne aige, céad cearc agus sealbhán prátaí. Bhí páirceanna móra féir aige agus corrmhainéar mór caorach. Ba

---

<sup>281</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 176.

<sup>282</sup> S. Ó hEochaidh, *Dialann Bheathaisnéiseach, Cnuasach Bhéaloideas Éireann* (1946), neamhfhoilsithe, 10-12.

<sup>283</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 173.

ghnách leo go minic na caoirigh a thabhairt anuas ón tsiabh agus a gcur ar feadh tamaill ar an fhéar mhéith. Bhí Niall ag buachailleacht agus ag coimhead cearc, rud a rinne sé go minic i dTóin a' Bhaile i Rann na Feirste. Bhí sé ag cuidiú fán teach, ag glanadh suas agus ag nighe soitheach, rud a raibh ainchleachtadh aige air. Bhí sé ag cuidiú leis an mháistir bainne a bhualadh agus d'fhoghlaim sé bleán. Bhí sé ag cuidiú le baint an fhéir agus d'fhoghlaim sé spealadóireacht. Bhí cleachtadh sa bhaile aige ar an chorrán ach bhí sé ró-óg le cloch fhaobhair a chur ar lann speile. Oibrí maith dícheallach a bhí ann agus shíl an máistir cuid mhór dó. Cheannaigh sé fideog stáin agus peil dó. Bhain Niall sult mór as an fhideoig agus bhíodh sé ag cleachtadh leis agus é ag buachailleacht.<sup>284</sup>

Bhíodh Pat Gallagher ag tabhairt aire do chapail freisin ar a fhostó. Thugadh sé bia do na capail agus ghlanadh sé na stáblaí. Níor thug bean an tí cead dó na ba a bhleán toisc nach raibh ag éirí go rómhaith leis agus ní bhfaigheadh sé mórán bainne uathu. D'fhaigheadh sé bia substaintiúil. D'fhaigheadh sé tae agus a lán aráin coirce le bainne agus prátaí.<sup>285</sup> I gcodarsnacht leis an mbia a d'fhaigheadh O'Gallagher ar an bhfeirm, míníonn Joe Rodgers go mbíodh ocras air siúd agus é ar fostú. Bhí air na ba a bhleán agus deir sé go mbaineadh sé barr an chrúiscín den uachtar agus d'íosadh sé é go tapaidh ar eagla go bhfeicfeadh an feirmeoir é.<sup>286</sup> Maidir leis an mbia i nGleann Bheatha, deir Mac Gabhann:

Bhíodh pota breá bracháin teite. Bhí bainne milis go leor acu agus chan fhuair mé locht ar bith ar sin agus ar an bhracháin mar bhriceasta. Bhí an tae gann fán taobh sin tíre san am, agus taobh amuigh de bhraon Dé Domhnaigh agus oíche cheann féile cha raibh sé coitianta in am ar bith.<sup>287</sup>

Soiléiríonn MacGill an cur isteach a tharla do theaghligh agus do dhaoine mar thoradh na himirce - imirce shéasúrach go dtí an Lagán agus an imirce níos faide go hAlbain san áireamh.<sup>288</sup> Sa chuntas áirithe seo ag MacGill, cuireann sé síos ar chailín óg agus í ag teitheadh ón mbaile le hobair a fháil in Albain. Léiríonn MacGill na cosúlachtaí idir daoine

---

<sup>284</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 351-352.

<sup>285</sup> P. Gallagher, 'The Hiring' in J. McLaughlin, *Donegal: The Making of a Northern County* (2007), 254-255.

<sup>286</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>287</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 38.

<sup>288</sup> P. MacGill. *The Rat Pit* (1919/1997), 97.

óga ag dul ar imirce shéasúrach sa bhaile agus iad ag dul thar lear agus tugann sé le tuiscint gurbh ionann an dá eispéireas.

### **Tátal:**

Bhí brúidiúlacht an Lagáin garbh ar pháiste ar bith, ach ar na cailíní, ar caitheadh go dona leo, go háirithe. Bhíodh brúidiúlacht i leith na mbuachaillí fosta agus thagadh páistí ar ais ón Lagán agus taithí saoil acu. Míníonn John Ghráinne Ó Duibheanaigh nár inis na buachaillí dá dteaghlach go mbíodh na fostóirí ag tabhairt drochíde dóibh toisc go mbíodh náire orthu agus go mbíodh eagla orthu roimh an gcéad fhostóir eile.<sup>289</sup> Ní raibh Micí Mac Gabhann agus páistí eile cosúil leis aibí go leor, i ndáiríre, chun an baile a fhágáil le dul ag obair ar an Lagán ach ní raibh an dara rogha acu. Cuireann oibrithe séasúra an Lagáin mar John Ó Domhnaill, Séamus Ó Grianna, Micí Mac Gabhann, Róise Rua Mhic Grianna agus Máire Rua Ní Ghallachóir síos go beacht ar a n-eispéiris ann. Tugann na daoine seo téamaí áirithe chun solais, go háirithe an t-aonach, an margadh, a gcreideamh, Aifreann an Domhnaigh, obair an

---

<sup>289</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

Lagáin, brúidiúlacht i leith na bpáistí, cruachás an té a bhí gan Bhéarla agus cumha i ndiaidh an bhaile:

...Bhí air éirí chomh luath leis an ceathair a' chlog ar maidin agus obair mall. Bhí an obair garbh agus páighe shuarach go leor. An bhliain ina dhiaidh sin d'imigh sé go hAlban agus chaith sé trí shéasúr ansin. Ba go dtí Aonach an *Rabble* i Leitir Ceanainn agus Aonach mór an tSraitha Báin a chuaigh furmhór mhuintir na Gaeltachta s'againne, sin ó na Rosa, Gaoth Dobhair agus Cloch Cheann Fhaolaidh. Ba bheag teach fán bhaile s'againne nach raibh duine inteacht acu ar an Lagán.<sup>290</sup>

Bhí fostóirí maithe ar an Lagán a thugadh aire mhaith do na hoibrithe agus ba choitianta go bhfaigheadh cuid acu ardú airgid, ach, bhí fostóirí míthrócaireacha ann fosta agus chaith siad go dona leo. Leagann na fir béim ar ghnéithe ar leith den imirce shéasúrach i gcodarsnacht leis na mná. Idir chuntais scríofa agus chuntais bhéil na bhfear, leagtar béim ar uaigneas an Lagáin agus cumha i ndiaidh an bhaile. Níor labhair na mná an oiread sin ar uaigneas an bhaile nó ar a gcuid mothúchán, ach d'inis na mná scéalta ionraice faoi thaithí na mban agus an dóigh ar caitheadh leo. Faoi mar a dúirt Róise Rua: 'Ní raibh riamh ar an Lagán ach obair dhian mhaslach ar bheagán airgid'<sup>291</sup> agus Micí Mac Gabhann:

I gcionn mo chúig mbliain déag bhí a cúig nó a sé de shéasúir caite agamsa ar an Lagán. Is iomaí cineál máistir agus máistreása a bhí agam ó shéasúr go séasúr. Is iomaí duine spéisiúil a casadh orm agus is iomaí rud aistíoch a bhain domh. Ach féadaim a rá gurbh ionann feabhas agus olcas do na háiteacha uilig a rabh mé ar fostó iontu agus nach rabh a dhath bog ag baint le háit ar bith acu. Ach an rud a théid i bhfad téid sé i bhfuair agus chan abraim faoi sin ach sin.<sup>292</sup>

Mar thoradh ar obair shéasúrach an Lagáin, shaothraigh na hoibrithe airgead ar son a dteaghlach, rud a bhí riachtanach leis na teaghlaigh mhóra a chothú. Ar an láimh eile, chaill páistí amach ar an óige agus ar an oideachas, a gcuid soineantachta imithe uathu faoi dheireadh a gcéad tréimhse ar an Lagán. Bhí coinníollacha maireachtála diana ag baint leis

<sup>290</sup> P. Ó Baoighill, *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain* (2009), 411.

<sup>291</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 47-48.

<sup>292</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 61.

na tréimhsí oibre agus bhí brúidiúlacht coitianta i measc na bhfeirmeoirí. Bhí cairdeas agus comhluadar ríthábhachtach i measc na n-oibrithe dá bharr. In ainneoin bhuntáistí eacnamaíochta obair an Lagáin, ní bhfaighidís ach pá íseal don obair chrua, dar le Róise Rua:

...Níl dabht ann ach go mbíodh cuid mhór le déanamh agam, idir istigh is amuigh. Is cinnte nár dhearmad feirmeoirí an Lagáin an smior chailleach a bhaint asainn ar son na páighe, beag is mar a bhí sí, a thug siad dúinn. Bhí anrud go deo ar an méid oibre a chuirte romhainn agus gan mórán ar bith aoise againn ag an am.<sup>293</sup>

Tháinig deireadh le himirce an Lagáin sa bhliain 1948. ‘Bhí an Rabble deireanach i Leitir Ceanainn i 1948. Ní raibh ach beirt pháiste ann le fostú, ba sin an deireadh.’<sup>294</sup> Ba ansin a bhí brú ar dhaoine an chéad chéim eile a thógáil agus dul ar imirce go hAlbain.

### **Caibidil 3: Muintir na gceantar Gaeltachta ag dul ar imirce shéasúrach go hAlbain**

#### **3.1 Ag Fágáil Slán**

Ar donacht mar a bhí an Lagán i bhfad ó shin ba mheasa a bhí Alba diomaite de go raibh an saothrú ní b’fhearr in Albain. San am a chuaigh thart chaithfeadh cuid fear na Rosann leathchéad míle a shiúl ar a gcois agus iad ar a mbealach go hAlbain. Chaithfeadh siad a ghabháil ar an bhád chéanna leis an eallach i nDoire. Thall in Albain ní ligfí dófa marcaíocht a dhéanamh sa traen i gcuideachta na ndaoine eile. Chuirte leo féin iad gan scíth os a gcionn agus gan áit suí acu.<sup>295</sup>

---

<sup>293</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 47.

<sup>294</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>295</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 5.



Bíonn locht ag daoine ar Albain, amanna, ach ba mhaith ag muintir na tíre seo í le fada anall. Fuair muid saothrú in Albain i gcónaí, agus gan an saothrú sin ba dhoiligh do chréatúir sa taobh seo tíre a bheith beo fríd an bhliain go léir.<sup>296</sup>

Ní raibh aon mhodh taistil ag na himirceoirí seo agus bhí orthu an turas fada go Doire a dhéanamh de shiúl na gcos ó cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall:

Fuair muid cupla leathcheann eile agus, i ndiaidh iad a chaitheamh siar bhí léim an bhealaigh arís againn. D'éirigh na cosa nimhneach ag Liam agus bhí sé ag brath tabhairt suas orm. Ní raibh cleachtadh ar an tsiúl aige agus chuaigh na bróga a luí air. Chuaigh mé féin a thabhairt uchtaí dó agus a rá nach raibh i bhfad eile againn le a gabháil. Fá dheireadh fuair muid Leitir Ceanainn a bhaint amach tuirseach, brúite, uaigneach. Ghlac an bheirt againn lóistín tigh Eibhlín Plaic an oíche sin agus chodail muid mar a bheadh dhá rón ann.<sup>297</sup>

Bhíodh traidisiúin dhifriúla sna tithe Gaeltachta sula dtéadh daoine ar imirce. Caitheadh leis an imirce go Meiriceá cosúil le bás mar nach raibh a fhios ag muintir na gceantar Gaeltachta an bhfillfeadh an t-imirceoir ar an mbaile riamh. Bhí cosúlachtaí áirithe, ag an am céanna, idir an imirce shéasúrach go hAlbain nó an imirce fhadtéarmach go hAlbain agus imirce fhadtéarmach bhuan go Meiriceá. Théadh na himirceoirí go dtí an Sagart le beannú a fháil uaidh agus thugadh an Sagart bonn naofa, scaball nó leabhar urnaithe don imirceoir. Bhíodh sean-nós ag na fir i nDún na nGall, go háirithe, scaball a chaitheamh taobh istigh dá gcuid léinte ionas go mbíodh Dia gar dá gcroíthe.<sup>298</sup> Chaitheadh Mac Gabhann an scaball agus é i Meiriceá agus John Ó Domhnaill nuair a chaith sé a shealanna in Albain:

Bhí muid socair leis an scaball. Bhí sé tábhachtach go bhfaighimis beannú an tsagairt agus bhímis sa séipéal chuile lá roimh ár dturas. Is cuimhin liom mo mháthair ag guí agus í go naofa. Gheall muid di go nguífimis gach oíche.<sup>299</sup>

---

<sup>296</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 110.

<sup>297</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 45-46.

<sup>298</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>299</sup> *Ibid.*

Rinne tuismitheoirí na n-imirceoirí iarracht éadaí a dhéanamh agus a dheisiú don té a bhí ag

fágáil:

Rinne mo mháthair cupla péire stocaí domhsa. Chuir sí iad isteach i seanmhála – iad féin agus bunbhríste agus seanchóta. Ní raibh Liam le a dhath a ligean air féin sa bhaile. I ngan fhios a bhí sé ag brath imeacht, nó bhí a fhios aige dá ligeadh sé a rún lena mhuintir nach gcluinfedh siad iomrá air. Fuair sé seanbhean de chuid de na comharsan le cupla péire stocaí a dhéanamh dó. Rinne sé suas an bunál. Tháinig maidin Dé Máirt. Thug m'athair deich scillinge domh féin agus i ndiaidh mo bhricfeasta préataí a ithe d'imigh mé liom.<sup>300</sup>

Thug máthair Róise Rua cúnamh di sular imigh sí go hAlbain fosta:

Bhí cupla lá iontach gnóitheach againn féin agus ag mo mháthair ansin ag iarraidh muid a bheith réidh dár n-imeacht Dé Domhnaigh. Is iomaí rud a bhí le déanamh aici na laetha sin – níochán, fuáil, cleiteáil, pacáil, agus mar sin de. Bhí mo mháthair ag déanamh an chineál sin oibre, nó is iomaí uair a chuidigh sí linn déanamh réidh le gabháil go hAlbain nó chun an Lagáin. Bhí Máire agus mé féin mór anois, ach sin féin déarfá, ón dóigh ar smaoinigh mo mháthair ar gach rud a bheadh a dhíobháil orainn, nach raibh ionainn ach páistí beaga go fóill.<sup>301</sup>

Mar atá pléite sna caibidlí roimhe seo, ní raibh aon rogha ag cuid mhaith de phobal na gceantar Gaeltachta ach dul ar imirce shéasúrach. Bhí an imirce ar an Lagán agus, i gcásanna áirithe, théadh páistí óga chun tréimhse a chaitheamh ar fostú ar oileáin Dhún na nGall, oileán Ghabhlan don chuid is mó toisc go raibh an t-oileán sin neamhspleách ar an mórthír agus bhí obair le fáil ann:

Mar a bhí mé ag inse duit, i ndiaidh me dornán séasúr a chur isteach ar an Lagán rinne mé réidh le a ghabháil go hAlbain.<sup>302</sup>

Bhí an chuid ba throime den airgead a bhí á shaothrú ag muintir na Rosann ar an Lagán, in Albain agus i Meiriceá ag gabháil chucu. Ach bhí na bochta bocht i rith an ama. Agus bhí siad mar sin ainneoin go deachaigh corradh le leathchéad bliain thart ó bhí aimsir an drochshaoil ann.<sup>303</sup>

---

<sup>300</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 44.

<sup>301</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 64.

<sup>302</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 43.

<sup>303</sup> F. Mac Cumhaill, *Na Rosa go Brách* (1939/1997), 7.

De réir a chéile, thosaigh níos mó daoine ag dul ar imirce go hAlbain sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Bhí na himirceoirí dóchasach go bhfillfidís ar an ionad céanna in Albain séasúr i ndiaidh séasúir. Bhíodh sé coitianta go dtugaidís píosa móna leo ar a dturas ionas go mbíodh ‘píosa den bhaile’ acu agus iad ag imeacht ón mbaile. Ar ndóigh, bhí sé deacair ar dhaoine, idir fhir agus mhná a gcuid bailte a fhágáil, toisc nach raibh an dara rogha acu:

...an emigrant nursery, the default for all was emigration, at least in the sense that virtually every young man and woman... had to consider emigration as a serious option, although the middle classes remained less likely to emigrate than the rural and urban poor... This is illustrated by the choice of destination; Scotland receiving them mainly from the North (of Ireland).<sup>304</sup>

An chéad chéim eile sa phróiseas ná an turas go hAlbain. Shiúladh na himirceoirí ó ‘Dhroichead na nDeor’ idir na ceantair Ghaeltachta, Gaoth Dobhair agus Cloich Chionnaola go Doire, ó Dhoire go Latharna agus d’fhaighidís bád ó Latharna go hAlbain:

Fá dheireadh, fuair muid Doire a bhaint amach, briste brúite, brónach, cumhúil. D’ith muid greim bidh ansin agus bhain an chéidh amach go bhfeicfimis an raibh bád ar bith ag gabháil trasna. Agus cé a tímíd uainn ach Naos Hiúdaí Shorcha, Feargal Chonaill Hiúdáin, Donnchadh Churcóige agus Séimí na nÓige. D’inis siadsan dúinn go raibh bád ag gabháil trasna a dtugadh siad an *Buffalo* uirthi. Chuaigh muid ar bord agus níorbh fhada gur mhoithigh muid an caiftín ag tógáil a chuid ancairí agus soitheach ag bogadh...<sup>305</sup>

Ba é an turas go hAlbain an chéad uair a scar mórán Conallach lena dtír dhúchais:

Chuidigh na mairnéalaigh linn siúl suas an dréimire a bhí leagtha síos go dtí an bád beag acu agus muid ag dul ar bord. Is cuimhin liom gur ceithre scillinge a bhain fear na dticéad dínn ar ár dticéad go Glaschú, ach ní raibh ar na páistí ach a leath sin a dhíol. Nuair a bhí deireadh ar bord thóg said an dréimire a bhí crochta acu ar thaobh an tsoithigh, tógadh an t-ancaire agus bhí muid faoi shiúl. Níor imigh ach dhá scud as Árainn an lá sin, rud a d’fhág nach deachaigh ar bord ag Oileán an Ghamhna ach thart fá chéad passantóir uilig. Bhí suas le tríocha duine in achan scud acu agus, lena chois sin,

---

<sup>304</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 21-22.

<sup>305</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 46.

bhí suas le daichead fear linn a bhí ag gabháil anonn chuig feirmeoirí le haghaidh an tséasúir.<sup>306</sup>

Níor mhothaigh cuid mhór de na himirceoirí go raibh baile bainte amach acu in Albain riamh, sé sin, níor shocraigh siad síos riamh: There was so much to get used to, do and prove before they could feel at home.<sup>307</sup> Bhí freagrachtaí traidisiúnta ag baint leis an imirce, sé sin, go gcuireadh na himirceoirí airgead abhaile chuig a dteaghlaigh. I gcosúlacht le nósanna na n-imirceoirí ar an Lagán, scríobhaidís abhaile dá mbeidís ábalta scríobh agus choinneoidís scilling amháin do chostas an stampa:

Is maith is cuimhin liom an fheirm a raibh muid ag obair uirthi go ceann sé seachtaine ina dhiaidh sin – Jamestown Farm, Girvan Mains. Fuair mé ainm agus seoladh na háite ón gheafar sa dóigh go mbeinn ábalta leitir bheag a chur chun an bhaile ionsar mo mháthair i gceann chupla lá.<sup>308</sup>

Toisc nach mbíodh léamh ná scríobh ag cuid mhór de na himirceoirí Gaeltachta in Albain, chuiridís an t-airgead abhaile trí oifig an phoist le nóta a scríobhadh oibrí oifige in éineacht leis. Bunaíodh córas airgid nua sa Bhreatain agus in Albain d'imirceoirí a bhíodh ag cur airgid abhaile ón mbliain 1871 ar aghaidh. Faoi na 1920idí, rinneadh iarrachtaí tógáil ar an gcóras seo. Chuiridís 90% den airgead abhaile agus bheadh thart ar 10% acu féin don chostas stampa. Thugaidís cuid den airgead don fheirmeoir dá gcuid lóistín agus bia agus le deimhniú go gcoinneodh an feirmeoir post dóibh an séasúr ina dhiaidh sin dá mbeidís sásta fillleadh ar an áit chéanna.

Bhíodh coinníollacha maireachtála agus lóistín bunúsach ag imirceoirí Éireannacha. Bhíodh botháin bheaga ag na fir, go háirithe, déanta de bhricí nó d'adhmaid, agus cé nár ba ghnách ghnách le mná cónaí sna botháin seo, tharla sé in amanna, áfach, ach féachfar go mion ar lóistín na mban ar ball:

---

<sup>306</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 65.

<sup>307</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 30-31.

<sup>308</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 68.

Nuair a tháinig am luí taispeánadh scioból mór fada dúinn. Tugadh plaincéad agus gráinnín cocháin do achan duine. Chóirigh achan fhear a leabaidh féin ar an urlár.<sup>309</sup>

Bhíodh doras amháin ar an mbothán le cúpla fuinneog a bhíodh clúdaithe le sreang mhiotail ar an taobh amuigh. Bhíodh glas éadrom ar an doras le taispeáint do stocairí nach raibh aon rud luachmhar istigh sna botháin.<sup>310</sup> Tagann cuntais O'Dowd agus MacGill ar thithíocht na n-imirceoirí Conallacha le chéile thíos:

Neither the merchants nor the farmers had any contact with the workers themselves and both their wages and conditions were organised by the gaffer... We managed to make ourselves comfortable by sewing bags together in the form of a coverlet and placing makeshift quilts over our bodies which we had to hide... We were packed into filthy barns like cattle.<sup>311</sup>

...One blanket apiece in our bothy we had which smelt of cow-dung but which afforded a vault for a fire for cooking food remnants and drying sodden clothes.<sup>312</sup>

Is cuimhin le Róise Rua go raibh dhá theach ann; ceann amháin do na fir agus ceann amháin do na mná:

Chomh luath is a bhain muid an fheirm amach taispeánadh an bhotáí dúinn a mbeimis beo inti a fhad is a mhairfeadh an obair ansin. Tríocha duine a bhí sa scuad uilig go léir, sé cloigne déag de mhná agus de ghirseacha beaga agus ceithre cloigne déag d'fhir agus de ghasúraí óga. Bhí botaí dá gcuid féin ag na fir agus ní raibh mórán sa difir méide idir an dá bhotáí.<sup>313</sup>

Tharla tragóidí uafásacha i mbotháin na hAlban le linn an naoú haois déag agus san fhichiú haois. Rinneadh cur síos san *Irish Press* ar thragóid cháiliúil a tharla in Albain sa bhliain

---

<sup>309</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 49.

<sup>310</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Migratory Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain* (1991), 134-146.

<sup>311</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Migratory Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain* (1991), 210-212.

<sup>312</sup> P. MacGill, *Children of the Dead End* (1985), 25.

<sup>313</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 68.

1937<sup>314</sup>, tragóid den chineál a bhí coitianta sna blianta sin. In áit darb ainm Kirkintilloch, tháinig 26 Éireannach chun obair a fháil ar fheirm. Bhí 12 fear agus 14 bean i gceist. Bhíodh na daoine óga seo ag obair ar an bhfeirm chéanna séasúr i ndiaidh séasúir toisc go raibh aithne ag an bhfeirmeoir orthu, réitigh siad go maith le chéile, bhíodh an obair geallta dóibh gach bliain agus níor tugadh drochíde dóibh. Bhí siad idir trí bliana déag d’aois agus trí bliana is fiche d’aois:

Ag triomú éadach sa bhotaí a bhí muintir Acla nuair a chuaigh an áit le thine orthu taobh amuigh de Khirkintilloch sa bhliain 1937. Le cois an chontúirt a lean de dhóiteáin sa bhotaí le linn d’éadach fhliuch a bheith ar triomú thart fan tine ann bhí contúirt, fosta, go bhfaigheadh duine drochulpóg as a bheith ag siúl thart in éadach nach raibh ach leath-thriomaithe.<sup>315</sup>

Ar an 16 Meán Fómhair 1937, bhí tubaiste mhillteanach eile i mbothán beag agus cailleadh deichniúr nuair a dódh an bothán le linn do na fir a bheith ina gcodladh. Mharaigh an deatach iad láithreach mar nach raibh siad ábalta éalú. Bhíodh tragóidí mar sin forleathan in Albain agus níos measa ná sin ní bhíodh Béarla maith ag a gcomhlúadar le déileáil leis an lucht éigeandála.

Cuireann O’Dowd síos ar thragóid eile a tharla sa naoú haois déag, ar an 8 Iúil 1887. Maraíodh triúr ban Éireannach i dteannta le ceathrar fear Éireannach, i dtine ina mbothán agus iad ag obair ar fheirm in Albain.<sup>316</sup> Ní bhíodh mná agus fir ag roinnt tí mar seo thuas go minic, na mná go minic ina gcónaí i dteach an fheirmeora nó i dteach beag béal dorais.<sup>317</sup>

Níos lú ná daichead bliain ina dhiaidh sin, i mí Mheán Fómhair 1924, cailleadh naonúr nuair a bhris tine amach ina mbothán. Cé go raibh cuma níos fearr ar eacnamaíocht na hAlban ag

---

<sup>314</sup> *The Irish Press*, Sept. 23 (1937), 23.

<sup>315</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 73.

<sup>316</sup> *Ibid.*, 198.

<sup>317</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

tús an fichiú haois, ní dhearna na fostóirí Albanacha iarracht coinníollacha maireachtála na n-oibrithe a fheabhsú. Míníonn O'Dowd nárbh í tithíocht na hAlban an ní ba mheasa ach go raibh coinníollacha maireachtála na n-oibrithe in Albain maslach. Bhí an turas go hAlbain agus ar ais anall abhaile chomh dainséireach agus a bhíodh an lóistín. Bhí alt eile san *Irish Press* faoi thragóid a tharla agus grúpa 36 duine ag dul go hAlbain sa bhliain 1894.<sup>318</sup> Chuaigh an bád go tóin poill agus bád an 36 duine ar bord. Ina dhiaidh sin, fuair 19 bás ar bhád a bhí ag dul abhaile go hOileán Árann Mhóir sa bhliain 1935.

Ag deireadh an naoú haois déag, rinne Rialtas na Breataine Móire cinneadh roinnt tithe speisialta a bhunú in áiteanna éagsúla sna cathracha móra.<sup>319</sup> Bhí sé mar aidhm ag an Dochtúir Robert Graham, a chuir tús leis an bhfeachtas seo, tithe a bheadh ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag streachailt lá i ndiaidh lae. Rinne sé an cinneadh tithe mar seo a bhunú lá amháin nuair a shiúil sé isteach i dteach ina raibh 23 imirceoir Éireannach ina gcónaí. Cé go raibh fadhb sna cathracha mar gheall ar lóistín bheith róphlódaithe le daoine, bhí an lóistín feirme i bhfad níos measa. De bharr go mbíodh oibrithe as Éirinn thar lear ag obair go dian, bhídís lag, tuirseach agus cráite le galair éagsúla.<sup>320</sup> Tugadh an *Model Lodging House Association* ar an ngrúpa a bhí i bhfeidhm ar na tithe seo agus tosaíodh an feachtas seo sna cathracha. Rinne siad iarracht caighdeán maireachtála bunúsach a choinneáil iontu. Tógadh ar na tithe seo diaidh ar ndiaidh faoin tuath agus bhíodh níos mó Éireannach iontu toisc go mbíodh na hÉireannaigh i mbun obair chrua na feirme. Ba iad na hÉireannaigh a thógadh na postanna bunúsacha ar na feirmeacha don chuid is mó toisc nach raibh scileanna oiriúnacha gnó acu. Bhí Albanaigh ann san am sin

---

<sup>318</sup> *The Irish Press, September 18 (1937).*

<sup>319</sup> Ní raibh Rialtas in Albain sna 1940idí ach bhí Parlaimint ann agus bhí dhá pháirtí ann - Páirtí Náisiúnta Alban agus Páirtí an Lucht Oibre i gceannas san fichiú haois. Ba é Rialtas na Breataine Móire a bhí i gceannas don chuid is mó.

<sup>320</sup> Paimfléad ó The Heatherbank Museum of Social Work, Glasgow Caledonian University (2000), 4.

a rinne an obair chéanna sna páirceanna freisin agus ba iad na hAlbanaigh seo a bhíodh ina gcónaí sna tithe lóistín ag Graham. Bhíodh fadhbanna meabharghalair chomh maith le fadhbanna sláinte eile ag cuid de lóisteoirí na dtithe áirithe seo toisc go mbídís ciaptha ag an obair, ag an nganntanas airgid agus ag na droch-choinníollacha. Cheap Graham go ndéanfadh neamhspleáchas chomh maith le comhluadar muinteartha maitheas do na daoine seo. Bhíodh na lóisteoirí i mbun oibre ach ní raibh ar a gcumas a gcuid tithe féin a choimeád slachtmhar agus glan ina n-aonar toisc go raibh siad chomh tuirseach, lag agus ocrach ón obair dhian. Sa bhliain 1953 bhí 19 de na tithe seo fós in Albain. Tugadh cur síos ar na himirceoirí as Éirinn a bhíodh sna tithe áirithe seo san iris Albanach *The Glasgow Examiner*.<sup>321</sup>

Bhí an-eolas go deo ag muintir Thír Chonaill ar Albain. Ní hé amháin go raibh eolas acu ar na bailte móra agus na cathracha ach bhí mioneolas acu ar áiteacha beaga amach fríd an tír chomh maith. Ní raibh mórán áiteacha fríd Albain nár shiúil siad am inseacht ina saol: Inse hOrc, Inse Cad, Inse Gall, na hArdchríocha, na Lothians, agus deisceart na tíre a fhad le Cnoic Cheviot. Is beag condae in Éirinn, diomaite de Chondae Mhaigh Eo, a raibh a oiread bainte ag a muintir le hAlbain is a bhí ag muintir Dhun na nGall.<sup>322</sup>

Bhí tionchar imirce na hAlban le feiceáil ní amháin ar cheantair Ghaeltachta na tíre ar fad, ‘de réir mar a thosaigh na daoine a ghabháil go hAlbain a shaothrú tháinig feabhas ar na tithe fríd an tír,<sup>323</sup> - ach ar na hoileáin Ghaeltachta amach ó chósta Dhún na nGall fosta. Cé gur tháinig feabhas, mar sin, ar an-chuid de na ceantair Ghaeltachta i nDún na nGall, toisc an oiread sin daoine ag dul go hAlbain, bhí ceantair áirithe, oileán Ghabhla ina measc, i mbaol a mbánaithe. Seo mar a dhéanann Seán ‘ac Fhionnlaoich cur síos ar staid Ghabhla:

I 1967 is beag nár bánaíodh an t-oileán [Gabhla]. D’imigh siad, teaghlach i ndiaidh teaghlaigh, go dtí nach raibh fágtha ach baicle bheag. Rinne muintir Inis Meáin aithris orthu; thug siadsan a gcúl don oileán fosta agus tar éis seachtaine ní raibh fágtha ach

---

<sup>321</sup> ‘Irish Reapers in Scotland: 1854’, *The Glasgow Examiner*, September 28 (1854), 3.

<sup>322</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 101.

<sup>323</sup> *Ibid.*, 59.



fear amháin, Johnní Mhicí a sheas an fód leis féin ar feadh tamaill, ach a bhain Glaschú amach faoi dheireadh. Ní fhéadfadh sé an t-uaigneas a sheasamh níos faide... Ní raibh an dara suí sa bhuaile acu anois ach an tír mhór a bhaint amach.<sup>324</sup>

### 3.2 Taithí na bhfear ar an imirce shéasúrach in Albain

Cúig séasúir ar fad a chaith mé ag teacht agus ag imeacht idir Cloich Cheannfhaola agus Albain. Bhí an obair an-chruaidh thall – ó dhubh go dubh go minic – agus ba lúide an cás dá mbeadh a dhath ar a shon, ach cha raibh mórán ab fhiú nó ab fhearrde ag na fir a bhí anonn is anall san am udaí. Cha rabh meas ar bith ar na hÉireannaigh in Albain san am, agus le cois gach drochúsáid eile dá dtugtaí dóibh cha rabh siad ag fáil páighe ar bith a bhí inchoimórtais leis an obair a níodh siad. Bhí an bia an-olc fosta agus mar a bhí fhios againne go maith, cha rabh an leabaidh féin ag daoine le síneadh uirthi fá shásamh. Bhí mé féin ag eirí tinn tuirseach den dóigh a bhí orm.<sup>325</sup>

D'imigh an-chuid ógfhear cosúil le Micí Mac Gabhann, Séamus Ó Grianna, Fionn Mac Cumhaill agus John Ó Domhnaill go hAlbain le hobair a fháil ag deireadh an naoú haois déag agus san fhichiú haois. De réir thaighde Tom Devine bhí 547,000 duine in Albain sa bhliain 1871. D'ardaigh daonra na tíre go 782,000 sa bhliain 1891 agus bhí milliún duine ann faoin mbliain 1914. Tháinig borradh ar dhaonra na hAlban sa bhliain 1914 le himirceoirí Éireannacha ag bailiú isteach sna príomhchathracha.<sup>326</sup> Tháinig borradh, fosta, ar líon na ndaoine a bhí ag dul trasna na farraige go hAlbain ó cheantair Ghaeltachta Chontae Dhún na

---

<sup>324</sup> S. 'ac Fhionnlaoich, *Ó Rabharta go Mallmhuir* (1975), 169-170.

<sup>325</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 83.

<sup>326</sup> T.M. Devine, *Scottish Emigration and Scottish Society* (1992), 102-103.

nGall.<sup>327</sup> Cuireadh idir dhaoine a raibh scileanna maithe oibre acu agus daoine a bhí gann ar scileanna amach chun na tuaithe i mbun obair chrua.<sup>328</sup> Deir Devine, nach raibh aon rogha ag na mílte imirceoir Éireannach a bhí ag dul go hAlbain agus go raibh orthu glacadh le lóistín plódaithe i slumaí, agus na háiteanna seo ag méadú lá i ndiaidh lae ón mbliain 1871 ar aghaidh.<sup>329</sup> Ba thithe bochta suaracha iad na tithe slumaí seo agus bhí caighdeán maireachtála míshláintiúil i measc na n-áitritheoirí: ‘Dá olcas an saol a bhí ar an Lagán, b’fhearr é ná saol na hAlbana.’<sup>330</sup> Bhí cuid de mhuintir na hAlban ag fágáil a dtíre dúchais agus ag glacadh le hobair níos fearr i dtíortha eile thar lear cosúil le Ceanada agus an Astráil. Dearbhaíonn Devine go raibh na hÉireannaigh ag dul go hAlbain agus iad sásta glacadh le post ar bith. Dá bharr seo, d’imigh na hAlbanaigh go tíortha níos saibhre chun airgead ceart a shaothrú.<sup>331</sup> Lean an patrún imirce seo go dtí tús an fichiú haois. Tugann Devine ‘the Scottish paradox’ ar an bhfeiniméan seo, agus na hÉireannaigh ag dul go hAlbain, iad gann ar scileanna maithe oibre a bheadh oiriúnach do ghnóthaí proifisiúnta, a fhad agus a bhí na hAlbanaigh ag fágáil na tíre agus a gcuid postanna chun post níos fearr agus ardú tuarastail a fháil i dtíortha saibhre thar lear. Dá bharr seo, bhí bearna le líonadh i ngnóthaí proifisiúnta an chórais oibre. Ach toisc nach raibh scileanna riachtanacha oibre ag na hÉireannaigh a bhí ag plódú isteach sa tír sin ní raibh siad ábalta na postanna maithe seo a líonadh agus bhí orthu glacadh le postanna bunúsacha go gearrthréimseach, go háirithe.

Tagraíonn Devine do shaothar John Knox agus cuireann sé síos ar an scoilt a bhí in Albain idir Protastúnaigh agus Caitlicigh sa naoú haois déag agus san fhichiú haois, go háirithe.<sup>332</sup>

Bhíodh na postanna maithe ag na Protastúnaigh don chuid is mó. Thugtaí na postanna a

---

<sup>327</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>328</sup> O. Checkland & S. Checkland, *Industry and Ethos, Scotland 1832-1914* (1989), 8.

<sup>329</sup> T.M. Devine, *Scottish Emigration and Scottish Society* (1992), 103.

<sup>330</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 44.

<sup>331</sup> T.M. Devine, *A Global Clan: Scottish Migrant Networks* (2003), 35-37.

<sup>332</sup> T.M. Devine, *Scottish Emigration and Scottish Society* (1992), 144.

bhíodh ag na hAlbanaigh do na hÉireannaigh ar Phrotastúnaigh iad toisc go mbíodh scolaíocht, léann agus Béarla níos fearr acu ná na Caitlicigh arbh as ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall iad don chuid is mó.<sup>333</sup> B'Éireannaigh iad aon cheathrú de dhaonra na hAlban ag tús an fichiú haois toisc go raibh níos mó postanna ann do na hÉireannaigh ag an am sin. Bhíodh Caitlicigh ag obair sna páirceanna, ar phá íseal, don chuid is mó, ach bhíodh deis acu a bheith ag obair i dtionscail an línéadaigh agus uaireanta ar thógáil na mbóithre iarainn freisin. Théadh buachaillí óga go hAlbain nuair a shroich siad cúig nó sé bliana d'aois le hairgead a shaothrú dá dteaghlaigh sa bhaile agus mar seo, bhí ar Shéamus Ó Grianna seal a chaitheamh in Albain tar éis dó tréimhsí oibre a chaitheamh ar an Lagán:

Sé bliana déag d'aois a bhí mé nuair a chuaigh mé go hAlbain. Bhí mé beag éadrom de m'aois agus ní raibh an chuid mhór uchtaigh ag m'athair asam. Ach ní raibh an dara suí sa bhuaile ann. Ní raibh gar mo chur chun an Lagáin, agus chaithfinn féacháil le mo chuid a shaothrú ar dhóigh éigint. Bhí mé ar thús an teaghlaigh agus bhí mo chuid a dhíobháil.<sup>334</sup>

Chomh maith le freagrachtaí baile na mbuachaillí óga; Séamus Ó Grianna, Micí Mac Gabhann agus Fionn Mac Cumhaill; chuir an bochtanas agus an easpa oibre sa bhaile a lán daoine chun siúil. D'imigh Fionn Mac Cumhaill ar imirce go hAlbain leis an gcineál saoil sin a sheachaint. Cosúil le Ó Grianna, chaith Micí Mac Gabhann cúpla séasúr ar an Lagán agus d'imigh sé go hAlbain nuair a bhí sé cúig bliana déag d'aois:

Bhí cineál eagla orainn dá n-insímis go raibh rún againn a dhul go hAlbain go mb'fhéidir nach ligfí ar shiúl sinn. Dá mbeadh na haithreacha linn, cha chuirfeadh duine ar bith chugainn ná uainn, ach faraor chan mar sin a bhí. Bhí fhios againn nach gcuirfí crothnú orainn ar an oíche bheannaithe sin go mbeadh sé anonn go maith, agus lena chois sin go mbeadh fhios ag ár muintir, nuair a bheimis ar iarraidh ar maidin, gur go hAlbain a chuaigh muid. Bheimis a fhad ó bhaile ansin agus nach mbeadh maith dóibh a dhul sa tóir orainn...<sup>335</sup>

---

<sup>333</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>334</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 177.

<sup>335</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 61.

Cuireann Eoghan Ó Dónaill síos ar an obair feirme a bhí idir lámha aige in Albain fosta agus é ‘ag tanú na dturnips’.<sup>336</sup> Cuireann Róise Rua Mhic Grianna síos ar an éileamh oibre a bhí ann ar fheirmeacha na hAlban le linn an chogaidh sna 1930idí agus sna 1940idí:

D’fhág an cogadh obair fairsing ag daoine fríd Albain na blianta sin. Ní théadh muintir na Rosann a fhad le Sasain nó an Bhreatain Bheag an uair sin, mar a níodh siad ina ndiaidh sin. Go hAlban a théadh siad uilig... Tháinig de sin go raibh am gnoitheach ag feirmeoirí na hAlban le linn an chogaidh. D’fhan Séamus [fear Róise] agus a chuid deartháireacha ag obair do Robert Love ag Ballarno an t-am go léir agus rinne siad saothrú mór ag an obair sin a fhad is a mhair an cogadh.<sup>337</sup>

Théadh Séamus go hAlban fá lár na Bealtaine agus bhíodh sé ar shiúl uaidh go dtí an Nollaig. Cuid de na daoine a bhíodh leis, d’fhanadh siad thall go Lá Fheile Pádraig ina dhiaidh sin. Ach b’fhéarr leisean a theacht chun an bhaile roimh an Nollaig. Bhí mise liom féin anseo sa bhaile, agus níor mhaith liom a bheith liom féin aon lá níos faide ná an Nollaig gach bliain. Bhímis le chéile mar sin leath den bhliain agus scartha óna chéile an chuid eile den am... Ag obair ar thornapaí a bhíodh Séamus agus na fir eile i ndiaidh a ghabháil anonn dóibh i lár na Bealtaine. Bhí na tornapaí ag fás aníos an t-am sin agus bhí orthu an lustan a bhaint astu agus iad a ghráfadh. Bhíodh na préataí os cionn talaimh go maith, fosta, agus bhí orthu grafadh agus glanadh a dhéanamh orthu sin mar an gcéanna agus iad a dhéanamh réidh lena múnla ina dhiaidh sin.<sup>338</sup>

Chruthaigh an cogadh postanna in Albain chomh maith le fadhbanna taistil d’oibrithe Dhún na nGall a bhí ag iarraidh dul thar lear:

Rinne an cogadh difear mór i modh taistil na ndaoine a théadh a dh’obair go hAlban gach aon bhliain. Roimh am an chogaidh théití anonn ar bhád Dhoire ach tháinig deireadh leis sin. Stad bád Dhoire de bheith ag reachtail agus b’éigean dul anonn fríd Bhéal Feirste agus Latharna. Bhí ceadúnas taistil a dhíobháil agus b’éigean sin a fháil fríd na gardaí as Baile Átha Cliath. Fuair Séamus ceadúnas an uair sin a rinne gnoithe dó go dtí go raibh deireadh leis an chogadh. Bhí Peadar Ó Dónaill ag obair do Rialtas na hÉireann le linn an chogaidh agus ba mhínic a chuidigh sé le daoine ón oileán seo [Oileán Árann Mhór] a bhí ag iarraidh a ghabháil anonn faoi dheifre. Bhí dáimh ag Peadar le muintir an oileáin riamh ón am a raibh sé ag múineadh scoile anseo agus choinnigh sé suas an dáimh sin i rith a shaoil ina dhiaidh sin.<sup>339</sup>

Bhí obair mhaith le fáil d’fhir as Dún na nGall sna tolláin faoi thalamh in Albain chomh maith:

<sup>336</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 49.

<sup>337</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 119.

<sup>338</sup> *Ibid.*, 103.

<sup>339</sup> *Ibid.*, 127.

Thug cuid mhór fear óg ó Ghaeltacht Thír Chonaill agus ó iarthar Mhaigh Eo aghaidh ar Albain tar éis an Dara Cogadh Domhanda chun dul i mbun obair thógála ar thionscnaimh le leictreachas a ghinniúint, ach fágadh ar lár iad nuair a bhí aitheantas oifigiúil á thabhairt don obair sin... B'as Gaoth Dobhair, Cloch Cheann Fhaola, Na Rosa, Árainn Mhór agus Acla Mhaigh Eo cuid mhór acu... Faoin scéim leictreachais seo, tógadh faoi chnoic is faoi shléibhte fud fad na tíre 56 damba 600 cilliméadar ar fhad. Os de bharr a gcroí is a n-anam a bheith tugtha don obair acu a tugadh "Tíogair na dTollán" nó na "Tunnel Tigers" ar na fir a bhí ag obair iontu.<sup>340</sup>

Dar le Kevin Sharkey, cé go raibh buntáistí agus airgead maith ag baint leis an obair sin, chruthaigh sé fadhbanna sláinte do na hoibrithe.<sup>341</sup> Cuireann John Ó Domhnaill síos in agallamh nuachta ar an éacht a rinne oibrithe na bliana 1955.<sup>342</sup> D'imigh Ó Domhnaill ar imirce chun obair a fháil sna tolláin i dTuaisceart na hAlban sa bhliain 1956:<sup>343</sup>

The world record-breaking 'Tunnel Tigers' who worked round the clock to achieve the feat received a £20 bonus at the time – which would equate to about £2,000 in today's money. However, the often dangerous and difficult conditions took their toll at the time and over subsequent decades. Some workers paid the ultimate price with their lives, while others suffered life-changing injuries. Many workers also suffered from lung illnesses associated with the unhealthy working conditions they endured, deep underground in the hills of Scotland.<sup>344</sup>

Sna blianta roimhe sin, bhí an t-ádh ar Mhac Gabhann go raibh Gaeilge ag a chara Conall chomh maith leis an mbeirt oibrithe eile a bhí ar an bhfeirm leis, Séamas Ó Gallachóir agus Micí Mac Suibhne.<sup>345</sup> Bhí cosúlachtaí idir scéal na mban agus scéal na bhfear mar gheall ar an nGaeilge agus féachfar air seo sa chéad chuid eile den chaibidil. Aontaíonn Micí Mac Gabhann agus Róise Rua Mhic Grianna go mbíodh cumha uirthi; cumha i ndiaidh an bhaile; in Albain, agus bhíodh an t-atmaisféar ann cosúil leis sin a bhíodh sa bhaile i rith an

---

<sup>340</sup> K. Hickey, 'Eagóir ar "Thíogair na dtollán" le cur ina ceart', Déardaoin, 9 Deireadh Fómhair 2014 Ceadáíodh 9 Meán Fómhair 2016 <http://tuairisc.ie/eagoir-ar-tiogair-na-dtollan-le-cur-ina-ceart/> Féach freisin D. Ó Gráinne, *An Traimp* (1991), 60 ag cur síos ar 'Mafia Dhún na nGall' - na fir Chonallacha a bhíodh ag obair sna tolláin sa Bhreatain Mhór toisc nach ligfidís éinne isteach ach a muintir féin.

<sup>341</sup> K. Sharkey, 'Tunnel Tigers: Irish workers' world record feat commemorated in Scotland', 27 Samhain, 2015 Ceadáíodh 9 Meán Fómhair 2016 <http://www.bbc.com/news/world-europe-34934795>

<sup>342</sup> *Ibid.*

<sup>343</sup> <http://www.donegaldiaspora.ie/news/donegal%E2%80%99s-tunnel-tigers> Ceadáíodh 26 Márta 2017.

<sup>344</sup> *Ibid.*

<sup>345</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 76. Ní raibh ach ceathrar ag obair ar an bhfeirm áirithe seo le chéile.

Gheimhridh mar go mbíodh achan duine as baile ag obair ar an Lagán. Cé go mbíodh daoine áitiúla ón mbaile i dteannta a chéile, bhí uaigneas an bhaile le brath. Cuireann Ó Domhnaill síos ar an gcomhluadar in Albain agus ar na cairde atá fós aige ó bhí sé ag obair leo sna tolláin, rud a chabhraigh leis sna hamanna crua, aonaracha agus deacra.<sup>346</sup> Cuireann Séamus Ó Grianna síos ar thábhacht an chaidrimh freisin:

Ar maidin an lá arna mhárach chuamar amach a dh'obair. Chuaigh m'athair ar an druil tosaigh, Liam Beag isteach ina dhiaidh agud mise ar an tríú druil... Bhínn marbh tuirseach teacht na hoíche. Ach ba chuma, a fhad is nach raibh cumha orm. Bhí m'athair is Liam Beag i mo chuideachta, agus scaifte eile de mhuintir an bhaile sa chomarsain againn... Ach nuair a bhí na tornapaí tanaithe an bealach sin thosaigh obair an fhéir agus, ar ndóigh, ní raibh gnoithe ar bith i gceann na hoibre sin ag mo mhacasamhailsa. Bhí mé róbheag agus ró-anbhann, agus b'éigean domh imeacht siar bealach Lanraig agus a ghabáil a dh'obair ag na sméara. Ach ní raibh cumha ar bith orm. Bhí scaifte de ghasúraí an bhaile i mo chuideachta, agus bhí saol greannmhar ann...<sup>347</sup>

Cé go mbídís ina gcónaí in áiteanna bochta, rud a chuir leis an uaigneas, bhí sé tábhachtach dóibh go mbeidís i dteannta a chéile chun Gaeilge a labhairt, chun paidreacha a rá agus chun scéalta agus seanchas a roinnt seachas a bheith ag obair le strainséirí. Léirigh Mac Gabhann go raibh gaol speisialta aige leis na buachaillí ó Chloich Chionnaola toisc go mbídís ag labhairt Gaeilge le chéile.<sup>348</sup> An chéad lá a d'fhág sé an baile, níor bhraith sé an t-uaigneas ach níor mhair sin i bhfad: 'Tá sé comh maith domh an fhírinne a dhéanamh: ó sin amach cha rabh mé féin saor ar uaigneas.'<sup>349</sup> Dar le O'Dowd go gcaithfeá cur síos a dhéanamh ar fhéinsmacht na n-imirceoirí agus ar dhúshaothrú an lucht oibre le pictiúr iomlán a chruthú den saol a bhí acu.<sup>350</sup> Dearbhaíonn John Ó Domhnaill cur síos Mhic Gabhann agus cur síos

---

<sup>346</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>347</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 182-184.

<sup>348</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 76.

<sup>349</sup> *Ibid.*, 63-64.

<sup>350</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Migratory Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain* (1991), 34.

Eoghain Uí Dhónaill araon, go raibh soineantacht, cumha, aonaracht agus míchompordacht

le brath in Albain do ghasúir óga:

Chuartaigh muid linn a cúig nó a sé de thithe agus dheamhain chomh beag le a oiread agus a chuirfeá isteach i do phíopa a bhéarfadh aon duine dúinn – go dtí teach amháin a dtáinig muid a fhad leis a raibh bean dheas mharánta dheagh-núiseach ann. Thug sise giota aráin choirce agus braon bláiche dúinn. Chóirigh muid ár leabaidh an oíche sin amuigh i gcruach fhéir. Ba deas an oíche a bhí ann. Tuairim is ar thrí cheathrú den ghealaigh ann agus an spéir breac le réalta. ‘Sin go díreach mar a bheadh an ghealach thall udaí sa bhaile,’ arsa Liam. ‘Ó, go díreach,’ arsa mise. ‘An gcuireann sí cumhaidh ort?’ ‘Cuireann,’ ar seisean.<sup>351</sup>

Cuireann Mac Gabhann síos ar shoineantacht agus ar leanbaíocht an aosa óig agus iad ag dul thar lear don chéad uair. Léiríonn an cur síos thíos na fadhbanna bunúsacha a bhí acu agus iad ag taisteal don chéad uair, sular thosaigh siad a gcuid oibre ar an Lagán fiú:

Bhí seanbhróga orainn agus leoga cha rabh cleachtadh mór againn orthu agus ba ghairid go deachaigh siad a mhilleadh na gcos againn... Chaith muid trasna ar ár nguailleacha iad ansin agus threabhaigh linn costarnocht.<sup>352</sup>

Tacaíonn cur síos Liam Uí Chonnacháin le cuntas Mhicí Mhic Gabhann thuas agus é ag cur síos ar réamhthuirimí na bpáistí mar gheall ar an imirce:

Nuair a bhí mise i mo ghasúr scoile ba ghnách le mórán daoine as an áit seo dul go hAlbain agus go Sasain. Is iomaí scéal greannmhar a chuala mé fán tsaol iontach a bhíodh acu thall sna tíortha sin.<sup>353</sup>

Cé gur imigh John Ó Domhnaill ar imirce go hAlbain níos mó ná caoga bliain i ndiaidh Mhic Gabhann, bhí na mothúcháin chéanna á léiriú acu beirt mar gheall ar an mbaile a fhágáil agus an t-aonaracht a bhain leis an imirce shéasúrach as baile:

---

<sup>351</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 48.

<sup>352</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 69.

<sup>353</sup> L. Ó Connacháin, *Niall Mac Giolla Bhríde* (1974), 26.

Nuair a d'ímigh mise go hAlbain, bhí sé iontach uaigneach orm. Lá amháin, bheartaigh mé imeacht agus bhí mé *fed-up* den obair sa bhaile ar fostó le drochfeirmeoir. Bhí muid ar shiúil ón bhaile *anyway* agus muid i Leitir Ceanainn nó ar oileán éigin agus d'ímigh mé go hAlbain sa bhliain 1945. Bhí an obair crua ar na feirmeacha in Albain agus bhí na feirmeoirí féin dian orainn. Bhí cumha orm agus ba mhinic gur chaoin mé don bhaile.<sup>354</sup>

Léiríonn John Ó Domhnaill ón gceantar Gaeltachta Cloich Chionnaola an t-uaigneas a bhí airsean agus é ag obair sna páirceanna in Albain i lár an fichiú haois:

Bhí sé uafásach dian orainn, an obair agus a leithéid mar sin. Bhí cara agam ón bhaile agus thainig sé liom go hAlbain ach níor éirigh leis post a fháil. Bhí mise mór agus láidir do stócach m'aoise ach bhí Paidí beag agus lag. Bhí air dul go dtí cathracha eile chun obair daoithiúil a fháil. Bhí seisean i nGlaschú, tá a fhios agam sin... Chonaic mé é sa bhaile blianta ina dhiaidh sin agus bhí saol crua aige. Bhuel bhí saol crua agam ach shíl mise go raibh na feirmeacha go dona. Bhí Londain agus cathracha móra cosúil leis sin dian ar dhaoine.<sup>355</sup>

Tá cumha an bhaile soiléir sa saothar *Caisleáin Óir* agus Séamus Ó Grianna ag cur síos ar Shéimí in Albain:

Ní thiocfadh leis an baile a ligean as a cheann. Dá mbeadh sé thall sna Rosa bheadh beatha na naomh aige, ón lámh go dtí an béal. Bheadh sé ina shuí go seascair a chois tineadh a athara ag éisteacht leis an ghaoth ag gabháil cheoil sa doras druite.<sup>356</sup>

Tá leanbaíocht agus soineantacht na mbuachaillí seo le feiceáil, go háirithe sa chumha atá soiléir sna sleachta, mar aon le hiontaoibh na ndéagóirí as daoine fásta. Tagann na tréithe seo chun solais nuair a chuireann buachaillí óga cosúil le Mac Gabhann síos ar an gcúnamh a fuair siad ó dhaoine a bhí cleachtaithe le dul go hAlbain rompu. Bhí eagla ar Mhac Gabhann agus ar a chara Conall roimh a dtuismitheoirí agus a ndéarfaidís faoin turas oibre go hAlbain:

---

<sup>354</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>355</sup> *Ibid.*

<sup>356</sup> S. Ó Grianna, *Caisleáin Óir* (1924/1999), 110.



Shocraigh sinne gur mhaith an oíche í leis na bonnaí a bhaint as. Bhí cineál eagla orainn dá n-insímis go rabh rún againn a dhul go hAlbain go mb'fhéidir nach ligfí ar shiúl sinn.<sup>357</sup>

D'éalaigh siad beirt i rith na hoíche agus níor thóg siad rud ar bith leo seachas giota aráin don bhóthar. Bhí turas fada de shiúl na gcos ag na buachaillí ó Chloich Chionnaola go Doire agus stop siad i dteach Chonaill Eibhlíne chun comhairle a fháil uaidh toisc go raibh roinnt ama caite in Albain aige:

Bhí cúpla séasúr caite ag Conall Eibhlíne ar fostó comhgarach do Dhoire agus bhí eolas na bealaigh aige. Bhí sé i i gcónaí ag tabhairt uchtaí domh féin dá bhfaighimid as fad sin go dtabharfaí greim le hithe dúinn a dhéanfadh cúis dúinn go mbainimis Albain amach.<sup>358</sup>

Bhí na buachaillí óga ag brath ar dhaoine fásta le haire agus tacaíocht a thabhairt dóibh ar a mbealach. Thóg Conall Eibhlíne leis beirt ar a bhealach go hAlban agus stop an triúr acu i dteach Davy Dubh le bia a fháil nuair a bhí Doire bainte amach acu:

‘Bhail, taraigí isteach chun tí’, arsa Davy, ‘go bhfaighidh sibh rud inteacht le hithe.’<sup>359</sup>

Cha rabh sinne fuar ná falsa ag coscadh ár n-ocrais agus nuair a bhí an béile sin caite againn ba chuma linn cá n-éireodh nó cá luífeadh an ghrian orainn.<sup>360</sup>

Bhíodh formhór na nÉireannach ina gcónaí i sciobóil shuaracha, mar a luadh cheana, agus ghlacaidís leis an gcineál seo lóistín toisc go raibh siad cleachtaithe leis ar an Lagán ar feadh na mblianta. Ach bhíodh cás na n-imirceoirí ní ba mheasa mura raibh obair ráithe acu roimh ré. Cuireann Eoghan Ó Dónaill síos ar ghasúir a d'imigh go hAlbain ar thóir oibre agus ar na fadhbanna a bhí acu ag iarraidh post a aimsiú:

---

<sup>357</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 61.

<sup>358</sup> *Ibid.*, 63.

<sup>359</sup> *Ibid.*, 65.

<sup>360</sup> *Ibid.*, 66.

Chaith muid bricfeasta maith agus chuaigh muid chun an bhóthair arís. Bhí mo chuid cos féin chomh nimhneach agus nach raibh ann ach go raibh mé ábalta na bróga a fhuilstin orm. Is iomaí scíste a rinne muid ar an bhealach, agus is iomaí uair a dúirt Liam gur mhairg a d'fhág an baile ar chor ar bith. Dá laghad comhrá is a bhí againn an lá roimhe, bhí níos lú againn an lá seo. Níor ól muid mórán ach an oiread, nó ní raibh fairsingeach airgid ag ceachtar againn, agus ní raibh a fhios againn cé acu a bheadh obair le fáil againn i ndiaidh a ghabháil trasna nó nach mbeadh. Thug sin orainn gan a bheith caifeach ar an airgead.<sup>361</sup>

Ba mhinic nach mbíodh áit ar bith ag imirceoirí; Mac Gabhann agus a chara Conall san áireamh; le codladh a dhéanamh, agus iad ar thóir oibre in Albain.<sup>362</sup> Ach nuair a bhíodh obair acu, bhíodh gasúir óga ag pléascadh le bród agus airgead á chur chun an bhaile acu óna dtréimhse thar lear ar an gcoigríoch agus cheapaidís gurbh fhir dhéanta iad:

D'obair mé ansin i rith an tsamhraidh agus bhí ceithre phunta agus corradh scillingeacha saothraithe agam i dtús an fhómhair. Chuir mé na ceithre phunta go hÉirinn chuig mo mháthair, agus bhí bród orm. Bhí mé ag cur airgid chun an bhaile as Albain. Bhí mé ag éirí i mo stócach. B'fhéidir go mbeinn i mo stócach dhéanta nuair a rachainn chun an bhaile fá Shamhain.<sup>363</sup>

Pléitear taithí na himirce i gcás buachaillí óga agus i gcás na bhfear go mion sna saothair ata luaite sa chaibidil seo go háirithe agus is léir gur fhulaing cuid mhaith imirceoirí shéasúracha le linn a dtréimhsí thar lear. Cé gur bhain coinníollacha deacra leis an bhfostú agus cé go mbíodh fostóirí neamhthrócaireacha ag cuid de na fir óga, d'fhoghlaim siad scileanna nua oibre, shaothraigh siad airgead dá dteaghlaigh sa bhaile agus bhí an deis ag cuid acu filleadh ar an mbaile go buan, agus ag cuid eile filleadh go sealadach, le hairgead, bród agus taithí saoil.

---

<sup>361</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 46.

<sup>362</sup> *Ibid.*, 73.

<sup>363</sup> S. Ó Grianna, *Nuair a Bhí Mé Óg* (1942/1970), 184.

### 3.3 Taithí na mban ar an imirce shéasúrach in Albain

Bhí ár mbuaireamh féin orainne ag smaoineamh ar an obair a bhí romhainn idir sin agus an tSamhain. Mar sin féin bhí achan rud dá bhfacamar ina nuaíocht mhór ag an chuid againn nach raibh thall in Albain riamh roimhe. Bhí ar an tsoitheach seo scairteadh isteach go Grianóg agus White Inch, nó bhí eallach le cur amach ag an dá áit seo sula dtéimis a fhad le Glaschú. Chuir sin moill orainn, ach sa deireadh tháinig muid a fhad lenár gceann scríbe. Ag áit ar a dtugtar an Broomielaw. Nach minic a mhothaigh mé iomrá ar an áit seo ag an tseanmhuintir sa bhaile? Ach anois bhí sé feicthe agam féin. Comhairlíodh dúinn coinneáil le chéile anois, ó tharla daoine a bheith inár measc nár sheasaigh i nGlaschú go dtí seo ina saol. Thug achan duine againn leis a bhunail agus lean muid den treoraí a shocraigh an geafar dúinn. Bhí muid le plaic a fháil le hithe i dtús báire, agus ansin chaithfimis ár mbealach a dhéanamh a fhad leis an stáisiún le dul ar an traen go Girvan.<sup>364</sup>

Rinne an imirce ó Thuaisceart na tíre seo damáiste do dhaonra agus do shaol na nGaeltachtaí ó thús an naoú haois déag ar aghaidh. Thosaigh mná ag dul ar imirce shéasúrach ó na 1830idí amach. Imirce áitiúil a bhíodh ann ag an tús ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall go dtí an Lagán agus níos déanaí théidís níos faide go hAlbain:

Go gearr i ndiaidh “bliadhain a’ droch-shaoil,” thoisigh muintir Rann na Feirste a ghabháil go hAlbain, agus tá siad anonn is anall ó shin. Níl seandúine ar bith ar a’ bhaile nár chaith leath a shaoghail i nAlbain, ó tháinig ann dó, go dtí go raibh sé ró-aosta le lá cruaidh oibre a dhéanamh. D’imigh cuid aca as Rann na Feirste agus gan aon fhocal Béarla aca. Agus ní raibh siad mí thall go raibh siad ábalt obair ‘iarraidh agus margadh a dhéanamh le máighistir. Cuirfidh seo iongantas ar chuid mhór daoine. Acht ní ádhbhar ar bith iongantais é. Dá dtéigheadh fear aca go hAlbain, agus trí bliadhna a chaitheamh ann, mar chaitheas sgoiláirí sa tír seo ar an iolsgoil, ní bheadh mórán Bhéarla leis ‘teacht arais dó. Thiocfadh sé ‘un a’ bhaile ar a’ ghan-chuid dá gcaitheadh sé an t-am thall ag

---

<sup>364</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 67-68.

éisteacht le holláin nach raibh Béarla ar bith aige, acht é a' cainnt i nGaedhilg ar Ghrammar agus ar fhuameannaí an Bhéarla, agus amannaí ag innse fá'n áthrach a tháinig air ó bhí aimsir Chaucer go dtí an lá inniu ann. Acht chan a d'iarraidh céimeann, acht a d'iarraidh bidh, a chuaigh muintir na Gaedhealtachta go hAlbain. Agus ní raibh siad i bhfad thall gur fhoghlaim siad déanamh-gnoithe den Bhéarla.<sup>365</sup>

Níorbh iad na mná óga amháin a théadh chun an Lagáin ach théadh mná bí ba shine, fosta, nuair a bhíodh a gcuid páistí os cionn seacht mbliana d'aois, de réir thuairisc Mháire Rua Uí

Ghallachóir:

Bhí mo mháthair féin ar an Lagán. Cás eisceachtúil a bhí ann dár dteaghlach toisc go bhfuair m'athair bás nuair a bhí muid óg. Ach bhí an-chuid ban ar an Lagán ag an am sin. Ní thiocfadh leo dul ann go dtí go raibh na páistí os cionn seacht mbliana nó mar sin dá mbeadh a lán páistí agat. Bhíodh mná ann corruair agus chuireadh siad na páistí chun na scoile agus théidís ag obair iad féin. Bhí sé dian bheith i do mháthair agus bheith i d'oibrí fosta.<sup>366</sup>

Tacaíonn cur síos an taighdeora Anne O'Dowd, ina leabhar *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain*, le tuairiscí imirceoirí. D'imigh Róise Rua ar imirce go hAlbain i ndiaidh am a chaitheamh ag saothrú airgid ar fostú go háitiúil:

Éiríonn duine tuirseach de gach aon sórt oibre, ach ba é a dhálta sin agamsa leis an Lagán é. Mar sin de bhí mé sa dóigh nach gcuirfeadh rud ar bith Albain amach as mo cheann. Chaithfinn a ghabháil anonn lena fháil amach domh féin cad é an sort tíre a bhí inti.<sup>367</sup>

Thosaigh mná ó na ceantair Ghaeltachta, ó Ghaoth Dobhair, Cloich Chionnaola agus na Rosa, go háirithe, ag dul go hAlbain san fhichiú haois. Bhíodh mná fostaithe in earnálacha éagsúla in Albain. Bhíodh mná ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ag iarraidh fostaíocht mhaith a

---

<sup>365</sup> S. Ó Grianna, *Rann na Feirste* (g.d.), 201. Féach freisin ar an leathanach céanna (201) den leabhar céanna agus Ó Grianna ag cur síos ar mhuintir na nGaeltachtaí ag dul go hAlbain gan teanga an Bhéarla acu agus na deacrachtaí a bhíodh acu go luath san fhichiú haois dá bharr.

<sup>366</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014. D'fhanadh na mná don séasúr dá dtéidís ann.

<sup>367</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 61.

fháil in Albain ach ní raibh a lán roghanna acu. Ní bhfaigheadh bean ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall post mar bhanaltra toisc nár cuireadh an t-oidreachas céanna ná an oiliúint chéanna ar mhná Éireannacha ag an am sin. B’annamh a d’fhaigheadh bean ó na ceantair seo post sna hóstáin, postanna a bhí i bhfad níos fearr ná obair na páirce. Bhíodh sé mar dara rogha ag na mná seo obair a fháil i dteach feirmeora chun obair an tí a dhéanamh agus le haire a thabhairt do na páistí corruair. Bhí an imirce, go ginearálta, mar phróiseas coitianta agus bhí sí ann i gcónaí.<sup>368</sup> Ní hé nach raibh na mná ábalta obair chrua na bpáirceanna a dhéanamh agus d’fheictí mná i mbun prátaí a bhaint.

Obair chrua a bhí i gceist le baint seo na bprátaí agus ba sna páirceanna a thosaíodh na mná amach in Albain go minic. Théadh na mílte duine go hAlbain sna 1800idí agus sna 1900idí ag baint prátaí:

Mar atá ráite agam, thoisíodh obair na bpréataí in Ayreshire i dtús nó i lár mhí Mheithimh. Ní bhíodh na préataí úra leathapaithe fán am sin den bhliain, ach ba chuma sin. Bhí éileamh mór orthu agus luach ard orthu. Mar sin de bhí ar na scuaid a bheith in Albain thart fán deichiú lá de mhí Mheithimh, am an ‘green sale’, nó an ‘green hoke’, mar a bheirtí air go minic.<sup>369</sup>

Bhíodh ceannaire lae ann, duine láidir agus cumhachtach dá dtreorú, ‘an fore-one’, a bheirtí ar an duine seo agus bhíodh ar na bainteoirí eile coinneáil suas leis an obair a bhíodh ar siúl aige: ‘Oibrí maith a bhí ann nach n-éireodh tuirseach ó mhaidin go hoíche’:

Tá daoine ann atá níos dea-lámhaí ná a chéile agus ní bheadh na hÉireannaigh i bhfad ansin go bhfaigheadh an saoste nó an *grieve* amach seo. Dá mba rud é nach mbeadh mórán oibre le déanamh acu cuireadh sé iad ag déanamh seo agus siúd fríd an áit – ag gearradh sceiche, ag cur péinte ar bhóitheach, ag cur bail ar sconsa, ag déanamh súgán le cur ar na cruacha sna fhómhar, agus mar sin de. Ní fágadh an *grieve* i bhfad ina dtost iad.<sup>370</sup>

---

<sup>368</sup> C. Ó Searcaigh (eag.), *Ag Tnúth leis an tSolais* (2000), 34-35.

<sup>369</sup> *Ibid.*, 69.

<sup>370</sup> *Ibid.*, 105.

Thugtaí pingin sa bhreis san uair don fhear seo chun an slua a spreagadh le bheith ag obair go crua:

Ar fheirmeacha móra na hAlban níorbh é an feirmeoir é féin a bheireadh na horduithe; bhí daoine aige leis sin a dhéanamh dó. Bhí saoste, nó *foreman* ar gach feirm agus fear faoi a dtugadh siad an *grieve* air. Creidim go leagadh an feirmeoir amach an obair don bheirt fhear seo agus d'fhéachfadh siadsan chuige go ndéanfaí gach sórt i gceart. Bheireadh an saoste scéala don *ghrieve* agus labhradh an *grieve* leis na teabhdóirí agus na hoibríonna eile a bhí ann.<sup>371</sup>

Ní raibh na mná ina gceannairí lae riamh mar gheall ar mhíchothromaíocht a stad as ag am am. Bhí gradam agus ómós ag an gceannaire lae dar le Róise Rua:<sup>372</sup>

Bhíodh thart fá scór go leith oibrí i ngach scud, agus go minic bhíodh a oiread is ceithre scud ag obair i bpáirc amháin. B'aonad oibre ann féin achan scud acu, sa dóigh go mbíodh siad neamhspleách ar a chéile agus chastaí ar a chéile iad ar an tSatharn nó ar an Domhnach. Ba mhíoch gur ag gabháil chun an Aifrinn a chasfaí ar a chéile iad, nó amanna ag damhsa sa bhotaí nó ag gabháil chun an bhaile mhóir Dé Sathairn. Fuair siad uilig aithne ar a chéile agus, i gcás chuid mhór acu, níor chríochnaigh an cumann nó an caradas a bhí eatarthu go dtí lá a mbáis.<sup>373</sup>

Nuair a bheadh roinnt airgid faighte ag na mná ag baint na bprátaí, bheidís ag iarraidh post ní ba shócúlaí a fháil i dteach ósta nó i dteach feirmeora. D'oibrigh cuid mhaith ban ó Árainn Mhór sna páirceanna go fadtéarmach, áfach, ag baint prátaí in Albain, cosúil leis na fir:

Tá an obair cruaidh go leor ag na prátaí go fóill, ach ba mheasa seacht n-uaire í sna bliana a mbínnse thall. Tá solas leictreach anois ann, ach ní raibh sin againne maith nó olc. Ní bhíodh againn agus muid ag éirí ar maidin agus ag gabháil a luí san oíche ach solas coinnle an chuid is mó den am. Tá tarracóirí, loraithe, bainteoirí meicniúla agus achan sórt níos fearr ná a chéile acu ar achan feirm anois, ach ní bhíodh sin acu inár n-aminne ar chor ar bith. Ní an chuid is mó den bhaint le graeipí agus chaithfí na prátaí a thoghadh nó a chruinniú le do lámha agus iad a chur isteach i mباسcaeidí. Thoghadh na gasúraí agus na girseacha na prátaí. Bhí trí ghrád de phréataí ann: prátaí itheacháin (*ware*), prátaí póir (*seed*) agus an broc (*broke*).<sup>374</sup>

---

<sup>371</sup> *Ibid.*, 102.

<sup>372</sup> *Ibid.*, 70.

<sup>373</sup> *Ibid.*, 69

<sup>374</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 70.

Cé go mbíodh mná ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall cleachtaithe le prátaí a bhaint ó bheith ag obair ar an Lagán, b'fhearr leo gan leanúint leis an saghas seo oibre mar nach mbíodh an pá go maith agus obair chrua dheacair a bhíodh i gceist:<sup>375</sup>

Déarfainn go mbíodh orainn leathchéad uair a oibriú gach seachtain, agus ní raibh ag an mhuintir a bhí ag baint agus ag toghadh na bpréataí an uair sin ach trí pingine san uair. San am sular thosaigh an dara cogadh mór bhí sé pingine san uair ag na bainteoirí agus ag na toiteoirí agus £1-10s sa tseachtain ag na fir a bhí ag folmhú na mbascaeidí agus ag lódáil na mbairillí ar na cairteacha agus ar na loraithe. Ní raibh de pháighe againne ach a leath sin. O tharla go mbíodh ar an gheafar na préataí a chur ar an traen go luath bhíodh ar na scuid a bheith i mbun oibre go moch sa lá... Ní bhíodh aon obair le déanamh againn Dé Domhnaigh, agus stadadh an obair Dé Sathairn ag meán lae.<sup>376</sup>

Thosaigh mná ó Oileán Árann Mhóir ag dul go hAlbain sna 1900idí, don chuid is mó.<sup>377</sup> Taithí dhian, dhúshlanach, ach taithí dhearfach ar bhealach a bhí ag an Oileánach, Róise Rua agus í ar imirce ar an Lagán agus in Albain, amhail Ní Ghallachóir: 'Bhídís ag fanacht ar an deichiú lá de mhí Mheitheamh, am an green sale nó an green hoke'<sup>378</sup>, nuair a thiocfadh deireadh an tséasúir.

Bhíodh lóistín agus bia saor in aisce do na mná amháin agus iad ag baint prátaí ar na feirmeacha. Bhíodh botháin bheaga ag na hoibrithe seo, taobh le teach an fhostóra nó sa teach céanna leis an gclann. Ba iad na mná a ghlanadh an teach lóistín agus a bhíodh i mbun cócaireachta freisin. Thuillidís £9 an duine mar luach saothair dá gcuid oibre ó mhí na Bealtaine go mí na Samhna, más séasúr gnóthach a bhíodh ann. Ba mhór an t-airgead é sin nuair a bhíodh triúr nó ceathrar ó chlann amháin ar imirce ag aon am amháin. Ní raibh an lóistín go dona do mhná i mblianta tosaigh an fichiú haois i gcomparáid leis na fir. Thug

---

<sup>375</sup> P. O'Donnell, 'Achill, Arranmore and Kirkintilloch', *Ireland Today*, Vol. 2, no. 10. October (1937), 45-46.

<sup>376</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 72.

<sup>377</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>378</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 69-70.

Oifigeach Rialtas Shasana Joe Duncan rialacha nua isteach a chabhraigh leis na himirceoirí agus a chuir brú ar na fostóirí. Thóg Duncan ar an méid a rinne an Dochtúir Graham chun cúrsaí lóistín na n-imirceoirí a fheabhsú. Faoin dlí nua seo, dúradh go raibh rátaí pá áirithe le cur i bhfeidhm do na hoibrithe, go mbeadh lóistín ceart - go háirithe do na mná - agus go mbeadh na fir scartha ó na mná, mar a bhíodh ag an am sin ar an gcuid is mó d'fheirmeacha na hAlban.<sup>379</sup>

De réir thaighde O'Dowd, bhíodh trí chineál lóistín ar na feirmeacha do na himirceoirí. Bhíodh córas cistine ann agus d'fhanadh na hoibrithe baineanna sa teach le muintir an tí agus d'íosaidís leo ansin fosta.<sup>380</sup> An dara cineál ná go mbíodh cúpla bothán taobh le teach an fheirmeora agus bhíodh na mná ag fanacht iontu. Bhain an tríú cineál leis na fir amháin, ach corrúair bhíodh mná nó cailíní ina gcodladh ann fosta toisc nach mbíodh spás ann dóibh áit ar bith eile, ach bhídís scartha ó na fir. Sa chás go raibh feirm mhór i gceist, bhí sé de nós ag feirmeoirí na mná a chur amach chuig na sciobóil seo fosta, sciobóil ar a dtugtaí 'female bothies'.<sup>381</sup> Bhí na sciobóil seo díreach cosúil le sciobóil na bhfear agus ní raibh teas, leapacha, leithreas nó solas iontu. D'fhanadh na mná ó Oileán Árann Mhóir sna sciobóil sin go minic toisc go mbeidís ag obair ar na feirmeacha amháin.

Bhíodh postanna eile ar fáil do mhná in Albain. Bhí Ní Ghallachóir, mar shampla, ag obair ar na busanna i nGlaschú ar feadh tríocha bliain:

Fuair mé post ar na busanna agus bhí am ar dóigh agam orthu. Obair na bhfear a bhí ann, iad ag tiomáint na mbusanna agus bhí mise mar *conductor*.<sup>382</sup>

---

<sup>379</sup> *Ibid.*, 47.

<sup>380</sup> A. O'Dowd, *Spalpeens and Tattie Hokers: History and Migratory Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain* (1991), 176-177.

<sup>381</sup> *Ibid.*, 178.

<sup>382</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.



Mar a dúradh cheana, bhíodh go leor de na mná ag obair mar chailíní aimsire i dtithe na bhfeirmeoirí cosúil le deirfiúr Róise Rua:

Bhí Seán Mac an Bhaird, an geafar, iontach maith domh féin agus do mo dheirfiúr Máire, agus thug se obair mar bhean an tí do Mháire le déanamh. Ní bhíodh ar an té a raibh na cúraimí seo uirthi ach a bheith ag obair ceart istigh sa bhotaí. Chaithfeadh sí éirí go luath agus an tine a chur síos, sa dóigh go mbeadh ar chumas na ndaoine eile sa scuad a mbricfeasta a dhéanamh réidh in am don obair. Líonadh sí na citil le huisce agus chuireadh sí ar an tine iad, níodh sí réidh bricfeasta don gheafar agus théadh an scuad uilig amach chun na páirce chomh luath is a bhíodh a gcuid déanta acu. D'fhanadh Máire istigh léithi féin ansin agus níodh sí obair an tí. Chóiríodh sí na leapacha, réitíodh sí an teach, scuabadh sú an t-urlár, chuireadh sí uisce sna citil athuir agus bhíodh siad ag gail aici ag teacht isteach don scuad fá choinne tae a dhéanamh ar a naoi a chlog. Bheadh tuilleadh oibre den tsórt sin le déanamh aici idir sin agus tráthnóna. D'ullmhaíodh sí cuid an gheafair i gcónaí, níodh sí a chuid éadaigh agus, fiú amháin, ghlanadh sí na bróga dó agus chuirfeadh sí snasán iontu fá choinne an Domhnaigh, agus dá dtarlódh go mbeadh sé ag gabháil chun an bhaile mhóir tráthnóna.<sup>383</sup>

Lasmuigh de bhaint na bprátaí, bhí obair dhifriúil ar siúl ag na mná, go ginearálta, leis na fir, bhí lóistín difriúil acu agus eispéireas d'fíúil saoil fosta. Bhí post ag Ní Ghallachóir ar na feirmeacha in Stirling, Cumbernauld agus Falkland nuair a chuaigh sí go hAlbain ar dtús i mí an Mheithimh 1944 ach níor fhan sí i bhfad ag an obair dhian sin agus fuair sí post in óstán:

Fuair mé post san óstán agus bhí mé ann ar feadh bliana. Tháinig an naoú mí agus bhí mé fós san óstán céanna. Labhair bean an tí liom agus í ag iarraidh ardú poist a thabhairt dom. Faoin am seo, bhí sé soiléir domsa ar aon nós nach mbeinn ábalta glacadh leis an bpost. Bhí mé ag dréim le leanbh agus bhí mé mór, tuirseach agus bhí mo chorp pianmhar. Nuair a d'inis mé an scéal do bhean an tí, bhí brón uirthi nár inis mé di cheana é. Fuair sí banaltra agus cúnamh dom agus sin an cineáltas nach bhfaca mé ó shin i leith.<sup>384</sup>

Bhíodh sé níos éasca do na fir obair a fháil ar fheirmeacha timpeall na hAlban toisc go mbídís ag obair i ngnóthaí éagsúla mar oibrithe poiblí agus bhíodh cuid acu ag obair ar fheirmeacha sa bhaile fosta. Bhíodh na mná ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ag iarraidh obair a fháil sna hóstáin agus i dtithe daoine saibhre seachas i dtithe na bhfeirmeoirí mar chailíní

<sup>383</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 72.

<sup>384</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

aimsire nó i mbun obair feirmeoireachta go fadtéarmach. Tacaíonn cur síos O'Dowd lenár dtuiscint ar shaol Mháire Rua Uí Ghallachóir agus Róise Rua Mhic Grianna agus iachall orthu dul ar imirce shéasúrach go ceantair an Lagáin ar dtús agus go hAlbain ar feadh tréimhsí fada ina dhiaidh sin. Cuireadh Máire Rua Ní Ghallachóir faoi agallamh sa bhliain 2014 le fáil amach faoina saol agus í in Albain ina haonar ón mbliain 1944 go dtí 1974. Cuireann sí síos ar na deacrachtaí saoil do chailíní óga, na cineálacha poist a bhíodh ann do mhná agus an tabú a bhíodh i gceist i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall dá bhfillfeadh bean shingil ar an mbaile agus í torrach. Cuireann sí síos ar na cinntí éagsúla a rinne sí féin, gan tacaíocht ar bith óna muintir. Chomh maith leis seo, pléann sí téamaí áirithe, mí-úsáid ban agus éigniú ban ina measc:

Ba mhínic gur baineadh leas as cailíní óga agus thiocaimís abhaile torrach nó le leanbh nua-bheirthe. Sin a tharla domsa agus mé in Albain. Bhí ar na cailíní cosúil le mo dheirfiúr Nappy obair go dian, dícheallach as baile le coinníollacha oibre deacra agus dúshlánacha, gan morán bia nó buntáistí seachas an £10 a fuair muid agus muid ag teacht abhaile i ndiaidh na hoibre crua leath-bhlíana.<sup>385</sup>

Bhíodh feirmeoirí garbh leis na cailíní, mar a bhídís leis na buachaillí, agus ba mhínic go dtugaidís mí-úsáid dóibh. Chuirtear cailíní torracha singile chuig na mná rialta agus bhíodh orthu na páistí a chur ar altramas. Níor caitheadh go maith le cailíní óga sna hionaid oibre dar leis an agalláí céanna:

Bhí mé leis na mná rialta in *home* ar feadh dhá mhí. Bhí ort fanacht leo go dtí go raibh an leanbh sé sheachtain. Nuair a bhí Mary Teresa agam, bhí sí galanta. Ní fhaca mé báibín níos áille ná í. Ní raibh fear agam, ní raibh mé pósta, ní raibh mórán airgid agam agus bhí na mná rialta ag impí orm mo leanbh a chur ar altramas... Tháinig cúpla chun Mary Teresa a bhailiú agus phléasc me amach ag caoineadh. Ní raibh mé ábalta í a thabhairt dóibh. Cúpla álainn a bhí iontu fosta agus bhí carr mór acu taobh amuigh. Fuair siad leanbh eile, Christopher. Bhí Christopher ag cailín eile sa *home*. Bhí sí go *sad*

---

<sup>385</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

dá fhágáil. Ní raibh mé ábalta sin a dhéanamh agus dúirt mé leo, “tá mé chun mo leanbh a choinneáil”. Agus choimeád mé í.<sup>386</sup>

Cé go raibh feirmeoirí an naoú haois déag agus fostóirí an fichiú haois dian ar na buachaillí, bhí mí-úsáid dhifriúil i gceist, mar sin, leis na cailíní. Tharla na hionsaithe sin ar fheirmeacha don chuid is mó toisc go mbíodh bean i gceannas sna hóstáin agus sna tithe lóistín. Scéal eisceachtúil atá ann i gcás Ní Ghallachóir, sa chaoi gur choinnigh sí an leanbh, ach cuireann a scéal síos ar chuid de dheacrachtaí an tsaoil do mhná a bhí ag obair thar lear. Ní ghlactaí le bean shingil a mbíodh páiste aici agus ba mhinic a d’fhanadh na mná thar lear lena gcuid páistí nó go bpósfadís fear. An t-aon rogha eile a bhí acu ná a gcuid páistí a chur ar altramas. Ní raibh Ní Ghallachóir ag iarraidh a hiníon a choimeád in institiúid agus an rud ba phraiticiúla a dhéanamh ag an am, ná an leanbh a fhágáil ar feadh cúpla mí as a chéile in institiúid i nDoire, fad is a bhíodh Ní Ghallachóir i mbun airgid a shaothrú in Albain:

Bhí mo mháthair sa bhaile ina haonar toisc go raibh muidne uilig ar shiúl ar obair agus bhí m’athair marbh ar feadh na mblianta. Bhuel d’inis mé do mo mháthair go raibh leanbh beag álainn i nDoire ar altramas agus go mbeadh sé go maith di í a thabhairt abhaile léi ionas go mbeadh *company* aici... Lá amháin nuair a thainig mo dheartháir Dawson abhaile, thiomáin sé muid go Doire chun Mary Teresa a fháil... Bhí a fhios ag Dawson gur liomsa í ach ní dúirt sé le mo mháthair é riamh... Bhí a fhios ag mo mháthair fosta, ach lig sí uirthi nach raibh a fhios aici.<sup>387</sup>

In ainneoin na ndrochscéalta, bhí feirmeoirí agus fostóirí maithe in Albain fosta. Cuireann Róise Rua Mhic Grianna síos, ó pheirspictíocht bhaineann de, ar an bhfaoiseamh a fuair sí agus í ar an eolas go raibh fostóirí maithe ag a fear céile thall in Albain. Is léir gur chabhraigh sin léi agus ise sa bhaile scartha óna fear ar feadh sé mhí, fad agus a bhí sé ag obair:

A fhad is a bhí Séamus [fear céile Róise Rua] ag obair ag Robert Love bheireadh sé ruaig isteach go Dún Éidean gach uile Shatharn. Bheireadh sé cuairt ar dhaoine ón bhaile a

---

<sup>386</sup> *Ibid.*

<sup>387</sup> *Ibid.*

raibh cónaí orthu ansin agus théadh sé thart fríd na siopaí ar an bhaile mhór níos moille sa tráthnóna. D'óladh sé cupla pionta dó féin ansin roimh imeacht amach dó go dtí an bhotaí níos moille sa lá. Níor ghnách leis a bheith leis féin in am ar bith, nó bhíodh duine inteacht ón bhotaí leis i gcónaí.<sup>388</sup>

Cuireann Mhic Grianna síos ar thréimhse ama níos luaithe agus ar dhea-chuimhní na himirce

ina cás féin in Albain:

Ach ó thaobh obair na hAlban de an uair sin, ní bheadh sé ceart a shílstin go raibh an spéir dubh dorcha i gcónaí os ár gcionn. Bhí sólás an chreidimh riamh againn, agus ba mhór an cuidiú dúinn sin i rith ár saoil. Rud eile a chuidigh linn go léir, go raibh muid óg agus go raibh muid ábalta ag an tsaol mar a bhí sé. Ba chomharsana muid go léir a bhí in aon scuid, agus bhí sin ina chuidiú againn, fosta...<sup>389</sup>

Cheoltaí amhráin go minic, fosta, sa bhotaí san oíche agus ag na damhsaí chomh maith. Chuidigh na damhsaí seo ár gcroí a thógáil agus cian a thógáil dinn agus muid i measc na gcoimhthíoch.<sup>390</sup>

Tagraíonn Mhic Grianna don chairdeas, don chineáltas, don Ghaeilge agus don cheol:

‘Gaeilge an teanga a labhraímis le chéile thall.’ B’amhránaí í Mhic Grianna agus bhí tionchar

na himirce le brath uirthi féin agus ar a cuid amhrán. Luann Merrian gur thaitin an ceol leis

na himirceoirí ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall toisc gur mhothaigh siad uathu an

baile, go háirithe, nuair a chloisidís na focail Ghaeilge sna hamhráin.<sup>391</sup> Bhíodh dlúthcheangal

idir na hamhráin a bhíodh á gcanadh ag na mná agus scéalta na n-imirceoirí Éireannacha in

Albain toisc go n-insítí scéal na himirce trí na hamhráin:

Ó thaobh an Bhéarla de, ní chanaimis sa bhaile ach Gaeilge, ach go mbíodh Béarla againn gach lá ar scoil. Mar sin de d’fhoghlaim mé a bheagán nó a mhórán Béarla agus mé ag fás aníos sa bhaile fadó agus ba mhaith an cuidiú an Béarla seo agam nuair ab éigean domh a ghabháil go Condae Thír Eoghain níos moille i m’óige. Bhí an Béarla go measartha maith agam nuair a thug mé m’aghaidh ar Albain ina dhiaidh sin. Ba mhaith

---

<sup>388</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 107.

<sup>389</sup> *Ibid.*, 75-76.

<sup>390</sup> *Ibid.*, 76.

<sup>391</sup> A. Merrian, *The Anthropology of Music* (1964), 77-78.

agam é, nó níl a fhios cad é a dhéanfainn gan é agus mé ag imeacht i measc na gcoimhthíoch fadó.<sup>392</sup>

Luann na mná seo an obair dhian agus na coinníollacha deacra saoil a bhí ann in Albain ach ní labhraíonn siad mar gheall ar an gcumha a bhí orthu a mbailte dúchais a fhágáil, seachas Róise Rua Mhic Grianna nuair a chuireann an fharraige a baile i gcuimhne di:

Mar a deirim, chuirte tú ar obair na bliana in Ayreshire agus, aon uair amháin a bhíodh na préataí ansin bainte, théite go háit inteacht eile. Is iomaí áit in Albain a rabhamar: Lanarkshire, Renfrewshire, na Lothians, Fifeshire agus Perthshire. Ar dhóigh inteacht sílim gur thaitin Ayreshire liom níos fearr ná aon áit eile. Bhí muid ag obair in aice na farraige ansin agus thug sé an baile i gcuimhne dúinn. Théimis síos chun an chladaigh Dé Domhnaigh, nó tráthnóna i ndiaidh ár gcuid oibre, agus bhainimis duileasc, bairnigh agus faochóga, mar a nímis fadó sa bhaile.<sup>393</sup>

Bhí an t-ádh le Mhic Grianna go bhfuair sí roinnt oideachais sular fhág sí an baile don Lagán agus í naoi mbliana d'aois.<sup>394</sup> D'imíodh Mhic Grianna agus cailíní eile cosúil léi ar imirce go dtí an Lagán nuair a bhídís ag dul ar imirce don chéad uair. Bhí meon na himirce fite fuaite go dlúth i saol mhuintir na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall, mar is léir ó litríocht an réigiúin áirithe sin:

Ní hiontas ar bith, i bhfianaise na rataí arda eisimirce ó na réigiúin Ghaeltachta, go bpléitear firicí agus éifeachtaí go rialta i ndírbeathaisnéisí agus i bhficsean réalaioch na Gaeltachta. Uaireanta is mar eolas cúlra a tharraingítear na himirce isteach sa phlé; uaireanta eile, is í an imirce a sholáthraíonn an comhthéacs do scéal beatha nó do phlota ficseanúil ar leith. I saothair áirithe is í tairthí saoil imirceoirí agus eisimirceoirí mórabhar lárnach na hinsinte.<sup>395</sup>

---

<sup>392</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 108.

<sup>393</sup> *Ibid.*, 73.

<sup>394</sup> A. Gallagher & B. Gallagher, *Arranmore Links* (1986), 22.

<sup>395</sup> M. Nic Eoin, *Trén bhFearann Breac: Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge* (2005), 151.

## Tátal

Tuairisciú seachas critic is ea a fhaightear i bhformhór na saothar Gaeilge le Séamus Ó Grianna, Micí Mac Gabhann, Fionn Mac Cumhaill, Niall Mac Giolla Bhríde agus Róise Rua Mhic Grianna, a phléann Máirín Nic Eoin agus 'is í taithí saoil imirceoirí agus eisimirceoirí mórábhar lárnach na hinsinte', dar léi féin.<sup>396</sup> Faoi mar a luadh agus a léiríodh sa chaibidil seo, is cinnte gur chabhraigh obair na hAlban le heisimirceoirí na riachtanais airgid sa bhaile a chomhlíonadh ar feadh tréimhse áirithe, ar aon nós, agus na himirceoirí ag iarraidh filleadh ar an mbaile le socrú síos am éigin níos déanaí ina saol. Mar a luann Nic Eoin, cuntais phearsanta atá sna saothair Ghaeilge don chuid is mó agus cuireann agallaimh thaifeadta na n-imirceoirí Conallacha, Máire Rua Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill leis na cuntais scríofa sin a thráchtann ar ghnéithe de shaoltaithí an imirceora féin agus é nó í i ngleic le dúshláin an tsaoil ar an gcoigríoch.

---

<sup>396</sup> *Ibid.*

## Caibidil 4: An Filleadh

### 4.1 Ag filleadh ar an mbaile

Mar sin de, ní hé amháin go gcuirimis airgead chun an bhaile chuig ár muintir fadó agus muid thall ag na préataí, ach bhíodh bronntanais linn chomh maith ag teacht chun an bhaile dúinn fá Shamhain. Lena chois sin bhí bealach againn le muid féin a chóiriú go maith le linn dúinn a bheith thall. Tífeá ball éadaigh a d'fhóirfeadh duit sna siopaí sa bhaile mhór Dé Sathairn, agus thiofadh leat tuilleadh éadaigh, nó b'fhéidir péire bróg, a cheannacht duit i nDún Éideann, i nGlaschú nó i nDoire agus tú ar do bhealach chun an bhaile. Ag pilleadh dúinn fá Shamhain bhíodh an bosca a bhí linn lán le seanéadach oibre, soithí cócaireachta agus mar sin de, agus le bronntanais agus féiríní chomh maith.<sup>397</sup>

Agus ba é, fosta, nach dtigeadh chun an bhaile folamh. Bhíodh bronntanas de shórt inteacht leis i gcónaí ag teacht dó. Amanna cheannaíodh sé na bronntanais i nDún Éideann, ach uaireanta eile gheibheadh sé iad i nGlaschú nó i nDoire agus é ar a chosán chun an bhaile...<sup>398</sup>

Bhí tionchar mór ag imirceoirí Dhún na nGall ar shaol oibre agus ar chúrsaí eacnamaíochta na hAlban agus ar an gcuma chéanna, bhí tionchar mór ag an imirce go hAlbain ar shaolta na n-aisimirceoirí agus iad ag filleadh ar a mbailte dúchais sna ceantair Ghaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Thaitníodh sé go mór leo aghaidh a thabhairt ar an mbaile, áit a gcuirtí fáilte mhór rompu:

Bhíodh lúchair orainn anois go raibh muid réidh le dul chun an bhaile sa deireadh i ndiaidh séasúr fada oibre a chur isteach fríd a ghoirt phréataí in Albain. Ní nach ionadh,

---

<sup>397</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 77-78.

<sup>398</sup> *Ibid.*, 110.

bhíodh lúchair orainn as muid a bheith sa bhaile arís, áit a raibh fearadh na fáilte ag óg agus ag aosta fánár gcoinne.<sup>399</sup>

Mar a pléadh sa chaibidil dheireanach, théadh go leor imirceoirí ó Dhún na nGall go ceantair tuaithe in Albain toisc go mbídís cleachtaithe le hobair feirme sa bhaile agus ar an Lagán, ach théadh daoine eile ag obair sna cathracha agus d'fhaighidís obair in Dumbarton, in Greenock, i nDún Éideann agus i nGlaschú.<sup>400</sup> Léiríonn staitisticí na bliana 1871<sup>401</sup> go dtéadh na himirceoirí Éireannacha go dtí na ceantair seo thuas agus tacaíonn cuntas Mháire Rua Uí Ghallachóir leis an méid seo agus í ar imirce in Albain sna 1950idí:

Bhuel nuair a chuaigh mé go hAlbain ar dtús, lean mé mo dheartháir Dawson a bhí ann romham agus chuaigh mé ó *Larne* go feirm i nDún Éideann. Bhí Dawson i nGlaschú fosta agus mhol sé dom dul ann i ndiaidh mo chéad thréimhse. D'éist mé leis *and* leis na himirceoirí eile ann agus chuaigh mé go Glaschú agus Dumbarton. Bhí daoine eile as Éirinn in Greenock ach bhí mé sásta gan taisteal ann.<sup>402</sup>

Faoin mbliain 1841, b'Éireannaigh iad 4.8% de dhaonra na hAlban agus d'ardaigh an uimhir sin faoin mbliain 1851 le 7.2% de dhaonra na hAlban de bhunú na hÉireann. D'ardaigh na figiúirí bliain i ndiaidh bliana, go háirithe sa tréimhse i ndiaidh an Ghorta Mhóir, ábhar a pléadh sa chéad chaibidil, agus lean an t-ardú seo go dtí na 1920idí. Bhí suas le 210,000 duine as Éirinn (6.7% de dhaonra na hAlban) ag obair in Albain ag deireadh an naoú haois déag.<sup>403</sup> Thit an figiúr seo go tobann go 190,000 (4.8% de dhaonra na hAlban) sna 1930idí. D'fhan muintir Dhún na nGall in Albain níos faide ná daoine eile arbh as contaetha difriúla in Éirinn dóibh toisc go raibh seanchleachtadh ag muintir Dhún na nGall ar dhul go hAlbain i bhfad roimh thús an fichiú haois. Thosaigh imirceoirí Éireannacha ag fágáil na háite thall

---

<sup>399</sup> *Ibid.*, 78.

<sup>400</sup> <http://www.irish-genealogy-toolkit.com/Irish-immigration-to-Scotland.html>. Ceadaíodh 5/9/2016.

<sup>401</sup> *Ibid.*

<sup>402</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>403</sup> [http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards\\_ER\\_CA.jsp](http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards_ER_CA.jsp). Ceadaíodh 20 Meán Fómhair 2014.



toisc go raibh dainséar áirithe ag baint le cúrsaí lóistín agus leis an saol oibre, go háirithe ó thús an fichiú haois go dtí lár na 1940idí. Chomh maith leis na tinte a tharla coitianta, bhíodh baol na ngalar tógalach i gceist i saol na n-imirceoirí fosta. Cuireadh coinníollacha diana i dtaca le lóistín agus cúrsaí oibre i bhfeidhm in Albain ina dhiaidh sin le tacaíocht a thabhairt do na hoibrithe. Faoi na 1940idí i nDún na nGall, bhí titim ar líon na ndaoine a bhíodh ag obair ar an Lagán agus bhí níos mó daoine ag dul go hAlbain. Bhí páistí chomh hóg le ceithre bliana déag d'aois ag dul ar imirce shéasúrach i ndiaidh na 1940idí. Faoi dheireadh na 1950idí, cailleadh an-chuid postanna in Albain de bharr ganntanas airgid i ndiaidh an chogaidh agus d'fhill an-chuid Conallach ar Éirinn. Le linn an ama sin, bhí rialtas na Breataine ag cur teorann le líon an ndaoine ag cuardú oibre in Albain arbh é an chéad uair dóibh dul anonn.

Tháinig borradh ar líon na mban a d'fhill ar Éirinn i ndiaidh an chogaidh dá bharr. D'fhill níos mó ná 65% d'imirceoirí ban in Albain ar Éirinn sna 1950idí agus sna 1960idí. Ba mhná iad 59.6% d'imirceoirí na bliana 1943 agus d'fhill an-chuid acu ar Dhún na nGall sna blianta i ndiaidh an chogaidh.<sup>404</sup> D'fhan níos mó fear in Albain i gcomparáid le mná go ginearálta sna 1950idí agus bhí níos mó fear ag dul go hAlbain sna 1960idí ná mná. Faoin am seo, bhí formhór na mban a d'imigh ar imirce roimh agus le linn an chogaidh idir sé bliana déag d'aois agus naoi mbliana déag d'aois. Bhí siad ag iarraidh filleadh ar an mbaile le clann a thógáil sa bhaile, tar éis dóibh tamall de bhlianta a chaitheamh ag obair in Albain. Ar an mórgóir, ba iad na cailíní ó theaghlaigh bhochta a théadh ar imirce le héalú ó chruatan an bhaile agus le go mbeadh deiseanna pósta níos fearr acu sa todhchaí. Ní hiad na mná amháin a bhí ag iarraidh filleadh ar an mbaile agus clann a thógáil, áfach, agus taispeánann

---

<sup>404</sup> [http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards\\_ER\\_CA.jsp](http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards_ER_CA.jsp). Ceadaíodh 20 Meán Fómhair 2014.

cuntas Eoghain Uí Dhónaill go raibh na spriocanna céanna saoil ag Hiúdaí Sheáinín dó féin sa bhaile:

Bhí mé féin ar shiúl go hAlbain ar bhéal maidine. Fuair mé obair luath go leor i ndiaidh a ghabháil trasna. Níorbh ionann an t-amharc a bhí agam ar an tsaol na blianta roimhe sin agus a bhí agam an bhliain sin. Bhí a fhios agam go gcaithfinn a theacht fríd an tsaol agus go raibh bean le tógáil agam. B'éigean domh stad den drabhlás agus mo chuid airgid a shábháil. D'obair mé liom go cruaidh an séasúr sin agus nuair a bhí an séasúr istigh bhí naoi nó a deich de phuntaí agam. Bhain mé Éirinn amach arís. D'fhanóchainn thall séasúr eile, ach bhí an obair iontach cruaidh agus ba mhaith liom tamall scíste a fháil. Ní raibh mé i bhfad uilig sa bhaile gur thoisigh mé a dhéanamh tí. Ní chuirfinn áit ar bith roimh na seanfhóide le cró tí a dhéanamh air. Tá sin nádúrtha go leor, mar an áit a n-ólann an t-uan an bainne sin an áit ar mhaith leis tarraingt air.<sup>405</sup>

Cuireann Máire Rua Ní Ghallachóir síos ar stádás na mban san fhichiú haois agus an pósadh mar sprioc saoil acu:

Dá mbeadh airgead ag teaghlaigh bhuel bhí siad *luckyáilte*. Ní raibh airgead againne, bhí muid beo bocht agus ceathrar páistí ag mo mháthair. Nuair a fuair m'athair bás is cuimhin liom daoine ag cúlchaint faoi airgead, faoi na páistí...<sup>406</sup>

Ní raibh sé éasca agus d'oibrigh mé ó bhí mise óg. Bhí Dawson [deartháir Mháire Rua] ag obair ó bhí sé seacht mbliana d'aois. Bhí orainn uilig obair chun saol níos fearr a dhéanamh dúinn féin, sa bhaile agus in Albain. Bhí gach cailín ag iarraidh fear a phósadh, clann a thógáil agus gan a bheith buartha faoi na rudaí a d'fhulaing muid.<sup>407</sup>

Ag trácht di ar thréimhse ama níos luaithe, cuireann Róise Rua Mhic Grianna síos ar an tábhacht a bhain leis an airgead a thagadh ó Albain le linn dá fear a bheith ag obair thall:

Ní raibh páighe rómhór ag an mhuintir a bhí ag obair ag feirmeoirí na hAlban fadó. Ní raibh acu ach thart fá £2 sa tseachtain anuas go dtí am an chogaidh dheireanaigh. Roimh aimsir an chogaidh, bhí eadar £8 agus £10 le fáil ag na fir a bhí ag obair mar náibhithe ar na hoibreacha poiblí, ach níor fhreastail Séamas ar an chineál sin oibre riamh ina shaol. Chuireadh sé airgead chugam fríd an phost achan choicís, agus rinne mé mo dhícheall a oiread airgid a chur i dtaisce achan bhliain is a thiocthadh liom. Bhí leabhar taisce in oifig an phoist agam agus chuirinn punta nó dhó airgid i dtaisce de réir mar a bhí caoi agam lena dhéanamh. Amanna, bhíodh orm éadach leapa nó ball éadaigh domh féin a cheannacht, nó b'fhéidir, rud inteacht don teach, agus d'fhágadh sin mé

<sup>405</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 154.

<sup>406</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>407</sup> *Ibid.*

gan aon phingin a chur isteach sa leabhar taisce go ceann míosa, b'fhéidir. B'annamh uair a cheannaíodh Séamas culaith éadaigh nó sort ar bith eile éadaigh sa tír seo, ní bhíodh neart éadaigh leis as Albain ag teacht dó fá Nollaig. Ní raibh sé caifeach ar éadach uair ar bith ina shaol. Sílim anois go mbaineadh sé a cúig nó a sé de bhliana as culaith Dhomhnaigh, nó níor ghnách leis í a chaitheamh ach aon lá amháin sa tseachtain.<sup>408</sup>

Bhí sé níos furasta ó na 1940idí ar aghaidh an baile a fhágáil agus filleadh ar cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ó Albain. Roimhe sin, bhíodh turas fadálach crua ag na himirceoirí anonn agus anall. Bhunaigh fir áitiúla gnó speisialta taistil sna 1950idí leis na himirceoirí seo a thabhairt ó na ceantair Ghaeltachta go Béal Feirste nó go Doire agus níos tábhachtaí go mbeidís ann leis na haimirceoirí a thabhairt ar ais abhaile nuair a d'fhill siad ar Éirinn.<sup>409</sup> Ní raibh sé feiliúnach go mbeadh lánúineacha óga, a casadh ar a chéile in Albain ag iarraidh filleadh ar an mbaile le chéile agus fanacht sa bhaile le chéile, corruair. Mar sin, d'fhillidís ag deireadh an tséasúir, duine acu roimh an duine eile. Agus i ndiaidh dóibh pósadh ansin, d'fhanadh an bhean sa bhaile ag tabhairt aire don teach, ag tógáil na bpáistí, agus rl., agus leanadh an fear air i mbun obair shéasúrach in Albain. Chruthaigh seo trioblóidí do na mná sa bhaile, go háirithe do na mná le clann acu agus iad ina n-aonar i mbun chúraimí an bhaile:

Théadh Séamas go hAlbain fá lár na Bealtaine agus bhíodh sé ar shiúl uaidh sin go dtí an Nollaig. Cuid de na daoine a bhíodh leis, d'fhanadh siad thall go Lá Fhéile Pádraig ina dhiaidh sin, ach b'fhéarr leisean a theacht chun an bhaile roimh an Nollaig. Bhí mise liom féin anseo sa bhaile, agus níor mhaith liom a bheith liom féin aon lá níos faide ná an Nollaig gach bliain. Bhímis le chéile mar sin leath den bhliain agus scartha óna chéile an chuid eile den am.<sup>410</sup>

Ba é sin an saol a bhí ag mná na Rosann le fada riamh, agus níor ródheas an saol é. Olc is mar a bhí sé ag mo mhacasamhail féin, ba mheasa seacht n-uaire é ag mná a raibh páistí acu. Bhíodh an t-athair as baile, b'fhéidir naoi mí in achan bhliain, agus ní raibh sé furast ag an mháthair sa bhaile na páistí a thógáil i gceart. Ba mhinic an t-athair ina

---

<sup>408</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 116.

<sup>409</sup> Aguisín 3. Agallamh a chuir Áine Ní Churraoin ar Jimmy Cissie Mac Aoidh dá clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an 12 Márta 1995. Bhunaigh na fir seo an chéad ghnó taistil ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall le daoine a thabhairt go Doire agus go Béal Feirste le dul ar imirce agus ar ais dá mbeidís ag filleadh ar an mbaile.

<sup>410</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 103.

strainséar ag na páistí agus níorbh intógtha orthu é, nó ní fhaca siad é ach na cupla mí den bhliain. Ar ndóigh, a fhad is a bhí an ceann urraidh tí as baile scríobhadh sé chucu go rialta, ach níor leor sin leis an chumha a bhaineas leis an imice a dhíbirt ar fad is ar leithead. Scríobhadh Séamas chugamsa i gceann gach coicíse agus chuireadh sé airgead i gcónaí chugam, ach mar sin féin bhínn ag fanacht go cruaidh leis an Nollaig achan bhliain.<sup>411</sup>

Labhraíonn Jimmy Cissie Mac Aoidh ina agallamh le hÁine Ní Churraoin ar a shaol sa bhaile ag tiomáint na mbusanna agus ar shaol na n-aisimirceoirí Gaeltachta:

Obair dheacair a bhíodh ann, gnó na mbusanna sna 1950idí i nGlaschú agus sa bhaile. Cheannaigh mé carr sa bhaile agus bhí mé ag tabhairt daoine chuig damhsaí sa bhaile ar dtús agus mar sin, ach sé mhí ina dhiaidh sin agus an *Console car* agam, tháinig na gardaí chugam agus dúirt siad liom go raibh orm ceadúnas taxi a fháil (bheadh deichniúr sa charr agam corruair!). Bhínn ag fanacht ar na daoine le teacht abhaile ó Albain i nDoire luath ar maidin nó déanach san oíche. Bhínn féin agus Charlie Gillespie agus Paidí McCarthy ann fosta ag tiomáint *local*. Bheartaigh seisean dul go hAlbain agus tiomáint ar na busanna. An chéad uair do Charlie Béal Feirste a fhágáil, d'imigh sé go dtí na Gorbles agus eisean an chéad fhear a rinne seo agus cheap *na locals* ann go raibh sé *brilliant* iad ag teacht amach as na pubanna agus *na dances* agus é ag tabhairt síobanna thart agus abhaile do na hÉireannaigh agus *na locals*. Bhí busanna John agus Anthony McGinley agus Feda O'Donnell agus chíteá rudaí ag tarlú do charranna agus busanna uaireanta, iad ag doghú rudaí agus bhí trioblóid ann. Stop Charlie ag dul anonn –bhíodh na scéalta seo aige dúinn agus chuirfeadh siad ar shiúil sa chloigeann tú. Cronaím uaim an tiomáint! Bhí mise ag tiomáint 27 bliain. Saol crua a bhí ann. Laethanta a bhínn i mo chodladh istigh sa bhus agus an clog agam. Bhí sé níos saoire fanacht sa bhus agus uaireanta ní shroichinn áit go dtí go mbeadh sé ródhéanach lóistín a fháil. Bhí bean i dteach lóistín amháin i Larne agus bhí sí galánta – *11 shillings a night* a thabharfaidís go léir di. Bhí sí maith agus bhíodh bia agus tae dúinn i gcónaí. Bheadh 80% den dream dílis duit bliain i ndiaidh bliana chuile bhliain agus iad ag filleadh ar an mbaile. Na daoine eile, bhuel ní raibh an t-ádh orthu teacht abhaile agus bhí orthu séasúr i ndiaidh séasúir a dhéanamh ag sclábhaíocht in Albain.<sup>412</sup>

D'fhill Máire Rua Ní Ghallachóir ar a baile dúchais tar éis di roinnt blianta a chaitheamh ag obair ar na busanna in Albain fosta, mar a luadh sa chaibidil dheireanach. D'oibrigh sí ar na feirmeacha agus i dtithe lóistín nuair a chuaigh sí go hAlbain ar dtús sna 1950idí:

Bhí mé ró-óg le hobair eile a fháil nuair a d'imigh mé go hAlbain ar dtús. Bhí me ag obair ar na farms agus mé cúig bliana dhéag d'aois. Bhí mé iontach *luckyáilte* post maith a

---

<sup>411</sup> *Ibid.*, 110.

<sup>412</sup> Aguisín 3. Agallamh a chuir Áine Ní Churraoin ar Jimmy Cissie Mac Aoidh dá clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an 12 Márta 1995.

fháil ar na busanna, *especially* sa dóigh gur fhág mé Albain tamall agus gur tháinig mé ar ais. D'éirigh liom bheith i mo *inspector* fosta agus mé ag obair mar thiománaí bus ar feadh tamaill.<sup>413</sup>

Thaitin an saol in Albain go mór le Máire Rua agus d'fhill sí ar Ghaoth Dobhair chun aire a thabhairt dá máthair:

Tháinig mé abhaile le haire a thabhairt do mo mháthair. Bhí an teaghlach uilig ar shiúl i Meiriceá agus in áiteanna i bhfad ar shiúl i gcomparáid liomsa in Albain. Bhí mise sa bhaile cúig bliana nuair a fuair mo mháthair bás agus roimhe sin d'obair me bliain thall i Meiriceá sula bhfuair sí bás, ní raibh mé ábalta glacadh leis sin. *Excuse* maith le teacht abhaile ná Mary Teresa, m'iníon agus *settláil* mé ansin léi agus níl an tsláinte chomh holc sin agam anois.<sup>414</sup>

Tiománaí eile sna 1960idí ná Micheál Mac Giolla Comhaill. Labhair seisean le hÁine Ní Churraoin fosta in éindí le Jimmie Cissie Mac Aoidh agus beirt fhear eile faoina dtaithí ag tiomáint in Éirinn agus thall in Albain agus faoina dtaithí oibre tar éis dóibh filleadh ar an mbaile:

Sna 1960idí thosaigh mise ag tiomáint. Bhí aithne agam ar Jimmy Cissie agus *Console car* 375 agam fosta. Thosaigh mé an dóigh chéanna le Jimmy Cissie agus daoine a thabhairt chuig damhsaí *local* agus abhaile ó na damhsaí céanna. Féach ar na busana atá ann anois - Feda agus McGinley - bhuel bhí siad ann nuair a thoisigh mise amach ag tiomáint agus iad ag dul go *local* ó Ghailleanh go Baile Átha Cliath agus go Dún na nGall go Baile Átha Cliath agus mar sin. Ní raibh siad ag dul tríd an Tuaisceart nó go Doire. *Anyway*, bhí siad iontach *expensive*. Bhíodh cumha agus caoineadh agus bhí sé deacair agus daoine ag fágáil an bhaile le himeacht, *I hated it!* Bhí an oiread sin dúil agam sna *collections* i nDoire agus i Stranraer agus iad ag teacht ar ais ag filleadh ar an mbaile go sona!<sup>415</sup>

Chaith Pádraig Ó Gallachóir roinnt ama in Albain mar thiománaí bus. Cuireann sé síos ar chuid de na heispéiris dhiúltacha agus é ag tiomáint in Albain in agallamh a rinne sé le hÁine Ní Churraoin. Bhí Pádraig ag obair mar thiománaí ina cheantar dúchais i nDún na nGall ar

---

<sup>413</sup> *Ibid.*

<sup>414</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>415</sup> Aguisín 3. Agallamh a chuir Áine Ní Churraoin ar Mhicheál Mac Giolla Comhaill dá clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an 12 Márta 1995.

feadh na mblianta sula ndeachaigh sé ar imirce agus lean sé air ag obair mar thiománaí nuair

a d'fhill sé ar an mbaile:

Fuair mise mini-bus sa bhliain 1972. Ní raibh siad daor, thart ar £1,000. Bhí an t-airgead agam, beag nó mór toisc go raibh mé ag tiomáint mé féin ó bhí mé níos óige thart ar fud na háite sa bhaile cosúil leis na leids eile anseo. Bhí cúpla *Volkswagon mini-buses* agam ina dhiaidh sin. Bhíodh 21 duine sa mhini-bus agam go Béal Feirste agus ceathrar sa bhoot! Thosaigh mé ag dul go Glaschú nuair a bhí roinnt cleachtadh agam anseo ag tiomáint ach bhí sé iontach *sad* daoine ag fágáil slán an t-am ar fad. Ní raibh sé chomh holc agus a chloisim ó na fir eile anseo a thoisigh sna 1940idí nó na 1950idí fiú. Ní bhfuair mé rud ar bith i nDoire, *so*, bhí orm tiomáint go háitiúil. Anonn go hAlbain liom lá amháin agus mé sna fichidí. Eachtra coimhthíoch an lá a fuair Bobby Sands bás agus muid ag iarraidh filleadh ar Éirinn. Bhí *bombs* ag dul *off* agus sa deireadh fuair muid trasna an droichead, mise agus an bus plódaithe le haisimirceoirí a bhí ag filleadh ar an mbaile go buan. Ina dhiaidh sin back go Larne linn. Bhíodh trioblóid ann. Lá amháin bhí beirt *hijacking* carranna agus chonaic mise seo agus mé ag teacht leis an bhus liom ach níor tharla rud ar bith domsa. Bhí an bus rómhór. Bhain mé an-sult as tiomáint na mbusanna. Bíonn craic agat anois agus buaileann tú leis na daoine céanna achan am. Bíonn daoine *loyal*, dílis duit agus iad ag filleadh nó ag imeacht.<sup>416</sup>

Labhair Cathal Ó Dubhthaigh faoina shaol siúd ag obair mar thiománaí bus i nGlaschú, an t-athrú a thug sé faoi deara, sé sin, teaghlaigh iomlána anois ag bogadh tíre le chéile, agus an cinneadh a rinne sé teacht abhaile:

Bhí mé ceithre bliana dhéag nuair a thoisigh mé ag tiomáint. Tá a fhios agam, bhí mé óg. Ní raibh rud ar bith dom sa bhaile. Thaispeáin na fir eile an bhealach dom. Thaitin sé liom, an tiomáint. Chuala mé na drochscéalta faoi Albain agus mé ag fás aníos ach ní raibh a fhios agam rud ar bith eile. Bhí an-chuid trioblóid ann sna 1970idí nuair a thosaigh mé ag tiomáint i nGlaschú. Caitheadh clocha tríd na fuinneoga lá amháin ar an bhus agus an lá seo bhí mná agus páistí ar an bhus. Bhí mo chroí i mo bhéal ach rug na Gardaí orthu. Bhí siad iontach láidir. Sna 1970idí bhíodh daoine *25 or more at least* ag iad ag dul go Glaschú agus go hAlbain ag obair. Bhí sé iontach gnóthach ansin sna 1970idí agus na 1980idí. Bhí sé iontach dúinn, na tiománaithe. Bhíodh teaghlaigh ag teacht le chéile anois, iad uilig ag bogadh áite mar chlann nó daoine ag filleadh ar an mbaile *permanently*. D'fhill mé ar Dhún na nGall agus mé fós i mo thiománaí bus. Bhí an saol i bhfad níos fearr toisc nach raibh na turais chéanna le déanamh againn go Doire agus go Larne nó níos faide.<sup>417</sup>

---

<sup>416</sup> *Ibid.*, Pádraig Ó Gallachóir.

<sup>417</sup> *Ibid.*, Cathal Ó Dubhthaigh.

Tá pointe soiléir amháin á léiriú ag Patrick Fitzgerald agus Brian Lambkin agus iad ag tagairt don fhilleadh ar an mbaile go ginearálta:

In the three-way migration process a linkage is made between emigration and immigration by those emigrants who return, because they join in the immigration flow. While emigration may have been a “*pleasing idea*” to some, most emigrants promised to return and many desired “*to lay their bones in their own country*”. Emigrants who did return we consider as forming part of the immigration flow, although they form such a distinctive group that they are treated separately. In the case of Ireland as a whole, relatively few returned.<sup>418</sup>

Cuireann Róise Rua síos ar smaoineamh atá cosúil le tuairim Fitzgerald agus Lambkin thuas, gur “*pleasing idea*” a bhí san imirce:

Ach ansin théadh an ghrian a luí agus bhíodh deireadh le achan sort dá bhfaca muid. Ní raibh sna fuinneoga óir sin ach cuid d’aislingí na hóige. Níor mhair siad ach seal gairid achan lá, agus laetha eile ní raibh siad le feiceáil againn maith nó olc. Is minic agus mé thart fán tine anseo tráthnóna a thig smointe den chineál sin fríd mo cheann. D’fhéadfá a rá gur chaith mé páirt mhaith do mo shaol ar thóir na bhfuinneog óir – in Inis Caorach, i dTír Eoghain agus in Albain – ach chuir siad cluain orainn ina dhiaidh sin is uilig. Sin mar a bhí sé ag daoine ar an tsaol seo.<sup>419</sup>

Tá sé deacair cur síos iomlán a dhéanamh ar líon na n-imirceoirí a d’fhill ar an mbaile nó a d’fhan in Albain:

First-time emigrants and re-emigrants in the emigration flow, not to mention distinguishing between long-term emigrants and short-term “*sojourner*” emigrants, we have the difficulty of distinguishing and quantifying a wide variety of types of returners in the immigration flow...<sup>420</sup>

Bhí sé tábhachtach d’aisimirceoirí cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall filleadh le hairgead maith saothraithe acu chun go bhféadfaidís socrú síos agus saol sách compordach a bheith acu, slí fosta, chun dul ar aghaidh sa saol:

---

<sup>418</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 46-47.

<sup>419</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 196-197.

<sup>420</sup> E.S. Richards, *Britannia’s Children: Emigration from England, Scotland, Wales and Ireland since 1600* (2004), 88.

Climbing the social ladder to ‘respectability’ and achieving full adult status through ‘domesticity’ – marrying and setting up an independent home – remained primary migration goals.<sup>421</sup>

Chuireadh daoine singile agus daoine pósta ag obair in Albain airgead abhaile dá dteaghlaigh go rialta. Cuireann Róise Rua Mhic Grianna síos ar an gcaoi nár shábháil sí mórán airgid tar éis blianta a chaitheamh thall:

Bhí aois mo phósta go maith agam san am, naoi mbliana is fiche. Bhí m’fhear céile cúpla bliain ní b’óige ná mé. Mar atá ráite agam roimhe seo, níor shábháil mé aon phingin domh féin go raibh mé san aois ar smaoinigh mé gur chóir domh a bheith ag seiftiú don tsaol a bhí romham. D’éirigh liom conamar beag airgid a bheith sábháilte agam an t-am a pósadh mé. Ní raibh a leithéid de chnap airgid agam uilig, ach mar sin féin ba mhaith é san am. Ní raibh sé furast airgead a chruinniú, nó ní raibh againn an uair sin ach páighe bheag agus, le cois go mbíodh bróga agus éadach le ceannacht againn dúinn féin, bhí sé thar a bheith deacair agam gan cuidiú a thabhairt do mo mháthair chomh maith.<sup>422</sup>

D’fhill 75% d’imirceoirí ban ar Dhún na nGall ó na 1950idí go dtí lár na 1970idí, nuair a bhí airgead tuillte acu, le feirmeoir áitiúil a phósadh, go minic.<sup>423</sup> Ba nós le hÉireannaigh Éireannaigh eile a phósadh don chuid is mó. Phósaidís de bharr grá, agus trí chleamhnas, socrú déanta idir an dá mhuintir go bpósfadh a gcuid páistí, ach toisc iad beirt thall go bpósfadh in Albain iad. Bhí saol sásúil ag cuid mhaith aisimirceoirí toisc gur éirigh leo éalú ón gcruatan, ón mbochtaineacht agus ó fhadhbanna dífhostaíochta sa bhaile le linn a dtréimhse imirce le linn an naoú haois déag agus an fichiú haois. Bhíodh stádas agus airgead, de ghnáth, ag na haisimirceoirí nuair a d’fhillidís ar an mbaile cé go bhfilleadh cuid mhaith fear ar Albain arís eile nuair a bhíodh na mná ag tógáil na bpáistí sa bhaile. D’fhillidís na fir seo ar Albain séasúr i ndiaidh séasúir le hairgead a thuilleamh agus chuiridís an t-airgead abhaile chuig na mná leis na teaghlaigh a choinneáil. Bhíodh obair an tí mar phríomhról ag mná na

---

<sup>421</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 50.

<sup>422</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 96.

<sup>423</sup> *Ibid.*, 50-51.



gceantar Gaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Bhídís ag tógáil a gclann, ag tabhairt aire do na hainmhithe – eallach go háirithe - agus iad freagrach as go leor cúraimí éagsúla eile. Níor thosaigh mná ag obair i réimsí eile oibre go dtí na 1970idí, don chuid is mó.

## 4.2 Saol an aisimirceora Gaeltachta

Nuair a fiafraíodh d'imirceoirí in Albain sa bhliain 1988 mar chuid den *Harrington Survey* an dtiocfaidís abhaile, d'fhreagair 80% de lucht na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall go bhfillfidís ar a mbailte dúchais dá mbeidís ábalta postanna sásúla a fháil sa bhaile.<sup>424</sup> Bhí claontaí agus réamhthuirimí mar gheall ar an imirce le haithint ar na himirceoirí a leag síos patrún don imirce fhadtéarmach agus don imirce shéasúrach. Bhí a fhios ag na himirceoirí dá bhfanfaidís as baile ag obair ar feadh tréimhsí fada go mba lú seans go bhfillfidís ar an mbaile:

The shorter the distance of emigration, the higher the incidence of return; and another concerns length of absence and suggests that the longer emigrants stay away the less likelihood of their return.<sup>425</sup>

Ba é an scéal céanna ag an imirce shéasúrach agus ag an imirce fhadtéarmach é. Bhíodh filleadh tréimhsiúil, filleadh sealadach agus filleadh buan ann:

The case of elders returning to Ireland principally falls into the last type of return. But clearly, Irish-born elders living in Britain also engage in occasional and temporary returns and may well, in the past, have engaged in periodic and seasonal returns.<sup>426</sup>

I gcomparáid leis na cúiseanna ginearálta le filleadh ar an mbaile a thug na hagallaithe, cuireann Liam Ó Connacháin síos ar aisimirceoir darbh ainm Niall Mac Giolla Bhríde agus ar a chinneadh filleadh ar an mbaile i lár an fichiú haois. Scéal eisceachtúil atá ann faoi fhear óg

---

<sup>424</sup> E. Malcolm, *Elderly Return Migration from Britain to Ireland: A Preliminary Study*, National Council for the Elderly, Report no.44, (1996), 27.

<sup>425</sup> R. King, *Return Migration and Regional Economic Problems* (1986), 28.

<sup>426</sup> *Ibid.*

fiche bliain d'aois. Bhí sé ag iarraidh dul ar imirce go hAlbain i ngan fhios dá thuismitheoirí aosta toisc nach raibh sé ag iarraidh freastal ar chúraimí an bhaile ina aonar níos mó. Bhí a thriúr deartháireacha móra ag obair in Albain roimhe agus bhí seisean fágtha sa bhaile leis an obair feirme a dhéanamh dá athair agus dá mháthair. Cosúil le go leor teaghlach eile, ba ghnách go bhfanfadh páiste amháin sa bhaile le haire a thabhairt don fheirm agus do thuismitheoirí an teaghlaigh. Ba den riachtanas é go mbeadh páistí ag lánúineacha pósta an ama sin ionas go mbeidís ábalta airgead a shaothrú sa bhaile nó thar lear, dá dteaghlaigh. Ní raibh Mac Giolla Bhríde ag iarraidh déileáil le díomá an bhaile agus d'impigh sé ar a dheartháir ligean dó fanacht in Albain. Bhí tuairim na dtuismitheoirí tábhachtach dó féin agus dá dheartháireacha agus ní raibh a dheartháir Peadar ag iarraidh droch-cháil a tharraingt ar an teaghlach:

Shíl mé go bhféadfainn Peadar a bhladar le cead a thabhairt dom fanacht tamall beag eile. Ach, bheadh sé chomh maith agam a bheith ag caitheamh cloch ar an ghealaigh: Ní éisteadh sé liom. Ar eagla nach rachainn chun an bhaile, níor fhág sé mé go bhfaca sé ar bord loinge ag triall go hÉirinn mé!<sup>427</sup>

Maidir le Máire Rua Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill, d'fhill an bheirt acu siúd ar Ghaoth Dobhair agus ar Chloich Chionnaola nuair a bhí siad sna tríochaidí. Níor shocraigh Ní Ghallachóir sa bhaile go buan, áfach, go dtí deich mbliana ina dhiaidh sin. Chaith sí blianta a hóige idir Albain agus Meiriceá ag obair go leanúnach. Toisc páiste aici agus í ina máthair shingil, chabhraigh sé léi socrú sa bhaile ar deireadh agus tacaíocht a teaghlaigh agus a cuid cairde ann di:

Bhí mé sásta in Albain. Don chuid is mó, caitheadh go maith liom agus bhíodh mná eile iontach maith dom sna hóstáin. Bhain mé an-sult as mo thréimhse in Albain cé go mbíodh deacrachtaí ag baint leis an saol fosta. Domsa, bhí an cinneadh fillleadh ar an bhaile deacair. Bhí airgead maith á thuilleamh agam agus bhain mé sult as na busanna.

---

<sup>427</sup> L. Ó Connacháin, *Niall Mac Giolla Bhríde* (1974), 43.

Ach, bhí m'íníon agam sa bhaile agus ní raibh mo mháthair go maith sa tsláinte. D'fhill mé ar Ghaoth Dobhair nuair a bhí mé sna daichidí agus fuair mé post sa *local factory*. Bhí mé i Meiriceá ar feadh cúpla bliain ach ní dheachaigh mé ar ais arís ina dhiaidh sin... Níor phós mé riamh agus ní raibh níos mó páistí agam. Mary Teresa amháin atá agam. Bhí a fhios ag achan duine gur liomsa a bhí sí cé nach ndúirt duine ar bith rud ar bith liom ar feadh tamaill. Bhí teaghlach agus cairde agam sa bhaile agus chabhraigh seo go mór liom socrú ar ais isteach sa phobal toisc go raibh mé i m'aonar, go bunúsach, agus ní raibh sin éasca.<sup>428</sup>

D'fhill John Ó Domhnaill ar Rann na Feirste, áit ar shochraigh sé síos go buan nuair a bhí sé ocht mbliana is tríocha. Bhí sé pósta tamall faoin uair sin, áfach, agus séasúr i ndiaidh séasúir caite aige in Albain, a bhean fágtha ina dhiaidh aige sa bhaile. Ara on dul le Máire Rua thuas, déanann John tagairt ar leith do thábhacht a theaghlach sa bhaile agus an tacaíocht a thug siad dó féin agus dá bhean:

Bhí mise idir Rann na Feirste agus Albain ar feadh na mblianta, faraor. Bhuail mé le mo bhean chéile in Albain agus phós muid trí sheachtain ina dhiaidh sin thall. Bhí sise ag obair sna tithe tábhairne i nGlaschú ach bhí sí ag iarraidh filleadh ar an mbaile i ndiaidh roinnt blianta. D'fhill mé léi ach ní raibh mé ábalta fanacht sa bhaile i bhfad, ní raibh postanna maithe ann sna seascaidí d'fhir. Mar sin, chuaigh mé ar ais go hAlbain agus d'fhág mé mo bhean séasúr i ndiaidh séasúir. Bhí mé ag obair sna *mines* agus bhí airgead maith ann. Bhí mé 38 nuair a tháinig mé ar an bhaile *permanently*. Bhí beirt de chlann againn – cailín agus buachaill agus chaill muid iníon amháin, faraor - tá sé deacair labhairt ar an am sin. Bhí mise ag obair gar don teach agus d'fhan mo bhean chéile sa bhaile...<sup>429</sup>

Téimid go hAlbain go minic fós agus bhí muid ann le déanaí don chlár *Tunnel Tigers*...<sup>430</sup>

Ní raibh sé deacair socrú sa Ghaeltacht arís. Bhí muid sa bhaile. Bhí post agam agus bhí mo bhean ábalta fanacht sa bhaile leis na páistí. Bhí ár muintir timpeall orainn agus bhí muid go léir ag tabhairt tacaíochta dá chéile.<sup>431</sup>

Cé go mbíodh airgead sábháilte ag cuid mhór de na haisimirceoirí ag filleadh dóibh, bhíodh orthu fós tabhairt faoi obair sa bhaile. Faoi mar a thuigfí, bhíodh obair na mban difriúil ó obair na bhfear agus bhíodh cúraimí éagsúla orthu beirt go háirithe i dtréimhse Róise Rua:

---

<sup>428</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>429</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>430</sup> John Ó Domhnaill a chuir mé agallamh air ag labhairt ar an gclár *Tunnel Tigers Thír Chonaill*, Clár Fáisnéise TG4 a léirigh sa bhliain 2014.

<sup>431</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

Níor ghnách linn a bheith inár dtost am ar bith i rith ár saoil. Ba é sin an tógáil a fuair muid ónár máthair cois na tine fadó. Ansin nuair a pósadh mé agus chuaigh mé a choinneáil tí domh féin bhíodh a lán cleiteála le déanamh agam chomh maith. Chaithfinn thart fá dhosaen péire stocaí a bheith déanta réidh agam achan samhradh le cur le m'fhear céile agus é ag imeacht go hAlbain fa choinne an tséasúir. Amanna eile, chuirinn cupla péire anonn ionsair le duine de mhuintir na háite a bheadh ag imeacht go hAlbain níos moille sa bhliain. Ansin, agus mé sa bhaile liom féin, agus b'fhéidir gan mórán de shórt ar bith oibre a bheith le déanamh agam, théinn a chleiteáil do dhaoine eile fríd an oileán. Mná a raibh muirín mhór orthu agus gan bealach acu a bheith ag cleiteáil iad féin, thigeadh siad chugam agus deireadh siad liom péire stocaí, geansaí nó bearád a chleiteáil dá gcuid páistí, le caitheamh agus iad ar an scoil. Chuir mé thart mo shaol ar an dóigh sin. Choinnigh mé liom ag obair agus b'annamh uair a shuinn síos agus mé ag coimhéad isteach sa tine. Rinne muid ár ndícheall riamh agus déarfainn nach mbíonn Dia cruaidh orainn.<sup>432</sup>

I dtaca le hobair ghinearálta an tí, bhíodh ar mhná obair fhisiciúil a dhéanamh fosta dá mbeadh na fir in Albain:

Cad é mar a chaith mé féin mo shaol le linn do m'fhear ceile a bheith imithe uaim achan bhliain? Bhuel, is cinnte nach mbínn i mo thost am ar bith. I ndiaidh do Shéamus imeacht bhíodh orm an mhóin a thógáil agus cumhdach nó fóide a chur uirthi. Bheirinn chun an bhaile ina dhiaidh sin í leis an asal. Lód droma a bhíodh ar an asal agam agus bheirinn isteach cupla lód achan lá go dtí go mbeadh deireadh na móna abhus sa bhaile. Bheirinn isteach lód amháin roimh am dhinnéara agus lód eile idir sin agus am tae tráthnóna. Bhíodh dioscáireacht le déanamh agam thart fán teach ina dhiaidh sin agus scaoilinn an asal amach chun na páirce le scíste a bheith aici agus greim beag a fháil le hithe.<sup>433</sup>

Ó am go chéile, bhíodh fadhbanna ag baint leis an bhfilleadh buan agus meon diúltach a bheith ag roinnt daoine a d'fhan sa bhaile i leith na n-imirceoirí, corruair, agus ag na himirceoirí i leith mhuintir an bhaile. I gcásanna áirithe, bhí athruithe móra tagtha ar na ceantair Ghaeltachta ón am a d'imigh na himirceoirí sa chéad áit agus, corruair, bhíodh sé deacair orthu fillleadh ar an mbaile de bharr na n-athruithe seo:

---

<sup>432</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 55.

<sup>433</sup> *Ibid.*, 115.

For those who did return, especially those coming back permanently, fitting back in to a place that was no longer the same as that which had been left could prove as much of a challenge as the initial immigration.<sup>434</sup>

Os a choinne sin deir Fionn Mac Cumhaill nár athraigh an baile mórán ina chás sin:

Bhí mé ar ais sa bhaile ar tógadh mé ann, agus ba bheag an t-athrú a tháinig ar an bhaile sin ón lá a d'fhág mé é.<sup>435</sup>

I dtuairim Mháire Rua Uí Ghallachóir:

Bhí fadhbanna ag daoine agus iad ag iarraidh filleadh ar an mbaile. Bhíodh fadhbanna acu mar gheall ar chúrsaí airgid de agus fadhbanna ag na mná filleadh ar an mbaile mura raibh fear acu. Bhí tacaíocht ó mhná na linne sin. Bhíodh fadhbanna ag na fir fosta corruair toisc nach mbíodh mórán postanna ann seachas i mBaile Átha Cliath agus b'fhiú d'fhir fanacht in Albain toisc go mbíodh an pá níos fearr.<sup>436</sup>

Léiríonn an file Duibhneach Máire Áine Nic Gearailt ina dán 'Cé Fhillfeadh?' mothúcháin chasta aisimirceoirí ag filleadh ar an mbaile agus cumha an bhaile orthu toisc nach raibh an baile mar a bhí sular imigh siad ar imirce:

*Is mise ag filleadh chun cuain,  
Ar chuan chiúin m'óige,  
Atá lán d'fheamainn is de bhairnigh,  
Clocha géara, coimhthíocha,  
Nach aithnid domhsa iad  
Ná díobh mé.<sup>437</sup>*

Blianta fada roimhe sin, bhí Micí Mac Gabhann sásta a bheith ag filleadh ar an mbaile agus cuireann sé síos ar an éad a bhí ar a chairde Éireannacha leis:

---

<sup>434</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 52.

<sup>435</sup> F. Mac Cumhaill, *Gura Slán le M'Óige* (1967), 110.

<sup>436</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>437</sup> M.Á. Nic Gearailt, *Éiric Uachta* (1971), 39.

Bhí daoine go leor i measc na codraise a bhí ag maíomh ár gcuarta ar ais chun an bhaile orainn – daoine cuid mhaith acu nach bhfeicfeadh féar glas na hÉireann go deo, ach ina smaointe a chaitheadh dhá dtrian an lae ag rabhartaíocht fá na hardáin san áit ar dhiúg siad an bainne.<sup>438</sup>

Bhain Róise Rua Mhic Grianna sásamh as filleadh ar an mbaile, fosta, agus bhí dúil aici go háirithe sna hainmhithe a bhí aici, sa bhácáil agus i saol simplí an bhaile.<sup>439</sup> D’fhill níos mó daoine ar na ceantair Ghaeltachta sna 1960idí, go háirithe mná, nuair a d’athraigh Rialtas na Breataine Móire agus Rialtas na hÉireann a ndlíthe imirce sa bhliain 1961 d’imirceoirí ar theastaigh uathu lonnú go buan thar lear. I gcomparáid leis na 1940idí agus na 1950idí, d’ísligh líon na n-imirceoirí a bhí ag dul go hAlbain sna 1960idí toisc gur cruthaíodh postanna sa bhaile, mar shampla i nDoirí Beaga i nGaeltacht Ghaoth Dobhair:

Bunaíodh Gaeltarra Éireann in 1957 mar áisínteacht forbartha tionscail don Ghaeltacht faoi choimirce Roinn na Gaeltachta. Bhí sé mar sprioc ag Gaeltarra Éireann infheistíocht a mhealladh chuig na ceantair Ghaeltachta. Bunaíodh dhá mhór-eastát tionsclaíochta, ceann i nDoirí Beaga i dTír Chonaill agus ceann ar an Spidéal i gConamara ar mhaithe le lárionaid tionsclaíochta a chruthú. D’éirigh go réasúnta maith leis an gcur chuige seo sa mhéid is gur cruthaíodh fostaíocht sna ceantair agus gur tugadh infheistíocht isteach chuig cuid de na ceantair is iargúlta ó thaobh na tíreolaíochta de ar imeall thiar na hEorpa, ceantair a bhí go dtí sin ag fulaingt ó laghdú daonra agus cúlú eacnamaíochta.<sup>440</sup>

Cé go gcaití go dona in amanna leis na heisimirceoirí, bhídís dílis dá dtír agus dá muintir, go háirithe muintir na gceantar Gaeltachta. Bhí an mheasúlacht tábhachtach i súile an phobail sa bhaile. De bharr pholasaithe nua thuasluaite Rialtas na hÉireann, agus de bharr feabhsaithe i gcúrsaí eacnamaíochta na tíre, d’fhill idir fhir agus mhná ar Éirinn chun

---

<sup>438</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1979), 213.

<sup>439</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 57.

<sup>440</sup> P. Ó Flatharta, ‘Institiúidí agus Eagraíochtaí na Gaeilge’, in T. Ó hIfeárnáin & M. Ní Neachtain, *An tSochtheangeolaíocht: Tuairisc agus Feidhm* (2012), 264-265.

postanna a fháil ina dtír dhúchais. I dtuairim John Uí Dhomhnaill, bhí formhór na bpostanna ar fáil i mBaile Átha Cliath, faraor, agus bheartaigh fir na gceantar Gaeltachta i dTír Chonaill fanacht tamall eile, dá bharr, ina bpostanna in Albain.<sup>441</sup>

Bhí na himirceoirí ag iarraidh filleadh ar an mbaile ar chúiseanna éagsúla. Bhídís ag iarraidh filleadh ar a mbailte le feirm teaghlaigh a fháil mar oidhreacht, le pósadh, le socrú síos sa bhaile, le clann a thógáil ann agus le talamh a cheannach. Díríonn Máire Rua Ní Ghallachóir ar chás na mban singil ag filleadh ar na ceantair Ghaeltachta ó na 1960idí ar aghaidh, agus ar a cás féin, go háirithe, agus iníon roimpi sa bhaile:

Bhí sé níos deacra do mhná singil filleadh agus socrú síos sa bhaile. Ní raibh aon rogha agam ach filleadh ar an mbaile toisc go raibh iníon agam a bhí sa bhaile le mo mháthair cheana féin agus bhí mo mháthair ag éalú. An rud is fearr a rinne mé ná fanacht in Albain le hairgead a shaothrú agus filleadh ar an mbaile leis an am a chaitheamh le m'iníon nuair a bhí sí ina déagóir agus í ar scoil. Bhí mé mar bhean an tí agus mar fhear oibre san am céanna ach bhí mé lán ábalta fá choinne na hoibre sin.<sup>442</sup>

Cuireann John Ó Domhnaill síos ar an gcineál oibre a bhíodh ann sa bhaile d'aisimirceoirí an fichiú haois:

Bhí deiseanna sa bhaile d'aisimirceoirí a bhí ag iarraidh socrú sa bhaile. Bhímis ag obair sna páirceanna, ag obair ar thalamh an teaghlaigh, ag obair sa phortach agus obair chrua cosúil leis sin. Ar an iomlán, bhí muid ag iarraidh socrú le bean, clann a thógáil, airgead a thuilleamh dár gclann, oideachas a fháil dár bpáistí agus rud éigin a fhágáil dóibh ag deireadh an lae. B'fhéarr le gach imirceoir socrú sa bhaile cé go mbíodh sé deacair tosú amach sa bhaile arís i ndiaidh dúinn tréimhsí fada a chaitheamh thar lear.<sup>443</sup>

Cé go mbíodh buntáistí ag baint leis na tréimhsí in Albain, bhí sé mar phlean saoil agus mar chuspóir ag tromlach na n-imirceoirí filleadh ar an mbaile go buan:

---

<sup>441</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

<sup>442</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>443</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.



Emigration then for the last hundred and fifty years has been a fact of life for the people of Donegal and has left its mark on their personality. The dream is to go away and to return a success and many achieve a version of this dream. More do not and they deal with it in different ways. In an attempt to preserve the illusion of success some never come back. Others return, not having succeeded abroad and become involved once again in the life of their homeplace. Their homecoming and resumption of their old lives is perhaps the most difficult decision. The Scottish writer Iain Crichton Smith himself from a rural, Gáíghlig speaking background, accurately describes the dilemma: 'To return home is not simply to return home, it is to return to a community, for one's gains and losses to be assessed. The community is the ultimate critic, not easily taken in, with its own system of checks and balances.'<sup>444</sup>

---

<sup>444</sup> L. Ó Laoire, Réamhrá in C. Ó Searcaigh, *Homecoming: An Bealach 'na Bhaile* (1993/2004), 18.

### 4.3 Ag socrú síos

Tháinig líon mór daoine ar ais chuig ceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, mar sin, sna 1960idí le socrú síos sa bhaile. Faoi mar a luadh roimhe seo, ba mhná iad cuid mhór de na daoine seo a bhí ag iarraidh pósadh, clann a thógáil agus socrú síos.<sup>445</sup> Théidís ar imirce go hAlbain agus iad cúig nó sé bliana déag d'aois agus d'fhillidís ar Albain bliain i ndiaidh bliana ina dhiaidh sin agus an obair chéanna ar siúl acu. Nuair a thagaidís ar ais abhaile go buan, bhí tromlach na mban seo sna fichidí. Bhíodh cuid de na mná seo pósta cheana féin ar fhir óna mbaile dúchais in Éirinn agus bhíodh an lánúin ag obair in Albain. Bhí páistí ag cuid de na lánúineacha pósta a d'fhill ar an mbaile agus páistí fosta ag céatadán íseal de mhná singile, Máire Rua Ní Ghallachóir ina measc. Chuireadh an chuid is mó de na mná neamhphósta seo na páistí ar altramas toisc nach raibh aon fhear acu agus go raibh tabú i gceist leis seo sa bhaile an uair sin. Bheadh náire ar na teaghlaigh dá mbeadh leanbh ag bean gan í a bheith pósta. Bhí sé mar aidhm ag mná na sochaí agus na linne sin fear a phósadh agus clann a thógáil. Ní mar seo a bhí an saol do Róise Rua agus do neart ban eile cosúil léi, faraor:

Ní raibh sé i ndán domh ag Dia páistí a bheith agam féin riamh agus, amanna, théinn a smaoineamh air sin ina dhiaidh sin agus bhínn réidh le a ghabháil a cheasacht agus a éileamh ar Dhia go raibh sin amhlaidh. Déarfainn go mbíonn smaointe den chineál sin ag achán bhean eile de mo mhacasamhail ar an tsaol seo. Sin is nádúir dúinn.<sup>446</sup>

---

<sup>445</sup> P. Fitzgerald & B. Lambkin, *Migration in Irish History, 1607-2007* (2008), 57.

<sup>446</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 35.

Ní fhanadh na mná singile sa bhaile ar feadh i bhfad, don chuid is mó, agus théidís ar ais ag obair thar lear arís. Bhí sé deacair do mhná singile fanacht sa bhaile ina n-aonar san am sin ach bhí deacrachtaí ag lánúineacha pósta nach raibh aon pháistí acu fosta:

Mar a deirim, ba bheag an méid airgid a bhí sácháilte againn nuair a tháinig muid a fhad le haois an phinsin. Ní raibh aon duine teaghlaigh againn le saothrú dúinn agus ní raibh againn, mar sin, ach an méid a shaothraigh muid féin i rith ár saoil...<sup>447</sup>

Luachanna na sochaí patrarcaí a bhí chun tosaigh an uair sin. Ba é ról na mban ná fanacht sa bhaile agus an chlann a thógáil. Faoin bhfear a bhí sé dul ag obair agus airgead a thuilleamh don chlann, fiú dá mbeadh air bheith ag obair in Albain go fadtéarmach:

Bhí m'fhear céile Séamas, anonn is anall go hAlbain ó bhí sé ina ghasúr, agus choinnigh sé ag gabháil anonn go dtí gur éirigh sé ró-aosta ag an obair a bhí le déanamh acu thall. Sin mar a chaith a athair, Dóiní Sheáin, a shaol, fosta, agus nuair a tháinig Séamas agus a chuid deartháireacha i méadaíocht thug an t-athair leis go hAlbain iad achan bhliain, ina n-am féin. Ba é sin a n-oidhreacht. Tógadh leis an tsaol sin iad agus níor mhothaigh aon duine iad ag ceasacht faoi riamh ina saol.<sup>448</sup>

Faoin am a thagadh na mná agus na cailíní ar ais ón imirce shéasúrach le socrú síos sa bhaile go buan, bhíodh líon áirithe díobh cleachtaithe le bheith ina bhfeighlithe linbh toisc go mbídís ag tabhairt aire do pháistí na bhfeirmeoirí. Bhíodh ról traidisiúnta na mban á chomhlíonadh ag na cailíní seo fosta toisc go mbídís ag obair mar chailíní aimsire.

Sa tuairisc a scríobh Nessa Winston don Roinn Leasa Shóisialaigh sa bhliain 2002, tagraíonn sí do na príomhfhactóirí a tharraing muintir na hÉireann ar ais go hÉirinn le socrú síos tar éis blianta a chaitheamh ar imirce thar lear ó 1940 go dtí 1980: 'Push and pull factor may affect

---

<sup>447</sup> *Ibid.*, 117.

<sup>448</sup> *Ibid.*, 101.

the decision of a person to return to Ireland: Deprivation abroad, loneliness, bad housing situation, bad health situation and lack of supports.<sup>449</sup> Seo mar a bhriseann sí síos na figiúirí:

Of those who said it was possible to return home to Ireland from working in the U.K., 77% said they had support in Ireland. Most frequently mentioned supports included siblings (33%), friends (27%) and extended family (20%).<sup>450</sup>

Cé go léiríonn Winston thuas cúiseanna ar leith go mbíodh na himirceoirí ag iarraidh filleadh ar an mbaile, bhíodh cúiseanna éagsúla acu fosta le fanacht in Albain, nó áit éigin eile thar lear mar nach mbídís ag iarraidh filleadh ar Éirinn uaireanta; meon diúltach mhuintir an bhaile ina leith, ina measc.<sup>451</sup> D’fhill formhór na mban a bhí ar imirce in Albain ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ach bhí mionlach áirithe daoine claonta ina leith toisc go raibh taithí dhifriúil, taithí ar neamhspleáchas agus taithí ar a bheith lasmuigh den bhaile, ag na mná sin i gcomparáid leis na daoine a d’fhanadh sa bhaile. Thuigtí fosta go mbíodh cuid d’imirceoirí na hÉireann ag cruthú trioblóide in Albain agus i gcathracha na Breataine. Léadh muintir na gceantar Gaeltacha sa bhaile na scéalta seo sna nuachtáin faoi eachtraí a mbíodh cuid áirithe de mhuintir na hÉireann bainteach leo. I bpobal tuaithe ar bith bíonn tuairim na gcomharsan iontach tábhachtach. Bhíodh teaghlaigh Ghaeltachta ag ligean orthu go mbíodh ag éirí go maith lena muintir a bhí ar imirce thar lear cé nach mbíodh tithíocht, postanna nó pá maith ag cuid acu. Bhídís ag fanacht sna bailte móra fosta agus bhíodh líon mór acu ag cur fúthu i bplódtithe cathrach – cúis náire dóibh féin.

Is léir ó thaighde Winston, ar aisimirce san fhichiú haois, go mbíodh meon diúltach ag cuid de na himirceoirí féin faoi theacht abhaile toisc go mbíodh tuairim an phobail agus íomhá an

---

<sup>449</sup> N. Winston, *The Return of Older Irish Migrants, an assessment of needs and Issues*, for the Dept. of Social, Community and Family Affairs (2002), 33.

<sup>450</sup> *Ibid.*

<sup>451</sup> A. Bielenberg, *The Irish Diaspora* (2000), 19.

phobail chomh tábhachtach sin san am, go háirithe i gceantair bheaga tuaithe. Aontaíonn aisimirceoirí Gaeltachta an fichiú haois, Pádraig Ó Gallachóir agus Jimmy Cissie Mac Aoidh ina measc, go mbíodh sé éasca d'imirceoirí dul ó Ghaoth Dobhair, ó Chloich Chionnaola agus ó na Rosa, ó na 1960idí ar aghaidh, agus é éasca dóibh filleadh ar an mbaile fosta:

Bhíodh sé furasta do mhuintir na háite dul go hAlbain agus filleadh ar Éirinn san fhichiú haois. Bhíodh carranna, busanna, báideacha go léir ag dul go hAlbain ó Dhoire agus ní raibh rud ar bith dóibh sa bhaile.<sup>452</sup>

Bhí córas taistil áitiúil ann agus thógadh fir mar Phádraig Ó Gallachóir agus Jimmy Cissie Mac Aoidh imirceoirí ó na ceantair Ghaeltachta go Doire nó Latharna agus iad ag filleadh ar an mbaile. Dá mbeadh na tiománaithe Gaeltachta ag teacht ó Albain iad féin, thiocfadh leis na himirceoirí síob a fháil trasna na farraige leis na fir sin:

Nuair a bhínn féin ag trasnú na farraige thugainn scata liom sa charr nó sa bhus. Ní raibh ann ach grúpa beag againn ag tiomáint ag an am sin agus ba mhór an trua é nach raibh níos mó daoine á dhéanamh. Bhí éileamh ann toisc go mbímis thall in Albain ag obair fosta agus bhímis ag obair arís nuair a d'fhill muid ar an mbaile.<sup>453</sup>

Dá mbeinn ag dul go hAlbain mé féin thógfainn scaifte liom ar an bhus nó sa charr. Bhíodh suas le 15 againn sa charr plódaithe isteach agus ní bhíodh bagáiste nó málaí ag daoine. Thógainn ar ais iad ansin nuair a d'fhill siad ar an mbaile ó Albain.<sup>454</sup>

Bheadh deiseanna saoil ag daoine sa naoú haois déag agus san fhichiú haois sin dá mbeidís i dtíortha eile thar lear. Imirceoirí bochta a théadh go hAlbain, seachas imirceoirí a raibh costas Mheiriceá acu, den chuid is mó. In ainneoin nach raibh na scileanna acu chun fostaíocht a fháil sna tionscail shainfheidhmeacha, d'éirigh le cuid mhór acu saol níos fearr a churthú dóibh féin. D'fhillidís ar a gcuid bailte dúchais le socrú síos go buan: 'Gach éan mar a

---

<sup>452</sup> Aguisín 3. Agallamh a chuir Áine Ní Churraoin ar Jimmy Cissie Mac Aoidh dá clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an 12 Márta 1995.

<sup>453</sup> *Ibid.*, Pádraig Ó Gallachóir.

<sup>454</sup> *Ibid.*

oiltear é agus an fhuisseog sa mhónaidh.<sup>455</sup> D’fhill imirceoirí Dhún na nGall ar na ceantair Ghaeltachta sa tréimhse 1960-1975 don chuid is mó le socrú go buan sa bhaile, mar a rinne Máire Rua Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill. Chonaic Máire Rua Ní Ghallachóir olcas na gcomharsan toisc go raibh iníon aici taobh amuigh den phósadh:

D’fhill mé ar an bhaile le haire a thabhairt do mo mháthair agus í sa tseanaois agus níor thaitin an chúlchaint nó drochiompar mhuintir na háite liom.<sup>456</sup>

Bhí saol deacair ag John Ó Domhnaill a bhíodh ag obair faoi thalamh sna mianaigh in Albain. Nuair a phós sé, d’fhill sé féin agus a bhean ar Ghaeltacht Chloich Chionnaola agus shocraigh siad ansin:

Bhí clann againn ach bhínn ag taistil go hAlbain le hobair a fháil le linn mo shaoil. Bhíodh saol an aisimirceora diúltach in amanta agus dearfach chomh maith. Don chuid is mó, tá cuimhní na himirce lán le droch-chuimhní. Ní raibh sé éasca socrú ar ais isteach sa bhaile i ndiaidh dúinn blianta a chaitheamh thar lear agus droch-cháil ar imirceoirí ag filleadh ar an mbaile. Ní raibh sé go dona orainn, bhí an saol tar éis athrú ón am roimhe sin.<sup>457</sup>

Tugann sliocht Uí Dhomhnaill thuas léargas ar aisimirceoirí agus ar an gcaoi ar caitheadh leo, in amanna. Luadh roimhe seo go raibh stádas ag baint leis na haisimirceoirí, ach, mar a luaigh John Ó Domhnaill, bhíodh ‘droch-cháil’ ar chuid de na haisimirceoirí ag brath ar an gcineál oibre a bhí acu thall, ar an áit oibre agus rí.

I ndiaidh dóibh filleadh, shocraigh na haisimirceoirí síos agus thug siad, idir fhir agus mhná, faoina gcuid cúraimí éagsúla baile:

---

<sup>455</sup> E. Ó Dónaill, *Scéal Hiúdaí Sheáinín* (1940/1997), 158.

<sup>456</sup> Aguisín 1. Agallamh le Máire Rua Ní Ghallachóir, 20 Meitheamh 2014.

<sup>457</sup> Aguisín 2. Agallamh le John Ó Domhnaill, 10 Iúil 2014.

I ndiaidh do Shéamas a theacht chun an bhaile ní bhíodh sé i bhfad ina thost gan obair inteacht a bheith aige le déanamh. A fhad is a bhíodh sé sa bhaile níodh sé cér bith dioscaireacht a bhí le déanamh fán bhóitheach agus fán scioból.<sup>458</sup>

Obair eile a bhí le déanamh ag Séamas, i ndiaidh a theacht as Albain dó, an chréafóg a bhaint de pholl na bpréataí a bhí sa gharraí agus na préataí a thiontó. Phiocadh sé amach aon cheann acu a bhí lofa, bhaineadh sé na bachlóga díobh agus chuireadh sé ar ais na scratha agus an chréafóg a bhí á gcumhdach ó baineadh iad san fhómhar roimhe sin.<sup>459</sup>

De thairbhe na hiascaireachta de, bíodh is go dearna Séamas tréan di lena athair, Dóiní Sheáin, fadó agus é óg, ba bheag an méid a rinne sé den chineál sin oibre i ndiaidh a phósta. Bhíodh iascaireacht na scadán ar siúl sa gheimhreadh, ó Lá Samhna go dtí lá Fhéile Bríde, rud a d'fhág go mbíodh sí ar obair i gcónaí go pilleadh dó as Albain... Bhí sé ina shaothraí mhaith riamh agus ní raibh aon dóigh ann le scilling a shaothrú nár fhéach sé lena dhéanamh.<sup>460</sup>

---

<sup>458</sup> P. Ua Cnáimhsí, *Róise Rua* (1988), 110-111.

<sup>459</sup> *Ibid.*, 111.

<sup>460</sup> *Ibid.*, 117-118.

## Tátal

Mar a luadh roimhe seo, níor fhan gach aisimirceoir sa bhaile go buan agus d'fhill cuid acu ar Albain chun post níos fearr a fháil go fadtéarmach nó ar feadh gearrthréimhse: 'From the bustle of Britain and the hubbub of Glasgow to the open spaces of West Donegal and back again....'<sup>461</sup> Bhí cuma dhearfach ar shaol aisimirceoirí na gceantar Gaeltachta de réir na litríochta de: 'Since only the successful came back to tell, success was seen to be the norm'.<sup>462</sup> Feictear samplaí de seo i saothair Shéamuis Uí Ghrianna, Fhinn Mhic Cumail, Mhicí Mhic Gabhann agus Phádraig Uí Chnáimhsí agus é ag cur síos ar shaol Róise Rua Mhic Grianna. Níor fhill cuid de na himirceoirí toisc nach raibh siad ábalta postanna maithe a fháil sa bhaile, toisc gur shocraigh siad le clann in Albain agus toisc nár caitheadh go maith le cuid de na haisimirceoirí nuair a d'fhill siad ar cheantair bheaga Gaeltachta in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Bhí na daoine a d'fhan in Albain ag cur níos lú airgid abhaile ó na 1970idí ar aghaidh, áfach, toisc go raibh a gcuid dualgas féin orthu agus toisc chostas maireachtála na hAlban.

Thug an imirce deis do mhná, go háirithe, saol a chruthú dóibh féin thar lear agus sairse a fháil, ar feadh tamaill, ó aonarachas na gceantar iargúlta Gaeltachta. Faoi mar a scríobh Mícheál Ó Conghaile i gcomhthéacs eile mar gheall ar cheantar eile: 'Ba theicheadh a bhí

---

<sup>461</sup> S. McLean, *The Event of Its Terrors: Ireland, Famine, Modernity* (2004), 28.

<sup>462</sup> M. Hayes, 'Migratory Birds and Roundy Heads' in R. Kearney *Migrations: The Irish at Home and Abroad* (1990), 16.



ann ó chóras na hurraime, ó iargúlacht chultúrtha, ó bhochtaineacht agus ó pharóisteachas.<sup>463</sup>

Cé nach raibh saol éasca ag na himirceoirí thar lear, bhí buntáistí ag baint leis an imirce ach bhí sé mar aidhm ag an gcuid is mó de na himirceoirí filleadh ar an mbaile am éigin ina saol, cé nár rud é seo a gealladh nuair a d'imigh siad. Bhí dualgais eacnamaíocha ar na himirceoirí nuair a d'imigh siad go hAlbain don chéad uair agus i gcosúlacht leis sin, bhí na dualgais chéanna orthu nuair a d'fhill siad ar an mbaile le socrú síos. Ar ndóigh, bhí tionchar na himirce ar aisimirceoirí na gceantar Gaeltachta agus bhíodh códmheascadh idir an Béarla agus an Ghaeilge coitianta. Bhí sé mar aidhm ag na haisimirceoirí socrú go buan, clann a thógáil agus teach a thógáil. Ní hé go raibh galántacht ag baint le mianta na n-aisimirceoirí ach bheidís cleachtaithe le nósanna na hAlban i ndiaidh dóibh na blianta a chaitheamh ar an gcoigríoch.

---

<sup>463</sup> M. Ó Conghaile, *Conamara agus Árainn 1880-1980: Gnéithe den Stair Shóisialta* (1988), 222.

## Conclúid

I gCaibidil a hAon pléadh cuid de na himpleachtaí diúltacha a bhí ag an nGorta Mór ar Chontae Dhún na nGall trí chéile mar aon leis na hoileáin Ghaeltachta amach ó chósta Dhún na nGall. Pléadh an tslí a raibh fadhbanna móra feirmeoireachta ag muintir Oileán Árann Mhóir le linn agus i ndiaidh an Ghorta ionas go raibh ar fformhór fhir an oileáin dul ar imirce le linn bhlianta an Ghorta Mhóir. Chonacthas go raibh ar mhuintir Árann Mhóir dul ar imirce le linn na mblianta ba mheasa den ghorta i gcomparáid le lucht na mórthíre a d'fhan sna ceantair Ghaeltachta don chuid is mó le linn na mblianta céanna. Dála go leor pobal eile ar fud na tíre, bhí ar lucht na mórthíre dul ar imirce shéasúrach i ndiaidh an Ghorta Mhóir, áfach. Faoi mar a pléadh i gCaibidil a hAon, faoi na 1870idí, bhí Árainn Mhór neamhspleách ar an mórthír, díreach cosúil le hInis Caorach, Inis Mhic an Doirn agus Gabhla sa chaoi go raibh na hoileáin sin ábalta iad féin a chothú. Chabhraigh an imirce shéasúrach ó oileán Árann Mhóir i mblianta an Ghorta le muintir an oileáin sin airgead a shábháil, earraí a cheannach agus trádáil a dhéanamh le muintir na mórthíre, rud a chabhraigh leo neamhspleáchas a bhaint amach ón mórthír. Níor bhraith na hoileáin sin ar cheantair Ghaeltachta na mórthíre ná ar obair shéasúrach an Lagáin.

Sa naoú haois déag agus san fhichiú haois, bhí ar pháistí na gceantar Gaeltachta i nDún na nGall dul ar fostú séasúrach ar an Lagán ó aois óg le hairgead a shaothrú dá dteaghlaigh. I gCaibidil a Dó, pléadh imirce shéasúrach an Lagáin sa naoú haois déag agus san fhichiú haois agus is cinnte go mbíodh géarghá sa bhaile leis an airgead a shaothraíodh na páistí agus iad ag obair do na máistrí Albanacha. Lean an imirce shéasúrach ar an Lagán go dtí 1948 nuair

nach raibh ach beirt fágtha le fostú ag an aonach deireanach san Ómaigh.<sup>464</sup> Is léir go raibh tionchar mór ag an Lagán ar dhaoine a d'oibrigh faoin gcóras sin. In ainneoin anró an Lagáin, d'ullmhaigh an imirce shéasúrach sin oibrithe na gceantar Gaeltachta don imirce thar lear go hAlbain, agus iad ina ndéagóirí. Faoi mar a pléadh sa chaibidil seo, bhí tábhacht ar leith ag baint leis an margadh a dhéantaí idir tuismitheoirí na bpáistí agus feirmeoirí an Lagáin ag na haontaí. Ba den riachtanas é go rachadh na páistí ar fostú agus dá bharr seo, chaillidís amach ar chuid den oideachas scoile sa bhaile. Gné shuntasach a chuaigh i bhfeidhm ar na páistí ná teanga na bhfostóirí, is é sin an Béarla, teanga an cheannais agus an dul chun cinn.

Faoi mar a léiríodh i gCaibidil a Trí, bhíodh bealaí éagsúla agus traidisiúin dhifriúla ag teaghlaigh na gceantar Gaeltachta nuair a bhídís ag fágáil slán lena muintir, go háirithe agus iad ag dul go hAlbain nó níos faide ó bhaile fós, go Meiriceá. Tá cuid mhór tagairtí sna beathaisnéisí scríofa agus in agallaimh bhéil na Gaeilge do dheacrachtaí na n-imirceoirí ar an gcoigríoch agus don fhaoiseamh a d'fhaighidís óna gcreideamh, óna gcuidreamh le comharsana ón mbaile agus ó theanga na Gaeilge eatarthu féin. Pléadh eispéireas difriúil na bhfear agus na mban i gcomhthéacs na hoibre, na tithíochta agus an neamhspleáchais phearsanta. Ar ndóigh, bhí tionchar nach beag ag imeacht na ndaoine seo ar an bpobal a fágadh sa bhaile, go háirithe na himirceoirí nár fhill riamh ar an mbaile: 'But every immigrant was also an emigrant, and for every mark made in a new country, a space was left behind; a trace remained in Ireland.'<sup>465</sup>

Rinneadh plé ar an turas go hAlbain agus tagraíodh do chuid de na fadhbanna fostaíochta a bhíodh ag imirceoirí Conallacha mura mbíodh obair socruithe acu roimh ré in Albain. Bhíodh

---

<sup>464</sup> *An Óige a Tréigeadh*, Clár Fáisnéise de chuid TG4 (2000), Athchraoladh Dé Luain 5 Meán Fómhair 2016.

<sup>465</sup> M. Bullock & P. Paik, *Aftermaths: Exile, Migration, and Diaspora Reconsidered* (2009), 33.

botháin na bhfeirmeacha thall salach agus dainséarach agus mura mbíodh na socraithe cuí déanta acu roimh ré, ní bhíodh botháin ar fáil in aon chor dóibh. Bhíodh formhór na bhfear ag obair ar fheirmeacha agus, ar an mórgóir, roghnaíodh na mná dul ag obair i dtithe lóistín nó in óstáin (nó níos déanaí ar na busanna) toisc go mbíodh saol níos fearr acu sna háiteanna oibre sin. Ní bheadh an eagla chéanna orthu sna cásanna sin go mbeadh fostóirí na hAlban brúidiúil ina leith.

Ba é an Béarla teanga na hAlban, rud a mbíodh na himirceoirí cleachtaithe leis ó bheith ar an Lagán. Cé go raibh canúint dhifriúil ag muintir na hAlban, dhéanadh na himirceoirí iarracht labhairt leo as Béarla agus labhraídis Gaeilge sna botháin nó nuair a bhídís i mbun oibre. Is léir ó thuaisircí éagsúla nach mbíodh mórán deiseanna dul chun cinn ann d'oibrithe na gceantar Gaeltachta in Albain, áfach, agus gur ghnách leis na himirceoirí dul go hAlbain séasúr i ndiaidh séasúir, ag filleadh ar an mbaile uair nó dhó sa bhliain. Chuiridís an t-airgead abhaile chuig a dteaghlaigh nó chuig a gclanna dá mbeidís pósta. B'shin an príomhchúis, ar ndóigh, a gcaithidís na tréimhsí oibre sin in Albain. D'éirigh leis na hoibrithe a dteaghlaigh sa bhaile a chothú trí airgead a chur abhaile chucu go rialta agus d'fhoghlaim siad teanga an Bhéarla chomh maith le scileanna nua oibre.

Faoi mar a pléadh i gCaibidil a Ceathair, bhí sé mar aidhm ag formhór na n-imirceoirí filleadh ar an mbaile am éigin ina saol le socrú síos go buan sa bhaile. Tharla coitianta go leor go mbíodh fadhbanna ag imirceoirí áirithe socrú ar ais isteach sa phobal nuair a d'fhillidís agus dhéanaidís iarracht lonnú le chéile in aice a dteaghlaigh don chuid is mó. Suas go dtí na 1940idí bhíodh sé coitianta go bhfanfadh an bhean sa bhaile i mbun chúraimí an tí agus go dtéadh an fear ar ais go hAlbain séasúr i ndiaidh séasúir ag saothrú airgid dá theaghlach. Ansin, nuair a d'fhillidís na haisimirceoirí ar an mbaile go buan, d'oibreoidís sa bhaile.

Níorbh fhada ina dhiaidh sin go mbeadh sé in am ansin a gcuid páistí féin a chur ag obair ar an Lagán nó go hAlbain - brí amháin a ghabhann leis an ráiteas ‘rotha mór an tsaoil’, meafar ar bhain Micí Mac Gabhann leas as.<sup>466</sup>

Ó thaobh modheolaíochta de, shocraigh mé cuntais bhéil a úsáid mar fhoinsé eolais taobh le cuntais cháiliúla ar leith, lena n-áirítear, Micí Mac Gabhann, Séamus Ó Grianna, Seán Ó hEochaidh, Fionn Mac Cumhaill agus Róise Rua Mhic Grianna. Is cinnte go gcuireann na hagallaithe, Máire Rua Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill lenár dtuiscint ar an imirce shéasúrach. Nuair a chuir mé suim san ábhar áirithe seo cúpla bliain ó shin, bhí mé den tuairim nár bhain leis an imirce shéasúrach ó cheantair Ghaeltachta Dhún na nGall ach obair mhaslach, aonarachas, bochtaineacht, cruachás agus coinníollacha diana maireachtála. Cé go bhfuil fírinne sa ráiteas sin, ní hé sin le rá nach bhfuil dea-scéalta agus cuntais mhaithe ann a chuireann síos ar chairdeas agus ar chomhluadar na himirce, ar fhostóirí maithe agus ar dheiseanna eacnamaíochta a chuir ar chumas daoine filleadh agus socrú síos sa bhaile agus clann a thógáil ina gceantar dúchais féin.

---

<sup>466</sup> M. Mac Gabhann, *Rotha Mór an tSaoil* (1959/1971), 47.

## Leabharliosta

Aalen, Frederick, Herman & Brody, Hugh. *Gola: The Life and Last Days of an Island Community*. The Mercier Press Ltd., Cork & RTÉ, 1969.

Bagwell, J. *Destitution (Gweedore and Cloughaneely): Report from the select Committee 1857-1858*. HMSO, London, 1858.

Bal, Mieke & de Vries, Hent. *Cultural Memory in the Present*. Stanford University Press, California, 2004.

Barrett, Bernard. 'Australian professor arrives to probe Irish Migration' in *Cork Examiner*, July 19<sup>th</sup>, 1982.

Bielenberg, Andy. *The Irish Diaspora*. Pearson Education Ltd, London, 2002.

--- / Breathnach, Ciara. *Income and Expenditure in the West of Ireland*. National Historic Group Ireland, 2000.

Brice, Craig. 'Victorian Unravels Old Irish Mystery' in *The Herald*, Monday 24<sup>th</sup> October, 1983.

Bullock, Marcus & Paik, Peter. *Aftermaths: Exile, Migration, and Diaspora Reconsidered*. Rutgers University Press, New Brunswick, 2009.

Campbell, Patrick. 'Growing Up in Donegal' in *Béaloideas*, Iml. 42/44, 1974-76.

Checkland, Olive & Sydney. *Industry and Ethos, Scotland 1832-1914*. Edinburgh University Press, Edinburgh, 1989,

Crowley, Brian, et al. (eag.), *The Atlas of the Great Irish Famine*. Cork University Press, 2012.

Fitzgerald, Patrick & Lambkin, Brian. *Migration in Irish History, 1607-2007*. Palgrave Macmillan, UK, 2008.

Fox, Robin. *The Tory Islanders*. Cambridge University Press, Cambridge, 1978.

Freeman, T.W. *The Changing Distribution of Population in Donegal, with Special Reference to the Congested Areas*. Oxford Press, London, 1940.

Gallagher, Patrick. *My Story: Paddy the Cope – Patrick Gallagher's Autobiography*. Templecrone Co-Operative Society Ltd., Dungloe, 1979.

Gould, Michael, Harold. *The Workhouses of Ulster*. Ulster Architectural and Heritage Society, 1983.

Gribben, Arthur. *The Great Famine and the Irish Disapora in America*. University of Mussachusetts Press, Amherst, 1999.

Hewetson, Barry, David. *First Report of the Committee of the Belfast Ladies' Association for the Relief of Irish Destitution, 6 March*. Ulster Museum, Belfast, 1987.

Hickey, Kevin. 'Éagóir ar Tíogair na dtollán' le cur ina ceart, 9 Deireadh Fómhair 2014 <http://tuairisc.ie/eagoir-ar-tiogair-na-dtollan-le-cur-ina-ceart/> Ceadáíodh 25 Lúnasa 2016.

Hollett, David. *Passage to the New Word: Packet Ships and Irish Famine Emigrants 1845-1851*. P.M. Heaton Publishing, Abergavenny, 1995.

Holmes, Harold. 'Improving Housing Conditions for the Irish Migratory Potato Workers in Scotland; The Work of the Bishop' Committee, 1920-1923', *Rural History, Volume 9, Issue 01, April*, 1998.

Hurlbert, William, Henry. *Ireland Under Coercion: The Diary of an American*. D. Douglas Publishing, Edinburgh, 1889.

Johnson, Jack. *Workhouses of the North-West*. WEA. People's History, Tyrone, 1996.  
Kearney, Richard. *Migrations: The Irish at Home and Abroad*. Wolfhound Press, Dublin, 1990.

Kelly, Helen. *Irish 'Ingleses': The Irish Immigrant Experience in Argentina 1840-1920*. Irish Academic Press, Dublin, 2009.

Kidd, Sheila, Marie. *Glasgow: Baile mór na nGáidheal/ City of the Gaels*. Roinn na Ceiltis Oiltigh Ghlaschu, Glasgow, 2007.

Kinealy, Christine. & Parkhill, Trevor. *The Famine in Ulster and the Regional Impact*. Ulster Historical Foundation, Belfast, 1997.

King, R. *Return Migration and Regional Economic Problems*. Croom Helm, London, 1986.

Mac Cumhaill, Fionn. *Gura Slán le M'Óige*. Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath, 1967.

--- *Na Rosa Go Brách*. An Gúm, Baile Átha Cliath, 1939/1997.

Mac Fhionnlaoch, Seán. *Scéal Ghaoth Dobhair*. Foilsiúcháin Náisiúnta Teoranta, Baile Átha Cliath, 1983.

Mac Gabhann, Micí. *Rotha Mór an tSaoil*. Foilsiúcháin Náisiúnta Teoranta, Baile Átha Cliath, 1959/1979.

Mac Gairbheith, Peadar. *Ó Duibhir as Gabhla*. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2014.

- MacGill, Patrick. *Children of the Dead End*. Herbert Jenkins, London, 1914.  
--- *The Rat Pit*. Dufour Editions, Dublin, 1919/1997.
- Mac Laughlin, Jim. *The Making of a Northern County*. Four Courts Press, Dublin, 2007.
- Malcolm, Elizabeth. *Elderly Return Migration from Britain to Ireland: A Preliminary Study*, National Council for the Elderly, Report no.44. University of Liverpool, 1996.
- Mason, Thomas, Harold. 'The Islands of Ireland', *The Tablet*, January 9<sup>th</sup>, 1936.
- McLean, Stuart. *The Event of Its Terrors: Ireland, Famine, Modernity*. Stanford University Press, California, 2004.
- McMonagle, Michael. *Footprints Across America: Retracing an Irishman's Journey During the last Gold Rush*. Orpen Press, Dublin, 2013.
- Merrian, A. *The Anthropology of Music*. Northwood University Press, Northwood, 1964.
- Miller, Kerby. A. *Emigrants and Exiles: Ireland and the Irish Exodus to North America*. Oxford University Press, New York/London, 1985.
- *Ireland and Irish America – Culture, Class and Transatlantic Migration*. Field Day, Newman House, Dublin, 2008.
- Moody, Theodor William and Martin, Francis Xavier. *The course of Irish History*. Mercier Press & RTE Cork, 1967.
- Moran, Gerard. *Sending Out Ireland's Poor – Assisted Emigration to North America in the Nineteenth Century*. Four Courts Press Ltd., Dublin, 2004.
- Nic Aoidh, Caitlín. *An Imirce Shéasúrach agus Cás an Chainteora Dúchais in Iar-Thuaisceart Dhún na nGall idir 1850-1950*. Miontráchtas MA, Ollscoil na hÉireann (neamhfhoilsithe), Má Nuad, Deireadh Fómhair 2011.
- Nic Eoin, Máirín. *Trén bhFearann Breac: Díláithriú Cultúir agus Nualitriocht na Gaeilge*. Cois Life, Baile Átha Cliath, 2005.
- Nic Gearailt, Máire Áine. *Éiric Uachta*. An Clóchomhar, Baile Átha Cliath, 1971.
- Ní Chuileanáin, Eiléan. *Irish Women: Image and Achievement*. Arlen House, Dublin, 1985.
- Ní Ghloinn, Aoife. 'Anailís Iardhearcadh ar Stór Amhrán Róise Rua Uí Ghrianna', *Léann, Iml.* 2. Eag. Micheál Ó Mainnín, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, 2009.
- Nolan, William., Ronayne, Liam., & Dunlevy, Mairéad. *Donegal History and Society*. Geography Publications, Dublin, 1995.
- Ó Baoighill, Pádraig. *Padaí Láidir Mac Culadh agus Gaeltacht Thír Eoghain*. Coiscéim, Baile, Átha Cliath, 2009.



O'Boyle, Donal. 'Nineteen Islanders Perished in the Arranmore Boating Disaster', *Donegal Association, Jubilee Yearbook*, 1985.

Ó Canainn, Seán. *Seanchas Chloich Cheann Fhaola*. Donegal printing Company, Dungloe, 2013.

Ó Ceallaigh, Seosamh & Nic Congáil, Ríona. *Coláiste Uladh 1906-2006*. Coiste Cuimhneacháin Choláiste Uladh, Beál Feirste, 2006

Ó Cléirigh, Nellie. *Hardship and High Living: Irish Women's Lives 1808-1923*. Portobello Press, Dublin, 2003.

Ó Cearúil, Mícheál. *Aimsir Óg: Cuid a Dó*. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2000.

Ó Conghaile, Micheál. *Conamara agus Árainn, 1880-1980: Gnéithe den Stair Shóisialta*. Cló Iar-Chonnachta, Conamara, 1988.

Ó Connacháin, Liam. *Niall Mac Giolla Bhríde*. Clóchuallacht Chathail Teoranta, Baile Átha Cliath, 1974.

Ó Dónaill, Eoghan. *Scéal Hiúdaí Sheáinín*. An Gúm, Baile Átha Cliath, 1940/1997.

O'Donnell, Annie. *There and Then: Down an Irish Memory Lane*. Jas Print, Washington, 2012.

O'Donnell, Peadar. 'Achill, Arranmore and Kirkintilloch', *Ireland Today*, Vol.2, no.10, October 1937, 49.

O'Donnell, Peadar. *Proud Island*. The O'Brien Press, Dublin, 1975.

O'Donnell, Susan. *Inniscaorach: My Account*. Donegal Printing Co., 2008.

O'Dowd, Anne. *Spalpeens and Tattie Hokers, History and Folklore of the Irish Migratory Agricultural Worker in Ireland and Britain*. Irish Academic Press, Dublin, 1991.

Ó Fiannachta, Pádraig. *An Práta*. An Sagart, An Daingean, 1996.

--- *Irisleabhar Mhá Nuad*. An Sagart, Maigh Nuad, 1987.

Ó Gallachóir, Máirín, 'Memories of Iniscaoragh', *Donegal Journal*, August 2<sup>nd</sup>, 1880.

Ó Gráinne, Diarmaid. *An Traimp*. Cló Iar-Chonnachta, Indreabhán, 1991.

Ó Gráda, C. *Black '47 and Beyond: The Great the Great Irish Famine in History, Economy and Memory*. Princeton, 1999.

Ó Grianna, Séamus. *Bean Ruadh de Dhálach*. Cló Chuallacht Chathail Tta., Baile Átha Cliath, 1966.

--- *Caisleáin Óir*. Cló Mercier, Baile Átha Cliath, 1924/1999.

--- *Nuair a Bhí Mé Óg*. Cló Mericer, Corcaigh agus Baile Átha Cliath, 1942/1970.

--- *Rann na Feirste*. An Preas Náisiúnta, Baile Átha Cliath, gan dáta.

O' Hanlon, Michael. *Hiring Fairs & Farm Workers in North-West Ireland*. Guildhall Press, Derry, 1992.

Ó hEochaidh, Seán. *Dialann Bheatháisnéiseach*, Cnuasach Bhéaloideas Éireann. Neamhfhoilsithe, 1946.

Ó hIfeárnáin, Tadhg & Ní Neachtain, Máire. *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*. Brunswick Press, Dublin, 2012.

Ó Muirí, Damien. 'Saoirse na mBan in *Bean Ruadh de Dhálach*', *Léachtaí Cholm Cille XII*. An Sagart, Má Nuad, 1982.

Ó Murchadha, C. *The Great Famine: Ireland's Great Agony 1845-1852*. Continuum Publishing, York, 2011.

Ó Searcaigh, Cathal. *Homecoming: An Bealach 'na Bhaile*. Cló Iar-Chonnachta, Conamara, 1993/2004.

--- *Ag Tnúth leis an tSolais*. Cló Iar-Chonnachta, Conamara, 2000.

Ó Siadhail, Pádraig. *Idir Dhá Thír: Sceitsí Ó Cheanada*. Lagan Press, Belfast, 2005.

Ó Súilleabháin, Muiris. *Fiche Bliain ag Fás*. Clólucht an Talbóidigh, Baile Átha Cliath, 1933/1976.

Ó Tuathaigh, Gearóid. *Ireland Before the Famine 1798-1848*. Gill & Macmillan, Dublin, 1990.

Póirtéir, Cathal. *Glórtha ón Ghorta: Béaloideas na Gaeilge agus an Gorta Mór*. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1996.

--- *Gnéithe den Ghorta*. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 1995.

--- *The Great Irish Famine*. Mercier Press, Cork, 1995.

Public record of Northern Ireland, 'The Great Famine: The Education Facsimile', *No.1: Famine*. Public Record of Northern Ireland, 1968.

Reid, Fiona. & Holden, Katherine. *Women on the Move; Refugees Migration and Exile*. Cambridge Scholars, Cambridge, 2010.

Richards, Eric, Shane. *Britannia's Children: emigration from England, Scotland, Wales and Ireland since 1600*. Bloomsbury Academic, UK, 2004.

Sheane, Michael. *Famine in the Land of Ulster*. Stockwell Ltd., Devon, 2008.

Sheppard, B. 'The Irish Story', *The Irish Times*, September 24th, 1992.

Smith, Jane. *Different for Girls: How Culture Creates Women*. Chaddo and Windus, London, 1998.

Somers, Robert. *Letters from the Irish Highlands*. Marshall of Michigan University, Michigan, 1848.

Swift, Roger. *Irish Migration in Britain, 1815-1914 – A Documentary History*. Cork University Press, UCC, Cork, 2002.

Throne, John. *The Donegal Woman*. The Drumkeen Press, Derry, 2006.

Ward, Patrick. *Exile, Emigration And Irish Writing*. Irish Academic Press, Kildare, 2002.

Wybrants, Olphert. Relief Commission Papers: Letter from Wybrants Olphert, 1847.

Ua Cnáimhsí, Pádraig. *Róise Rua*. Sáirséal Ó Marcaigh, Baile Átha Cliath, 1988.

Uí Fhearraigh, Máirín. *Gabhla: An tOileán*. Coiscéim, Baile Átha Cliath, 2008.

Vaughan, William, E. & Fitzpatrick, Alan, J. (eag.). *Irish Historical Statistics: Population 1821-1971*. Acadamh Ríoga Éireann, 1978.

Winston, Nessa. *The Return of Older Irish Migrants, an assessment of needs and issues*. The Dept. of Social, Community and Family Affairs and Irish Episcopal Commission for Emigrants, Dublin, 2002.

### Clár Faisnéise agus eile

*An Óige a Tréigeadh*, Clár Faisnéise de chuid TG4 (2000). Athchraoladh Luan 5 Meán Fómhair 2016.

*Iniscaorach*. Cogar, TG4, HG Productions, Glasgów. Craoladh 14 Samhain 2015.

*Tunnel Tigers Thír Chonaill*, TG4, 2014.

<http://www.udaras.ie/en/limisteir-pleanala-teanga-ghaeltachta/#>. Co. Dhún na nGall Ceadáíodh 22 Meitheamh 2015.

<http://donegalancestry.com/donegal/emigration/>. Ceadáíodh 16 Meitheamh 2016.

<http://www.irish-genealogy-toolkit.com/Irish-immigration-to-Scotland.html>. Ceadáíodh 6 Meán Fómhair 2016.

[http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards\\_ER\\_CA.jsp](http://www.scrol.gov.uk/scrol/warehouse/NewWards_ER_CA.jsp). Ceadáíodh 20 Meán Fómhair 2014.

## **Nóta faoi na hagallaimh**

Gabhann ceithre mhír bhreise leis an tráchtas, mar atá:

1: Agallamh a chuir mé ar Mháire Rua Ní Ghallachóir ar an 20 Meitheamh 2014 (Dlúthdhiosca 1)

2: Agallamh a chuir mé ar John Ó Domhnaill ar an 10 Iúil 2014 (Dlúthdhiosca 2)

3: Agallamh a chuir Áine Ní Churraoin ar cheathrar fear as ceantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall (Dlúthdhiosca 3)

4: Grianghraf a ghlac mé de Dhroichead na nDeor i gCloich Chionnaola ar an 15 Iúil 2015

### **Cur chuige na n-agallamh:**

Chuir mé beirt faoi agallamh sa bhliain 2014, Máire Ní Ghallachóir agus John Ó Domhnaill. Toisc gur seandaoine atá iontu beirt, níor bhain mé lán-úsáid as cur chuige an agallaimh thraidisiúnta struchtúrtha. Bhí na ceisteanna céanna réamhullmhaithe agam dóibh beirt ach nuair a thosaigh mé ag caint leo go neamhfhoirmiúil, thuig mé nárbh iad ceisteanna struchtúrtha an bealach ab fhearr leis an eolas go léir a bhailiú uathu. Mar sin, cé gur chuir mé ceisteanna faoi leith orthu, don chuid is mó, lig mé dóibh caint faoina saol agus faoin imirce ar a mbealaí féin. D'oibrigh seo níos fearr don ábhar áirithe seo i gcoitinne agus do théamaí an tráchtais.

Toisc nach raibh struchtúr cruinn foirmiúil ag baint leis na hagallaimh seo, thug na hagallaithe an-chuid eolais dom nach raibh go hiomlán bainteach le téamaí an tráchtais. Mar sin, chíoraigh mé na hagallaimh agus tar éis dom iad a thaifeadh ar dhlúthdhiosca, chinn mé ar bhlúirí áirithe a thras-scríobh, blúirí a chaith solas ar ghnéithe éagsúla den imirce shéasúrach, dar liom.

Tá cúig mhórthéama ag baint leis na hagallaimh:

- Saol na hóige sna ceantair Ghaeltachta
- An fostú agus saol an Lagáin
- An imirce go hAlbain
- Cuimhní na ar an imirce
- Na himirceoirí ag filleadh ar an mbaile.

Sa tríú hagusín le hÁine Ní Churraoin, feictear an tras-scríobh a rinne mé ar bhlúirí eile cainte a chuir le scéal na himirce dar liom.

## **Aguisín 1: Agallamh a chuir mé ar Mháire Rua Ní Ghallachóir ar an 20 Meitheamh 2014.**

### **1. Inis dom faoin saol sa Ghaeltacht agus tú ag fás aníos?**

Dá mbeadh airgead ag teaghlaigh bhuel bhí siad *luckyáilte*. Ní raibh airgead againne, bhí muid beo bocht agus ceathrar páistí ag mo mháthair. Nuair a fuair m'athair bás is cuimhin liom daoine ag cúlchaint faoi airgead, faoi na páistí... Ní raibh sé éasca agus d'oibrigh mé ó bhí mise óg. Bhí Dawson [deartháir Mháire Rua] ag obair ó bhí sé seacht mbliana d'aois. Bhí orainn uilig obair chun saol níos fearr a dhéanamh dúinn féin, sa bhaile agus in Albain. Bhí gach cailín ag iarraidh fear a phósadh, clann a thógáil agus gan a bheith buartha faoi na rudaí a d'fhulaing muid.

### **2. Cén aois tú agus tú ag imeacht ar fostú? An raibh brú ort imeacht? An raibh sé deacair ort imeacht agus tú óg? An raibh cumha ort agus tú ag fágáil? Cé a d'fhág tú sa bhaile? Ar tháinig tú abhaile go minic?**

Bhí mise ar fostó i nGabhla le Nappy nuair a bhí mé beag, iontach beag agus bhí Nappy, mo dheirfiúr níos sine ná mé. Bhímís ar an oileán sin samhraidh i ndiaidh samhraidh, séasúr i ndiaidh séasúir go dtí gur cuireadh Nappy chun oibre ar an Lagán agus fágadh mise i m'aonar ar Ghabhla. Bhí an teaghlach maith dom, bhí an obair crua ach an áit ba mheasa ná an Lagán.

Sheas gach duine i líne dhíreach, taobh le taobh ionas go mbeadh na fostóirí ábalta cuma gach duine a fheiceáil. Ansin, roghnaigh na feirmeoirí na daoine a raibh dúil acu iontu agus bhí ort dul leo, gan cheist. Bhí a fhios ag na fostóirí cé tú díreach agus siad ag breathnú ar an gcuma agus ar an éadach a bhí ort. Bhí tú ar díol, cosúil le muc nó bó ag an aonach.

Bhí an-chuid brú ar chailíní óga pósadh, fillleadh ar an bhaile agus clann a thógáil. Ní bhíodh sé coitianta go mbíodh bean sna fichidí ag obair ar an Lagán go fadtéarmach toisc go mbíodh a fear céile amuigh ag obair faoin am seo agus bhíodh a príomhdhualgais sa bhaile.

Thiocfadh cuid de na cailíní abhaile ina máithreacha tar éis d'fheirmeoir éigin leas a bhaint astu. Thiocadh na buachaillí abhaile agus cuma na bhfear orthu. Mhúnláigh an Lagán páistí isteach i ndaoine fásta agus gan iontu ach páistí ag deireadh an lae.

Ní raibh mise ar an Lagán buíochas le Dia. Sin an bhliain a thosaigh an scud fa choinne na prátaí ach murab é sin, bheinn ar an Lagán. Bhí am crua acu. Bhí muidne réidh leis sin an lá ar a trí nó ar a ceathair ar na feirmeacha ach amuigh ansin ar an Lagan. Chaithfear oibriú go raibh sé dorcha. Bhí na feirmeoirí olc do chuid acu... Chas mé le girseacha go leor a bhí níos sine ná mé. Thiocfadh siad



isteach chun an bhaile agus d'inseodh siad dom fán Lagán. Ó bhí an t-ádú orm, ná na créatúir, bhí sé olc ar an Lagán, bhí na feirmeoirí iontach olc do chuid acu.

Ó tharla go raibh cuid mhaith cailíní óga idir ceithre bliana déag agus ocht mbliana déag ag freastal ar an Lagán, tháinig sé sa tsaol go raibh páistí ag go leor acu agus ar ndóigh ba de bhunadh an Lagáin an t-athair.

Bhí mo mháthair féin ar an Lagán. Cás eisceachtúil a bhí ann dár dteaghlach toisc go bhfuair m'athair bás nuair a bhí muid óg. Ach bhí an-chuid ban ar an Lagán ag an am sin. Ní thiocfadh leo dul ann go dtí go raibh na páistí os cionn seacht mbliana nó mar sin dá mbeadh a lán páistí agat. Bhíodh mná ann corruair agus chuireadh siad na páistí chun na scoile agus théidís ag obair iad féin. Bhí sé dian bheith i do mháthair agus bheith i d'oibrí fosta.

Bhí an chuid is mó de na cailíní ba shine idir ceithre bliana déag d'aois agus ocht mbliana déag d'aois. Leagadh na feirmeoirí cailíní ar an talamh corruair. Bhí siad brúidiúil i leith na gcailíní agus i leith na mbuachaillí. Ba mhinic go dtagadh an cailín abhaile le leanbh aici agus gan í pósta mar gurbh as an Lagán na haithreacha. Tarraingíodh seo an-chuid fadhbanna don chlann.

**3. Inis dom faoin turas anonn agus an saol thall in Albain? Ar caitheadh go maith libh?**

**Cén saghas lóistín a bhí agat? Maidir leis an saol 'sóisialta'? An raibh morán agaibh ón mbaile thall le chéile? An raibh sé difriúil ón mbaile?**

Bhí mé ag iarraidh éalú ón bhaile agus saol nua a thoiseacht in Albain. Bhí mé breá láidir agus bhí a fhios agam go mbeinn ábalta post a fháil go gasta. Bhí mo dheirfiúr Nappy ann romham agus mhol sí dom fanacht bliain níos faide sa bhaile go raibh mé cúig bliana déag. Rinne mé sin agus d'oibrigh mé sa bhaile go dtí gur imigh mé ansin maidin amháin. Fuair mé *job right away* in Albain ag obair ar na préataí ar dtús. Bhí mé crua mar ghirseach agus cleachtaithe leis an obair ó bheith ar fostó. Bhí difríocht *night and day* idir obair sa bhaile agus obair in Albain. Bhí an pá i bhfad níos fearr fosta.

Bhuel nuair a chuaigh mé go hAlbain ar dtús, lean mé mo dheartháir Dawson a bhí ann romham agus chuaigh mé ó Larne go feirm i nDún Éideann. Bhí Dawson i nGlaschú fosta agus mhol sé dom dul ann i ndiaidh mo chéad tréimhse. D'éist mé leis agus leis na himirceoirí eile ann agus chuaigh mé go Glaschú agus Dumbarton. Bhí daoine eile as Éirinn in Greenock ach bhí mé sásta gan taisteal ann.

Nuair a bhí Mary Teresa agam, choinneáil mé í agus bhí orm *job* ceart a fháil chun muid a chothú. Chuir mé isteach in *home* í, cineál *nursery* a bhí ann do leanbh cosúil léi i nDoire. Bhí orm cúpla punt a íoc gach mí agus bhí mé ábalta

mo chuid oibre a dhéanamh in Albain. Fuair mé post ar na busanna agus bhí am ar dóigh agam orthu. Obair na bhfear a bhí ann, iad ag tiomáint na mbusanna agus bhí mise mar *conductor*.

**4. Céard iad na príomhsmaointí atá agat maidir leis an tréimhse a chaith tú ar imirce?**

Ba mhinic gur baineadh leas as cailíní óga agus thiocaimís abhaile torrach nó le leanbh nua-bheirthe. Sin a tharla domsa agus mé in Albain. Bhí ar na cailíní cosúil le mo dheirfiúr Nappy obair go dian, dícheallach as baile le coinníollacha oibre deacra agus dúshlánacha, gan mórán bia nó buntáistí seachas an £10 a fuair muid agus muid ag teacht abhaile i ndiaidh na hoibre crua leath-bhlíana.

Bhí sé imithe chomh tapaigh... an lá oibre ó dhubh go dubh agus ó dhoirheadas go doirheadas.

**5. Inis dom faoin bhfilleadh agus do shaol anois sa bhaile? Tá clann agat, inis dom faoin gclann?**

Tháinig mé abhaile le haire a thabhairt do mo mháthair. Bhí an teaghlach uilig ar shiúl i Meiriceá agus in áiteanna i bhfad ar shiúl i gcomparáid liomsa in Albain. Bhí mise sa bhaile cúig bliana nuair a fuair mo mháthair bás agus roimhe sin d'obair me bliain thall i Meiriceá sula bhfuair sí bás, ní raibh mé ábalta glacadh

leis sin. *Excuse* maith le teacht abhaile ná Mary Teresa (m'iníon) agus settlail mé ansin léi agus níl an tsláinte chomh holc sin agam anois.

Bhí mé sásta in Albain. Don chuid is mó, caitheadh go maith liom agus bhíodh mná eile iontach maith dom sna hóstáin. Bhain mé an-sult as mo thréimhse in Albain cé go mbíodh deacrachtaí ag baint leis an saol fosta. Domsa, bhí an cinneadh filleadh deacair. Bhí airgead maith á thuilleamh agam agus bhain mé sult as na busanna. Ach, bhí m'iníon agam sa bhaile agus ní raibh mo mháthair go maith sa tsláinte. D'fhill mé ar Ghaoth Dobhair nuair a bhí mé sna daichidí agus fuair mé post sa *local factory*. Bhí mé i Meiriceá ar feadh cúpla bliain ach ní dheachaigh mé ar ais arís ina dhiaidh sin... Níor phós mé riamh agus ní raibh níos mó páistí agam. Mary Teresa amháin atá agam. Bhí a fhios ag achan duine gur liomsa a bhí sí cé nach dúirt duine ar bith rud ar bith liom ar feadh tamaill. Bhí teaghlach agus cairde agam sa bhaile agus chabhraigh seo go mór liom socrú ar ais isteach sa phobal toisc go raibh mé i m'aonar, go bunúsach, agus ní raibh sin éasca.

Bhí sé níos deacra do mhná singile filleadh agus socrú síos sa bhaile. Ní raibh aon rogha agam ach filleadh ar an bhaile toisc go raibh iníon agam a bhí sa bhaile le mo mháthair cheana féin agus bhí mo mháthair ag éileamh. An rud is fearr a rinne mé ná fanacht in Albain le hairgead a shaothrú agus filleadh ar an mbaile leis an am a chaitheamh le m'iníon nuair a bhí sí ina déagóir agus í ar scoil. Bhí

mé mar bhean an tí agus mar fhear oibre san am céanna ach bhí mé lán ábalta fá choinne na hoibre sin.

Bhí fadhbanna ag daoine agus iad ag iarraidh filleadh ar an mbaile. Bhíodh fadhbanna acu mar gheall ar chursaí airgid de agus fadhbanna ag na mná filleadh ar an mbaile mura raibh fear aici. Bhí tacaíocht ó mhná na linne sin. Bhíodh fadhbanna ag na fir fosta corruair toisc nach mbíodh mórán postanna ann seachas i mBaile Átha Cliath agus b'fhiú d'fhir fanacht in Albain toisc go mbíodh an pá níos fearr.

D'fhill mé ar an bhaile le haire a thabhairt do mo mháthair agus í sa tseanaois agus níor thaitin an chúlchaint nó drochiompar mhuintir na háite liom. D'imigh mé go Meiriceá ar feadh cúpla bliain agus d'fhill mé ar an bhaile i nGaoth Dobhair arís nuair a fuair mo mháthair bás. Chaith mé agus tá mé ag caitheamh na mblianta deireanacha de mo shaol i nGaoth Dobhair le mo chlann agus mo chairde timpeall orm.

## **Aguisín 2: Agallamh a chuir mé ar John Ó Domhnaill ar an 10 Iúil 2014.**

- 1. Inis dom mar gheall ar laethanta d'óige – ar scoil agus rl. sula ndeachaigh tú ar imirce?**

Bhíodh na máistrí scoile, na fostóirí agus na feirmeoirí iontach garbh le cailíní agus le buachaillí. Ní raibh meas acu orainn ar chor ar bith. Tá a fhios agam go raibh daoine cineálta ann a rinne páistí, déagóirí agus daoine fásta a fhostú ach don chuid is mó chonaic mise brúidiúlacht i leith na gcailíní chomh maith leis na buachaillí agus leagadh na cailíní go minic le dorn na máistrí scoile nó le lámh na bhfeirmeoirí.

- 2. Cén aois tú agus tú ag imeacht ar fostú? Cén fáth ar imigh tú? An raibh brú ort imeacht? Nach raibh rud ar bith ann sa bhaile duit? An raibh sé deacair ort imeacht agus tú óg? An raibh cumha ort agus tú ag fágáil? Cé a d'fhág tú sa bhaile? Ar tháinig tú abhaile go minic? Bhí tú ar an Lagán nach raibh?**

Ní itheadh muid i dteach na bhfostóirí riamh. Bhíodh orainn suí sna sciobóil nó taobh amuigh den teach lenár gcuid babhlaí. Bhíodh na buachaillí taobh amuigh den teach den chuid is mó. Cuireadh síos ar an leite i nDún na nGall mar bhrachán buí chomh lom go rachadh sé de rása ón tine go dtí an doras. Thugadh na fostóirí arán, cáis agus bainne leo go dtí an aonach ionas go gceapadh na hoibrithe a mbíodh le teacht chucu, go dtabharfadh an fostóir aire mhaith dóibh. Dallamullóg a bhíodh sa chleas seo agus thugadh na fostóirí

neamhthrócaireacha breabanna cosúil leis seo do na páistí. Bhíodh sé coitianta i nDoire, go ndéanadh na fostóirí margadh leis na hoibrithe ag an aonach. Labhróidís faoin mbia agus mar gheall ar na coinníollacha a rachadh leis an bhfostú. Bhíodh a lán coiníní i nDún na nGall agus bhíodh na coiníní á n-ithe ag na hoibrithe don seal oibre uilig toisc go raibh an fheoil seo níos saoire do na fostóirí ná bia eile.

**3. Inis dom faoin turas anonn agus an saol thall in Albain? Ar caitheadh go maith libh? Cén saghas lóistín a bhí agat? Maidir leis an saol 'sóisialta'? An raibh morán agaibh ón mbaile thall le chéile? An raibh sé difriúil ón mbaile?**

Bhí muid socair leis an scaball. Bhí sé tábhachtach go bhfaighimis beannú an tsagairt agus bhímis sa séipéal chuile lá roimh ár dturas. Is cuimhin liom mo mháthair ag guí agus í go naofa. Gheall muid di go nguífimis gach oíche.

Nuair a d'imigh mise go hAlbain, bhí sé iontach uaigneach orm. La amháin, bheartaigh mé imeacht agus bhí mé *fed-up* den obair sa bhaile ar fostó le drochfheirmeoir. Bhí muid ar shiúil ón bhaile *anyway* agus muid i Leitir Ceanainn nó ar oileán éigin agus d'imigh mé go hAlbain sa bhliain 1945. Bhí an obair crua ar na feirmeacha in Albain agus bhí na feirmeoirí féin dian orainn. Bhí cumha orm agus ba mhinic gur chaoim mé don bhaile.

Bhí sé uafásach dian orainn, an obair agus a leithéid mar sin. Bhí cara agam ón bhaile agus thainig sé liom go hAlbain ach níor éirigh leis post a fháil. Bhí mise mór agus láidir do stócach m'aoise ach bhí Paidí beag agus lag. Bhí air dul go dtí cathracha eile chun obair dhaoithiúil a fháil. Bhí seisean i nGlaschú, tá a fhios agam sin... Chonaic mé é sa bhaile blianta ina dhiaidh sin agus bhí saol cruu aige. Bhuel bhí saol cruu agam ach shíl mise go raibh na feirmeacha go dona. Bhí Londain agus cathracha móra cosúil leis sin dian ar dhaoine.

**4. Céard iad na príomhsmaointe atá agat maidir leis an tréimhse a chaith tú ar imirce?**

Bhí clann againn ach bhínn ag taisteal go hAlbain le hobair a fháil le linn mo shaoil. Bhíodh saol an aisimirceora diúltach in amanta agus dearfach chomh maith. Don chuid is mó, tá cuimhní na himirce lán le droch-chuimhní. Ní raibh sé éasca socrú ar ais isteach sa bhaile i ndiaidh dúinn blianta a chaitheamh thar lear agus droch-cháil ar imirceoirí ag filleadh ar an mbaile. Ní raibh sé ró-olc orainn, bhí an saol tar éis athrú ón am roimhe sin.

Bhí mise idir Rann na Feirste agus Albain ar feadh na mblianta, faraor. Bhuail mé le mo bhean chéile in Albain agus phós muid trí sheachtain ina dhiaidh sin thall. Bhí sise ag obair sna tithe tábhairne i nGlaschú ach bhí sí ag iarraidh filleadh ar an mbaile i ndiaidh roinnt blianta. D'fhill mé léi ach ní raibh mé ábalta fanacht sa bhaile i bhfad, ní raibh postanna maithe ann sna seascaidí d'fhir. Mar sin, chuaigh mé ar ais go hAlbain agus d'fhág mé mo bhean séasúr i ndiaidh séasúir. Bhí mé ag obair sna *mines* agus bhí airgead maith ann. Bhí mé



38 nuair a tháinig mé ar an bhaile *permanently*. Bhí beirt de chlann againn – cailín agus buachaill agus chaill muid iníon amháin, faraor - tá sé deacair labhairt ar an am sin. Bhí mise ag obair gar don teach agus d’fhan mo bhean chéile sa bhaile...

**5. Inis dom faoin saol anseo sa Ghaeltacht agus nuair a d’fhill tú ar an mbaile. Tá clann agat, inis dom faoin gclann agus faoin bhfillleadh?**

Bhí deiseanna sa bhaile d’aisimirceoirí a bhí ag iarraidh socrú sa bhaile. Bhímis ag obair sna páirceanna, ag obair ar thalamh an teaghlaigh, ag obair sa phortach agus obair chrua cosúil leis sin. Ar an iomlán, bhí muid ag iarraidh socrú le bean, clann a thógáil, airgead a thuilleamh dár gclann, oideachas a fháil dár bpáistí agus rud éigin a fhágáil dóibh ag deireadh an lae. B’fhearr do gach imirceoir socrú sa bhaile cé go mbíodh sé deacair tosú amach sa bhaile arís i ndiaidh dúinn tréimhsí fada a chaitheamh thar lear.

**Aguisín 3: Agallamh beo a chuir láithreoir Raidió na Gaeltachta sna Doirí Beaga i nGaoth Dobhair, Áine Ní Churraoin ar cheathrar aisimirceoirí na háite: Jimmy Cissie Mac Aoidh, Micheál Mac Giolla Comhaill, Pádraig Ó Gallachóir agus Cathal Ó Dubhthaigh dá clár ar RTÉ Raidió na Gaeltachta ar an 12 Márta 1995.**

**Jimmie Cissie Mac Aoidh:**

Obair dheacair a bhíodh ann, gnó na mbusanna sna 1950idí i nGlaschú agus sa bhaile. Cheannaigh mé carr sa bhaile agus bhí mé ag tabhairt daoine chuig damhsaí sa bhaile ar dtús agus mar sin, ach sé mhí ina dhiaidh sin agus an *Console Car* agam, tháinig na gardaí chugam agus dúirt siad liom go raibh orm ceadúnas *taxi* a fháil (bheadh deichniúr sa charr agam corruair!). Bhínn ag fanacht ar na daoine le teacht abhaile ó Albain i nDoire luath ar maidin nó déanach san oíche. Bhínn féin agus Charlie Gillespie agus Paidí McCarthy ann fosta ag tiomáint go *local*. Bheartaigh seisean dul go hAlbain agus tiomáint ar na busanna. An chéad uair do Charlie Béal Feirste a fhágáil, d'imigh sé go dtí na Gorbles agus eisean an chéad fhear a rinne seo agus cheap na *locals* ann go raibh sé *brilliant* iad ag teacht amach as na pubanna agus na *dances* agus é ag tabhairt síobanna thart agus abhaile do na hÉireannaigh agus na *locals*. Bhí busanna John agus Anthony McGinly agus Feda O'Donnell agus chíteá rudaí ag tarlú do charranna agus busanna uaireanta, iad ag doghú rudaí agus bhí trioblóid ann. Stop Charlie ag dul anonn –bhíodh na scéalta seo aige dúinn agus cuireadh siad ar shiúil sa chloigeann tú. Cronaím uaim an tiomáint! Bhí mise ag tiomáint

27 bliain. Saol crua a bhí ann. Laethanta a bhínn i mo chodladh istigh sa bhus agus an clog agam. Bhí sé níos saoire fanacht sa bhus agus uaireanta ní shroichinn áit go dtí go mbeadh sé ródhéanach lóistín a fháil. Bhí bean i dteach lóistín amháin i Larne agus bhí sí galánta – *11shillings a night* a thabharfaidís go léir di. Bhí sí maith agus bia agus tae dúinn i gcónaí. Bheadh 80% den dream dílis duit bliain i ndiaidh bliana chuile bhliain agus iad ag filleadh ar an mbaile. Na daoine eile, bhuel ní raibh an t-ádh orthu teacht abhaile agus bhí orthu séasúr i ndiaidh séasúir a dhéanamh ag sclábhaíocht in Albain.

Bhíodh sé furasta do mhuintir na háite dul go hAlbain agus filleadh ar Éirinn san fhichiú haois. Bhíodh carranna, busanna, báideacha go léir ag dul go hAlbain ó Dhoire agus ní raibh rud ar bith dóibh sa bhaile.

## Mícheál Mac Giolla Chomhail

Fuair mise *mini-bus* sa bhliain 1972. Ní raibh siad daor, thart ar £1,000. Bhí an t-airgead agam, beag nó mór toisc go raibh mé ag tiomáint mé féin ó bhí mé níos óige thart ar fud na háite sa bhaile cosúil leis na leids eile anseo. Bhí cúpla *Volkswagon mini-buses* agam ina dhiaidh sin. Bhíodh 21 duine sa mhini-bus agam go Béal Feirste agus ceathrar sa bhoot! Thosaigh mé ag dul go Glaschú nuair a bhí roinnt cleachtadh agam anseo ag tiomáint ach bhí sé iontach *sad* daoine ag fágáil slán an t-am ar fad. Ní raibh sé chomh holc agus a chloisim ó na fir eile anseo a thoisigh sna 1940idí nó na 1950idí fiú. Ní bhfuair mé rud ar bith i nDoire, so, bhí orm tiomáint go háitiúil. Anonn go hAlbain liom lá amháin agus mé sna fichidí. Eachtra coimhthíoch an lá a fuair Bobby Sands bás agus muid ag iarraidh filleadh ar Éirinn. Bhí *bombs* ag dul *off* agus sa deireadh fuair muid trasna an droichead, mise agus an bus plódaithe le haisimirceoirí a bhí ag filleadh ar an bhaile go buan. Ina dhiaidh sin *back* go Larne linn. Bhíodh trioblóid ann. Lá amháin bhí beirt *hijacking* carranna agus chonaic mise seo agus mé ag teacht leis an bhus liom ach níor tharla rud ar bith domsa. Bhí an bus rómhór. Bhain mé an-sult as tiomáint na mbusanna. Bíonn craic agat anois agus buaileann tú leis na daoine céanna achan am. Bíonn daoine *loyal*, dílis duit agus iad ag filleadh nó ag imeacht.

**Pádraig Ó Gallachóir:**

Nuair a bhínn féin ag trasnú na farraige thugainn scata liom sa charr nó sa bhus. Ní raibh ann ach grúpa beag againn ag tiomáint ag an am sin agus ba mhór an trua é nach raibh níos mó daoine á dhéanamh. Bhí éileamh ann toisc go mbímis thall in Albain ag obair fosta agus bhímis ag obair arís nuair a d'fhill muid ar an mbaile.

Dá mbeinn ag dul go hAlbain mé féin thógfainn scaifte liom ar an bhus nó sa charr. Bhíodh suas le 15 againn sa charr plódaithe isteach agus ní bhíodh bagáiste nó málaí ag daoine. Thógainn ar ais iad ansin nuair a d'fhill siad ar an bhaile ó Albain.

**Aguisín 4: Grianghraf a glacadh de Dhroichead na nDeor i gCloich Chionnaola ar an 15 Iúil 2015.**



Tá eolas i dtaobh an Droichid seo le fáil ar leathanaigh 37 & 62 sa tráchtas.

